Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6446/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0048(NLE)**

**RECH 72**
**COMPET 123**
**IND 40**
**MI 105**
**SAN 82**
**TRANS 94**
**AVIATION 42**
**ENER 50**
**ENV 94**
**SOC 95**
**TELECOM 70**
**AGRI 79**
**SUSTDEV 22**
**REGIO 29**
**IA 22**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 87 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 87 final.

Faoi iamh: COM(2021) 87 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
COM(2021) 87 final

2021/0048 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú**

{SEC(2021) 100 final} - {SWD(2021) 37 final} - {SWD(2021) 38 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é is aidhm do Fís Eorpach – Creatchlár nua an Aontais Eorpaigh le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta (2021- 2027) – tionchar an Aontais Eorpaigh maidir le taighde agus nuálaíocht a mhéadú trí chomhinfheistíocht chomhpháirtíochta a thabhairt le chéile le cistí breise ón earnáil phríobháideach agus phoiblí i réimsí inar féidir le raon feidhme agus scála na n-acmhainní taighde agus nuálaíochta cuidiú le tosaíochtaí Fís Eorpach an Aontais a bhaint amach, go háirithe Colún II a ghabhann léi – Dúshláin Dhomhanda agus an tIomaíochas Tionsclaíoch Eorpach.

Sonraítear in [Airteagal 8(1)(c)], maidir le comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha atá bunaithe ar Airteagail 185 agus 187 de CFAE, '*nár cheart comhpháirtíochtaí den sórt sin a chur chun feidhme ach amháin nuair nach n-éireodh le codanna eile den chlár Fís Eorpach, lena n-áirítear foirmeacha eile de chomhpháirtíochtaí Eorpacha, na cuspóirí a bhaint amach nó nach nginfidís na tionchair ionchais is gá, agus dá mbeadh údar leo trí dhearcadh fadtéarmach agus leibhéal ard comhtháthaithe'*.

D'aithin na comhreachtóirí ocht réimse tosaíochta le haghaidh comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha féideartha freisin sa Rialachán maidir le Fís Eorpach ar bhonn Airteagail 185 nó 187 CFAE. Bunaithe ar na hocht réimsí tosaíochta sin, aithníodh sraith de 12 thionscnamh mar iarrthóirí a bhí faoi réir measúnú tionchair comhordaithe[1].

Cumhdaítear naoi gcomhpháirtithe institiúidithe Eorpacha atá bunaithe ar Airteagal 187 CFAE sa togra seo, ag bunú comhghnóthas aonair dá gcur chun feidhme. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Comhpháirtíocht institiúidithe Eorpach do ríomhaireacht ardfheidhmíochta, bunaithe ar Airteagal 187 CFAE [COM(2020) 569 críochnaitheach], agus beartaíonn sé comhpháirtíocht Eorpach ar mhéadreolaíocht a ghlacadh, bunaithe ar Airteagal 185 CFAE [cuir tagairt leis]. Bhí dhá thionscnamh – ceann amháin ar shoghluaisteacht chomhoibritheach, nasctha agus uathoibrithe agus ceann amháin eile ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide – i measc na gcomhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha tosaigh freisin. Thángthas ar an gconclúid sa phróiseas measúnaithe tionchair go mbeadh foirm idirghabhála eile ní b'oiriúnaí, áfach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Mar chuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) le haghaidh 2021- 2027, díreoidh Fís Eorpach níos mó ar thionchar, le béim láidir ar bhreisluach Eorpach a sheachadadh. Déanfar é a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla freisin, go háirithe trí chomhleanúnachas, comhordú agus comhlántacht a áirithiú laistigh de Fís Eorpach, agus le tionscnaimh eile de chuid an Aontais agus le tionscnaimh eile áitiúla, náisiúnta agus, i gcas inarb iomchuí, idirnáisiúnta agus leis na foinsí cistithe a bhaineann leo[2].

---

1 Ní raibh ach 12 díobh faoi réir an mheasúnaithe tionchair chomhordaithe, mar bhí tionscnamh ríomhaireachta ardfheidhmíochta amháin mar chuid de mheasúnú tionchar a rinneadh in 2017 (SEC(2018) 47).

2 CE (2018) Buiséad Nua- Aimseartha d'Aontas a Chumhdaíonn, a Chumhachtaíonn agus a Chosnaíonn. An Creat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse 2021- 2027 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig

Is é is aidhm do Fís Eorpach freagairt ar na dúshláin dhomhanda a bhfuil an tAontas Eorpach ag dul i ngleic leo agus a éilíonn '*cur chuige radacach úrnua i leith teicneolaíochtaí nua agus réitigh nuálacha a fhorbairt agus a úsáid le haghaidh saoránach agus an phláinéid ag fairsinge agus ag luas nár baineadh amach roimhe seo, agus chun ár gcreat beartas agus eacnamaíoch a oiriúnú le deiseanna nua dár sochaí, geilleagar, saoránaigh agus gnólachtaí a dhéanamh de bhagairtí domhanda*.' Cé go leanann Fís Eorpach leis na hiarrachtaí chun boinn eolaíochta agus teicneolaíochta an Aontais a neartú agus iomaíochas a chothú, glactar cur chuige níos straitéisí atá bunaithe ar thionchar ann i leith infheistíocht taighde agus nuálaíochta an Aontais Eorpaigh. Dá dhroim sin, cuirtear béim i **gcuspóirí Fís Eorpach** ar an ngá atá ann le '*tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach agus rannchuidiú chun cuspóirí agus beartais an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích, agus cabhrú chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ach cloí le prionsabail Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras.'* [3]

Is príomhchuir chuige iad comhpháirtíochtaí Eorpacha in Fís Eorpach. Tacaíonn siad leis an gcreatchlár reatha ag dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda agus le tosaíochtaí de chuid an Aontais a éilíonn mais chriticiúil agus fís fhadtéarmach ar a n-aontaítear agus a dtugann na hearnálacha faoi seach gealltanas. Teastaíonn stiúradh iarrachtaí taighde agus nuálaíochta i dtreo fís chomhroinnte maidir leis an bpróiseas claochlaithe atá de dhíth chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus comhshaoil, chun ceannaireacht teicneolaíochtaí agus uathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a bhaint amach agus téarnamh inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a áirithiú.

Ach dul i bpáirt le hearnálacha poiblí agus príobháideacha, cuidíonn comhpháirtíochtaí Eorpacha le dlús a chur le réitigh nua, go háirithe réitigh atá in ann astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoin mbliain 2030 i gcomhréir le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus cuidíonn siad le claochluithe glasa agus digiteacha a bhaint amach. Cumasaíonn siad rannpháirtíocht chórasach le raon leathan páirtithe leasmhara agus úsáideoirí deiridh, lena n-airítear comhlachtaí um chaighdeánú agus comhpháirtithe idirnáisiúnta le háirithiú go nglactar na réitigh sin agus gur féidir leo na spriocanna uaillmhianacha a sheachadadh ar deireadh. Cuidíonn siad le Limistéar Eorpach Taighde a neartú freisin agus iad ag ailíniú cláir oibre taighde agus nuálaíochta, ag feabhsú scileanna agus ag méadú chumas ionsúcháin na ngnólachtaí Eorpacha.

Tá na naoi gcomhpháirtíocht institiúidithe Eorpacha bunaithe ar Airteagal 187 CFAE go hiomlán i gcomhréir le cur chuige nua Fís Eorpach do chomhpháirtíochtaí Eorpacha agus an cur chuige sin treoraithe ag tionchar. Tá siad mar chuid de phunann ar a bhfuil 49 gcomhpháirtíocht iarrthóra, sa chaoi sin ag áirithiú tírdhreach comhtháite. Cinneadh mar chuid den phleanáil straitéiseach go n-úsáidfear comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha chun na cuspóirí agus tionchair a bhaint amach nach mbeifear in ann a bhaint amach trí chineálacha comhpháirtíochtaí Eorpacha eile agus le haghaidh na dtosaíochtaí sin ag a bhfuil dearcadh fadtéarmach agus leibhéal ard comhtháthaithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Mar chuid de CAI 2021- 2027, beidh ról lárnach ag Fís Eorpach – Creatchlár nua an Aontais Eorpaigh le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta – ag treorú na n-aistrithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a theastaíonn chun tosaíochtaí beartais an Aontais Eorpaigh a

---

Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM(2018) 321 críochnaitheach.

3 Airteagal 3, Comhthuiscint ar an togra le haghaidh Creatchlár Fís Eorpach.

bhaint amach. Forbraíodh an chéad phlean straitéiseach le haghaidh 2021- 2024 faoi phróiseas pleanála Fís Eorpach. Tá an treoshuíomh le haghaidh tacaíocht taighde agus nuálaíochta, a comhdhearadh le páirtithe leasmhara, go hiomlán i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais. Díreoidh na gníomhaíochtaí faoi Cholún II de Fís Eorpach, is é sin 'Dúshláin Dhomhanda agus an tIomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' ar théamaí roghnaithe ardtionchair a d'fhéadfadh cur go suntasach le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a sheachadadh dá bhrí sin.

Tá na comhpháirtíochta Eorpacha socraithe go daingean laistigh de chomhthéacs agus struchtúr Fís Eorpach, dúshláin shochaíocha atá mar thosaíochtaí taighde agus nuálaíochta de Cholún II de Fís Eorpach. Beidh ról tábhachtach acu maidir le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin a bhaint amach, eadhon dlús a chur leis an aistriú i dtreo Eoraip atá glas, neodrach ó thaobh aeráide de agus digiteach, fad agus a neartaítear athléimneacht agus iomaíochas thionscal na hEorpa. Is mar a leanas rannchuidiú na naoi gcomhpháirtíocht institiúidithe Eorpacha a chumhdaítear i dtogra tosaíochtaí an Aontais:

**Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe**: Cuireann an chomhpháirtíocht seo go suntasach le spriocanna aeráide 2030, ag réiteach an bealach le haghaidh aeráidneodrachta faoin mbliain 2050, agus ag méadú inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht na gcóras táirgthe agus caithimh, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Is é is aidhm dó foinsiú inbhuanaithe agus iompú bithmhaise go táirgí bithbhunaithe a fhorbairt agus a mhéadú trí dhíriú ar phróiseáil bhithscaglainne ilscála, agus ag cur chun feidhme cuir chuige um gheilleagar ciorclach, amhail dramhaíl bhitheolaíoch ó earnálacha talmhaíochta, tionscail agus cathracha a úsáid. Is é is aidhm dó tacaíocht a thabhairt do chur in úsáid nuálaíochta bithbhunaithe ag leibhéal réigiúnach le rannpháirtíocht ghníomhach gníomhaithe áitiúla freisin, d'fhonn réigiúin tuaithe, chósta agus imeallacha a athbheochan.

**Eitlíocht Ghlan**: Cuireann an chomhpháirtíocht seo an eitlíocht ar an mbealach ceart le haeráidneodracht a bhaint amach, ag cur dlús le forbairt, comhtháthú agus fíorú réiteach taighde agus nuálaíochta atá suaiteach den chuid is mó ionas gur féidir iad a chur in úsáid a luaithe agus is féidir. Is é mar aidhm dó an chéad ghlúin eile d'aerárthaí ísealcharbóin an- éifeachtúil a fhorbairt, ag a mbeidh foinsí, innill agus córais chumhachta núíosacha, a thiocfaidh chun cinn ón gcéim taighde agus taispeántais ag ardleibhéil réidhe teicneolaíochta (LRT). Feabhsaítear iomaíochas agus fostaíocht in earnáil na heitlíochta nuair a thacaítear le taighde agus nuálaíocht eitlíochta agus beidh idir iomaíochas agus fostaíocht ríthábhachtach do théarnamh. Roinnt cuspóirí le baint amach faoi 2030: nuálaíochtaí teicneolaíochta aerárthaigh suaiteacha a léiriú atá in ann glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990 agus ar chonair i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

**Hidrigin Ghlan**: Cuirfidh an chomhpháirtíocht seo dlús le forbairt agus cur in úsáid shlabhra luacha na hEorpa le haghaidh teicneolaíochtaí hidrigine glaine, d'fhonn rannchuidiú le córas fuinnimh atá inbhuanaithe, dícharbónaithe agus go hiomlán comhtháite agus leis an gcumarsáid ar 'straitéis hidrigine le go mbeadh an Eoraip aeráidneodrach' (COM/2020/301). Díreofar ar hidrigin ghlan a tháirgeadh, a dháileadh agus a stóráil agus soláthar a dhéanamh d'earnálacha atá deacair a dhícharbónú, amhail tionscail throma agus feidhmeanna tromshaothair iompair. Roinnt cuspóirí le baint amach faoi 2030: hidrigin ghlan a tháirgeadh ag ~EUR 1.5- 3/kg, rud a éileoidh baint amach spriocanna 2030 maidir le héifeachtúlacht agus costais CAPEX a ísliú. Ina theannta sin, glacann sé sin leis go mbeidh leictreachas inbhuanaithe ar fáil ar phraghsanna fabhracha freisin, mar aon le rochtain ar mhórmhargaí a cheadú, agus costais dáilte a laghdú go níos lú ná EUR 1/kg hidrigine ar an scála.

**Iarnród na hEorpa**: Cuirfidh an chomhpháirtíocht seo dlús le forbairt agus cur in úsáid teicneolaíochtaí nuálacha (go háirithe teicneolaíochtaí digiteacha agus uathoibrithe) chun claochlú radacach an chórais iarnróid a bhaint amach agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a sheachadadh, mar shampla, cuid shubstaintiúil den 75 % de lasta intíre a iompaítear de bhóthar a bhogadh chun í a iompar d'iarnród agus ar uiscebhealaí intíre. Forbróidh an chomhpháirtíocht réitigh a nglacfar leo go forleathan ar fud an Aontais, agus beidh glacadh suas le 75 % ann sa mhargadh faoi 2030, ag feabhsú iomaíochas iarnróid agus ag tacú le ceannaireacht Eorpach san iarnród.

**Sláinte Dhomhanda EDCTP3:** Seachadfaidh an chomhpháirtíocht seo réitigh nua chun ualach na ngalar tógálach a laghdú san Afraic Fho- Shahárach, agus inniúlachtaí taighde a neartú chun ullmhú agus freagairt ar ghalair thógálacha atá á nochtadh féin in athuair san Afraic Fho- Shahárach agus ar fud an domhain. Is é is aidhm don chomhpháirtíocht dul chun cinn a dhéanamh agus dhá theicneolaíocht sláinte a théann i ngleic le galair thógálacha a cheadúnú faoi 2030, mar aon le tacú le 100 institiúid taighde ar a laghad i 30 tír d'fhonn freagairt taighde éifeachtach agus thapa a éascú chun teicneolaíochtaí sláinte a fhorbairt in aghaidh eipidéimí atá á nochtadh féin in athuair.

**An Tionscnamh um Shláinte Nuálach**: Cuideoidh an tionscnamh seo le héiceachóras taighde agus nuálaíochta don tsláinte a chruthú ar fud an Aontais a éascaíonn aistriú eolais eolaíoch chuig nuálaíochtaí inláimhsithe. Tacóidh an tionscnamh le forbairt táirgí agus seirbhísí sábháilte, éifeachtacha, duine- lárnacha agus costéifeachtacha a dhíríonn ar na príomhriachtanais sláinte poiblí nach bhfreastalaítear orthu agus a spreagann nuálaíocht sláinte trasearnála le haghaidh tionscal sláinte san Eoraip atá iomaíoch go domhanda. Cumhdóidh sé cosc, diagnóisic, cóireáil agus bainistíocht galar. Áireofar i measc roinnt dá spriocanna le haghaidh 2030 30 tionscadal mórscála trasearnála a dhíríonn ar nuálaíochta sláinte a sheoladh, chomh maith le féidearthacht táirgí nó seirbhísí cúraim sláinte a chomhtháthú. Cuirfidh an tionscnamh leis na cuspóirí faoi Phlean na hEorpa um Shárú na hAilse[4], an Straitéis Nua Tionsclaíoch don Eoraip[5] agus an Straitéis Cógaisíochta don Eoraip[6] a bhaint amach.

**Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha**: Cuimsítear comhpháirteanna leictreonacha, a ndearadh, a monarú agus a gcomhtháthú i gcórais agus na bogearraí a shainíonn an chaoi a n-oibríonn siad in eochairtheicneolaíochtaí digiteacha. Is é cuspóir uileghabhálach na comhpháirtíochta seo tacú le claochlú digiteach gach earnála eacnamaíche agus sochaíche, an claochlú a chur ag obair don Eoraip agus tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Tá sé mar aidhm aici go neartóidh ceannaireacht an Aontais i bpríomhtheicneolaíochtaí digiteacha tionscail láidre, ag tapú deiseanna a thagann chun cinn le ceannasacht teicneolaíochta a bhunú agus borradh a chur faoi iomaíochas faoin mbliain 2030.

**Taighde BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair**: Is é is aidhm don tionscnamh seo bainistíocht aerthráchta a chlaochlú go digiteach, d'fhonn an spéir is éifeachtaí agus is oiriúnaí don chomhshaol ar domhan a dhéanamh d'aerspás na hEorpa agus tacú le hiomaíochas agus téarnamh earnáil eitlíochta na hEorpa i ndiaidh ghéarchéim COVID- 19. Áirítear ar na spriocanna: nascacht, comhtháthú agus uathoibriú idir aer agus talamh a fheabhsú, ag méadú sholúbthacht agus inscálaitheacht na bainistíochta aerspáis agus comhtháthú sábháilte aerárthaí gan foireann. IS é is aidhm dó na réitigh a shainítear sa Máistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta le haghaidh Chéim D ag LRT 6 a bhaint amach faoi 2030.

---

4 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12154-Europe-s-Beating-Cancer-Plan.
5 COM(2020) 102.
6 COM(2020) 761.

**Líonraí agus Seirbhísí Cliste:** Tacóidh an chomhpháirtíocht seo le ceannasacht teicneolaíochta le haghaidh líonraí agus seirbhísí cliste i gcomhréir leis an straitéis nua thionsclaíoch don Eoraip agus an bosca uirlisí cibearshlándála 5G. Is é is aidhm di cuidiú le dúshláin shochaíocha a réiteach agus an t-aistriú digiteach agus glas a éascú. Maidir le géarchéim COVID- 19, tacóidh an chomhpháirtíocht le teicneolaíochtaí a fhreagraíonn ar an ngéarchéim sláinte agus ar an téarnamh eacnamaíoch araon. Cuirfidh an chomhpháirtíocht ar chumas gníomhaithe Eorpacha na hinniúlachtaí teicneolaíochta le haghaidh córais 6G a fhorbairt mar bhonn faoi sheirbhísí dhigiteacha amach anseo i dtreo 2030. Cuideoidh sí le margaí a stiúradh chun bonneagar agus seirbhísí 5G a fhorbairt san Eoraip ag comhordú cur in úsáid 5G le 2 Digiteach de chuid na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá na moltaí seo le haghaidh comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha bunaithe ar Airteagal 187 CFAE faoinar féidir leis an Aontas Eorpach comhghnóthais nó aon struchtúr eile is gá a bhunú chun taighde, forbairt teicneolaíochta agus cláir léirithe a dhéanamh go héifeachtúil.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is inniúlacht chomhroinnte é taighde idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de réir CFAE. Sonraítear in Airteagal 4(3) gur féidir leis an Aontas gníomhartha sonracha a dhéanamh i réimsí taighde, forbartha teicneolaíochta agus spáis, lena n-áirítear cláir a shainiú agus a chur chun feidhme, gan dochar do shaoirse na mballstát gníomhú sna réimsí céanna.

Díríonn na tionscnaimh bheartaithe ar réimsí ina mbaineann breisluach inléirithe le gníomhú ag leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí a theastaíonn ionas go mbeidh an tAontas in ann a chuspóirí Conartha fadtéarmacha a chomhlíonadh agus a thosaíochtaí agus gealltanais straitéiseacha beartais a sheachadadh. Ba cheart do na tionscnaimh bheartaithe gníomhaíochtaí náisiúnta agus fonáisiúnta sa réimse céanna a chomhlánú agus a neartú freisin.

Toisc go bhfuil na comhpháirtíochtaí Eorpacha bunaithe ar Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht comónta fadtéarmach, tá siad réitithe go maith chun dul i ngleic le dúshláin chasta trasteorann. Is féidir leo dul i ngleic le sraith clistí córasacha, margaidh agus claochlaithe, rud atá ina réamhchoinníoll chun dlús a chur le forbairt agus scaipeadh nuálaíochtaí. Díríonn siad ar an méid seo a leanas:

- comhar agus malartú eolais a neartú idir príomhghníomhaithe i gcóras taighde agus nuálaíochta na hEorpa, lena n-áirítear comhar trasdisiplíneach agus trasearnálach agus comhtháthú feabhsaithe maidir le slabhraí luacha agus éiceachórais;
- ailíniú agus comhtháthú straitéisí, cláir agus infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta Eorpacha, náisiúnta / réigiúnacha agus tionscail le treoracha comhaontaithe a áirithiú;
- scálaí criticiúla infheistíochta ar thosaíochtaí coiteanna a chruthú agus infheistíocht phríobháideach i dtaighde agus nuálaíocht a mhéadú;
- rioscaí agus éiginnteacht don tionscal a bhaineann le hinfheistiú i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus teicneolaíochtaí / réitigh nua a laghdú trí rioscaí a roinnt agus intuarthacht infheistíochta a chur ar fáil.

Ní leor gníomhaíocht ag leibhéal náisiúnta nó ag an tionscal amháin don scála, luas agus raon feidhme taighde agus nuálaíochta a theastaíonn ón Aontas chun a chuspóirí Conartha fadtéarmacha a chomhlíonadh, a thosaíochtaí straitéiseacha beartais a sheachadadh (lena n-áirítear na spriocanna aeráide agus fuinnimh a leagtar amach i gComhaontú Pháras agus sa Chomhaontú Glas don Eoraip), agus chun rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach.

- **Comhréireacht**

Tá prionsabal na comhréireachta mar bhonn taca faoin gcur chuige iomlán as ar eascair an togra seo. Tháinig athrú ar an gcomhthéacs polaitiúil agus dlíthiúil ó bunaíodh na comhpháirtíochtaí reatha. Tá béim níos láidre anois ar an ngá le príomhthosaíochtaí beartais an Aontais a chuíchóiriú agus le háirithiú go bhfuil tionchar intomhaiste acu. I bhfianaise an chomhthéacs nua sin, tá sé tábhachtach nach roghnaítear Comhpháirtíocht Eorpach ach i gcás a mbaineann breisluach atá fíor agus inléirithe léi. Ní foláir, mar sin, do gach comhpháirtíocht institiúidithe Eorpach a breisluach a chruthú – go háirithe nach féidir a cuspóirí a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí trí mhodh níos simplí, lena n-áirítear an cur chuige réamhshocraithe le haghaidh glaonna Fís Eorpach nó cineálacha comhpháirtíochtaí comhchosúla, amhail 'comhpháirtíochtaí comh- chláreagraithe'.

Rinneadh comhréireacht an gcomhpháirtíochtaí iarrthóra a mheas de réir na loighce seo a leanas a bhfuil dhá chéim léi:

(1) An bonn cirt atá le húsáid cur chuige comhpháirtíochta i réimse ar leith (lena n-áirítear breithnithe ar bhreisíocht, treoíocht agus nasc le tosaíochtaí straitéiseacha) seachas cineálacha idirghabhála eile atá ar fáil faoi Fís Eorpach;

(2) Má mheastar an cur chuige comhpháirtíochta a bheith iomchuí, bheadh na breithnithe comhréireachta a threoraigh an measúnú ar an gcineál comhpháirtíochta (comhpháirtíocht chomh-chláreagraithe, chómhaoinithe nó institiúidithe) ar na breithnithe is éifeachtaí chun na cuspóirí beartaithe a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is é is aidhm don togra seo naoi gcomhghnóthas a bhunú, bunaithe ar Airteagal 187 CFAE. Ceanglaítear Rialachán ón gComhairle a ghlacadh don chineál sin struchtúir faoi Airteagal 188(1) CFAE.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex- post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh breithniú foriomlán ar chonclúidí meastóireachtaí roimhe seo nuair a bhí Fís Eorpach á forbairt. Mhúnlaigh na torthaí sin an cur chuige nua, atá bunaithe ar thionchar, i leith comhpháirtíochtaí agus chuidigh siad leis na critéir a oibríochtú dá roghnú, cur chun feidhme, faireachán agus céimniú amach. Mar a léirítear in Iarscríbhinn 5 de mheasúnú tionchar Fís Eorpach, ba iad seo a leanas na réimsí le haghaidh feabhsúcháin:

- Tháinig an mheastóireacht eatramhach ar Fís 2020 ar an gconclúid gur éirigh an tírdhreach comhpháirtíochta foriomlán róchasta agus ró- ilroinnte. Cé go raibh thart ar 100 comhpháirtíocht taighde agus nuálaíochta in Fís 2020 san iomlán, ní léirítear

iontu ach thart ar 25 % den bhuiséad atá ar fáil i gcomhair Fís 2020 agus i gcás comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha (CPP) thart ar 17.5 % de bhuiséad Fís 2020. Sainaithníodh sa mheastóireacht eatramhach go bhfuil gá le tírdhreach foriomlán na gcomhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta san Eoraip a chuíchóiriú, oscailteacht agus trédhearcacht na gcomhpháirtíochtaí a fheabhsú agus iad a nascadh le tosaíochtaí straitéiseacha taighde agus nuálaíochta an Aontais agus misin Fís Eorpach amach anseo.

- Tugadh le fios in Airteagal 187 den mheastóireacht go gcaithfear gníomhaíochtaí CPP a ailíniú le beartais an Aontais, beartais náisiúnta agus beartais réigiúnacha. Moltar go ndéanfar athbhreithniú ar na príomhtháscairí feidhmíochta chomh maith le raon níos leithne páirtithe leasmhara a chuimsiú sna struchtúir rialaithe nó i dtograí a cuirtear isteach. Cuireadh i dtábhacht ann go bhfuil gá le cumarsáid a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú freisin, go háirithe chun scaipeadh éifeachtach thorthaí na dtionscadal a áirithiú.

Maidir le tionscnaimh aonair, mínítear sna codanna téamacha de gach measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo an chaoi ar cuireadh na ceachtanna ó mheasúnuithe a rinneadh roimhe seo, idir dhearfach agus diúltach, i bhfeidhm freisin.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí an togra seo agus na measúnuithe tionchar a ghabhann leis faoi réir comhairliúcháin le raon leathan páirtithe leasmhara, le linn an ullmhúcháin do thogra Fís Eorpach agus níos déanaí le haghaidh gach iarrthóra ar chomhpháirtíocht Eorpach:

– Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit trí ‘Chúlchumraíocht Straitéiseach’ Choiste Chláir Fís Eorpach;

– Reáchtáladh comhairliúchán oscailte poiblí le haghaidh iarrthóirí do chomhpháirtíochtaí institiúidithe bunaithe ar Airteagail 185 agus 187 CFAE idir an 11 Meán Fómhair agus an 6 Deireadh Fómhair 2019 agus gineadh ní ba mhó ná 1 600 freagra;

– Reáchtáladh comhairliúcháin dhírithe chun na measúnuithe tionchair a ullmhú le haghaidh 12 chomhpháirtíocht institiúidithe iarrthóra. Maidir le gach iarrthóir, chuir comhairleoir seachtrach agallamh ar shampla ionadaíoch de na páirtithe leasmhara, agus cuireadh ceisteanna orthu faoina dtuairimí faoin ngá atá le gníomhaíocht Aontais agus an breisluach a ghabhann léi.

Rinneadh torthaí na gcomhairliúchán uile le páirtithe leasmhara a chomhtháthú sna measúnuithe tionchair aonair a ghabhann leis na comhpháirtíochtaí beartaithe agus chuidigh siad le rogha an mhodha forfheidhmithe tosaíochta a dheimhniú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D’fhonn ullmhú don mheasúnú tionchair le haghaidh an togra seo, d’iarr an Coimisiún ar chonraitheoir seachtrach staidéar a dhéanamh ar na comhpháirtíochtaí institiúidithe iarrthóra agus modheolaíocht chomhchoiteann a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus breisluach Aontais na dtionscnamh chun inchomparáideacht a áirithiú. Tá an staidéar seachtrach sin le fáil go poiblí i Siopa Leabhar an Aontais Eorpaigh agus tagraítear dó sna measúnuithe tionchair le haghaidh gach togra. D’úsáid an Coimisiún an fhianaise a bailíodh don staidéar, go háirithe siúd a bhaineann le tuairimí na bpáirtithe leasmhara, torthaí na meastóireachtaí *ex- post*, sainiú na bhfadhbanna a gcaithfear dul i ngleic leo agus na tionchair ionchais a ghabhann leis na roghanna beartais, ach

rinne sé a anailís féin ar an bhfaisnéis sin i bhfianaise athruithe beartais a rinneadh le déanaí agus fianaise bhreise a tháinig chun cinn i ndiaidh chríochnú an staidéir.

- **Measúnú tionchair**

A luaithe a aithníodh na comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha, seoladh an próiseas don mheasúnú tionchar chun an socrú forfheidhmithe is oiriúnaí a aithint le haghaidh gach tionscnaimh ó na roghanna beartais seo a leanas:

Rogha 0 – Rogha bhonnlíne – Glaonna traidisiúnta faoin gcreatchlár

Rogha 1 – Comhpháirtíocht Eorpach chomh- chláreagraithe

Rogha 2 – Comhpháirtíocht Eorpach chómhaoinithe

Rogha 3 – Comhpháirtíocht institiúidithe

- Forogha 3a comhpháirtíochtaí institiúidithe bunaithe ar Airteagal 185 CFAE
- Forogha 3b comhpháirtíochtaí institiúidithe bunaithe ar Airteagal 187 CFAE.

Áirítear ar an measúnú comparáideach a dhéantar ar fhiúntais gach rogha anailís ar ábharthacht na hidirghabhála, a comhréireacht agus a héifeachtacht maidir leis na cuspóirí beartaithe a bhaint amach. Mar thoradh ar an próiseas sin, moladh cur chuige oiriúnaithe le haghaidh gach iarrthóra, ó chineálacha comhair nach mbaineann go leor riaracháin leo go cineálacha comhair institiúidithe, ag brath ar na cuspóirí beartais beartaithe, dúshláin shonracha agus an toradh inmhianaithe a aithníodh le haghaidh gach iarrthóra.

Cuireadh na measúnuithe tionchair aonair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála i dtrí éisteacht éagsúla idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2020. Fuair dhá mheasúnú tionchair tuairim dhearfach ar an gcéad léamh, fuair sé cinn tuairim dhearfach ach bhí agúis leo agus fuair ceithre cinn tuairim dhiúltach agus níor mhór iad a chur faoi bhráid an Bhoird arís. Bhain na príomhcháintí a rinneadh faoi na cásanna a fuair tuairim dhiúltach leis na nithe seo a leanas: raon feidhme an tionscnaimh bheartaithe, an gá atá le fadhbanna agus cuspóirí a rachadh an tionscnamh beartaithe i ngleic leo faoin gcéad chreatchlár eile a shoiléiriú, an tionchar a bhaineann le deireadh a chur le tionscnamh atá ann cheana féin (i gcás inarb infheidhme) agus, i gcásanna áirithe, an difríocht idir an rogha thosaíochta agus roghanna malartacha eile.

Cuireadh na ceithre mheasúnú tionchair a fuair tuairim dhiúltach ar an gcéad léamh isteach arís. Fuair trí cinn díobh tuairim dhearfach le hagúis léi agus fuair an ceathrú ceann tuairim dhearfach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Freagraíonn na tionscnaimh bheartaithe ar an ngá atá leis an gcur chuige i leith comhpháirtíochtaí a cuireadh ar aghaidh i dtogra Fís Eorpach a shimpliú. Thacaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle leis an ngá sin. Mar thoradh air sin, comhaontaíodh go dtacódh Fís Eorpach leis na trí chineál comhpháirtíochta seo a leanas: comhpháirtíocht chomh- chláreagraithe, chómhaoinithe agus institiúidithe (bunaithe ar Airteagail 187 nó 185 CFAE agus PENanna EIT). Tá sé seo i gcomhréir le meon an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT).

Breathnaítear ar gach tionscnamh go leithleach sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo, ach glacann sé cur chuige cothrománach freisin, ag aithint bealaí chun éifeachtúlacht agus comhleanúnachas a mhéadú, agus tionchar gach comhpháirtíochta a uasmhéadú dá bhrí sin. Aithníonn sé gnéithe comhchoiteanna a chuideoidh le gach tionscnamh a chuspóirí a bhaint amach fad a laghdaítear costais, mar shampla, ag cur na socruithe rialachais in oiriúint d'fhonn comhleanúnachas le tionscnaimh eile a áirithiú. Tá an cur chuige sin go hiomlán i gcomhréir leis an gcreat le haghaidh creat rialacháin níos fearr agus iarrachtaí simplithe.

Cuireann an Bunghníomh Aonair leis an sprioc a bhaineann le tírdhreach maoinithe taighde agus nuálaíochta an Aontais a chuíchóiriú agus le cur chuige straitéiseach atá treoraithe ag tionchar i leith comhpháirtíochtaí Eorpacha. Áirítear ar an Rialachán maidir le Fís Eorpach roinnt ceanglais chomhchoiteanna maidir le comhpháirtíochtaí Eorpacha a bhunú agus a chur chun feidhme. Ag glacadh le cur chuige modúlach, ligeann an Bunghníomh Aonair d'aistriú comhleanúnach na bhforálacha coitianta le haghaidh gach gnóthais (i gCuid a hAon) ag ceadú dóthain solúbthachta chun freastal ar riachtanais shonracha gach ceann díobh (i gCuid a Dó).

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear sa Rialachán seo na cearta bunúsacha a leagtar amach i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

Níl tionchar díreach ag an gcuid is mó de na tionscnaimh bheartaithe ar chearta bunúsacha. I gcás ina bhfuil tionchar ag tionscnamh ar chearta bunúsacha, tá measúnú sonrach san áireamh i gcuid 6 de gach measúnú tionchair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh uasranníocaíocht airgeadais an Aontais do na comhghnóthais cothrom le EUR 9 600 milliún[7], lena n-áirítear ranníocaíochtaí CSTE, agus déanfar í a íoc ó leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais a leithdháiltear ar Chlár Sonrach Fís Eorpach ag cur Creatchlár Fís Eorpach chun feidhme. Déanfar an ranníocaíocht sin ó Cholún II 'Dúshláin Dhomhanda agus an tIomaíochas Tionsclaíoch'. Déanfaidh ranníocaíochtaí ó chomhaltaí eile seachas an tAontas na cistí a chuireann an tAontas ar fáil chun costais oibriúcháin a chumhdach a mheaitseáil ar a laghad.

Ní sháróidh costais riaracháin na gcomhghnóthas EUR 501.174 milliún ar feadh fhad na gcomhghnóthas. Cumhdófar na costais sin trí ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas agus ó chomhaltaí seachas an tAontas.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus meastóireacht ar na comhpháirtíochtaí i gcomhréir le hAirteagail 45 agus 47 agus Iarscríbhinn III den Rialachán maidir le Fís Eorpach. Tacóidh conraitheoirí seachtracha leis na meastóireachta eatramhacha agus *ex- post* agus cuirtear na meastóireachtaí sin leis na meastóireachtaí Fís Eorpach foriomlána. I gcomhréir leis na critéir a leagtar amach le haghaidh comhpháirtíochtaí Eorpacha, déanfaidh na meastóireachtaí measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghníomh a dhéanfar

[7] Méid táscach i bpraghsanna reatha.

amach anseo, chomh maith le hathnuachan féideartha na comhpháirtíochta laistigh de thírdhreach foriomlán na gcomhpháirtíochtaí Eorpacha. In éagmais athnuachana, forbrófar bearta iomchuí chun céimniú amach mhaoiniú an chreatchláir de réir na gcoinníollacha agus na hamlíne ar ar comhaontaíodh le páirtithe na comhpháirtíochta a áirithiú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Dearadh na comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha chun comhleanúnachas a mhéadú agus chun tionchar tírdhreach taighde agus nuálaíochta atá á fhorbairt a uasmhéadú. Tá trí chuid sa Rialachán a bheartaíonn an Chomhairle:

- I gCuid a hAon tá forálacha atá coiteann do na comhghnóthais uile le fáil agus is é atá mar aidhm leo na coinníollacha teorann dlíthiúla a chuíchóiriú, a chomhchuibhiú agus cur chuige modúlach a chur ar fáil ar a mbeidh comhghnóthais aonair in ann a n-ailtireacht oibriúcháin a bhunú.
- I gCuid a Dó tá forálacha a bhaineann go sonrach le comhghnóthais aonair agus a cheadaíonn an tsolúbthacht is gá chun riachtanais oibriúcháin agus bheartais a chur san áireamh.
- I gCuid a Trí tá na forálacha críochnaitheacha is infheidhme maidir le gach comhghnóthas.
- Airteagal 4: leagtar amach **cuspóirí agus prionsabail** le haghaidh comhghnóthas go daingean laistigh de chuspóirí agus struchtúr Fís Eorpach, agus iad dlúthnasctha le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Aithníodh sraith de chuspóirí comhchoiteanna bunaithe ar an measúnú tionchair comhordaithe.
- Airteagal 5: **cuspóirí agus cúraimí oibríochtúla** – léirítear na ceanglais agus critéir chur chun feidhme le haghaidh comhpháirtíochtaí Eorpacha sna forálacha sin, lena n-áirítear an gá atá le cur chuige córasach a áirithiú i ndáil le cuspóirí a bhaint amach, rochtain a fháil ar thorthaí, faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí beartais, cuimsitheacht na bpáirtithe leasmhara agus rannpháirtíocht na bhfiontar beag agus na bhfiontar meánmhéide a chur chun cinn.
- Airteagal 7: leagtar amach san airteagal seo próiseas coiteann chun comhaltaí nua a roghnú, dá bhrí sin ag áirithiú trédhearcachta agus oscailteachta ar fud an tionscnaimh, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach.
- Airteagal 11: soláthraítear creat san airteagal seo chun **ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe** a áirithiú ar feadh shaolré an tionscnaimh agus go ndéanfar costais a chomhroinnt idir an tAontas agus na comhpháirtithe seachas an tAontas, rud atá ina choinníoll ríthábhachtach do chur chuige comhpháirtíochta. Sonraítear san airteagal seo nach mór go méadófar ranníocaíochtaí agus gealltanais, ar bhealach cáilíochtúil agus cainníochtúil, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach. Bunaítear leis cur chuige córasach i leith ranníocaíochtaí ó chomhpháirtithe tionscail atá cuntasach ar fud gach tionscnaimh de chuid Airteagal 187 CFAE, tacaíonn sé le hoscailteacht na dtionscnamh agus tá sé comhleanúnach, trédhearcach agus cothrom, fad a áirithíonn sé tarraingteacht an tionscnaimh le haghaidh comhaltaí nua.
- **Céimniú amach**: tá na forálacha dlúthnasctha le cuspóirí sonracha a bhaint amach. Éilítear le hAirteagal 16(2)(y) go leagann an bord rialála plean réadúil amach chun leanúint leis an tionscnamh lasmuigh de raon feidhme na comhpháirtíochta institiúidithe, faoi dheireadh 2022, in am chun an plean sin a chur le meastóireacht eatramhach Fís Eorpach. Ba cheart go n-áiritheoidh sé sin go leanfar leis na

gníomhaíochtaí scaipthe nuair a chuirfidh an tAontas deireadh lena rannpháirtíocht agus go gcruthófar naisc le beartais tionscail agus eile d'fhonn an tionscnamh a aistriú ó thaighde agus nuálaíocht i dtreo cur in úsáid.

- **Forálacha maidir le rialachas**: feidhmiú na gcomhlachtaí éagsúla ar fud na gcomhghnóthas a chomhchuibhiú. Tacaíonn grúpaí comhairleacha le gach comhghnóthas ionas go mbeidh comhairle eolaíoch agus sainchomhairle acu, go rachaidh siad i gcomhairle le páirtithe leasmhara, agus go mbeidh na ballstáit rannpháirteach iontu (mura bhfuil siad ina gcomhpháirtithe díobh). Tá solúbthacht ann le haghaidh comhghnóthas, áfach, cumraíochtaí reatha i gcomhair feidhm chomhairliúcháin a úsáid nó cumraíocht amháin a fhreastalaíonn ar níos mó ná ceann amháin díobh a bhunú.
- **Comhleanúnachas agus sineirgí** (Airteagail 5, 16, 18, 24): Sonraítear an méid seo sa Rialachán maidir le Fís Eorpach 'Comhordú agus/nó comhghníomhaíochtaí le tionscnaimh ábhartha eile taighde agus nuálaíochta a áirithiú chun barrleibhéal idirnascachtaí agus sineirgí éifeachtacha a áirithiú'. I gcomhréir leis an méid sin, leagtar amach i gCuid a hAon an chaoi a bhfuiltear ag súil go rachaidh comhghnóthais i gcomhar lena chéile, agus idirghníomhú leis an éiceachóras níos leithne, go háirithe ar a gcúraimí agus cúraimí a mbord rialála, ról ghrúpa ionadaithe na mballstát agus tuairisciú tríd an tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí. Liostaítear i gcuid a dó roinnt comhpháirtíochtaí Eorpacha tosaíochta lena bhfuiltear ag súil go mbunófar comhar foirmiúil agus rialta le comhghnóthais aonair.

2021/0048 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 187 agus an chéad fhomhír d'Airteagal 188,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[8],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[9],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhonn an tionchar is mó agus is féidir a bhaint amach ar chistiú ón Aontas agus rannchuidiú ar an mbealach is éifeachtaí le cuspóirí beartais an Aontais, bunaíodh le Rialachán [XXXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [10] (an 'Rialachán maidir le Fís Eorpach'] an creat beartais agus dlíthiúil le haghaidh comhpháirtíochtaí Eorpacha ag a bhfuil comhpháirtithe san earnáil phríobháideach agus/nó phoiblí. Is príomhghné de chur chuige beartais Fís Eorpach iad comhpháirtíochtaí Eorpacha. Bunaítear iad chun tosaíochtaí an Aontais ar a ndírítear le Fís Eorpach a sheachadadh agus le tionchar soiléir don Aontas agus do mhuintir an Aontais a áirithiú, rud is féidir a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí le comhpháirtíocht, trí fhís straitéiseach a chomhroinntear idir na comhpháirtithe agus ar a n-aontaíonn na comhpháirtithe, seachas an tAontas amháin.

(2) Go háirithe, tá ról tábhachtach ag comhpháirtíochtaí faoin gcolún 'Dúshláin Dhomhanda agus an tIomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' de chuid Fís Eorpach i gcuspóirí straitéiseacha, amhail dlús a chur faoin aistriú i dtreo na gcuspóirí forbartha inbhuanaithe agus Eoraip ghlas, dhigiteach a bhaint amach, agus ba cheart dóibh cur leis an téarnamh ón ngéarchéim a bhaineann le COVID-19 nach rabhthas ag súil léi. Téann comhpháirtíochtaí Eorpacha i ngleic le dúshláin chasta trasteorann a dteastaíonn cur chuige comhtháite uathu. Táthar in ann dul i ngleic leis na clistí claochlaithe, córasacha agus margaidh a ndéantar cur síos orthu sna measúnaithe tionchar a ghabhann leis an Rialachán seo leis na comhpháirtíochtaí sin, ag tabhairt raon leathan gníomhaithe i measc na slabhraí luacha agus na n-éiceachóras le chéile chun oibriú i dtreo fís choiteann agus an fhís sin a aistriú ansin go treochláir nithiúla agus gníomhaíochtaí cur chun feidhme comhordaithe. Thairis sin, ligeann siad d'iarrachtaí agus acmhainní a dhíriú ar thosaíochtaí coiteanna chun na dúshláin chasta a réiteach.

(3) D'fhonn tosaíochtaí agus tionchar a sheachadadh, ba cheart comhpháirtíochtaí Eorpacha a fhorbairt trí rannpháirtíocht leathan ó pháirtithe leasmhara ábhartha ar fud

---

8 IO … [Tuairim ó EP]

9 OJ … [Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa]

10 IO […].

na hEorpa, lena n-áirítear tionscal, eagraíochtaí taighde, comhlachtaí ag a bhfuil misean seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, amhail fondúireachtaí a thacaíonn le agus/nó a thugann faoi thaighde agus nuálaíocht. Ba cheart dóibh a bheith ar cheann de na bearta a úsáidtear chun an comhar idir comhpháirtithe san earnáil phríobháideach agus/nó phoiblí a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin, lena n-áirítear trí chláir thaighde agus nuálaíochta agus infheistíocht trasteorann sa taighde agus nuálaíocht a thabhairt le chéile, chun leasanna frithpháirteacha a sholáthar do dhaoine agus gnólachtaí agus a áirithiú ag an am céanna gur féidir leis an Aontas seasamh lena leasanna i réimsí straitéiseacha.

(4) Nochtadh sa mheastóireacht eatramhach ar Fís 2020 gur tugadh stór suntasach ionstraimí agus tionscnamh comhpháirtíochta isteach le himeacht ama, agus go bhfuil seacht gcineál cur chun feidhme agus thart ar 120 tionscnamh comhpháirtíochta á rith faoi Fís 2020. Anuas ar an gcastacht a ghintear le hiomadú ionstraimí agus tionscnamh, measadh nach leordhóthanach an inniúlacht a bhaineann leo ar a n-iomlán chun cur le beartais ghaolmhara ag leibhéil an Aontais agus ag an leibhéal náisiúnta in ainneoin go seachadann siad roinnt tionchair dhearfacha maidir le dul chun cinn i leith a gcuspóirí a bhaint amach, mar shampla cláir oibre fhadtéarmacha a shocrú, comhar taighde agus nuálaíochta a struchtúrú idir gníomhaithe a bheadh scaipthe amach óna chéile murach iad, agus infheistíochtaí breise a ghiaráil. Sainítear sa mheasúnú tionchar ar Fís Eorpach mar sin go bhfuil gá le dul i ngleic le tírdhreach cistiúcháin an Aontais le haghaidh taighde agus nuálaíochta agus an tírdhreach sin a chuíchóiriú, go háirithe maidir le comhpháirtíochtaí, chomh maith le comhpháirtíochtaí a atreorú i dtreo tionchar treisithe agus tosaíochtaí an Aontais a sheachadadh.

(5) D’fhonn dul i ngleic le hábhair imní den sórt sin agus chun an uaillmhian níos airde a bhaint amach le haghaidh infheistíochtaí Eorpacha, ba cheart go gcuirfidh Fís Eorpach simpliú agus athchóiriú mór ar aghaidh le haghaidh bheartas an Coimisiúin um chomhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta. D’fhonn an nádúr sistéamach a bhaineann leis chun rannchuidiú le ‘claochluithe’ ar fud an Aontais i dtreo na gcuspóirí inbhuanaithe a léiriú, ba cheart go mbainfidh Fís Eorpach úsáid níos éifeachtaí as na comhpháirtíochtaí sin le cur chuige níos straitéisí, níos comhleanúnaí atá treoraithe ag tionchar.

(6) Bunaítear an creat ginearálta le Rialachán (AE) 2020/852[11] chun a chinneadh an gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch mar ghníomhaíocht eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun infheistíochtaí inbhuanaithe a shainiú. Cruthaítear leis tagairt choiteann is féidir le hinfheisteoirí, bainc, tionscal agus taighdeoirí a úsáid nuair atáthar ag infheistiú i dtionscadail agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil tionchar dearfach substaintiúil acu ar an aeráid agus an comhshaol gan aon díobháil shuntasach a dhéanamh dóibh. Is é an tagairt sin an tagairt le haghaidh infheistíochtaí glasa san Aontas.

(7) I gcás inarb ábhartha, ba cheart go gcuimhneoidh comhpháirtíochtaí ar Chritéir Scagtha Theicniúla de réir Airteagal 3 agus an prionsabal ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ d’Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 mar ionstraim chun ullmhacht agus rochtain a dtionscal ar mhaoiniú glas a fheabhsú a bheidh ríthábhachtach le haghaidh glacadh margaidh agus cur in úsáid níos leithne na dteicneolaíochtaí agus na

[11] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

réiteach a sheachadfaidh siad. Tá fianaise eolaíoch i gcroílár na gCritéar Scagtha Teicniúil. Ba cheart go mbeidh ról lárnach ag taighde agus nuálaíocht a shaothraíonn na Comhpháirtíochtaí i gcuidiú leis na gníomhaithe eacnamaíocha na caighdeáin agus na teorainn a bhunaítear sa Rialachán a bhaint amach nó dul tharstu, agus na Critéir Scagtha Theicniúla a choinneáil cothrom le dáta agus comhsheasmhach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

(8) Ar bhonn an Rialacháin maidir le Fís Eorpach, ba cheart go mbeifear in ann comhpháirtíochtaí a bhunú de réir trí chineál, is iad sin, 'cómhaoinithe', 'comh-chláreagraithe' agus 'institiúidithe'. Ba cheart go mbeidh reachtaíocht nua de chuid an Aontais agus bunú struchtúr cur chun feidhme tiomanta de bhun Airteagail 185 nó 187 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) mar chuid de bhunú comhpháirtíochtaí institiúidithe.

(9) Sainítear ocht réimse tosaíochta sa Rialachán maidir le Fís Eorpach, inar bhféadfar comhpháirtíochtaí institiúidithe a mholadh. Ar fud na réimsí tosaíochtaí sin, cuirtear roinnt tionscnamh le haghaidh comhpháirtíochtaí institiúidithe ar aghaidh agus cumhdaítear naoi gcinn díobh faoin Rialachán seo.

(10) Ba cheart na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a thugann na comhghnóthais fúthu a chistiú le Fís Eorpach. Ba cheart go bhforbróidh na comhghnóthais sineirgí dlútha le cláir eile agus ionstraimí cistithe de chuid an Aontais chun an tionchar is mó a bhaint amach, go háirithe leo siúd a thacaíonn le cur in úsáid réiteach nuálach, oideachas agus forbairt réigiúnach, d'fhonn comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a mhéadú agus éagothroime a laghdú.

(11) Éilítear sa chur chuige nua le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha, agus go háirithe comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha, bealach nua leis an gcreat dlíthiúil faoina bhfeidhmeoidh siad a bhunú. Cé gur cruthaíodh gurb éifeachtach comhghnóthais a bhunú ar bhonn Airteagal 187 CFAE chun críche Fís 2020 ó thaobh cur chun feidhme, is gá cur leis sin. Dá bhrí sin, is é is aidhm leis an Rialachán seo comhleanúnachas, éifeachtúlacht, éifeachtacht agus treoshuíomh tionchair an chur chun feidhme a mhéadú trí fhorálacha Fís Eorpach, agus an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme cláir faoi Fís 2020, a aistriú go forálacha coitianta ar fud na gcomhghnóthas ar bhealach comhoiriúnaithe. Is é is aidhm leis comhpháirtíochtaí Eorpacha a éascú chun comhar agus sineirgí lena chéile a chur ar bun, agus dá bhrí sin úsáid iomlán a bhaint as a n-idirnascachtaí ag leibhéal eagraíochtúil. Ba cheart go bhféachfaidh comhghnóthais le deiseanna a aimsiú chun ról a thabhairt d'ionadaithe comhpháirtíochtaí Eorpacha eile a bheith rannpháirteach i ndréachtú a gclár oibre, ag aithint na réimsí nó na gcomhghníomhaíochtaí a thacódh leis na dúshláin ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, ag seachaint forluí, ag ailíniú uainiú a ngníomhaíochtaí agus rochtain ar thorthaí agus ar mhalartú eolais ábhartha eile a áirithiú.

(12) I ndiaidh aithint na sineirgí idir na comhghnóthais, ba cheart go mbeidh sé mar aidhm dóibh na scaireanna buiséid ar cheart a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí comhlántacha nó ar chomhghníomhaíochtaí idir na comhghnóthais a chinneadh. Thairis sin, is é is aidhm leis an Rialachán seo éifeachtúlachtaí feabhsaithe agus comhchuibhiú a bhaint amach trí chomhar oibríochtúil neartaithe agus ag fiosrú barainneachtaí scála, lena n-áirítear bunú cúloifige coitinne, ar cheart feidhmeanna tacaíochta cothrománacha a sholáthar do na comhghnóthais. Ba cheart go ndéanfaidh an chúloifig choiteann é níos éasca tionchar agus comhchuibhiú níos mó a bhaint amach ar phointí coiteanna fad a choinnítear leibhéal solúbthachta chun freastal ar riachtanais gach comhghnóthais. Ba cheart go mbunófaí struchtúr ag úsáid

comhaontuithe leibhéil seirbhíse atá le tabhairt i gcrích i gcomhpháirt ag na comhghnóthais. Ba cheart go gcumhdóidh feidhmeanna comhordaithe agus riaracháin i réimsí inar scagadh go bhfuil sé éifeachtúil agus costéifeachtach i bhfeidhmeanna na cúloifige coitinne agus ba cheart go gcuirfidh siad comhlíontacht le ceanglas freagrachta gach oifigigh údaraithe aonair. Ba cheart go ndearfaí an socrú dlíthiúil chun freastal ar riachtanais choiteanna na gcomhghnóthas ar an mbealach is fearr, d'fhonn a ndlúthchomhar a áirithiú agus na sineirgí féideartha uile i measc na gcomhpháirtíochtaí Eorpacha agus, mar iarmhairt air sin, idir na codanna éagsúla den chlár Fís Eorpach agus idir na cláir eile a bhainistíonn na comhghnóthais.

(13) Thug na measúnuithe tionchair maidir le gach comhghnóthas a bhunaítear faoin Rialachán fianaise a dhlisteanaíonn cur chun feidhme comhpháirtíochtaí i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach ach amháin nuair nach n-éireodh le codanna eile den chlár Fís Eorpach, lena n-áirítear foirmeacha eile de Chomhpháirtíochtaí Eorpacha, na cuspóirí a bhaint amach nó nach nginfidís na tionchair ionchais is gá, trína bhfuil údar le cur chun feidhme den sórt sin trí dhearcadh fadtéarmach agus leibhéal ard comhtháthaithe.

(14) Le Fís Eorpach tugtar isteach cur chuige níos straitéisí agus comhleanúnaí atá treoraithe ag tionchar le haghaidh comhpháirtíochtaí Eorpacha, ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón meastóireacht eatramhach ar Fís 2020. I gcomhréir leis an uaillmhian nua, is é is aidhm leis an Rialachán seo úsáid níos éifeachtaí a bhaint as comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha, go háirithe ag díriú ar chuspóirí, torthaí agus tionchar soiléir is féidir a bhaint amach faoi 2030, agus rannchuidiú soiléir leis na tosaíochtaí beartais agus beartais ghaolmhara de chuid an Aontais. Tá dlúthchomhar agus sineirgí le tionscnaimh ábhartha eile ag leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach, go háirithe le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile, ríthábhachtach chun tionchar níos mó a bhaint amach agus glacadh torthaí a áirithiú. Agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar foriomlán, ba cheart infheistíochtaí níos leithne lasmuigh de ranníocaíochtaí ó chomhpháirtithe agus a spreagann na comhghnóthais a chuireann le baint amach a gcuspóirí a chur san áireamh.

(15) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na prionsabail agus na critéir a leagtar amach sa Rialachán maidir le Fís Eorpach, lena n-áirítear oscailteacht agus trédhearcacht, éifeacht ghiarála láidir agus gealltanais fhadtéarmacha na gcomhpháirtithe uile atá páirteach. Ar cheann de chuspóirí an Rialacháin seo tá oscailteacht na dtionscnamh i leith raon leathan eintiteas, lena n-áirítear daoine nua, a áirithiú. Ba cheart do na comhpháirtíochtaí a bheith oscailte d'aon eintiteas eile atá toilteanach agus cumasach chun oibriú i dtreo na sprice coitinne, agus rannpháirtíocht leathan agus ghníomhach na bpáirtithe leasmhara ina ngníomhaíochtaí, ballraíocht agus rialachas a chur chun cinn, agus a áirithiú go mbainfidh gach duine de chuid na hEorpa tairbhe as na torthaí, go háirithe trí na torthaí a scaipeadh go forleathan agus gníomhaíochtaí roimh chur in úsáid ar fud an Aontais.

(16) Maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais, ba cheart go mbeidh na bearta a leagtar amach in [Airteagal 16] den Rialachán maidir le Fís Eorpach infheidhme maidir le cláir oibre comhghnóthas.

(17) Éilíonn [Iarscríbhinn III] den Rialachán maidir le Fís Eorpach go mbeidh na ranníocaíochtaí agus/nó an rannchuidiú comhchineáil ó chomhpháirtithe eile seachas an tAontas cothrom le 50 % ar a laghad, agus féadfaidh siad a bheith ionann le suas le 75 % de ghealltanais bhuiséadacha chomhiomlánaithe na Comhpháirtíochta Eorpaí. Dá dhroim sin, ba cheart don Rialachán sin an rannchuidiú is gá ó chomhaltaí

comhghnóthais ag an leibhéal céanna nó ag leibhéal níos airde de rannchuidiú an Aontais a leagan amach. Ba cheart don Aontas a bheith in ann a rannchuidiú a laghdú má theipeann ar chomhaltaí, seachas an tAontas, a ngealltanais a chomhlíonadh.

(18) I gcomhréir leis na huaillmhianta a leagtar amach sa Rialachán maidir le Fís Eorpach, ar cheann de na réamhchoinníollacha a ghabhann le comhpháirtíochtaí institiúidithe a bhunú tá rannchuidiú na gcomhpháirtithe a áirithiú ar feadh shaolré na dtionscnamh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do chomhpháirtíochtaí príobháideacha cuid shuntasach dá rannchuidiú a sholáthar i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil leis na costais oibriúcháin a ghabhann leis an gcomhghnóthas. Ba cheart do chomhghnóthais a bheith in ann féachaint le bearta a éascaíonn na ranníocaíochtaí sin trína gcláir oibre, go háirithe ag laghdú rátaí cistithe. Ba cheart do na bearta sin a bheith bunaithe ar riachtanais shonracha an chomhghnóthais agus na ngníomhaíochtaí foluiteacha. I gcásanna ina mbeidh bonn cirt leis, ba cheart go mbeidh sé indéanta coinníollacha breise lena n-éilítear rannpháirtíocht comhalta den chomhghnóthas nó a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe, ag díriú ar ghníomhaíochtaí inar féidir le comhpháirtithe tionscail an chomhghnóthais príomhról a ghlacadh, amhail léirithe ar scála mór agus tionscadail shuaitheanta, agus cur níos mó leis trí rátaí cistithe níos ísle. Ba cheart don stiúrthóir feidhmiúcháin faireachán a dhéanamh ar leibhéal rannpháirtíochta na gcomhaltaí d'fhonn an bord rialála a chumhachtú le gníomhaíochtaí iomchuí a ghlacadh, ag áirithiú cothromaíocht idir tiomantas na gcomhpháirtithe agus oscailteacht. I gcásanna ina mbeidh bonn cirt iomchuí leis, féadfar an caiteachas caipitiúil le haghaidh, e.g. léirithe ar scála mór nó tionscadail shuaitheanta, a chur san áireamh mar chostas incháilithe i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil.

(19) I gcomhréir leis an bprionsabal maidir le ranníocaíochtaí a chomhroinnt go cothrom idir comhaltaí na gcomhghnóthas, ba cheart ranníocaíochtaí airgeadais le haghaidh costais riaracháin an chomhghnóthas a chomhroinnt go cothrom idir an tAontas agus comhaltaí seachas an tAontas. Níor cheart diallta ón bprionsabal sin a mheas ach i gcásanna eisceachtúla a bhfuil bonn cirt leo, amhail nuair a bheadh na ranníocaíochtaí le haghaidh comhpháirteanna nó eintiteas cleamhnaithe, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ag leibhéal chomh ard go mbeidís ina gcúis le damáiste díréireach don dreasacht a bhainfeadh le bheith nó le fanacht mar chomhpháirt nó eintiteas cleamhnaithe de chuid an chomhghnóthais mar thoradh ar mhéid nó struchtúr ballraíochta de chuid an chomhghnóthais seachas an tAontas. Sna cásanna sin, ba cheart d'íoschéatadán na ranníocaíochta airgeadais bliantúla ó chomhaltaí seachas an tAontas le haghaidh chostais riaracháin an chomhghnóthais a bheith cothrom le 20 % de na costais riaracháin bhliantúla fhoriomlána agus ba cheart do ranníocaíochtaí ó FBManna a bheith cuid mhaith níos ísle ná iad siúd a fhaightear ó chomheintitis nó ó eintitis chleamhnaithe níos mó. Chomh luath agus a bhaintear mais chriticiúil ballraíochta amach a ligeann ranníocaíocht atá níos airde ná 20 % de na costais riaracháin bhliantúla fhoriomlána, ba cheart ranníocaíochtaí bliantúla na comhpháirte nó an eintitis chleamhnaithe a choinneáil nó a mhéadú d'fhonn sciar na gcomhaltaí, seachas an tAontas, sa rannchuidiú foriomlán le haghaidh chostais riaracháin bhliantúla an chomhghnóthais a mhéadú céim ar chéim. Ba cheart go bhféachfaidh comhaltaí an chomhghnóthais seachas an tAontas le líon na gcomheintiteas nó na n-eintiteas cleamhnaithe a mhéadú chun a ranníocaíocht a uasmhéadú go 50 % de chostais riaracháin an chomhghnóthais thar a shaolré.

(20) Éilítear faoin Rialachán maidir le Fís Eorpach go léiríonn na comhpháirtithe a ngealltanas fadtéarmach, lena n-áirítear íos-sciar d'infheistíochtaí poiblí agus/nó

príobháideacha. Dá dhroim sin, ní mór don Aontas comhaltaí bunaidh atá bunaithe i mballstáit, tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a ghabhann leis an gClár Fís Eorpach nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a aithint sa Rialachán seo. I gcás inár gá, áfach, ba cheart a bheith in ann bonn ballraíochta comhghnóthas a mhéadú i ndiaidh a mbunaithe le comhaltaí comhlachaithe a roghnaíodh tar éis nósanna imeachta oscailte agus trédhearcacha, ag cur na forbairtí teicneolaíochta nua nó comhlachas tíortha breise sa Chlár Fís Eorpach san áireamh go háirithe. Ba cheart go dtabharfar deis d'eintitis dhlítheanacha a bhfuil suim acu tacú le cuspóirí na gcomhghnóthas ina réimsí sonracha taighde a bheith ina gcomhpháirtithe rannchuidithe de na comhghnóthais sin gan a bheith ina gcomhaltaí.

(21) Áirítear comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí atá tairbhiúil do gach comhalta atá páirteach ann le comhghnóthas a bhunú, lena n-áirítear ag cur chun cinn cinnteacht maidir le leithdháiltí móra buiséad le haghaidh na dtionscal ábhartha in imeacht 7 mbliana. Ceadaítear tionchar a fháil go díreach nó trí na hionadaithe tionscail, nuair atáthar mar chomhalta bunaidh nó comhalta comhlachaithe, nó i gceann dá n-eintitis chleamhnaithe, i mbord rialála an chomhghnóthais. Is é an bord rialála comhlacht cinnteoireachta an chomhghnóthais a chinneann treoshuíomh straitéiseach fadtéarmach na comhpháirtíochta, chomh maith lena tosaíochtaí bliantúla. Ba cheart do chomhaltaí bunaidh agus comhaltaí comhlachaithe agus más infheidhme ag déanamh ionadaíochta ar a gcomheintitis, a bheith in ann dá bhrí sin rannchuidiú le clár oibre agus leagan amach tosaíochtaí an chomhghnóthais tríd an gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht a ghlacadh, chomh maith leis an gclár oibre bliantúil a ghlacadh, lena n-áirítear ábhar an ghlao ar thograí, an ráta cistithe infheidhme in aghaidh na topaice glao, agus na rialacha lena mbaineann maidir le nósanna imeachta cur isteach, meastóireachta, roghnaithe, bronnta agus athbhreithnithe.

(22) Is iomchuí go léireoidh na comhaltaí seachas an tAontas a dtiomantas do chur chun feidhme an Rialacháin seo trí bhíthin litir ghealltanais. Ba cheart do na litreacha gealltanais sin a bheith bailí faoin dlí ar feadh shaolré an tionscnaimh agus ba cheart don chomhghnóthas agus don Choimisiún faireachán grinn a dhéanamh orthu. Ba cheart go gcruthófar le comhghnóthais timpeallacht dlíthiúil agus eagraíochtúil a chumasaíonn comhaltaí lena ngealltanais a sheachadadh fad a áirithítear oscailteacht leanúnach an tionscnaimh agus trédhearcacht le linn a gcur chun feidhme, go háirithe maidir le tosaíochtaí a leagan amach agus le haghaidh rannpháirtíocht i nglao ar thograí.

(23) Is bunchloch den Chreatchlár Fís Eorpach é simpliú breise a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart sásra tuairisce simplithe a bheith ann do chomhpháirtithe nach bhfuil orthu tuairisciú ar chostais neamh-incháilithe a thuilleadh. Níor cheart ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibriúcháin a chur san áireamh ach ar bhonn costais incháilithe amháin. Ligeann sé sin do ríomh uathoibríoch ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla trí uirlisí TF Fís Eorpach, íslíonn sé an t-ualach riaracháin i gcomhair comhpháirtithe agus beidh an sásra tuairiscithe i leith ranníocaíochtaí níos éifeachtaí. Ba cheart do chomhghnóthais faireachán grinn a dhéanamh ar ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla agus ba cheart do stiúrthóir feidhmiúcháin an bhoird rialála tuarascálacha a réiteach go rialta chun a shuí an bhfuil an dul chun cinn atá á déanamh i dtreo spriocanna na ranníocaíochtaí comhchineáil a bhaint amach sásúil go leor. Ba cheart don bhord rialála measúnú a dhéanamh ar na hiarrachtaí a rinne na comhaltaí agus na torthaí a bhain siad amach a chuireann leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla, chomh maith le fachtóirí eile, amhail leibhéal rannpháirtíochta FBManna

agus tarraingteacht an tionscnaimh do dhreamanna nua. Nuair is gá, ba cheart dó bearta leighis agus ceartaithe iomchuí a ghlacadh ag cur na prionsabail atá bunaithe ar oscailteacht agus trédhearcacht san áireamh.

(24) Ba cheart do na comhghnóthais deis agus spreagadh córasach a sholáthar do chomhaltaí seachas an tAontas chun a ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chur le gníomhaíochtaí an chomhghnóthais. Níor cheart go bhfaighidh gníomhaíochtaí breise tacaíocht airgeadais ón gcomhghnóthas. Is féidir iad a chur san áireamh, áfach, mar ranníocaíochtaí comhchineáil ó chomhaltaí nuair atá na ranníocaíochtaí sin ag cur le cuspóirí an chomhghnóthais agus nasctha go díreach lena ghníomhaíochtaí. Is féidir an nasc sin a bhunú trí ghlacadh na dtorthaí ó ghníomhaíochtaí indíreacha atá cistithe ag an gcomhghnóthas nó trína thionscnaimh roimhe sin, nó trí bhreisluach suntasach don Aontas a léiriú. Ba cheart don Rialachán seo forálacha níos sonraí a leagan síos maidir le raon feidhme na ngníomhaíochtaí breise le haghaidh gach comhghnóthais, a mhéid a bhfuil gá leis chun an treoíocht agus an tionchar inmhianaithe a bhaint amach. Ba cheart do bhoird rialála comhghnóthas cinneadh breise a dhéanamh, maidir le luacháil na ranníocaíochtaí, faoi cibé an bhfuil gá le modhanna simplithe amhail cnapshuimeanna nó costais aonaid a úsáid chun simpliú, éifeachtúlacht costais agus leibhéal cosanta iomchuí le haghaidh sonraí tráchtála rúnda a bhaint amach.

(25) Ba cheart do rialú na gcomhghnóthas a áirithiú go bhfuil a bpróisis chinnteoireachta oiriúnach chun coimeád cothrom le dáta leis an timpeallacht shocheacnamaíoch agus teicneolaíochta a bhíonn ag athrú go tapa agus le dúshláin dhomhanda. Ba cheart do chomhghnóthais tairbhe a bhaint as saineolas, comhairle agus tacaíocht ó gach páirtí leasmhar ábhartha, d’fhonn a gcúraimí a chur chun feidhme go héifeachtach agus sineirgí ag leibhéal an Aontais agus ag an leibhéal náisiúnta a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart na comhghnóthais a chumhachtú chun comhlachtaí comhairleacha a bhunú d’fhonn sainchomhairle agus aon chúram eile de chineál comhairleach is gá chun cuspóirí an chomhghnóthais a bhaint amach a sholáthar dóibh. Agus na comhlachtaí comhairleacha á mbunú, ba cheart do chomhghnóthais ionadaíocht chothrom saineolaithe laistigh de raon feidhme an chomhghnóthais, lena n-áirítear maidir le cothromaíocht inscne, a áirithiú. Ba cheart do dhearcthaí eolaíochta chomh maith le dearcthaí údarás náisiúnta agus réigiúnach agus páirtithe leasmhara eile na gcomhghnóthas a bheith mar chuid den chomhairle a sholáthraíonn na comhlachtaí sin.

(26) Ba cheart do chomhghnóthais a bheith in ann comhlacht comhairleach le feidhm chomhairleach eolaíochta a bhunú. Ba cheart don chomhlacht sin nó dá chomhaltaí a bheith in ann comhairle agus tacaíocht eolaíoch neamhspleách a sholáthar don chomhghnóthas faoi seach. Ba cheart pleananna oibre bliantúla, gníomhaíochtaí breise chomh maith le haon ghnéithe eile de chúraimí an chomhghnóthais, go háirithe, a bheith i gceist leis an gcomhairle eolaíoch, mar is gá.

(27) Ba cheart do chomhghnóthais a áirithiú go bhfuil na ballstáit ar an eolas go leordhóthanach faoi ghníomhaíochtaí an chomhghnóthais, gur féidir leo faisnéis thráthúil a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu sna ballstáit agus go bhfuil an deis acu cur leis na próisis ullmhúcháin agus chinnteoireachta. Tá tábhacht ar leith leis an idirphlé sin leis na ballstáit i gcomhthéacs na sineirgí agus an gá atá le hailíniú na n-iarrachtaí agus na ngníomhaíochtaí ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach, an Aontais agus Eorpach a áirithiú chun níos mó tionchair a chruthú. Ba cheart do chomhghnóthais gan rannpháirtíocht dhíreach nó indíreach ó na ballstáit mar chomhpháirtithe Grúpa Ionadaithe na mBallstát a bhunú agus is é a bheidh mar aidhm

leis gníomhaíochtaí na gcomhghnóthas a ailíniú leis na beartais agus na gníomhaíochtaí a ghlactar ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

(28) D'fhonn a áirithiú go bhfuil comhghnóthais ar an eolas faoi dhearcthaí agus tuairimí páirtithe leasmhara ón slabhra luacha iomlán ina réimsí faoi seach, ba cheart do chomhghnóthais a bheith in ann a ngrúpaí comhairleacha de pháirtithe leasmhara faoi seach a bhunú, le dul i gcomhairle leo maidir le saincheisteanna cothrománacha nó ceisteanna sonracha, de réir riachtanais gach comhghnóthais. Ba cheart do ghrúpaí den sórt sin a bheith oscailte do gach páirtí leasmhar poiblí agus príobháideach, lena n-áirítear leasghrúpaí eagraithe, agus leasghrúpaí idirnáisiúnta ó na ballstáit, ó thíortha gaolmhara agus ó thíortha eile, atá gníomhach i réimse an chomhghnóthais.

(29) Ba cheart do na comhghnóthais feidhmiú ar bhealach oscailte agus trédhearcach agus an fhaisnéis ábhartha go léir a sholáthar dá gcomhlachtaí iomchuí ar bhonn caoithiúil chomh maith lena gcuid gníomhaíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faisnéise agus scaipthe, don phobal i gcoitinne.

(30) Ba cheart na comhghnóthais a chur chun feidhme ag úsáid struchtúr agus rialacha a chuireann le héifeachtúlacht agus a áirithíonn simpliú. Chun na críche sin, ba cheart do na comhghnóthais rialacha airgeadais atá sonrach dá riachtanais a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

(31) Ba cheart cur chun feidhme an chomhghnóthais a bheith bunaithe ar na critéir a leagtar amach le haghaidh comhpháirtíochtaí institiúidithe sa Rialachán maidir le Fís Eorpach. Ba cheart go dtacófaí leis ag úsáid modhanna leictreonacha atá á mbainistiú ag an gCoimisiún. Tá faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí indíreacha atá cistithe ag na comhghnóthais, lena n-áirítear torthaí, fíor-riachtanach chun beartais nó cláir an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fhaire agus a mheas. Dá bhrí sin, ba cheart do Chomhghnóthais a áirithiú go bhfuil rochtain ag institiúidí an Aontais agus comhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn siad, lena n-áirítear torthaí na dtairbhithe atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha. Ba cheart na cearta rochtana sin a theorannú d'úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch agus ba cheart dóibh na rialacha rúndachta is infheidhme a chomhlíonadh. Ba cheart rochtain a thabhairt d'fhoireann institiúidí an Aontais agus d'fhoireann chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais faoi réir caighdeáin leordhóthanacha TF maidir le slándáil agus slándáil faisnéise agus i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta.

(32) Ba cheart do rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn comhghnóthais faoi Fís Eorpach na rialacha a leagtar amach sa Rialachán maidir le Fís Eorpach a chomhlíonadh. Ba cheart do na comhghnóthais a áirithiú go gcuirfear na rialacha sin i bhfeidhm go seasmhach bunaithe ar bhearta ábhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún. Ba cheart do na comhghnóthais an tsamhail chorparáideach den chomhaontú deontais a d'ullmhaigh an Coimisiún a úsáid. Maidir leis an tréimhse chun agóid a dhéanamh in aghaidh aistriú úinéireacht na dtorthaí dá dtagraítear in [Airteagal 36(4)] den

---

[12] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Rialachán maidir le Fís Eorpach, ba cheart fad na sraitheanna nuálaíochta sna réimsí a chumhdaítear faoi na comhghnóthais faoi seach a chur san áireamh.

(33) Ar cheann de phríomhchuspóirí na gcomhghnóthas tá cumas eacnamaíoch an Aontais a chothú, go háirithe a neamhspleáchas eolaíochta agus teicneolaíochta. Thairis sin, cuirtear an gá atá le hinfheistiú i bpríomhtheicneolaíochtaí amhail 5G, Intleacht Shaorga, an néal, cibearshlándáil agus teicneolaíocht ghlas, agus luachshocrú ba dteicneolaíochtaí sin san Aontas, i dtábhacht sa téarnamh i ndiaidh na paindéime. Beidh ról tábhachtach ag na torthaí a ghinfidh na rannpháirtithe uile chuige sin, agus bainfidh na rannpháirtithe uile tairbhe as cistiú an Aontais trí na torthaí a ghinfear leis an tionscadal agus le cearta rochtana ar na torthaí sin, fiú na rannpháirtithe nach bhfaigheann cistiú ón Aontas. Dá bhrí sin, d'fhonn leasanna an Aontais a chosaint, ba cheart go mbeadh feidhm ag an gceart chun agóid a dhéanamh in aghaidh aistriú úinéireacht na dtorthaí nó bronnadh ceadúnas eisiach i leith torthaí maidir le rannpháirtithe nach bhfaigheann cistiú ón Aontas freisin. Agus an ceart seo chun agóid a dhéanamh á fheidhmiú, ba cheart don chomhghnóthas cothromaíocht chóir a aimsiú idir leasanna an Aontais agus cosaint chearta bunúsacha thorthaí na rannpháirtithe gan chistiú i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ag cur san áireamh nach bhfaigheann na rannpháirtithe sin aon chistiú ón Aontas don ghníomhaíocht ónar gineadh na torthaí.

(34) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais an Aontais a bhainistiú i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le bainistíocht fhónta airgeadais agus leis na rialacha maidir le bainistíocht indíreach a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046.

(35) Chun críche an tsimplithe, ba cheart an t-ualach riaracháin a laghdú do na páirtithe uile. Ba cheart iniúchtaí dúbailte agus méideanna díréireacha doiciméad agus tuairiscithe a sheachaint. Ba cheart iniúchadh ar chistí an Aontais faoin Rialachán seo a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach agus cláir chistithe ábhartha eile de chuid an Aontais.

(36) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais agus comhaltaí eile na gcomhghnóthas a chosaint trí bhearta comhréireacha feadh an timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, nuair is iomchuí sin, pionóis riaracháin agus airgeadais a ghearradh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046. I bhfianaise chineál sonrach na ngníomhaíochtaí a chuir roinnt de na comhghnóthais chun feidhme faoina dteastófar iad a chéimniú amach thar roinnt blianta, ba cheart don Choimisiún agus don chomhghnóthas ábhartha a bheith in ann na gealltanais bhuiséadacha bhliantúla a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla. Ar an gcaoi sin, féadfar gealltanais bhuiséadacha na gcomhghnóthas dá dtagraítear i bpointí (b), (d) agus (h) d'Airteagal 3(1) a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla. Go dtí an 31 Nollaig 2024, ní sháróidh méid carnach na ngealltanas buiséadach sin 50 % d'uasranníocaíocht an Aontais a leagtar amach in Airteagail 10 agus 145. Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, ní chumhdófar 20 % de bhuiséad carnach na mblianta iarmharacha le tráthchodanna bliantúla.

(37) I bhfianaise chineál sonrach agus stádas reatha na gcomhghnóthas, ba cheart go leanfaidh siad a bheith faoi réir urscaoileadh ar leithligh. Ba cheart don Chúirt Iniúchóirí na cuntais agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo a iniúchadh.

(38) I gcomhréir le [hAirteagal 8(2)(c)] den Rialachán maidir le Fís Eorpach, ba cheart do chomhghnóthais cur chuige saolré soiléir a bheith acu. D'fhonn leasanna airgeadais an

Aontais a chosaint go leordhóthanach, ba cheart comhghnóthais a bhunú ar feadh tréimhse a chríochnaíonn ar an 31 Nollaig 2031 chun deis a thabhairt dóibh a bhfreagrachtaí maidir le cur chun feidhme deontais a fheidhmiú go dtí go gcuirfear na gníomhaíochtaí indíreacha deiridh a seoladh i gcrích.

(39) I gcomhthéacs thosaíocht an Choimisiúin Eorpaigh maidir le 'Comhaontú Glas don Eoraip'[13] lena dtacaíonn Straitéis Bithgheilleagair athbhreithnithe an Aontais[14], Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh[15], an Chumarsáid 'Pláinéad Glan do Chách'[16], an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach[17] agus an chumarsáid 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[18], ba cheart go n-éireoidh earnáil bhithbhunaithe na hEorpa, lena n-áirítear FBManna, réigiúin agus príomhtháirgeoirí aeráidneodrach, níos ciorclaí agus níos inbhuanaithe fad a fhanann siad iomaíoch ar an scála domhanda. Féadfaidh éiceachóras nuálaíochta bithbhunaithe atá láidir, éifeachtúil ó thaobh acmhainní agus iomaíoch spleáchas ar amhábhar iontaise agus acmhainní mianracha neamh-inathnuaite a laghdú agus dlús a chur le hionadaíocht na n-ábhar agus na n-acmhainní sin. Féadfaidh sé táirgí, ábhair, próisis agus mianraí in-athnuaite bithbhunaithe a fhorbairt ó dhramhaíl agus bithmhais tríd an nuálaíocht atá treoraithe ag inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht. Féadfaidh éiceachóras den sórt sin luach a chruthú freisin ó bhunábhar áitiúil – lena n-áirítear dramhaíl, fuíll agus taobhshruthanna – chun poist, fás agus forbairt eacnamaíoch a sheachadadh ar fud an Aontais, ní hamháin i gceantair uirbeacha ach i gcríocha tuaithe agus cósta freisin, áit a dtáirgtear bithmhais agus ar réigiúin imeallacha iad go minic inar annamh a mbaintear tairbhe as forbairt thionsclaíoch.

(40) Dhírigh an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe a bunaíodh faoi Fís 2020 ar úsáid inbhuanaithe acmhainní, go háirithe earnálacha atá dian ó thaobh acmhainní de agus a bhfuil tionchar mór acu, amhail talmhaíocht, monaraíocht teicstílí agus foirgníocht, ag díriú freisin ar oibritheoirí, monaróirí, plandaí agus monarchana áitiúla go háirithe. Bhí sraith láidir de 34 mholadh mar chuid dá mheastóireacht eatramhach a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus léirítear na moltaí sin i ndearadh an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ní leanúint dhíreach de Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe é an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe ach clár a thógann ar na gaiscí a bhain an comhghnóthas roimhe amach agus a théann i ngleic leis na heasnaimh a bhain leis. I gcomhréir leis na moltaí sin, ba cheart do raon níos leithne de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an earnáil phríomhúil (talmhaíocht, dobharshaothrú, iascaigh agus foraoiseacht) chomh maith le soláthraithe dramhaíola, fuíoll agus taobhshruthanna, údaráis réigiúnacha agus infheisteoirí a bheith rannpháirteach sa Chomhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe chun clistí sa mhargadh agus próisis bhithbhunaithe neamh-inbhuanaithe a chosc. D'fhonn a chuspóirí a sheachadadh, níor cheart ach tionscadail a léiríonn meas do phrionsabail na ciorclaíochta, na hinbhuanaitheachta agus na dteorainneacha pláinéadacha a chistiú.

(41) Ba cheart don Chomhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe Grúpaí Imscartha a bhunú ar cheart a bheith mar chomhlachtaí comhairleacha agus ar cheart dóibh páirt ghníomhach a ghlacadh sna cinntí straitéiseacha a leagann síos an clár

13 https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/european-green-deal_en
14 COM(2018)673 críochnaitheach
15 COM/2020/380 críochnaitheach
16 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52018DC0773&from=EN
17 COM(2020)98 críochnaitheach
18 COM(2020)381 críochnaitheach

oibre don chomhpháirtíocht. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear na comhlachtaí comhairleacha sin san áireamh sa struchtúr rialála le rannpháirtíocht níos leithne agus níos mó infheistíocht phríobháideach a áirithiú san earnáil chiorclach bhithbhunaithe. Ba cheart do na Grúpaí Imscartha go háirithe tacaíocht a sholáthar do chruinnithe straitéiseacha an Bhoird Rialála ina mbíonn ceannairí tionscail, na hionadaithe páirtithe leasmhara agus ionadaithe ardleibhéil an Choimisiúin ar an mBord Rialála buan chun treoshuíomh straitéiseach na comhpháirtíochta a phlé agus a leagan amach.

(42) Ba cheart gurb é príomhchuspóir an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan rannchuidiú le lorg éiceolaíochta na heitlíochta a laghdú trí dhlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí eitlíochta atá neodrach ó thaobh aeráide de lena gcur in úsáid a luaithe agus is féidir, dá bhrí sin dhéanfar rannchuidiú nach beag leis na cuspóirí uaillmhianacha maidir le tionchar ar an gcomhshaol a mhaolú a ghabhann leis an gComhaontú Glas don Eoraip, is é sin, laghdú 55 % in astaíochtaí i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 1990 faoin mbliain 2030, agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Ní féidir an chuspóir sin a bhaint amach ach trí dhlús a chur leis na próisis taighde agus nuálaíochta in aerloingseoireacht agus na próisis sin a bharrfheabhsú agus trí iomaíochas domhanda thionscal eitlíochta an Aontais a fheabhsú. Ba cheart don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan a áirithiú go bhfanann eitlíocht níos glaine sábháilte, slán agus éifeachtúil chun paisinéirí agus earraí a iompar d’aer.

(43) Tógann an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan ar an taithí a fuarthas ó Chomhghnóthas Spéire Glaine agus ó Chomhghnóthas Spéire Glaine 2. Ba cheart don chomhpháirtíocht nua a bheith níos uaillmhianaí ag díriú ar léiritheoirí ceannródaíocha a fhorbairt. I gcomhréir leis na torthaí ón meastóireacht eatramhach ar Chomhghnóthas Spéire Glaine 2, ba cheart do thionscnamh nua a áirithiú go bhfuil bunús ‘cáis ghnó’ le gach léiritheoir ionas go mbeidh na teicneolaíochtaí a fhorbrófar in ann freastal go ceart ar an ‘gcur in úsáid a luaithe is féidir’, rud atá ina phríomhthosaíocht. Dá bhrí sin, ba cheart don tionscnamh nua díriú ar infheictheacht a chuspóirí saothraithe aonair a mhéadú agus cumais faireacháin, bhainistíochta agus tuairisce an chomhghnóthais a neartú chun castacht na hiarrachta taighde agus nuálaíochta a éilítear ionas go mbeidh an chomhpháirtíocht in ann a gcuspóirí a bhaint amach a léiriú.

(44) Ba cheart don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan bonn ballraíochta éagsúil a thógáil, ag tabhairt raon leathan páirtithe leasmhara agus smaointe le chéile. D’fhonn na cuir chuige a bhfuil an gealladh is mó fúthu agus na heintitis atá in ann iad a bhaint amach a shainaithint, sheol an Coimisiún glao ar léiriú smaointe agus ar chomhaltaí féideartha[19]. Ba cheart go gceadófaí don Bhord Rialála comhaltaí comhlachaithe a roghnú bunaithe ar thorthaí an ghlao sin d’fhonn foráil a dhéanamh le haghaidh leathnú tapa an ghrúpa comhaltaí.

(45) D’fhonn tionchar na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ar laghdú éifeachtach astaíochtaí agus digitiú an tionscail eitlíochta a thugann na Comhghnóthais um Eitlíocht Ghlan agus Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair fúthu a uasmhéadú agus a bhrostú, ba cheart dóibh féachaint le comhoibriú le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) ar obair na comhpháirtíochta, ag áirithiú go ndéantar eolas ar na teicneolaíochtaí nua a forbraíodh go luath. Beidh sé sin ríthábhachtach chun dlús a chur le húsáid mhargaidh, ag éascú an phróisis

[19] https://ec.europa.eu/info/news/new-call-ideas-clean-aviation-partnerships-2020-aug-26_en

creidiúnaithe do na táirgí agus na seirbhísí a leanann as sin mar a éilítear ag Rialachán (AE) 2018/1189[20].

(46) D’fhonn sineirgí idir cláir ag leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach a uasmhéadú, ba cheart do Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát de chuid an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan na féidearthachtaí a fhiosrú chun tacaíocht airgeadais a sholáthar ag an leibhéal náisiúnta do thograí sármhaithe nár roghnaigh an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan mar thoradh ar an iomarca suibscríofa.

(47) Tá an Eoraip ag dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le ról ceannasach a imirt maidir le costais shochaíocha astaíochtaí gás ceaptha teasa san aer a inmheánú sa tsamhail ghnó le haghaidh aeriompair fad a leanann sí ar aghaidh ag áirithiú ‘cothroime iomaíochta’ i gcomhair táirgí Eorpacha ar an margadh domhanda. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan tacú leis na hionadaithe Eorpacha sna hiarrachtaí maidir le caighdeánú idirnáisiúnta agus reachtaíocht idirnáisiúnta.

(48) Tháinig athrú suntasach ar an tsuim a chuirtear san Hidrigin le 5 bliana anuas agus shínigh agus dhaingnigh gach Ballstát Comhaontú Pháras de chuid Chomhdháil na bPáirtithe (COP21). Ag deireadh 2019, thíolaic an Coimisiún an Comhaontú Glas don Eoraip, arb é is aidhm don Aontas a chlaochlú ina shochaí chóir agus rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha agus iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050. Áirítear hidrigin ghlan, cealla breosla, breosla malartach agus stóráil fuinnimh i measc na réimsí tosaíochta. Tá Hidrigin le feiceáil go ríshoiléir sna ‘Teachtaireachtaí ar straitéis hidrigine le go mbeadh an Eoraip aeráidneodrach agus Straitéis an Aontais Eorpaigh um Chomhtháthú Córais Fuinnimh’ i mí Iúil 2020, agus ag seoladh na Comhghuaillíochta Eorpaí don Hidrigin Ghlan trína dtugtar na páirtithe leasmhara uile le chéile chun riachtanais teicneolaíochta, deiseanna infheistíochta agus bacainní rialála a aithint chun éiceachóras hidrigine slán a thógáil san Aontas.

(49) Tacaíodh le gníomhaíochtaí tiomnaithe taighde agus nuálaíochta a bhaineann le feidhmeanna hidrigine ó 2008, go príomha tríd na Comhghnóthais um Chruachadh Breosla agus Hidrigin (Comhghnóthas FCH agus Comhghnóthas FCH 2) faoi FP7 agus Fís 2020 chomh maith le tionscadail thraidisiúnta chomhoibríocha, ag cumhdach gach céime/réimse de shlabhra luacha na hidrigine. Ba cheart don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan cumas eolaíochta an Aontais a neartú agus a chomhtháthú chun dlús a chur le forbairt agus feabhsú ardfheidhmeanna hidrigine glaine atá réidh don mhargadh, ar fud úsáidí deiridh fuinnimh, iompair, tógála agus tionscail. Ní bheifear in ann é sin a dhéanamh ach má chuirtear neartú iomaíochais shlabhra luacha hidrigine an Aontais leis, go háirithe FBManna.

(50) D’fhonn cuspóirí eolaíochta an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan a bhaint amach, ba cheart deis a thabhairt do gach earnáil a bhaineann leis an ngeilleagar hidrigine a bheith rannpháirteach in ullmhú agus i gcur chun feidhme a Chláir Oibre Straitéisigh um Thaighde agus Nuálaíocht. Ba cheart don earnáil phoiblí a bheith rannpháirteach freisin, go háirithe údaráis réigiúnacha agus náisiúnta, agus údaráis náisiúnta freagrach as beartais aeráide agus bearta a bhaineann le sásraí margaidh a bhunú, chun na bearnaí idir forbairt teicneolaíochta atá réidh don mhargadh agus úsáid ar scála mór a líonadh.

[20] IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

(51) Ós rud é gur féidir hidrigin a úsáid mar bhreosla, iompróir fuinnimh agus chun fuinneamh a stóráil, tá sé fíor-riachtanach go mbunaítear comhar struchtúrtha le neart comhpháirtíochtaí eile de chuid Fís Eorpach, go háirithe le haghaidh úsáid deiridh leis an gcomhpháirtíocht um hidrigin ghlan. Ba cheart don comhpháirtíocht um hidrigin ghlam idirghníomhú le hiompar de bhóthar agus iompar d'uisce atá saor ó astaíochtaí, iarnród na hEorpa, eitlíocht ghlan, próisis don phláinéad agus comhpháirtíochtaí um chruach ghlan. Chun na críche sin, ba cheart struchtúr a bhunú a thuairiscíonn don Bhord Rialála d'fhonn comhar agus sineirgí idir na comhpháirtíochtaí sin i réimse na hidrigine a áirithiú. Bheadh an tionscnamh um hidrigin ghlan ar an aon chomhpháirtíocht a dhíríonn ar aghaidh a thabhairt ar theicneolaíochtaí táirgthe hidrigine. Ba cheart do chomhar le comhpháirtíochtaí úsáide deiridh díriú go háirithe ar an teicneolaíocht a léiriú agus na sonraíochtaí comhshonracha.

(52) Cuireann iarnróid le Limistéar Eorpach Iompair Aonair (SETA) agus is buneilimint iad de bheartas forbartha inbhuanaithe fadtéarmach an Aontais. I dtéarmaí méid eacnamaíoch, is é EUR 69 mbilliún oll-bhreisluach díreach earnáil iarnróid na hEorpa agus a holl-bhreisluach indíreach cothrom le EUR 80 billiún. Fostaíodh 1.3 milliún duine go díreach san earnáil iarnróid agus bhí ní ba mhó ná milliún duine fostaithe go hindíreach[21].

(53) Is é is aidhm don Chomhaontú Glas don Eoraip sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, áit nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní. Áirítear dlús a chur leis an aistriú chuig gluaiseacht inbhuanaithe agus chliste i measc na réimsí tosaíochta.

(54) Cuirtear i dtábhacht sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Nua Thionsclaíoch don Eoraip[22] (Márta 2020) go bhfuil sé de fhreagracht ar thionscail ghluaiseachta inbhuanaithe agus cliste, amhail earnáil an iarnróid, an t-aistriú digiteach agus glas a threorú, tacaíocht a thabhairt d'iomaíochas na hEorpa agus nascacht a fheabhsú, agus gur féidir leis na tionscail é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart d'iompar de bhóthar, iarnróid, eitlíochta agus d'uisce cur le laghdú 90 % in astaíochtaí iompair faoin mbliain 2050. Mar ábhar tosaíochta, ba cheart sciar mór den 75 % de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre inniu a aistriú chuig na hiarnród agus chuig uiscebhealaí intíre.

(55) Bunaíodh an Comhghnóthas Shift2Rail in 2014 chun taighde, forbairt agus bailíochtú maidir le gníomhaíochtaí an tionscnaimh Shift2Rail a bhainistiú ag cur cistiú ón earnáil phoiblí agus phríobháideach a sholáthair a chomhaltaí le chéile agus ag tarraingt ar acmhainní teicniúla inmheánacha agus seachtracha. Bunaíodh leis cineálacha nua comhair, atá comhsheasmhach le rialacha iomaíochta, idir páirtithe leasmhara ón slabhra luacha iomlán iarnróid agus ó lasmuigh den earnáil iarnróid thraidisiúnta, agus baineadh leas as taithí agus saineolas Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh ar shaincheisteanna a bhaineann le hidir-inoibritheacht agus sábháilteacht.

(56) Ba cheart gurb é cuspóir an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa líonra iarnróid ardchumas comhtháite Eorpach a sheachadadh ag cur deireadh le bacainní don

[21] http://cer.be/topics/economic-footprint (2019).
[22] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1593086905382&uri=CELEX:52020DC0102

idir-inoibritheacht agus réitigh a sholáthar don chomhtháthú iomlán, lena gcumhdaítear bainistíocht tráchta, feithiclí, bonneagar agus seirbhísí. Ba cheart go saothróidh sé sin an acmhainneacht ollmhór atá ann i leith digitiú agus uathoibriú, agus cur lena sholúbthacht agus iontaofacht, agus ba cheart é a bhunú ar Ailtireacht Chórais Feidhme Tagartha a roinn an earnáil leis, i gcomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh.

(57) Ba cheart don Chomhghnóthas um Iarnród na hEorpa a ghníomhaíochtaí tosaíochta taighde agus nuálaíochta a shainiú ina Mháistirphlean, agus an ailtireacht chórais fhoriomlán agus cur chuige oibríochtúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí léirithe ar scála mór, atá de dhíth chun dlús a chur le dul i bhfeidhm nuálaíochtaí teicneolaíochta comhtháite, idir-inoibritheacha agus caighdeánaithe is gá chun tacú le Limistéar Eorpach Iarnróid Aonair.

(58) Is córas casta é an t-iarnród, le hidirghníomhaíochtaí an-dlúth idir bainisteoirí bonneagair, gnóthais iarnróid (oibreoirí traenacha) agus a dtrealamh faoi seach (bonneagar agus rothstoc). Ní féidir nuálaíocht a sheachadadh gan sonraíochtaí comhchoiteanna agus straitéis sa chóras iarnróid iomlán. Dá bhrí sin, ba cheart do Cholún Córasach an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa an earnáil a chumasú chun teacht le chéile ar choincheap oibríochtúil aonair agus ailtireacht chórais, lena n-áirítear sainiú ar sheirbhísí, bloic feidhme, agus comhéadain, atá mar bhunús oibríochtaí an chórais iarnróid. Ba cheart dó an creat foriomlán a sholáthar le háirithiú go ndéanfar spriocanna taighde, riachtanais custaiméirí agus riachtanais oibríochtúla a chomhaontú i gcoiteann agus go roinntear riachtanais custaiméirí agus riachtanais oibríochtúla. Ba cheart a léiriú i samhail rialála agus próiseas cinnteoireachta an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa ról ceannasach an Choimisiúin i gcóras iarnróid na hEorpa a chomhaontú agus a chomhtháthú, go háirithe maidir leis an gcoincheap oibríochtúil aonair agus an ailtireacht chórais a sheachadadh go tapa agus go héifeachtach, fad a áirithítear rannpháirtíocht chomhpháirtithe príobháideacha i róil chomhairleacha agus tacaíochta teicniúla.

(59) D'fhonn a áirithiú go n-úsáidtear torthaí Leibhéal Réidhe Teicneolaíochta (LRT) íseal go héifeachtach ag LRTanna níos airde, agus go háirithe sa Chomhghnóthas um Iarnród na hEorpa, ba cheart do chlároifig an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa gníomhaíochtaí den sórt sin a chur chun feidhme.

(60) I gcás inar gá, d'fhonn aistriú agus leathnú tapa ballraíochta a áirithiú, ba cheart ligean do Bhord Rialála an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa le comhaltaí comhlachaithe a roghnú ar bhonn torthaí glao ar léiriú spéise a sheolann an Coimisiún.

(61) I gcomhthéacs thosaíochtaí an Choimisiún i leith Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, agus Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3 go háirithe, agus Teachtaireacht i dTreo Straitéise Cuimsithí leis an Afraic[23], tá an tAontas tiomanta do chur le saol sláintiúil agus folláine a chur chun cinn le haghaidh gach duine, do thógáil ar chomhpháirtíocht níos láidre fiú idir an dá mhór-roinn agus do thacú le hinniúlachtaí taighde agus nuálaíochta san Afraic. Ba cheart do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 aghaidh a thabhairt ar an easpa diagnóisice, cóireálacha agus vacsaíní iomchuí, i measc teicneolaíochtaí sláinte eile mar a thugtar orthu, atá ann chun dul i ngleic le galair thógálacha amhail VEID, maláire agus eitinn, ach le galair thógálacha eile a bhaineann le bochtaineacht agus a ndéantar siléig iontu, atá coitianta

23 Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: I dTreo Straitéis Chuimsitheach leis an Afraic, an Bhruiséil, 9.3.2020, JOIN(2020) 4 críochnaitheach.

san Afraic, go háirithe san Afraic Fho-Shahárach freisin. Léiríodh le paindéim COVID-19 gur féidir le galair thógálacha scaipeadh go tapa ar fud an domhain mar gheall ar nascacht mhéadaithe idir réigiúin éagsúla ar domhan. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go bhforbraítear teicneolaíochtaí sláinte chun teorainn a chur le scaipeadh galar tógálach, agus chun troid ina n-aghaidh nuair a scaiptear iad, chun sláinte saoránach sna tíortha lena mbaineann agus san Aontas a chosaint. D'fhonn ceannaireacht sláinte domhanda níos láidre ná an tionscnamh EDCTP2 reatha a bhaint amach, ba cheart raon feidhme na comhpháirtíochta a leathnú chun freagairt ar bhagairtí galar tógálach atá ag teacht chun cinn, na fadhbanna méadaitheacha a bhaineann le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus galair neamhthógálacha comhghalrachta a chumhdach.

(62) Is gá rannpháirtíocht a fháil ó shraith mhór gníomhaithe agus gealltanais fhadtéarmacha chun dul i ngleic le galair thógálacha a dhéanann difear don Afraic Fho-Shahárach le huirlisí teicneolaíochta nua-aimseartha. Ba cheart do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 idirghabháil a dhéanamh chun líonrú agus comhar Thuaidh–Theas agus Theas–Theas atá tairbheach agus inbhuanaithe a bhaint amach, ag cruthú caidreamh le neart eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus phoiblí chun comhar tionscadal agus institiúideach a neartú. Ba cheart don chlár cuidiú chun comhar nua Thuaidh–Theas agus Theas–Theas a bhunú chun staidéir iltíre, ilsuímh a dhéanamh san Afraic Fho-Shahárach. Ina theannta sin, ba cheart do chomhdháil idirnáisiúnta tráthrialta, Fóram EDCTP, a bheith mar ardán i gcomhair eolaithe agus líonraí ábhartha ón Eoraip, Afraic, agus áiteanna eile, chun a dtorthaí agus a smaointe a roinnt agus naisc comhair a bhunú.

(63) Ba cheart do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 tógáil ar an taithí a fuarthas le linn chláir EDCTP agus EDCTP2, trí infheistíochtaí an Aontais, na mballstát, na dtíortha comhlachaithe agus na dtíortha Afracacha a chur chun tairbhe chun torthaí a bhaint amach nach mbainfeadh tíortha aonair ná creatchlár taighde an Aontais amach ar a n-aonar. Ba cheart do Chomhlachas EDCTP, a dhéanann ionadaíocht ar na ballstáit a ghlacann páirt sa chlár, ranníocaíocht airgeadais a thabhairt do Chlár EDCTP3 agus dá chur chun feidhme agus rannchuidiú le gníomhaíochtaí breise. Ba cheart dó rannpháirtíocht bhríoch na dtíortha Fo-Shahárach a sholáthar sa phróiseas cinnteoireachta, rud atá fíor-riachtanach chun dul i ngleic le hualach na ngalar i dtíortha Fo-Shahárach. Ba cheart do chisteoirí taighde idirnáisiúnta eile, amhail daonchairdis, an tionscal cógaisíochta agus tríú tíortha eile, a bheith mar chuid den tionscnamh, agus ba cheart dóibh cur leis an gcomhpháirtíocht mar chomhpháirtithe rannchuidithe ar bhonn *ad hoc*. Thairis sin, d'fhonn tionchar an chláir a mhéadú, ba cheart do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 a bheith in ann eintitis dhlítheanacha ar féidir a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha a shainaithint, i gcás glaonna sonracha. Ba cheart é a bheith indéanta foráil a dhéanamh sa chlár oibre nach mbeidh eintitis dhlítheanacha den sórt sin incháilithe chun cistiú a fháil ón gcomhghnóthas.

(64) Tá sé fíor-riachtanach go bhfuil na gníomhaíochtaí a chistíonn Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 nó a chumhdaítear faoina chlár oibre, i gcomhréir iomlán le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus a Phrótacail Fhorlíontacha, na prionsabail eiticiúla i nDearbhú Heilsincí de chuid Chomhlachas Domhanda na Lianna Míochaine 2008, na caighdeáin dea-chleachtas a ghlac an Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Chomhchuibhiú Ceanglas Teicniúil do Chlárú Cógaisíochta lena nÚsáid ag an Duine, reachtaíocht ábhartha an Aontais agus riachtanais eiticiúla áitiúla na dtíortha ina dtabharfar faoi na

gníomhaíochtaí taighde. Thairis sin, ba cheart do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 a éilliú go bhfuil na nuálaíochtaí agus na hidirghabhálacha a fhorbraítear bunaithe ar thorthaí na ngníomhaíochtaí indíreacha a dtacaíonn an clár leo inacmhainne agus inrochtana do dhaonraí leochaileacha.

(65) Má tá Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 le bheith rathúil agus d'fhonn rannpháirtíocht sa chomhpháirtíocht a spreagadh, ba cheart do chistiú na comhpháirtíochta a bheith teoranta d'eintitis dhlítheanacha atá incháilithe chun cistiú a fháil faoin gclár Fís Eorpach agus atá bunaithe i gcomhstáit de chuid Chomhlachas na Comhpháirtíochta maidir le Trialacha Cliniciúla idir Tíortha Eorpacha agus Tíortha i mBéal Forbartha (EDCTP). Ba cheart do na heintitis a bhunaítear i mballstáit eile de chuid an Aontais, i dtíortha comhlachaithe agus i dtíortha na hAfraice Fo-Shaháraí a bheith in ann a bheith rannpháirteach sna glaonna fós gan cistiú a fháil. Thairis sin, ba cheart d'eintitis atá bunaithe i dtíortha seachas comhaltaí Chomhlachas EDCTP3 a bheith incháilithe chun cistiú a fháil le haghaidh ábhar glaonna sonracha freisin nó i gcás glao ina dteitear i ngleic le héigeandáil sláinte poiblí, áit a ndéantar foráil ina leith sa chlár oibre. Ba cheart do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 gach beart is iomchuí a ghlacadh, lena n-áirítear bearta conarthacha, chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ba cheart a fhéachaint le comhaontuithe eolaíochta agus teicneolaíochta a thabhairt i gcrích le tríú tíortha freisin. Sula gcuirtear iad i gcrích, i gcás ina mbunaítear eintitis i dtríú tír gach aon chomhaontú den sórt sin agus atá rannpháirteach gan chistiú i ngníomhaíocht indíreach, ba cheart do Chomhghnóthas EDCTP3 bearta malartacha a chur i bhfeidhm chun leasanna an Aontais a chosaint: ba cheart comhordaitheoir na gníomhaíochta a bheith bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe agus ba cheart an méid réamh-mhaoinithe chomh maith le soláthairtí dliteanais an chomhaontaithe deontais a oiriúnú chun na rioscaí airgeadais a chur san áireamh go leordhóthanach.

(66) I gcomhthéacs thosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh, is iad sin, 'Geilleagar a fhóireann do dhaoine' agus 'Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach', ba cheart do thionscal na hEorpa, lena n-áirítear FBManna, éirí níos glaise, níos ciorclaí agus níos digití fad a fhanann siad iomaíoch ar scála domhanda. Chuir an Coimisiún béim ar ról feistí agus teicneolaíochtaí digiteacha leighis a théann i ngleic le dúshláin atá ag teacht chun cinn agus le húsáid ríomhsheirbhísí sláinte chun cúram sláinte ardchaighdeáin a sholáthar, chomh maith le glao chun soláthar cógas leighis inacmhainne a áirithiú chun freastal ar riachtanais an Aontais, fad a thacaítear le tionscal cógaisíochta Eorpach atá nuálach agus ceannródaíoch. Is é is aidhm do Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach rannchuidiú chun iomaíochas thionscal sláinte an Aontais a neartú, tionscal atá ina bhunchloch de gheilleagar eolasbhunaithe an Aontais, chun gníomhaíocht eacnamaíoch maidir le forbairt teicneolaíochtaí sláinte a mhéadú, go háirithe réitigh sláinte chomhtháite, agus dá bhrí sin feidhmiú mar uirlis chun ceannasacht teicneolaíochta a mhéadú agus an claochlú digiteach a chothú inár sochaí. Is féidir tosaíochtaí polaitiúla den sórt sin a bhaint amach ag tabhairt na ngníomhaithe ríthábhachtacha seo a leanas le chéile: an lucht léinn, cuideachtaí de mhéideanna éagsúla agus úsáideoirí deiridh nuálaíochtaí sláinte, faoi scáth comhpháirtíochta príobháidí poiblí i dtaighde agus nuálaíocht sláinte. Ba cheart do Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach cuidiú le cuspóirí 'Phlean na hEorpa um Shárú na hAilse'[24] agus 'Plean Gníomhaíochta Eorpach "Aon Sláinte Amháin" i gcoinne

[24] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12154-Europe-s-Beating-Cancer-Plan

Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha'[25] a bhaint amach. Ba cheart do Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a bheith ailínithe leis an Straitéis Nua Thionsclaíoch don Eoraip[26], an Straitéis Cógaisíochta don Eoraip[27] agus le Straitéis FBM le haghaidh Eoraip inbhuanaithe dhigiteach[28].

(67) Tógann Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach ar an taithí a fuarthas ón Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch 2 (Comhghnóthas IMI2) lena n-áirítear an obair a rinne an tionscnamh sin chun paindéim COVID-19 a chomhrac. I gcomhréir leis na moltaí ón meastóireacht eatramhach ar Chomhghnóthas IMI2[29], ba cheart do thionscnamh a thagann ina dhiaidh 'cur ar chumas earnálacha eile tionscail teagmháil ghníomhach a dhéanamh le tionscal na cógaisíochta chun leas a bhaint as a saineolas maidir le nuálaíochtaí nua cúraim sláinte a fhorbairt'. Dá bhrí sin, is gá do na hearnálacha tionscail na hearnálacha bithchógaisíochta, biteicneolaíochta agus teicneolaíochtaí sláinte a chumhdach, lena n-áirítear cuideachtaí atá gníomhach sa réimse digiteach. Ba cheart cosc, diagnóis, cóireáil agus bainistíocht galar a chumhdach i raon feidhme an tionscnaimh agus ní mór é a bhunú ag tabhairt aird iomchuí ar ualach ard na n-othar agus/nó na sochaí mar gheall ar dhéine an ghalair agus/nó an líon daoine a ndéanann an galar difear dóibh, chomh maith le tionchar eacnamaíoch an ghalair le haghaidh othar agus le haghaidh córais cúraim sláinte. Ní mór do na gníomhaíochtaí cistithe freagairt ar riachtanais shláinte poiblí an Aontais, ag tacú le forbairt nuálaíochtaí sláinte amach anseo atá sábháilte, duinelárnach, éifeachtach, costéifeachtach agus inacmhainne le haghaidh othar agus córais sláinte poiblí.

(68) D'fhonn an deis is fearr chun smaointe eolaíochta nua, taighde rathúil agus gníomhaíochtaí nuálaíochta a áirithiú, ba cheart do phríomhghníomhaithe Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a bheith ina dtaighdeoirí ó chineálacha éagsúla eintiteas, idir eintitis phoiblí agus eintitis phríobháideacha. An tráth céanna, ba cheart d'úsáideoirí deiridh amhail saoránaigh, gairmithe cúraim sláinte agus soláthraithe cúraim sláinte an Aontais, ionchur a sholáthar le haghaidh dhearadh straitéiseach agus ghníomhaíochtaí an tionscnaimh, ag áirithiú go bhfreastalaíonn an tionscnamh ar a riachtanais. Thairis sin, ba cheart d'údaráis rialála náisiúnta agus ar fud an Aontais, comhlachtaí measúnaithe teicneolaíochta sláinte agus íocóirí cúraim sláinte ionchur luath a sholáthar ar ghníomhaíochtaí na comhpháirtíochta, fad a áirithítear nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann, d'fhonn dóchúlacht go gcomhlíonfaidh torthaí na ngníomhaíochtaí cistithe na ceanglais le haghaidh glacadh agus ag baint amach na dtionchar ionchais dá bharr. Ba cheart don ionchur sin uile cuidiú le hiarrachtaí dírithe níos fearr i réimsí riachtanais nach bhfreastalaítear orthu.

(69) Is dúshláin agus bagairtí domhanda iad na dúshláin agus na tubaistí sláinte atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart don tionscnamh a bheith oscailte do rannpháirtíocht ó ghníomhaithe léinn, tionscail agus rialála, d'fhonn tairbhe a bhaint as rochtain níos leithne ar shonraí agus saineolas, chun freagairt ar bhagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn agus chun an tionchar sochaíoch is gá a bhaint amach, go háirithe torthaí sláinte níos fearr do shaoránaigh an Aontais. An tráth céanna, ba cheart an chuid is mó de

25 https://ec.europa.eu/health/sites/health/files/antimicrobial_resistance/docs/amr_2017_action-plan.pdf
26 COM(2020) 102.
27 COM(2020) 761.
28 COM(2020) 103.
29 An Mheastóireacht Eatramhach ar Chomhghnóthas anTionscnaimh um Míochaine Nuálaíoch 2 (2014- 2016) a fheidhmíonn faoi Fís 2020 (ISBN 978- 92- 79- 69299- 4).

ghníomhaíochtaí na comhpháirtíochta a dhéanamh i mballstáit an Aontais agus i dtíortha comhlachaithe Fís Eorpach.

(70) Ba cheart cuspóirí na comhpháirtíochta a dhíriú ar an réimse réamhiomaíochta, dá bhrí sin ag cruthú spás sábháilte le haghaidh comhar éifeachtúil idir cuideachtaí atá gníomhach i dteicneolaíochtaí sláinte éagsúla. D'fhonn cineál comhtháiteach a léiriú, cuidiú leis na sadhlanna idir earnálacha an tionscail sláinte a bhriseadh agus comhair idir tionscal agus léinn a neartú, ba cheart do thromlach na dtionscadal atá cistithe ag an tionscnamh a bheith trasearnálach.

(71) Tagraíonn an téarma Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha do chomhpháirteanna agus córais leictreonacha atá mar bhonn taca faoi gach earnáil mhór eacnamaíoch. Chuir an Coimisiún an gá atá le máistreacht a fháil ar na teicneolaíochtaí sin san Eoraip i dtábhacht, go háirithe i gcomhthéacs tosaíochtaí beartais Eorpacha, amhail neamhspleáchas teicneolaíochta digití, a sheachadadh[30]. Éilíonn tábhacht an réimse agus na dúshláin a dtéann páirtithe leasmhara san Aontas i ngleic leo gníomhaíocht phráinneach d'fhonn a áirithiú nach bhfágtar aon lúb ar lár i nuálaíocht agus slabhraí luacha na hEorpa. Ba cheart sásra a bhunú ag leibhéal an Aontais dá bharr chun soláthar taithí le haghaidh taighde agus nuálaíochta le comhpháirteanna agus córais leictreonacha ó na ballstáit, ón Aontas agus ón earnáil phríobháideach a chomhtháthú agus a dhíriú.

(72) Ba cheart don Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha dul i ngleic le hábhair atá sainmhínithe go soiléir a chuirfidh ar chumas tionscal Eorpach trí chéile na teicneolaíochtaí is nuálaí a dhearadh, a mhonarú agus a úsáid i gcomhpháirteanna agus córais leictreonacha. Tá gá le tacaíocht airgeadais struchtúrtha agus chomhordaithe ag an leibhéal Eorpach chun cuidiú le foirne taighde agus le tionscail Eorpacha na láidreachtaí atá acu faoi láthair a choinneáil ar bhonn ceannródaíoch i gcomhthéacs idirnáisiúnta atá an-iomaíoch agus chun na bearnaí sna teicneolaíochtaí atá criticiúil le haghaidh claochlú digiteach san Eoraip a léiríonn príomhluachanna an Aontais, lena n-áirítear príobháideachas agus iontaobhas, slándáil agus sábháilteacht, a dhúnadh. Tá comhar i measc pháirtithe leasmhara an éiceachórais, a dhéanann ionadaíocht ar gach sciar de na slabhraí luacha, ríthábhachtach i gcomhair forbairt teicneolaíochtaí nua agus ghlacadh tapa na nuálaíochta sa mhargadh. Tá oscailteacht agus solúbthacht chun páirtithe leasmhara, lena n-áirítear FBManna, a chomhtháthú i réimsí teicneolaíochta nó i réimsí cóngaracha, nó sa dá réimse, ríthábhachtach freisin.

(73) Ba cheart don Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha na hacmhainní airgeadais agus teicniúla atá riachtanach a thabhairt le chéile chun máistreacht a fháil ar luas síor-mhéadaithe na nuálaíochta sa réimse seo, agus as sin go gcruthófar torthaí tábhachtacha don tsochaí, d'fhonn na rioscaí a ghlacfar a roinnt amach agus dul i mbun oibre le chéile trí straitéisí agus infheistíochtaí a ailíniú i dtreo an leasa choitinn san Eoraip. Dá bhrí sin, ba cheart gurb iad comhaltaí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha an tAontas, na ballstáit agus tíortha comhlachaithe le Fís Eorpach ar bhonn deonach, agus cumainn mar chomhaltaí príobháideacha a dhéanann ionadaíocht ar a gcomhchuideachtaí [agus ar eintitis dhlítheanacha eile atá gníomhach i réimse na gcomhpháirteanna agus na gcóras leictreonach san Eoraip]. Déanfaidh rannpháirtíocht na mballstát ailíniú comhleanúnach le cláir agus straitéisí náisiúnta a éascú a thuilleadh, ag laghdú forluí

[30] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú, (COM(2020) 67 críochnaitheach).

agus dheighilt na n-iarrachtaí fad a áirithítear sineirgí i measc páirtithe leasmhara agus gníomhaíochtaí.

(74) I gcomhréir le [hAirteagal 8(1)(c)] den Rialachán maidir le Fís Eorpach, ba cheart do stáit rannpháirteacha é a chur ar iontaoibh an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha a ranníocaíocht lena rannpháirtithe náisiúnta i ngníomhaíochtaí indíreacha a chur chun feidhme. Ba cheart do na tairbhithe comhaontú deontais aonair a shíniú leis an gcomhghnóthas agus na rialacha in Fís Eorpach á gcomhlíonadh, lena n-áirítear an creat faoi seach le haghaidh cearta maoine intleachtúla, ag brath ar chlár an Aontais a thacaíonn leis an ngníomhaíocht deontais chomhfhreagraigh. Ba cheart don Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha na héilimh ar chostais a phróiseáil agus na híocaíochtaí a dhéanamh leis na tairbhithe.

(75) Maidir le rannchuidithe na stát rannpháirteach dá rannpháirtithe náisiúnta a cur chun feidhme i ngníomhaíochtaí indíreacha, ba cheart don Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha a chur san áireamh go bhfuil ar na stáit rannpháirteacha rialacha dochta maidir leis an mbuiséad náisiúnta a chomhlíonadh. Chuige sin, ba cheart do na stáit rannpháirteacha agus don chomhghnóthas comhaontuithe a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de a chur i gcrích ag gabháil ar na stáit rannpháirteacha méid iomlán a ranníocaíochta le gníomhaíochtaí indíreacha a íoc ar feadh shaolré an tionscnaimh. Ba cheart comhaontuithe den sórt sin a chur i gcrích i gcomhthéacs an nóis imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus chlársceidealú an chomhghnóthais. Ba cheart don Bhord Rialála an clár oibre bliantúil a ghlacadh agus aird chuí aige ar na comhaontuithe sin. Is ina dhiaidh sin amháin agus ag teacht le rialacha airgeadais an chomhghnóthais, ar cheart don oifigeach údaraithe na tiomantais bhuiséadacha agus dlíthiúla a dhéanamh le haghaidh na ngníomhaíochtaí indíreacha sin.

(76) Ag leanúint ar aghaidh ar an gcleachtas a bunaíodh i gComhghnóthas ECSEL, tá gá le maolú ar [Airteagal 30] den Rialachán maidir le Fís Eorpach d’fhonn rátaí aisíocaíochtaí éagsúla a cheadú ag brath ar an gcineál rannpháirtithe, eadhon FBManna agus eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúsacha, agus ar an gcineál gníomhaíochta, atá le cur chun feidhme i gcónaí i measc tairbhithe ó gach stát rannpháirteach. Ba cheart an chothromaíocht cheart a áirithiú idir rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i ngníomhaíochtaí atá cistithe ag an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha agus rannpháirtíocht níos airde ó FBManna a chothú mar a mholtar sa mheastóireacht eatramhach ar Chomhghnóthas ECSEL.

(77) Féachann creat dlíthiúil Aerspáis Eorpaigh Aonair an Aontais[31] le córas bainistíochta aerthráchta (BAT) na hEorpa a athchóiriú trí ghníomhaíochtaí institiúideacha, oibríochtúla, teicneolaíochta agus rialála d’fhonn a fheidhmiúlacht i dtéarmaí acmhainneachta, sábháilteachta, éifeachtúlachta agus tionchar comhshaoil a fheabhsú.

(78) Is é is aidhm do thionscadal Taighde agus Forbartha Bhainistíocht Aerthráchta (BAT) Aerspás Eorpach Aonair (‘tionscadal SESAR’)[32] BAT a nuachóiriú agus chun nuálaíocht teicneolaíochta agus oibríochtúil a chnuasú ag tacú leis an Aerspás Eorpach Aonair. Tá sé mar aidhm aige réitigh theicneolaíochta a sholáthar chun BAT

[31] Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an tAerspás Eorpach Aonair a chruthú (IO L 96, 31.3.2004, lch. 1).

[32] Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle an 27 Feabhra 2007 maidir le Comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (SESAR) a fhorbairt (IO L 64, 2.3.2007, lch. 1).

ardfheidhmíochta a bhaint amach faoi 2035 chun feidhmiú na hearnála aeriompair atá neamhphlúchta, níos sábháilte fiú agus atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a éascú. Tá trí phróiseas idirghaolmhara, leanúnacha agus chomhoibritheacha atá ag athrú de shíor mar chuid de thionscadal SESAR agus déanann siad na córais nuálaíochta teicneolaíochta agus na nósanna imeachta oibríochtúla is bun leis an spás digiteach Eorpach mar a shainítear i Máistirphlean Eorpach BAT[33] a shainiú, a fhorbairt agus a úsáid.

(79) Is é an 'Máistirphlean Eorpach BAT' an uirlis pleanála le haghaidh nuachóiriú BAT ar fud na hEorpa, ag nascadh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta BAT le cásanna gníomhaíochtaí cur in úsáid chun feidhmiúlacht chuspóirí an Aerspáis Eorpaigh Aonair a bhaint amach.

(80) Bunaíodh an Comhghnóthas SESAR ar dtús in 2007[34] agus is é a bhí mar chuspóir leis bainistíocht a dhéanamh ar chéimeanna sainithe agus forbartha thionscadal SESAR, ag cur cistiú ón earnáil phoiblí agus phríobháideach a sholáthair a chomhaltaí le chéile agus ag tarraingt ar acmhainní teicniúla inmheánacha agus seachtracha, chomh maith le Máistirphlean Eorpach BAT a fhorghníomhú agus a thabhairt cothrom le dáta, nuair is gá. Bunaíodh cineál nua comhair leis, is é sin comhar idir páirtithe leasmhara in earnáil áit nach féidir dul chun cinn a dhéanamh ach nuair a chuireann gach páirtí leasmhar réitigh nua chun feidhme ar bhealach sioncronaithe. I bhfianaise bhunú rathúil an ainm branda 'SESAR', ba cheart do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair nua leanúint ar aghaidh á úsáid.

(81) Ba cheart do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair tógáil ar an taithí a fuarthas ó Chomhghnóthas SESAR agus leanúint lena ról comhordaithe maidir le taighde BAT san Aontas. Ba cheart inniúlacht taighde agus nuálaíochta san Eoraip a neartú agus a chomhtháthú a thuilleadh a bheith mar phríomhchuspóirí Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, ag cuidiú le dlús a chur le digitiú na hearnála agus earnáil níos athléimní agus inscálaithe i leith athruithe i dtrácht a dhéanamh di. Ba cheart dó iomaíochas aeriompair le foireann agus iompair aeir gan foireann agus seirbhísí BAT a neartú, tríd an nuálaíocht, chun tacú le téarnamh agus fás eacnamaíoch. Ba cheart dó glacadh sa mhargadh le réitigh nuálacha a fhorbairt agus dlús a chur leis chun an t-aerspás san Aerspás Eorpach Aonair a bhunú mar an aerspás is éifeachtúla agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol don eitilt ar domhan.

(82) Ba cheart do Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair nua a bheith in ann ionchur teicniúil a fhorbairt agus a bhailíochtú ag tabhairt cúnaimh don Choimisiún le gníomhaíochtaí rialála i BAT, e.g. ag ullmhú an doiciméadacht uile le haghaidh na dtionscadal coiteann a bhunaítear faoin Rialachán maidir le hAerspás Eorpach Aonair[35], ag tabhairt faoi staidéir theicniúla nó ag tacú le gníomhaíochtaí um chaighdeánú. Ba cheart dó maoirseacht an Mháistirphlean Eorpaigh BAT arna fhormhuiniú ag Cinneadh 2009/320/CE ón gComhairle, lena n-áirítear an faireachán, an tuairisciú agus an nuashonrú a ghabhann leis, a áirithiú freisin. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún vótaí a bheith aige atá i gcomhréir le ranníocaíocht an Aontais

[33] Cinneadh 2009/320/CE ón gComhairle ag tacú leis an Máistirphlean don Taighde BAT ar Bhainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (IO L 95, 9.4.2009, lch. 41).

[34] Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle an 27 Feabhra 2007 maidir le Comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (SESAR) a fhorbairt (IO L 64, 2.3.2007, lch. 1).

[35] COM(2020) 579, togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú).

sa bhuiséad, agus 25 % de na vótaí ar a laghad. Áirithítear leis an socrú sin go gcoinníonn an Coimisiún cumas láidir leis an obair a dhéanann an Comhghnóthas maidir leis na cúraimí sin a stiúradh, ó thaobh beartais de, trí na sásraí maoirseachta neartaithe a bunaíodh le haghaidh eintiteas mar sin.

(83) Ba cheart do rannpháirtíocht i gComhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair a bheith oscailte don raon agus don ionadaíocht páirtithe leasmhara is forleithne agus is féidir ó gach ballstát agus tír chomhlachaithe le Fís Eorpach, lena n-áirítear FBManna, trí cineálacha éagsúla rannpháirtíochta. Go háirithe, ba cheart cothromaíocht chuí idir monaróirí trealaimh don eitlíocht le foireann agus gan foireann, úsáideoirí aerspáis, soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, aerfoirt agus comhlachais foirne míleata agus gairmithe, a áirithiú sa rannpháirtíocht, agus deiseanna a thairiscint do FBManna, don lucht léinn agus d'eagraíochtaí taighde. D'fhonn na cuir chuige a bhfuil an gealladh is mó fúthu agus na heintitis atá in ann iad a bhaint amach a shainaithint, sheol an Coimisiún glao ar léiriú spéise le haghaidh comhaltaí féideartha. Ba cheart go gceadófaí don Bhord Rialála comhaltaí comhlachaithe a roghnú ar bhonn thorthaí an ghlao sin d'fhonn foráil a dhéanamh maidir le leathnú tapa an ghrúpa comhaltaí.

(84) Is iad úsáideoirí aerspáis, a chuireann go hindíreach leis na hiarrachtaí taighde agus forbartha atá cistithe ag páirtithe leasmhara móra BAT, amhail soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta nó an tionscal monaraithe a thógann agus a fheistíonn na haerárthaí a úsáideann na húsáideoirí aerspáis, a ghlacfaidh na táillí cúrsa ina n-iomláine. Dá bhrí sin, ba cheart ionadaíocht iomchuí a thabhairt d'úsáideoirí aerspáis laistigh de Bhord Rialála Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair.

(85) D'fhonn a áirithiú go n-úsáidtear torthaí taighde taiscéalaíoch BAT (Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta ísle) go héifeachtach ag Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta níos airde, agus go háirithe i gComhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, ba cheart do chlároifig an chomhghnóthais bainistíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin.

(86) Tá bonneagar iomchuí agus na seirbhísí tacaíochta riaracháin, TF, cumarsáide agus lóistíochta is gá ag an nGníomhaireacht EUROCONTROL. Ba cheart do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair tairbhe a bhaint as bonneagar agus seirbhísí den sórt sin ó EUROCONTROL. Sa chomhthéacs sin, tá roinnt sineirgí féideartha ann is féidir a chruthú ag comhthiomsú acmhainní riaracháin le Comhghnóthais eile trí chúloifig choiteann. Ar an gcúis sin, ba cheart do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair na feidhmeanna cúloifige coitinne a bhunaítear leis an Rialachán seo a dhiúltú.

(87) Bunaíodh Comhlachas Bonneagair 5G[36] ag tógáil ar Chomhlachas Bonneagair 5G, agus is é atá mar chuspóir aige bonn leathan páirtithe leasmhara a chruthú chun cuspóirí comhpháirtíochta an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste a áirithiú. Cé nach bhfuiltear ag súil ach go mbeidh líon teoranta comheintiteas agus eintiteas cleamhnaithe ag an gcomhlachas tionsclaíocha i rith na chéad bhlianta i ndiaidh a bhunaithe, is é atá de chuspóir leis comhaltaí nua ó thoghcheantair páirtithe leasmhara atá gníomhach i slabhra luacha na Líonraí agus Seirbhísí Cliste a chuimsiú.

[36] Beartaíonn Comhlachas Bonneagair 5G (5GIA) a ainm a leasú roimh sheoladh Chomhghnóthas SNS, chun pobail nua páirtithe leasmhara agus raon feidhme níos fairsingithe a léiriú ar bhealach níos fearr, i gcomparáid le CPP 5G Fís 2020.

Nuair a bhreithnítear a mhéid measartha agus an tionchar ar a chomheintitis fiontair bheaga agus mheánmhéide, níl sé inbhuanaithe don chomhlachas rannchuidiú le 50 % de chostais riaracháin an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste thar a shaolré, go háirithe sna chéad bhlianta i ndiaidh a bhunaithe. Thairis sin, tháinig dúshláin chun cinn le haghaidh gníomhaithe eacnamaíocha, lena n-áirítear i réimse TFC, mar gheall ar an ngéarchéim de thoradh phaindéim COVID-19 agus na tionchair a ghabhann léi. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go bhfuil comhpháirtithe príobháideacha an chomhghnóthais in ann a ngealltanais a chomhlíonadh, fad a fhanann na coinníollacha tarraingteach agus a spreagann siad comhpháirtithe nua chun bheith rannpháirteach sa chomhlachas. Ba cheart d'íoschéatadán na ranníocaíochta airgeadais bliantúla ó chomhaltaí seachas an tAontas le haghaidh costais riaracháin a bheith cothrom le 20 % de na costais riaracháin bhliantúla fhoriomlána dá bhrí sin. Go háirithe, ba cheart é a bheith indéanta go rannchuidíonn comheintitis fiontair bheaga agus mheánmhéide níos lú i gcomparáid le fiontair níos mó. Ba cheart go bhféachfaidh comhaltaí an chomhghnóthais seachas an tAontas le líon na gcomheintiteas nó na n-eintiteas cleamhnaithe a mhéadú chun a ranníocaíocht a uasmhéadú go 50 % de chostais riaracháin an chomhghnóthais thar a shaolré.

(88) I gcomhthéacs thosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh 2019-2024 'Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach', 'Geilleagar a fhóireann do dhaoine', agus na cuspóirí beartais a leagtar amach i gcomhthéacs a dTeachtaireachtaí maidir le 'Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú', ní mór don Eoraip na bonneagair dhigiteacha chriticiúla bunaithe ar líonraí 5G a fhorbairt agus a hinniúlachtaí teicneolaíochta i dtreo 6G a thógáil i gcomhréir le tréimhse ama 2030. Sa chomhthéacs seo, chuir an Coimisiún tábhacht straitéiseach Comhpháirtíochta Eorpaí le haghaidh Líonraí agus Seirbhísí Cliste chun seirbhísí nascacht-bhunaithe slána a sholáthar do thomhaltóirí agus gnólachtaí i dtábhacht. Is féidir na tosaíochtaí sin a bhaint amach ag tabhairt na príomhghníomhaithe, is iad sin, tionscal, an lucht léinn agus údaráis phoiblí, le chéile faoi scáth comhpháirtíochta Eorpaí a thógann ar ghnóthachtálacha thionscnamh CPP 5G, a d'fhorbair teicneolaíocht agus caighdeáin 5G go rathúil.

(89) Dearadh an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste chun dul i ngleic le saincheisteanna beartais i réimse an bhonneagair dhigitigh agus chun raon feidhme teicneolaíochta an taighde agus na nuálaíochta a leathnú go líonraí 6G. Ba cheart dó, le dlúth-rannpháirtíocht na mballstát, an fhreagairt ar bheartas agus riachtanais shóisialta an Aontais maidir le héifeachtúlacht an líonra fuinnimh, cibearshlándáil, ceannasacht teicneolaíochta, príobháideachas agus eitic a neartú agus cuirfidh sé síneadh le raon feidhme an taighde agus na nuálaíochta ó sholáthar líonraí chuig seirbhís neálbhunaithe, chomh maith le comhpháirteanna agus gaireas a chumasaíonn seirbhísí le haghaidh saoránach agus raon leathan earnálacha eacnamaíocha amhail cúram sláinte, iompar, monaraíocht agus na meáin.

(90) Ní féidir leis an tionscal agus an Coimisiún amháin dul i ngleic leis na cuspóirí beartais a bhaineann le Líonraí agus Seirbhísí Cliste. Éilítear rannpháirtíocht straitéiseach na mballstát mar chuid den struchtúr rialála go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí sin ó thaobh dearcadh iomlánaíoch agus comhordaithe. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord Rialála lánaird a thabhairt ar thuairimí Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát, go háirithe siúd a bhaineann le treoraíocht straitéiseach maidir le cláir oibre agus cinntí cistithe.

(91) Beidh ardbhonneagair 5G mar bhonn chun éiceachórais don aistriú digiteach agus don aistriú glas a fhorbairt agus, sa chéad chéim eile ansin, le haghaidh staid na hEorpa chun teicneolaíocht 6G a ghlacadh. Tá deiseanna i gcomhair forbairt 5G agus

éiceachórais dhigiteacha bunaithe ar 6G níos déanaí le fáil sa chlár digiteach i gcomhair na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) 2 agus sa Chlár don Eoraip Dhigiteach agus InvestEU. Ag cur an raon leathan páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha atá rannpháirteach i dtionscadail cur in úsáid den sórt sin san áireamh, tá sé fíor-riachtanach go ndéantar socrú an chláir oibre straitéisigh, an rannchuidiú le clárú, agus faisnéis agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a ghabhann leis na cláir sin a chomhordú. Mar bhonn straitéiseach leis na cúraimí sin, ba cheart don Chomhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste forbairt na gClár Oibre Straitéiseach a chomhordú le haghaidh réimsí ábhartha cur in úsáid, amhail córais 5G feadh bóithre agus iarnród. Ba cheart do na cláir sin treochláir cur in úsáid, *inter alia*, na príomhroghanna le haghaidh samhlacha comhair agus saincheisteanna eile a leagan amach.

(92) Déantar foráil in [Airteagal 16(3)] den Rialachán maidir le Fís Eorpach nach mór, i gcás inarb iomchuí, don Choimisiún nó don chomhlacht cistithe grinnscrúdú slándála a dhéanamh le haghaidh tograí a thugann saincheisteanna slándála chun solais.

(93) De bhun Chonclúidí na Comhairle an 3 Nollaig 2019 agus an Mholta an 26 Márta 2019 maidir le Cibearshlándáil líonraí 5G le haghaidh gníomhaíocht chomhordaithe ag leibhéal an Aontais, d’fhoilsigh an Grúpa Comhair um Shlándáil Líonraí agus Faisnéise Bosca Uirlisí an Aontais ina bhfuil bearta maolaithe riosca maidir le cibearshlándáil líonraí 5G i mí Eanáir 2020 (an bosca uirlisí). Áitítear ar an mbosca uirlisí sin sraith de bhearta straitéiseacha agus teicniúla chomh maith le gníomhaíochtaí tacaíochta d’fhonn na príomhrioscaí cibearshlándála i leith líonraí 5G, a aithníodh i dtuarascáil mheasúnaithe riosca chomhordaithe an Aontais, a mhaolú, agus chun treoraíocht a sholáthar maidir le roghnú na mbeart ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh i bpleananna maolaithe ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an Aontais. Tacaíonn an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2020 maidir le Bosca Uirlisí an Aontais Eorpaigh a Chur Chun Feidhme[37] le gach beart agus treoraíocht a leagtar amach sa bhosca uirlisí agus cuirtear béim ar an ngá atá le srianta, lena n-áirítear eisiaimh riachtanacha, maidir le soláthróirí a mheastar go mbaineann ardriosca leo bunaithe ar na fachtóirí a shonraítear i measúnú riosca comhordaithe an Aontais chomh maith le bearta eile chun spleáchas ar na soláthróirí sin a sheachaint. Aithnítear ann freisin sraith de ghníomhaíochtaí sonracha don Choimisiún, go háirithe le háirithiú go mbeidh rannpháirtíocht i gcláir cistithe an Aontais i réimsí teicneolaíochta ábhartha faoi réir an choinníll go gcomhlíonfar riachtanais slándála, ag baint leas iomlán as coinníollacha slándála agus á gcur chun feidhme a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha iomchuí a thabhairt isteach le cur chun feidhme an Rialacháin seo chun na bearta slándála a léiriú trí ghníomhaíochtaí atá cistithe ag Comhghnóthas SNS agus, ar bhonn a mholtaí, ag comhlachtaí cistithe eile a chuireann cláir an Aontais i réimse na líonraí agus seirbhísí cliste chun feidhme.

(94) Bunaíodh na comhghnóthais faoi Fís 2020 le haghaidh na tréimhse suas leis an 31 Nollaig 2024. Ba cheart do na comhghnóthais tacaíocht leanúnach a sholáthar dá gcláir taighde faoi seach ag cur na gníomhaíochtaí atá fágtha nó ar cuireadh tús leo nó a leantar ar aghaidh leo faoi Rialacháin (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 561/2014, (AE) Uimh. 642/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 219/2007, chun feidhme i gcomhréir leis na Rialacháin sin go dtí a bhfoirceannadh. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus soiléireacht ba cheart na Rialacháin sin a aisghairm.

---

[37] COM(2020)50 an 29 Eanáir 2020.

(95) Níor cheart don Aontas gníomhú ach i gcás ina mbaineann buntáiste inléirithe leis an ngníomhaíocht sin ag leibhéal an Aontais agus é níos éifeachtaí ná gníomhaíocht a ghlactar ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Díríonn na tionscnaimh ar réimsí ina mbaineann breisluach inléirithe le gníomhú ag leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí a theastaíonn ionas go mbeidh an tAontas in ann a chuspóirí Conartha fadtéarmacha a chomhlíonadh agus a thosaíochtaí agus gealltanais straitéiseacha beartais a sheachadadh. Thairis sin, ba cheart breathnú ar na tionscnaimh bheartaithe mar thionscnaimh a tacaíonn le gníomhaíochtaí náisiúnta agus fonáisiúnta sa réimse céanna agus ba cheart dóibh na gníomhaíochtaí sin a neartú.

(96) Ós rud é nach féidir leis na ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, agus gur fearr is féidir dá bhrí sin, d’fhonn dúbláil gan ghá a sheachaint, mais chriticiúil a chothú agus a áirithiú go n-úsáidfear airgeadas poiblí ar bhealach barrmhaith, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CUID A hAON

# FORÁLACHA COITEANNA

## TEIDEAL I

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Bunaítear naoi gcomhghnóthas leis an Rialachán seo de réir bhrí Airteagal 187 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha a shainmhínítear in [Airteagal 2(3)] agus dá dtagraítear i bpointe [(c)] [d'Airteagal 8(1)] den Rialachán maidir le Fís Eorpach a chur chun feidhme. Socraítear a gcuspóirí agus a gcúraimí, ballraíocht, eagraíocht agus rialach oibríochtúla eile leis.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'comhalta seachas an tAontas' aon stát rannpháirteach, comhalta príobháideach nó eagraíocht idirnáisiúnta eile atá mar chomhalta den chomhghnóthas;
2. ciallaíonn 'comhalta bunaidh' aon eintiteas dlítheanach atá bunaithe i mballstát, tír a ghabhann le Clár Fís Eorpach, nó eagraíocht idirnáisiúnta a aithnítear mar chomhalta de chomhghnóthas sa Rialachán seo nó i gceann de na hIarscríbhinní a ghabhann leis;
3. ciallaíonn 'comhalta comhlachaithe' aon eintiteas dlítheanach atá bunaithe i mballstát, tír a ghabhann le Clár Fís Eorpach, nó eagraíocht idirnáisiúnta a aontaíonn do chomhghnóthas ag síniú litir ghealltanais i gcomhréir le hAirteagal 7(4) agus faoi réir formheasa i gcomhréir leis an airteagal sin;
4. ciallaíonn 'stát rannpháirteach' aon bhallstát nó tír a bhaineann le Clár Fís Eorpach a thugann fógra maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha trí bhíthin litir ghealltanais;
5. ciallaíonn 'comhalta príobháideach' aon chomhalta de chuid an chomhghnóthais seachas an tAontas, stáit rannpháirteacha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta;
6. ciallaíonn 'comheintitis' na heintitis atá mar chomhalta príobháideach comhghnóthais, de réir reachtanna an chomhalta sin;
7. ciallaíonn 'comhpháirtí rannchuidithe' aon tír, eagraíocht idirnáisiúnta nó eintiteas dlítheanach seachas comhalta, nó comheintiteas comhalta nó eintiteas cleamhnaithe de cheachtar díobh, a thacaíonn le cuspóirí comhghnóthais ina réimse sonrach taighde agus ar formheasadh a n-iarratas i gcomhréir le hAirteagal 9(3);
8. ciallaíonn 'ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla' ranníocaíochtaí ó chomhaltaí príobháideacha, a gcomheintitis, agus na heintitis chleamhnaithe de cheachtar díobh, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó chomhpháirtithe rannchuidithe, ina gcuimsítear na costais incháilithe a thabhaigh

siad chun gníomhaíochtaí indíreacha a chur chun feidhme lúide ranníocaíocht an chomhghnóthais sin agus aon ranníocaíocht eile ón Aontais le haghaidh na gcostas sin;

9. ciallaíonn 'gníomhaíocht bhreise' gníomhaíocht lasmuigh de phríomhchuid an chláir oibre nach bhfaigheann tacaíocht airgeadais ón gcomhghnóthas ach a chuireann lena chuspóirí agus atá nasctha go díreach le glacadh torthaí ó thionscadal faoin gcomhghnóthas sin nó ó thionscnaimh a tháinig roimhe nó ag a bhfuil breisluach Aontais suntasach;

10. ciallaíonn 'ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise' ranníocaíochtaí ó chomhaltaí príobháideacha, a gcomheintitis, agus na heintitis chleamhnaithe de cheachtar díobh, ina gcuimsítear na costais a thabhaigh siad chun gníomhaíochtaí breise a chur chun feidhme lúide aon ranníocaíocht eile ón Aontais agus ó stáit rannpháirteacha an chomhghnóthais sin le haghaidh na gcostas sin;

11. ciallaíonn 'tionscnamh roimhe sin' aon chomhpháirtíocht i réimse amháin de na réimsí a chumhdaítear i gcomhghnóthas a fuair tacaíocht ó cheann amháin de na creatchláir roimhe sin le haghaidh taighde;

12. ciallaíonn 'Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht' an doiciméad ina gcumhdaítear tréimhse Fís Eorpach ina sainaithnítear na príomhthosaíochtaí agus na teicneolaíochtaí agus na nuálaíochtaí is gá chun cuspóirí an chomhghnóthais a bhaint amach;

13. ciallaíonn 'clár oibre' an doiciméad dá dtagraítear i [bpointe (20) d'Airteagal 2] den Rialachán maidir le Fís Eorpach.

14. ciallaíonn 'coinbhleacht leasa' cás a bhaineann le gníomhaí airgeadais nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046.

*Airteagal 3*

*Bunú*

1. Tá na comhghnóthais seo a leanas bunaithe mar chomhlachtaí Aontais don tréimhse a chríochnóidh ar an 31 Nollaig 2031:

   (a) an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe;

   (b) an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan;

   (c) an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan;

   (d) Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa;

   (e) Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3;

   (f) Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach;

   (g) an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha;

   (h) Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair;

   (i) an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste.

2. Maidir leis na comhlachtaí Aontais dá dtagraítear i mír 1 tagrófar dóibh mar 'na comhghnóthais' le chéile.

3. D'fhonn fad Fís Eorpach a chur san áireamh, ba cheart glao ar thograí faoi na comhghnóthais a sheoladh faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar glao ar thograí a sheoladh faoin 31 Nollaig 2028, ar a dhéanaí.

4. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag na comhghnóthais. I ngach ceann de na ballstáit, beidh an inniúlacht dhlítheanach acu is fairsinge atá ar fáil do dhaoine dlítheanacha faoin dhlíthe na mballstát sin. Féadfaidh siad, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh siad a bheith ina bpáirtí in imeachtaí dlíthiúla.

5. Is sa Bhruiséil, an Bheilg, a bheidh a shuíomh ag na comhghnóthais.

6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach i gCodanna a hAon agus a Trí maidir le gach comhghnóthas. Beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach i gCuid a Dó maidir le gach comhghnóthas, de réir mar is iomchuí.

7. Chun críocha Chodanna a hAon agus a Trí den Rialachán seo agus mura sonraítear a mhalairt, ciallóidh tagairt do chomhghnóthas nó comhlacht aonair tagairt do gach comhghnóthas nó gach comhlacht coibhéiseach de na comhghnóthais aonair agus a inniúlachtaí maidir le comhlachtaí eile den chomhghnóthas céanna.

## TEIDEAL II

## FEIDHMIÚ NA gCOMHGHNÓTHAS

# CAIBIDIL 1

# Cuspóirí agus cúraimí

*Airteagal 4*

*Cuspóirí agus prionsabail*

1. Cuirfidh na comhghnóthais dá dtagraítear in Airteagal 3 le cuspóirí ginearálta an Rialachán maidir le Fís Eorpach mar a leagtar amach in [Airteagal 3] den rialachán sin.

2. Seachadfaidh na comhghnóthais na cuspóirí ginearálta seo a leanas, trí rannpháirtíocht agus gealltanas na gcomhpháirtithe maidir le clár gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhearadh agus a chur chun feidhme:

   (a) inniúlachtaí eolaíochta agus teicneolaíochta an Aontais a neartú agus a chomhtháthú chun tacú le cruthú agus scaipeadh eolais nua ardchaighdeáin go háirithe d'fhonn cuspóirí a sheachadadh i leith dúshláin dhomhanda, iomaíochas agus inbhuanaitheacht an Aontais a shlánú agus cur leis an Limistéar Eorpach Taighde atreisithe;

   (b) ceannaireacht dhomhanda atá á stiúradh ag an inbhuanaitheacht ar shlabhraí luacha an Aontais agus uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a bhaint

amach in eochairtheicneolaíochtaí agus tionscail i gcomhréir leis an straitéis thionsclaíoch don Eoraip;

(c) an glacadh a bheidh le réitigh nuálacha ar fud an Aontais ina ngabhfar i ngleic le dúshláin aeráide, chomhshaoil, sláinte agus le dúshláin dhomhanda sochaíocha eile ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, go háirithe Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, lena n-áirítear neodracht aeráide a bhaint amach san Aontas faoi 2050, a fhorbairt agus dlús a chur leo.

3. Seachadfaidh na comhghnóthais na cuspóirí sonracha seo a leanas:

(a) mais chriticiúil agus inniúlachtaí eolaíochta i dtaighde agus nuálaíocht trasearnála agus idirdhisciplíneach ar fud an Aontais a fheabhsú;

(b) dlús a chur leis na haistrithe sóisialta, éiceolaíochta agus eacnamaíocha i réimsí agus earnálacha a mheastar go mbaineann tábhacht straitéiseach leo maidir le tosaíochtaí an Aontais, go háirithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoin mbliain 2030 i gcomhréir leis na spriocanna a socraíodh i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

(c) cumais nuálaíochta agus feidhmiú slabhraí luacha Eorpacha nua agus reatha maidir le taighde agus nuálaíocht a fheabhsú, lena n-áirítear i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM);

(d) dlús a chur le cur in úsáid, glacadh agus scaipeadh réiteach nuálach in éiceachórais athneartaithe taighde agus nuálaíochta Eorpacha, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht fhorleathan agus luath agus comhchruthú le húsáideoirí deiridh, comhlachtaí saoránach, rialála agus caighdeánaithe;

(e) feabhas comhshaoil agus táirgiúlachta a sheachadadh i dtáirgí agus seirbhísí nua a bhuí do chumais agus acmhainní an Aontais a úsáid.

4. Beidh na cuspóirí breise a leagtar amach i gCuid a Dó ag na comhghnóthais freisin.

5. Maidir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach a chur chun feidhme, urramóidh na comhghnóthais na prionsabail a leagtar amach in [Airteagal 6(a)] den Rialachán sin.

6. Cloífidh na comhghnóthais leis na coinníollacha agus na critéir le haghaidh comhpháirtíochtaí Eorpacha a leagtar amach in [Airteagal 8] agus [Iarscríbhinn III] den Rialachán maidir le Fís Eorpach.

*Airteagal 5*

*Cuspóirí oibríochtúla agus cúraimí*

1. Cloífidh na comhghnóthais leis na cuspóirí oibríochtúla seo a leanas i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in [Iarscríbhinn III] den Rialachán maidir le Fís Eorpach, agus cuirfidh siad le cuspóirí oibríochtúla Fís Eorpach mar a leagtar iad amach sa Chlár Sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme, arna bhunú le Cinneadh XXX/XXXX/AE[38] ón gComhairle:

(a) sármhaitheas a athneartú agus a scaipeadh, lena n-áirítear ag cothú rannpháirtíocht níos leithne ar fud an Aontais;

[38] Cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO

(b) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a spreagadh in FBManna agus cur le cruthú agus uas-scálú cuideachtaí nuálacha, go háirithe cuideachtaí nua-thionscanta, FBManna, agus i gcásanna eisceachtúla cuideachtaí lárchaipitlithe beaga;

(c) an nasc idir beartais taighde, nuálaíochta, agus i gcás inarb iomchuí, oideachais agus beartais eile, lena n-áirítear comhlántachtaí le beartais agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta náisiúnta agus réigiúnacha agus Aontais, a athneartú;

(d) naisc chomhair idir taighde agus nuálaíocht Eorpach agus i measc earnálacha agus disciplíní, lena n-áirítear na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, a mhéadú;

(e) an comhar idirnáisiúnta a neartú;

(f) feasacht, glacadh agus éileamh an phobail i leith réitigh nua a mhéadú ag cuimsiú saoránach agus úsáideoirí deiridh i bpróisis chomhdheartha agus comhchruthaithe;

(g) saothrú torthaí taighde agus nuálaíochta a spreagadh agus torthaí a scaipeadh agus a shaothrú go gníomhach, go háirithe chun infheistíochtaí príobháideacha agus forbairt beartais a ghiaráil;

(h) dlús a chur le claochlú tionsclaíoch, lena n-áirítear trí scileanna feabhsaithe i gcomhair nuálaíochta;

(i) tacú le cur chun feidhme na mbeartas Aontais gaolmhar, chomh maith le beartais rialála, agus an cur chun feidhme sin bunaithe ar fhianaise, agus le gníomhaíochtaí caighdeánaithe agus infheistíochta inbhuanaithe ag an leibhéal Eorpach agus an leibhéal domhanda.

2. Déanfaidh na comhghnóthais na cúraimí seo a leanas trí chur chuige córasach a ghlacadh chun na cuspóirí a bhaint amach:

(a) tacaíocht airgeadais, mar dheontais den chuid is mó, a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí indíreacha taighde agus nuálaíochta, a roghnófar i ndiaidh glaonna oscailte agus iomaíocha, mura sonraítear a mhalairt ina gclár oibre;

(b) dlúthchomhar a fhorbairt agus comhordú a áirithiú le comhpháirtithe Eorpacha eile, lena n-áirítear trí chuid de bhuiséad an chomhghnóthais a shannadh do chomhghlaonna, i gcás inarb iomchuí;

(c) sineirgí a lorg le gníomhaíochtaí agus cláir ábhartha ar leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta, agus an leibhéal réigiúnach, agus i gcás inarb iomchuí, féidearthachtaí le haghaidh tuilleadh cistithe uathu, go háirithe iad sin a thacaíonn le cur in úsáid réiteach nuálach, oideachas agus forbairt réigiúnach, amhail Cistí Beartais Comhtháthaithe i gcomhréir le straitéisí speisialaithe chliste;

(d) a áirithiú go gcuireann a n-oibríochtaí le cuspóirí Fís Eorpach a bhaint amach, anuas ar phleanáil straitéiseach ilbhliantúil, tuairisciú, faireachán agus meastóireacht agus ceanglais eile Fís Eorpach mar a leagtar amach in [Airteagail 45 agus 47] den Rialachán maidir le Fís Eorpach, amhail, cur chun feidhme an chreata aiseolais comhbheartais;

(e) rannpháirtíocht FBManna ina ngníomhaíochtaí a chur chun cinn agus bearta a dhéanamh chun scaipeadh faisnéise ar FBManna a áirithiú, i gcomhréir le cuspóirí Fís Eorpach;

(f) na hacmhainní poiblí agus príobháideacha atá riachtanach chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach a shlógadh;

(g) faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo bhaint amach na gcuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo, chomh maith leis na cuspóirí a leagtar amach in [Airteagal 45] agus [Iarscríbhinn V] den Rialachán maidir le Fís Eorpach;

(h) a gclár oibre a shainiú agus a chur chun feidhme;

(i) idirchaidreamh a dhéanamh leis an raon páirtithe leasmhara is fairsinge agus is féidir, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do, gníomhaireachtaí díláraithe, eagraíochtaí taighde agus ollscoileanna, úsáideoirí deiridh agus údaráis phoiblí, go háirithe chun críche tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí gach tionscnaimh a shainiú agus chun cuimsitheacht a áirithiú;

(j) tabhairt faoi ghníomhaíochtaí eolais, cumarsáide, poiblíochta, scaipthe agus saothraithe trí [Airteagal 46] den Rialachán maidir le Fís Eorpach, a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis*, lena n-áirítear eolas mionsonraithe maidir le torthaí ó ghníomhaíochtaí cistithe taighde agus nuálaíochta a chur ar fáil agus a dhéanamh inrochtana i ríomhbhunachar sonraí coiteann Fís Eorpach;

(k) an tacaíocht theicniúil, eolaíochta agus riaracháin is gá chun a chúraimí a dhéanamh a sholáthar don Choimisiún agus chun críocha feidhmiú ceart agus forbairt na réimsí sonracha a théitear i ngleic leo sa chomhghnóthas san Aontas a áirithiú;

(l) cur le comhéadan idir eolaíocht agus beartas níos éifeachtaí a fhorbairt, chun an eolaíocht a oscailt trí shaothrú torthaí níos fearr a áirithiú agus chun dul i ngleic le riachtanais beartas, chomh maith le scaipeadh agus glacadh níos tapa torthaí a chur chun cinn;

(m) an t-eolas ábhartha a fuarthas ó bhainistíocht tionscadal taighde agus nuálaíochta agus a dtorthaí a shainaithint agus a thuairisciú – i gcomhréir le creat aiseolais comhbheartais agus le straitéisí agus gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip – don Choimisiún ionas go mbeidh sé mar ionchur chun faireachán a dhéanamh ar bhearta beartais reatha, iad a mheasúnú agus a cheartú (más gá) nó chun tionscnaimh agus cinntí beartais nua a mhúnlú;

(n) tacú leis an gCoimisiún chun Critéir Scagtha Teicniúla láidre atá bunaithe ar an eolaíocht a fhorbairt agus a chur chun feidhme de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852 maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe, ag déanamh faireacháin agus ag measúnú a chur chun feidhme laistigh den earnáil eacnamaíoch ina bhfeidhmíonn siad, d'fhonn aiseolas '*ad hoc*' a sholáthar le haghaidh déanamh beartas, nuair is gá;

(o) an prionsabal 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 a bhreithniú agus forálacha an Rialacháin sin a chur san áireamh chun rochtain ar mhaoiniú inbhuanaithe a fheabhsú, i gcás inarb ábhartha;

(p) aon chúram eile is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach a dhéanamh.

3. I dteannta na gcúraimí a leagtar amach san Airteagal seo agus i gCuid a Dó, féadfar é a chur ar iontaoibh na gcomhghnóthas cúraimí breise a éilíonn cistiú carnach, comhlántach nó comhcheangailte idir cláir an Aontais a chur chun feidhme.

# CAIBIDIL 2

## Comhaltaí, comhpháirtithe rannchuidithe agus ranníocaíochtaí

*Airteagal 6*

*Comhaltaí*

1. Is iad seo a leanas na comhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 3 a bheidh ag comhghnóthais:
   (a) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;
   (b) Stáit Rannpháirteacha;
   (c) Comhaltaí Bunaidh;
   (d) Comhaltaí Comhlachaithe.
2. Ní féidir ballraíocht i gcomhghnóthas a aistriú chuig tríú páirtí gan aontú roimh ré ón mbord rialála dá dtagraítear i gCaibidil 3, Roinn 1 den Teideal seo.

*Airteagal 7*

*Roghnú na gcomhaltaí comhlachaithe*

1. Féadfaidh comhghnóthais glao oscailte ar léiriú spéise a sheoladh ag féachaint le comhlachtaí comhlachaithe a roghnú. Leagfar amach sa ghlao ar léiriú spéise na príomhinniúlachtaí a theastaíonn chun cuspóirí an chomhghnóthais a bhaint amach. Foilseofar gach glao ar shuíomh gréasán an chomhghnóthais agus cuirfear iad in iúl trí gach cainéal iomchuí, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, grúpa ionadaithe na mballstát, d’fhonn an rannpháirtíocht is leithne agus is féidir a áirithiú ar mhaithe le cuspóirí an chomhghnóthais a bhaint amach.
2. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin na hiarratasóirí le haghaidh ballraíochta a mheasúnú le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha agus, i gcás inarb iomchuí, comhlachtaí ábhartha an chomhghnóthais, ar bhonn eolas doiciméadaithe, taithí agus bhreisluach féideartha an iarratasóra chun cuspóirí an chomhghnóthais a bhaint amach, fóntacht airgeadais an iarratasóra agus gealltanas fadtéarmach i gcomhair rannchuidithe airgeadais agus comhchineáil le haghaidh an chomhghnóthais, agus ag cur coinbhleachtaí leasa féideartha san áireamh.
3. Déanfaidh an bord rialála measúnú ar iarratais le haghaidh ballraíochta agus i gcás inarb iomchuí déanfaidh sé na hiarratais a fhormheas.
4. Síneoidh na comhaltaí comhlachaithe roghnaithe agus an stiúrthóir feidhmiúcháin, ag gníomhú mar ionadaí an chomhghnóthais, litir ghealltanais, ina dtabharfar mionsonraí ar raon feidhme na ballraíochta i dtéarmaí ábhair, gníomhaíochtaí agus faid, rannchuidiú na gcomhaltaí comhlachaithe leis an gcomhghnóthas, lena

n-áirítear léiriú na ngníomhaíochtaí breise beartaithe dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 11(1), chomh maith le forálacha a bhaineann le hionadaíocht na gcomhlachtaí comhlachaithe agus cearta vótála laistigh den bhord rialála.

*Airteagal 8*

*Athruithe ar an mballraíocht nó foirceannadh na ballraíochta*

1. Féadfaidh aon chomhalta de chomhghnóthas a bhallraíocht sa chomhghnóthas sin a fhoirceannadh. Tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm agus beidh sé neamh-inchúlghairthe 6 mhí tar éis fógra a thabhairt do stiúrthóir feidhmiúcháin an chomhghnóthais, a chuirfidh na comhaltaí eile ar an eolas. Amhail ón dáta foirceanta, brisfear an comhalta ó aon oibleagáid seachas iad siúd a d'fhormheas nó a thabhaigh an comhghnóthas roimh fhoirceannadh na ballraíochta, mura gcomhaontaítear a mhalairt.

2. Cuirfidh gach comhalta an comhghnóthas ar an eolas maidir le haon chumasc nó éadáil idir comhaltaí ar dóchúil go mbeidh tionchar aige nó aici ar an gcomhghnóthas nó ar ghlacadh seilbhe eintitis nach comhalta den chomhghnóthas é ar chomhalta.

3. Déanfaidh an bord rialála cinneadh i dtaobh an bhfoirceannfar ballraíocht aon chomhalta dá dtagraítear i mír 2, d'fhonn leanúnachas gnó a áirithiú agus leas an Aontais nó an chomhghnóthais a chosaint. Tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm agus beidh sé neamh-inchúlghairthe tráth nach déanaí ná 6 mhí ó chinneadh an bhoird rialála nó ar an dáta a shonraítear sa chinneadh sin, cibé acu is luaithe. Ní ghlacfaidh an comhalta ná na comhaltaí lena mbaineann páirt i vóta an bhoird rialála.

4. Cuirfidh gach comhalta príobháideach an comhghnóthas ar an eolas maidir le haon athrú suntasach eile ina úinéireacht, smacht nó chomhdhéanamh. I gcás ina measann an Coimisiún gur dóchúil go mbeidh tionchar ag an athrú ar leas an Aontais nó an chomhghnóthais ar fhorais slándála nó oird phoiblí, féadfaidh sé a mholadh don bhord rialála ballraíocht an chomhalta phríobháidigh lena mbaineann a fhoirceannadh. Déanfaidh an bord rialála cinneadh maidir le foirceannadh ballraíochta an chomhalta lena mbaineann. Ní ghlacfaidh an comhalta príobháideach lena mbaineann páirt i vóta an bhoird rialála.

5. Tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm agus beidh sé neamh-inchúlghairthe tráth nach déanaí ná 6 mhí ó chinneadh an bhoird rialála nó ar an dáta a shonraítear sa chinneadh sin, cibé acu is luaithe.

6. Féadfaidh an bord rialála ballraíocht aon chomhalta nach gcomhlíonann a oibleagáidí de bhun an Rialacháin seo a fhoirceannadh. Tá feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 26(6).

7. I gcás ina ndéantar aon athrú ar an mballraíocht nó ar an bhfoirceannadh, foilseoidh an comhghnóthas láithreach ar a shuíomh gréasáin liosta nuashonraithe dá chomhaltaí mar aon leis an dáta a ghabhfaidh éifeacht leis an athrú sin.

8. I gcás inarb iomchuí agus faoi réir Airteagal 15(2), cinnfidh an bord rialála athdháileadh na gceart vótála sa bhord rialála.

*Airteagal 9*

*Comhpháirtithe rannchuidithe*

1. Cuirfidh aon chomhpháirtí rannchuidithe is iarratasóir mar a shainítear in Airteagal 2(7) litir formhuinithe faoi bhráid an bhoird rialála. Sonrófar raon feidhme na comhpháirtíochta i dtéarmaí ábhair, gníomhaíochtaí agus faid, agus mionsonraí maidir le rannchuidiú an iarratasóra leis an gcomhghnóthas sa litir formhuinithe sin.
2. Déanfaidh an bord rialála measúnú ar an litir formhuinithe agus déanfaidh sé an t-iarratas a fhormheas nó diúltú dó.
3. I gcás ina bhformheastar an t-iarratas, féadfaidh an tAontas rannchuidiú an chomhpháirtí rannchuidithe leis an gcomhghnóthas a aithint ag eisiúint ranníocaíochtaí airgeadais breise suas leis na huasmhéideanna a shonraítear in Airteagal 100(b) agus Airteagal 116(b).
4. Ní bheidh cearta vótála ag comhpháirtithe rannchuidithe i mbord rialála comhghnóthais.

*Airteagal 10*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

1. Cumhdóidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis na comhghnóthais, lena n-áirítear leithreasuithe EFTA, costais riaracháin agus oibriúcháin suas leis na huasmhéideanna a shonraítear i gCuid a Dó. Féadfar ranníocaíocht an Aontais a shonraítear i gCuid a Dó a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.
2. Déanfar ranníocaíocht an Aontais a íoc ó leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais a leithdháiltear ar an gClár Sonrach lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme, arna bhunú le Cinneadh XXX/XXXX/AE ón gComhairle, i gcomhréir le pointe (iv) d'Airteagal 62(1)(c) agus Airteagal 154 de Rialachán (Euratom) 2018/1046 i gcás na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 71 den Rialachán sin.
3. Féadfar cistí breise an Aontais a chomhlánóidh an ranníocaíocht dá dtagraítear i mír 2 a chur ar iontaoibh na gcomhghnóthas i gcomhréir le pointe (iv) d'Airteagal 62(1)(c) agus Airteagal 154 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.
4. Maidir le ranníocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do chúraimí breise atá curtha ar iontaoibh Comhghnóthais i gcomhréir le hAirteagal 5(3) nó mír 3 den Airteagal seo, beidh feidhm ag ceanglais Airteagal 155 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.
5. Ní chuirfear ranníocaíochtaí breise ó chláir an Aontais a chomhfhreagraíonn do chúraimí breise atá curtha ar iontaoibh comhghnóthais de bhun mhír 3 den Airteagal seo nó d'Airteagal 5(3) san áireamh nuair a bheidh ranníocaíocht airgeadais uasta an Aontais mar a shainítear i gCuid a Dó á ríomh.

*Airteagal 11*

*Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas agus comhpháirtithe rannchuidithe*

1. Is seo a leanas a bheidh i ranníocaíochtaí na gcomhaltaí príobháideacha:

(a) ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochta;

(b) ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise, atá formheasta ag an mbord rialála i gcomhréir le pointe (l) d'Airteagal 16(2);

(c) ranníocaíochtaí airgeadais.

2. Mura sonraítear a mhalairt i gCuid a Dó, tabharfaidh comhaltaí príobháideacha tuairisc faoin 31 Márta gach bliain dá mbord rialála faoi seach maidir le luach na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) agus de mhír 1 a rinneadh i ngach bliain airgeadais roimhe sin. D'fhonn na ranníocaíochtaí sin a luacháil, cinnfear na costais i gcomhréir le gnáthchleachtais chuntasaíochta costais na n-eintiteas lena mbaineann, le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme na tíre ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe agus leis na Caighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta agus na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta is infheidhme. Deimhneoidh iniúchóir seachtrach neamhspleách a cheapfaidh an t-eintiteas lena mbaineann na costais. Féadfaidh an comhghnóthas lena mbaineann an modh luachála a dheimhniú, i gcás go mbeadh aon éiginnteacht ann de bharr an deimhniúcháin. I gcásanna atá sonraithe go cuí, féadfaidh an bord rialála úsáid cnapshuimeanna nó costas aonaid a údarú chun na ranníocaíochtaí a luacháil.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, ní dhéanfaidh an comhghnóthas lena mbaineann ná aon chomhlacht de chuid an Aontais iniúchadh ar na costais a thabhaíonn gníomhaíochtaí breise.

4. Is ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh sna rannchuidithe ó stáit rannphháirteacha.

5. Is ranníocaíochtaí airgeadais agus ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochta a bheidh sna rannchuidithe ó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

6. Comhfhreagróidh na ranníocaíochtaí ó chomhpháirtithe rannchuidithe do na méideanna sin a gheall siad sa litir formhuinithe nuair a rinneadh comhpháirtí rannchuidithe dóibh agus beidh an méid seo a leanas mar chuid de na ranníocaíochtaí sin:

(a) ranníocaíochtaí airgeadais;

(b) ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochta.

7. Féadfaidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an gcomhghnóthas a fhoirceannadh, a laghdú go comhréireach nó a chur ar fionraí nó an nós imeachta foirceanta dá dtagraítear in Airteagal 43 a úsáid in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mainníonn an comhghnóthas lena mbaineann na coinníollacha maidir le ranníocaíocht an Aontais a chur ar iontaoibh, nó

(b) i gcás ina mainníonn na comhaltaí seachas an tAontas nó a gcomheintitis nó a n-eintitis chleamhnaithe rannchuidiú a dhéanamh, gan rannchuidiú ach i bpáirt, mura dtugann siad urraim do na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 2 maidir leis an ranníocaíocht dá dtagraítear i míreanna 1, 4 agus 5 den Airteagal seo, nó

(c) de thoradh na meastóireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 171(2).

8. Ní chuirfidh cinneadh an Choimisiúin maidir le ranníocaíocht an Aontais a fhoirceannadh, a laghdú go comhréireach nó a chur ar fionraí cosc ar aisíocaíocht na

gcostas incháilithe arna dtabhú cheana féin ag na comhaltaí seachas an tAontas sula gcuirtear an cinneadh in iúl don chomhghnóthas.

9. I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 26(6), dícháileofar aon chomhalta den chomhghnóthas seachas an tAontas a mhainníonn a ngealltanais maidir leis na ranníocaíochtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo chun vóta a chaitheamh ar an mbord rialála go dtí go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí. I gcás ina mainníonn aon chomhalta den sórt sin a n-oibleagáidí a chomhlíonadh ar dhul in éag tréimhse 6 mhí breise, déanfar a mballraíocht a chúlghairm, mura gcinneann an bord rialála a mhalairt i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Ní ghlacfaidh an t-eintiteas lena mbaineann páirt i vóta an bhoird rialála.

# CAIBIDIL 3

# Eagraíocht na gcomhghnóthas

*Airteagal 12*

*Sineirgí agus éifeachtúlachtaí feidhmeanna cúloifige coitinne*

1. Tabharfaidh comhghnóthais, laistigh de bhliain amháin i ndiaidh ghlacadh an Rialacháin seo, comhaontuithe leibhéil seirbhíse i gcrích maidir le feidhmeanna na cúloifige coitinne, mura sonraítear a mhalairt i gCuid a Dó agus faoi réir an gá atá le leibhéal coibhéiseach cosanta leasa airgeadais an Aontais áirithiú nuair atá cúraimí cur chun feidhme buiséadacha á gcur ar iontaoibh comhghnóthas. Áireofar na réimsí seo a leanas sna feidhmeanna sin, faoi réir deimhniú inmharthanachta agus i ndiaidh scagadh acmhainní:

   (a) tacaíocht acmhainní daonna;

   (b) tacaíocht dhlíthiúil;

   (c) teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;

   (d) cuntasaíocht (gan ciste san áireamh);

   (e) cumarsáid;

   (f) bainistíochta lóistíochta, imeachtaí agus seomraí cruinnithe;

   (g) tacaíocht le haghaidh straitéis iniúchta agus frithchalaoise gach comhghnóthas.

2. Soláthróidh comhghnóthas roghnaithe amháin nó dhá chomhghnóthas roghnaithe na feidhmeanna cúloifige coitinne dá dtagraítear i mír 1 do na comhghnóthais uile eile. Coinneofar feidhmeanna idirghaolmhara in aon chomhghnóthas amháin d'fhonn struchtúr eagraíochtúil comhleanúnach a áirithiú.

3. Cumasóidh na comhaontuithe leibhéil seirbhíse dá dtagraítear i mír 1 aistriú leithreasuithe nó aisghabhála costas chun na seirbhísí coiteanna idir na comhghnóthais a sholáthar.

4. Gan dochar d'athshannadh do chúraimí eile laistigh den chomhghnóthas, nó do shocruithe riaracháin eile, nach bhfuil tionchar acu ar chonarthaí fostaíochta, féadfar foireann atá sannta do na feidhmeanna a aistríodh chuig an gcúloifig choiteann, atá óstáilte ag comhghnóthas eile, a aistriú chuig an gcomhghnóthas sin. I gcás ina

gcuireann ball foirne a dhiúltú nó a diúltú in iúl i scríbhinn, féadfaidh an comhghnóthas conradh an bhaill foirne sin a fhoirceannadh faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

5. Coimeádfaidh an fhoireann dá dtagraítear i mír 4, a aistríodh chuig an gcomhghnóthas atá ag óstáil na cúloifige coitinne, an cineál céanna conartha agus grúpa feidhme agus grád, agus meastar dóibh amhail is gur chaith siad an tseirbhís iomlán sa chomhghnóthas sin.

*Airteagal 13*

*Comhlachtaí na gcomhghnóthas*

1. Beidh bord rialála agus stiúrthóir feidhmiúcháin ag gach comhghnóthas.

2. Féadfaidh comhlacht comhairleach eolaíochta, grúpa ionadaithe na mballstát, grúpa páirtithe leasmhara agus aon chomhlacht eile den sórt sin a bheith ag comhghnóthas freisin i gcomhréir leis na forálacha i gCuid a Dó.

3. Le linn a chuid cúraimí a chomhall, ní thabharfaidh gach comhlacht sna comhghnóthais ach faoi na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo agus ní fheidhmeoidh siad ach laistigh de raon feidhme ghníomhaíochtaí an chomhghnóthais chun na críche lenar bunaíodh é.

4. Gan dochar do mhír 3, féadfaidh comhlachtaí de dhá chomhghnóthas nó níos mó ná dhá chomhghnóthas cinneadh a dhéanamh comhar struchtúrtha, lena n-áirítear trí chruinnithe tráthrialta nó comhchoistí, a bhunú.

## ROINN 1

## BORD RIALÁLA

*Airteagal 14*

*Comhdhéanamh an bhoird rialála*

1. Beidh an bord rialála comhdhéanta de bheirt ionadaithe ar a laghad de chuid an Choimisiúin, thar ceann an Aontais, agus de líon na n-ionadaithe ó gach comhalta de chuid an chomhghnóthais seachas an tAontas mar a leagtar amach i gCuid a Dó maidir le gach comhghnóthas.

2. I gcomhréir le hAirteagal 6(1)(b), i gcás ina n-áirítear stáit rannpháirteacha i gcomhaltaí an chomhghnóthas, ceapfar ionadaí amháin ó gach stát rannpháirteach chun bheith ar an mbord rialála.

*Airteagal 15*

*Feidhmiú an bhoird rialála*

1. Déanfaidh ionadaithe chomhaltaí an bhoird rialála gach iarracht chun cinntí a ghlacadh de chomhthoil. Má chliseann orthu teacht ar chomhréiteach, déanfar vótáil.

Measfar cinntí a bheith arna nglacadh le tromlach 75 % ar a laghad de na vótaí, lena n-áirítear vótaí na n-ionadaithe atá as láthair.

Féadfaidh na cinntí a ghlacann an bord rialála a bheith faoi réir aon riail shonrach ábhartha a leagtar amach i gCuid a Dó freisin.

2. Beidh 50 % de na cearta vótála ag an Aontas, mura sonraítear a mhalairt i gCuid a Dó. Beidh cearta vótála an Aontais doroinnte.

Beidh cearta vótála na gcomhaltaí seachas an tAontas faoi réir na rialacha sonracha a leagtar amach i gCuid a Dó.

3. Ceapfaidh an tAontas agus na hionadaithe eile, ar a n-uain, cathaoirleach an bhoird rialála ar bhonn bliantúil uainíochta, mura bhforáiltear a mhalairt i gCuid a Dó.

4. Reáchtálfaidh an bord rialála gnáthchruinnithe dhá uair sa bhliain ar a laghad. Féadfar cruinnithe urghnácha a ghairm arna iarraidh sin ag an gcathaoirleach, an stiúrthóir feidhmiúcháin, an Coimisiún nó ó thromlach ionadaithe na gcomhaltaí seachas an tAontas nó na stát rannpháirteach. Is é an cathaoirleach a ghairfidh cruinnithe an bhoird rialála agus reáchtálfar iad ag suíochán an chomhghnóthais lena mbaineann, mura gcinneann an bord rialála a mhalairt go heisceachtúil i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

5. Beidh sé de cheart ag an stiúrthóir feidhmiúcháin freastal ar chruinnithe agus páirt a ghlacadh i bpléití ach ní bheidh aon chearta vótála aige.

6. Beidh sé de cheart ag cathaoirligh chomhlachtaí eile an chomhghnóthais lena mbaineann freastal ar chruinnithe an bhoird rialála mar bhreathnóirí aon uair a phléitear saincheisteanna a thagann faoi raon feidhme a gcúraimí. Féadfaidh siad páirt a ghlacadh i bpléití ach ní bheidh aon chearta vótála acu.

7. Féadfaidh an cathaoirleach cuireadh a thabhairt do dhaoine eile freisin, go háirithe ionadaithe comhpháirtíochtaí Eorpacha eile, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin nó rialála, údaráis réigiúnacha laistigh den Aontas agus ardáin teicneolaíochta Eorpacha, freastal mar bhreathnóirí ar bhonn cás ar chás faoi réir na rialacha maidir le rúndacht agus coinbhleacht leasa.

8. Comhdhéanfaidh an Coimisiún, na comhaltaí príobháideacha, agus, más infheidhme, príomhthoscairí trí stát rannpháirteacha ar a laghad córam an bhoird rialála.

9. Ní bheidh ionadaithe na gcomhaltaí faoi dhliteanas pearsanta as gníomhaíochtaí a ghlac siad ina gcáil mar ionadaithe ar an mbord rialála.

10. Glacfaidh an bord rialaithe a rialacha nós imeachta féin.

11. Beidh ionadaithe na gcomhaltaí faoi cheangal forálacha cód iompair. Bunófar sa chód iompair sin oibleagáidí na gcomhaltaí sin chun sláine agus cáil an chomhghnóthais lena mbaineann agus an Aontais a chosaint.

*Airteagal 16*

*Cúraimí an bhoird rialála*

1. Beidh freagracht fhoriomlán ar bhord rialála gach comhghnóthais as treoshuíomh straitéiseach agus oibríochtaí an chomhghnóthais sin agus déanfaidh sé maoirseacht ar chur chun feidhme a ghníomhaíochtaí.

Déanfaidh an Coimisiún, ina ról ar an mbord rialála, iarracht comhordú a áirithiú idir gníomhaíochtaí na gcomhghnóthas agus gníomhaíochtaí ábhartha chláir cistithe an Aontais, d'fhonn sineirgí agus comhlántachtaí a chur chun cinn nuair atá tosaíochtaí a chumhdaítear i dtaighde comhoibritheach á sainaithint.

2. Déanfaidh an bord rialála na cúraimí seo a leanas:

(a) faire dlúth agus tráthúil a áirithiú ar dhul chun cinn chlár taighde agus nuálaíochta agus gníomhaíochtaí aonair an chomhghnóthais i ndáil le tosaíochtaí an Choimisiúin agus an Chláir Oibre Straitéisigh um Thaighde agus Nuálaíocht agus bearta ceartaitheacha a ghlacadh nuair is gá lena áirithiú go gcomhlíonann an comhghnóthas a chuspóirí.

(b) measúnú, glacadh nó diúltú iarratas ar bhallraíocht i gcomhréir le hAirteagal 7;

(c) measúnú, glacadh nó diúltú iarratas ó chomhpháirtithe rannchuidithe féideartha i gcomhréir le hAirteagal 9;

(d) cinneadh a dhéanamh maidir le foirceannadh ballraíochta sa chomhghnóthas d'aon chomhalta nach gcomhlíonann a oibleagáidí de bhun an Rialacháin seo nó i gcomhréir le míreanna (2) agus (3) d'Airteagal 8;

(e) rialacha airgeadais an chomhghnóthais a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25;

(f) buiséad bliantúil agus plean bunaithe foirne a ghlacadh, lena n-áirítear an líon post buan agus sealadach de réir an ghrúpa feidhme agus gráid, chomh maith leis an líon foirne ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht arna gcur in iúl i gcoibhéisí lánaimseartha;

(g) cinneadh a dhéanamh maidir le leithdháileadh na gcostas riaracháin i measc na gcomhaltaí seachas an tAontas, i gcás ina mainníonn na comhaltaí sin teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 26(2);

(h) na cumhachtaí arna mbronnadh ag Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais (na 'Rialacháin Foirne') ar an Údarás Ceapacháin agus ag Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ar an Údarás atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt chun Críche ('cumhachtaí an údaráis ceapacháin') a fheidhmiú i gcomhréir le mír 4 agus maidir le foireann an chomhghnóthais;

(i) an stiúrthóir feidhmiúcháin a cheapadh, a dhífhostú, síneadh a chur lena théarma oifige, treoraíocht a thabhairt dó agus a fheidhmíocht a fhaire;

(j) an Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht a ghlacadh ag tús an tionscnaimh agus é a leasú i rith shaolré Fís Eorpach, i gcás inar gá. Aithneofar sa Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht tionchar dírithe na comhpháirtíochta, punann gníomhaíochtaí bheartaithe, torthaí, acmhainní, táirgí insoláthartha, agus garspriocanna ionchais intomhaiste a bhfuiltear ag súil leo laistigh de thréimhse shonrach. Sainaithneoidh sé freisin na comhpháirtíochtaí Eorpacha eile lena mbunóidh an comhghnóthas comhar foirmiúil agus rialta, agus féidearthachtaí do shineirgí idir gníomhaíochtaí an chomhghnóthais agus tionscnaimh agus beartais náisiúnta nó réigiúnacha bunaithe ar eolas a fhaigheann na stáit rannpháirteacha nó grúpa ionadaithe na mballstát chomh maith le sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais.

(k) clár oibre agus na meastacháin ar chaiteachas comhfhreagrach mar a mholann an stiúrthóir feidhmiúcháin a ghlacadh chun an Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht a chur chun feidhme, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí riaracháin, ábhar an ghlao ar thograí, na réimsí taighde atá faoi réir comhghlao agus comhar le comhpháirtíochtaí eile, an ráta cistithe is infheidhme in aghaidh na topaice glao, chomh maith leis na rialacha lena mbaineann maidir le nósanna imeachta cur isteach, meastóireachta, roghnaithe, bronnta agus athbhreithnithe, le haird ar leith ar an aiseolas ar riachtanais bheartais;

(l) an plean bliantúil le haghaidh gníomhaíochtaí breise, a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an bpríomhchuid den chlár oibre, a fhormheas ar bhonn togra ó na comhaltaí seachas an tAontas agus tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhlacht comhairleach eolaíochta nó le comhlacht den sórt sin mar a leagtar amach i gCuid a Dó;

(m) treoshuíomh straitéiseach a sholáthar maidir le comhar le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile i gcomhréir leis an gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht;

(n) measúnú a dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite maidir le gníomhaíochtaí, lena n-áirítear caiteachas comhfhreagrach agus an buiséad atá tiomnaithe do chomhghlao le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile;

(o) tuairim a sheachadadh maidir le cuntais chríochnaitheacha an chomhghnóthais;

(p) socruithe a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun acmhainn iniúchóireachta inmheánaí an chomhghnóthais a bhunú;

(q) struchtúr eagraíochtúil na clároifige a fhormheas ar mholadh ón stiúrthóir feidhmiúcháin;

(r) beartas cumarsáide an chomhghnóthais a fhormheas ar mholadh ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(s) an liosta gníomhartha a roghnaítear i gcomhair cistiú a fhormheas;

(t) rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun feidhm a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;

(u) rialacha a ghlacadh maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don Chomhghnóthas agus maidir le húsáid a bhaint as oiliúnaithe;

(v) grúpaí comhairleacha nó meithleacha a bhunú, de réir mar is gá, lena n-áirítear i gcomhar le comhghnóthais eile, anuas ar chomhlachtaí an chomhghnóthais dá dtagraítear in Airteagal 13, ar feadh tréimhse chinnte agus chun cuspóir sonrach a chomhlíonadh;

(w) aon iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i gcás inarb iomchuí, chun an Rialachán seo a leasú arna mholadh ag comhalta den chomhghnóthas;

(x) comhairle nó anailís eolaíochta ar shaincheisteanna sonracha a iarraidh ó chomhlacht comhairleach eolaíochta an chomhghnóthais nó a chomhaltaí, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le forbairtí in earnálacha cóngaracha;

(y) plean le haghaidh chéimniú amach an chomhghnóthais ó chistiú Fís Eorpach a ghlacadh faoi dheireadh 2022 ar mholadh ón stiúrthóir feidhmiúcháin;

(z) feidhmíocht aon chúram nach leithdháiltear go sonrach do chomhlacht ar leith de chomhghnóthas a áirithiú, faoi réir na féidearthachta gur féidir leis an mbord rialála aon chúraim den sórt sin a shannadh do chomhlacht eile de chuid an chomhghnóthais lena mbaineann.

3. Féadfaidh bord rialála comhghnóthais a bheith faoi réir aon riail shonrach a leagtar amach i gCuid a Dó freisin.

4. Glacfaidh an bord rialála, i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne, cinneadh bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne sin agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile lena ndéantar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligean don stiúrthóir feidhmiúcháin agus lena sainítear na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Údarófar don stiúrthóir feidhmiúcháin na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

## ROINN 2

### AN STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN

*Airteagal 17*

*Ceapachán, dífhostú agus síneadh le téarma oifige an stiúrthóra feidhmiúcháin*

1. Ceapfaidh an bord rialála an stiúrthóir feidhmiúcháin ar bhonn tuillteanais agus scileanna, ó liosta iarrthóirí arna moladh ag an gCoimisiún, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach a urramóidh prionsabal na cothromaíochta inscne.

2. Molfaidh an Coimisiún liosta iarrthóirí don stiúrthóir feidhmiúcháin tar éis dul i gcomhairle le comhaltaí an chomhghnóthais seachas an tAontas. Chun críche an chomhairliúcháin sin, ceapfaidh na comhaltaí an chomhghnóthais seachas an tAontas de chomhthoil a n-ionadaithe chomh maith le breathnóir thar ceann an bhoird rialála.

3. Beidh an stiúrthóir feidhmiúcháin ina bhall foirne agus fostófar é mar ghníomhaire sealadach den chomhghnóthas faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

   Chun críche conradh an stiúrthóra feidhmiúcháin a chur i gcrích, déanfaidh cathaoirleach an bhoird rialála ionadaíocht thar ceann an chomhghnóthais.

4. Ceithre bliana a mhairfidh téarma oifige an Stiúrthóra Feidhmiúcháin. Faoi dheireadh na tréimhse sin, tabharfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhaltaí seachas an tAontas, faoi mheasúnú ar fheidhmiú an stiúrthóra feidhmiúcháin agus cúraimí agus dúshláin an chomhghnóthais sa todhchaí.

5. Féadfaidh bord rialála an chomhghnóthais, ag feidhmiú ar thogra ón gCoimisiún agus aird á tabhairt ar an meastóireacht dá dtagraítear i mír 4, téarma oifige an stiúrthóra feidhmiúcháin a fhadú uair amháin, ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana.

6. Ní fhéadfaidh stiúrthóir feidhmiúcháin a bhfuil síneadh curtha lena théarma oifige a bheith rannpháirteach in aon nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna.

7. Ní féidir stiúrthóir feidhmiúcháin a dhífhostú ach ar chinneadh ón mbord rialála ag gníomhú ar thogra ón gCoimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle, de réir mar is iomchuí, le comhaltaí an chomhghnóthais seachas an tAontas.

*Airteagal 18*

*Cúraimí an stiúrthóra feidhmiúcháin*

1. Is é an stiúrthóir feidhmiúcháin an príomhfheidhmeannach a bheidh freagrach as bainistíocht laethúil an chomhghnóthais i gcomhréir le cinntí an bhoird rialála. Soláthróidh sé nó sí an fhaisnéis uile is gá don bhord rialála le haghaidh fheidhmiú a fheidhmeanna. Gan dochar d'inniúlachtaí institiúidí an Aontais agus an bhoird rialaithe faoi seach, ní iarrfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin ná ní ghlacfaidh sé le treoracha ó aon rialtas ná ó aon chomhlacht eile ná ní ghlacfaidh sé nó sí teagasc uathu.

2. Is é nó í an stiúrthóir feidhmiúcháin ionadaí dlíthiúil an chomhghnóthais. Beidh sé nó sí cuntasach do bhord rialála an chomhghnóthais.

3. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin buiséad an chomhghnóthais chun feidhme.

4. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin na cúraimí seo a leanas ar son an chomhghnóthais:

(a) bainistíocht inbhuanaithe agus éifeachtach an chomhghnóthais a áirithiú;

(b) an dréachtbhuiséad bliantúil agus an plean bunaithe foirne a ullmhú agus a chur faoi bhráid an bhoird rialála;

(c) an clár oibre agus na meastacháin ar chaiteachas comhfhreagrach an chomhghnóthais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an bhoird rialála, chun an Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht a chur chun feidhme;

(d) cuntais bhliantúla an chomhghnóthais a chur faoi bhráid an bhoird rialála chun tuairim a fháil;

(e) tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite maidir le gníomhaíochtaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Rialála le haghaidh measúnú agus formheasadh;

(f) faireachán a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 11(1), tuairisciú go tráthrialta don bhord rialála faoi dhul chun cinn maidir le spriocanna a bhaint amach agus bearta leighis agus ceartaithe a mholadh, i gcás inar gá;

(g) comhar foirmiúil agus tráthrialta a bhunú le comhpháirtíochtaí Eorpacha a aithnítear sa Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht agus i gcomhréir leis an treoshuíomh straitéiseach a sholáthair an bord rialála;

(h) ionadaíocht ar an gcomhghnóthas a dhéanamh ag cruinnithe laistigh de raon feidhme rialú Fís Eorpach;

(i) an liosta gníomhaíochtaí atá le roghnú le haghaidh cistiú ón gcomhghnóthas a chur faoi bhráid an bhoird rialála;

(j) measúnú a dhéanamh ar iarratas le haghaidh comhaltaí comhlachaithe i gcomhair ballraíochta sa chomhghnóthas tar éis glao oscailte ar léiriú spéise agus tograí le haghaidh comhaltaí comhlachaithe a chur faoi bhráid an bhoird rialála;

(k) comhlachtaí eile an chomhghnóthais a chur ar an eolas go tráthrialta maidir le gach ábhar a bhaineann lena ról;

(l) comhaontuithe deontais agus cinntí faoina shainchúram nó faoina sainchúram a shíniú thar ceann an chomhghnóthais;

(m) conarthaí soláthair a shíniú thar ceann an chomhghnóthais;

(n) beartas cumarsáide an chomhghnóthais a chur chun feidhme;

(o) oibríochtaí agus foireann an chomhghnóthais a eagrú, a stiúradh agus a mhaoirsiú laistigh de theorainneacha tarmligin ón mbord rialála;

(p) feidhmiú córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach agus éifeachtúil a bhunú agus a áirithiú agus aon athrú suntasach air a thuairisciú leis an mBord Rialála;

(q) leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, a chur i bhfeidhm, trí bhíthin seiceálacha éifeachtacha agus, i gcás ina mbraithfear neamhrialtachtaí, trí mhéideanna a íocadh ar bhealach mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur;

(r) cur i gcrích na measúnuithe riosca agus na bainistíochta riosca ar son an chomhghnóthais a áirithiú;

(s) aon bheart eile is gá chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an chomhghnóthais i dtreo a chuspóirí a bhaint amach;

(t) plean le haghaidh chéimniú amach an chomhghnóthais ó chistiú Fís Eorpach a ullmhú agus a chur faoi bhráid an bhoird rialála lena ghlacadh;

(u) aon chúraimí eile atá ar iontaoibh nó atá tarmligthe dó nó di ag an mbord rialála nó is gá faoin Rialachán seo a dhéanamh;

(v) beidh an chumhacht aige nó aige a chumhachtaí nó a cumhachtaí a tharmligean chuig baill foirne eile faoi réir rialacha a bheidh le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 16(4).

5. Féadfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin a bheith faoi réir aon riail shonrach a leagtar amach i gCuid a Dó freisin.

6. Bunóidh an stiúrthóir feidhmiúcháin clároifig chun a fhreagracht nó a freagracht a chur i gcrích maidir le gach cúram tacaíochta an chomhghnóthais a eascraíonn as an Rialachán seo. Beidh an chlároifig comhdhéanta d'fhoireann an chomhghnóthais agus go háirithe, déanfaidh sí na cúraimí seo a leanas:

(a) tacaíocht a thabhairt chun córas cuntasaíochta iomchuí a bhunú agus a bhainistiú i gcomhréir le rialacha airgeadais an chomhghnóthais;

(b) bainistíocht a dhéanamh ar chur chun feidhme clár oibre an chomhghnóthais ar fud na sraithe chur chun feidhme;

(c) gach eolas ábhartha agus tacaíocht a chur ar fáil do chomhaltaí agus comhlachtaí an chomhghnóthais atá riachtanach dóibh chun a ndualgais a chomhlíonadh;

(d) feidhmiú mar rúnaíocht na gcomhlachtaí sa chomhghnóthas agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí comhairleacha a bhunaigh an bord rialála.

## ROINN 3

### COMHLACHTAÍ COMHAIRLEACHA

*Airteagal 19*

*Comhairle eolaíochta*

1. Féachfaidh comhghnóthais le comhairle eolaíochta neamhspleách a fháil trí bhíthin:

   (a) comhlacht comhairleach eolaíochta, nó a chomhaltaí, atá le bunú ag an gcomhghnóthas i gcomhréir leis na forálacha ábhartha a leagtar amach i gCuid a Dó, agus faoi réir fhorálacha an Airteagail seo; agus/nó

   (b) iarrataí *ad hoc* ón mbord bainistíochta ar an gcomhghnóthas le haghaidh saineolais atá seachtrach maidir le ceisteanna sonracha.

   I gcásanna eisceachtúla agus a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh comhaltaí an chomhghnóthais, seachas an tAontas, cuid den fheidhm maidir le comhairle eolaíochta a dhéanamh, ar choinníoll nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

2. Beidh ionadaíocht chothrom saineolaithe i measc chomhaltaí an chomhlachta chomhairligh eolaíochta, laistigh de raon feidhme ghníomhaíochtaí an chomhghnóthais, lena n-áirítear maidir le cothromaíocht inscne. Beidh na hinniúlachtaí agus saineolas is gá ag comhaltaí an chomhlachta chomhairligh eolaíochta ag cumhdach an réimse theicniúil d'fhonn moltaí atá bunaithe ar an eolaíocht a dhéanamh don chomhghnóthas, ag cur tionchar socheacnamaíoch moltaí den sórt sin agus cuspóirí an chomhghnóthais san áireamh.

3. Beidh comhaltaí an chomhlachta chomhairligh eolaíochta, chomh maith le breathnóirí ar tugadh cuireadh dóibh, faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla, de bhua na gConarthaí agus na rialacha a chuireann i bhfeidhm iad, agus feidhm acu maidir le gach comhalta de chuid na n-institiúidí agus a bhfoirne, chomh maith le rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a bhaineann le cosaint faisnéise íogair neamh-rúnaicmithe agus rúnaicmithe an Aontais, arna leagan síos i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443[39] agus 2015/444[40] faoi seach ón gCoimisiún.

4. Bunóidh an bord rialála na critéir shonracha agus an próiseas roghnúcháin le haghaidh chomhdhéanamh chomhlacht comhairleach eolaíochta an chomhghnóthais agus ceapfaidh sé a chomhaltaí. I gcás inarb ábhartha, cuirfidh an bord rialála na hiarrthóirí féideartha a mholann grúpa ionadaithe na mballstát san áireamh.

5. Toghfaidh an comhlacht comhairleach eolaíochta a chathaoirleach as a chomhaltaí.

6. Tiocfaidh an comhlacht comhairleach eolaíochta le chéile faoi dhó in aghaidh na bliana ar a laghad agus is é an cathaoirleach a ghairfidh na cruinnithe. Féadfaidh an cathaoirleach cuireadh a thabhairt do dhaoine eile freastal ar a chruinnithe mar bhreathnóirí. Glacfaidh an comhlacht comhairleach eolaíochta a rialacha nós imeachta féin.

---

39 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

40 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

7. Déanfaidh an comhlacht comhairleach eolaíochta na cúraimí seo a leanas:

(a) comhairle a thabhairt faoi na tosaíochtaí eolaíochtaí ar a dtabharfar aghaidh sna cláir oibre, i gcomhréir leis an gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht agus le pleanáil straitéiseach i gcomhair Fís Eorpach;

(b) comhairle a thabhairt faoi na gnóthachtálacha eolaíochta a dtabharfar tuairisc orthu sa tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí;

(c) bearta ceartaithe nó treoshuíomh nua a mholadh don bhord rialála, i bhfianaise dhul chun cinn an Chláir Oibre Straitéisigh um Thaighde agus Nuálaíocht agus dul chun cinn gníomhaíochtaí aonair, i gcás inar gá

(d) comhairle neamhspleách agus eolaíochta a sholáthar ar shaincheisteanna sonracha arna iarraidh ag an mbord rialála, go háirithe a mhéid a bhaineann le forbairtí in earnálacha gaolmhara;

(e) i gcás ina sonraítear i gCuid a Dó, measúnú a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí teicneolaíochta agus nuálaíochta atá cistithe ag an gcomhghnóthas agus tuairisciú don bhord rialála;

(f) i gcás ina sonraítear i gCuid a Dó, a bheith rannpháirteach i gcoistí comhtháthaithe earnála a bunaíodh go sonrach idir comhpháirtíochtaí Eorpacha faoi Fís Eorpach chun sineirgí a chumasú;

(g) aon chúram eile a dhéanamh, mar a shonraítear i gCuid a Dó.

8. Tar éis gach cruinnithe de chuid an chomhlachta chomhairligh eolaíochta, cuirfidh an cathaoirleach tuarascáil ina n-achoimrítear tuairimí an comhlachta agus a chomhaltaí faoin ábhar a pléadh i gcaitheamh an chruinnithe faoi bhráid an bhoird rialála.

9. Féadfaidh an comhlacht comhairleach eolaíochta, ar a thionscnamh féin, comhairle a thabhairt don bhord rialála chun dul i gcomhairle léi maidir le pointí sonracha nach gcumhdaítear leis na cúraimí a leagtar amach i mír 7.

*Airteagal 20*

*Grúpa Ionadaithe na mBallstát*

1. Seachas i gcásanna ina bhfuil ballstáit agus tíortha comhlachaithe rannpháirteach i gcomhghnóthas mar chomhaltaí nó i gcomheintitis de chomhaltaí, bunóidh comhghnóthais grúpa ionadaithe na mballstát mar a shonraítear i gCuid a Dó faoi réir na bhforálacha san Airteagal seo.

2. Beidh ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin ó gach ballstát agus gach tír chomhlachaithe i ngrúpa ionadaithe na mballstát. Toghfaidh grúpa ionadaithe na mballstát cathaoirleach óna chomhaltaí.

3. Tiocfaidh grúpa ionadaithe na mballstát le chéile dhá uair in aghaidh na bliana ar a laghad. Is é an cathaoirleach a ghairfidh na cruinnithe. Freastalóidh cathaoirleach an bhoird rialála agus an stiúrthóir feidhmiúcháin nó a n-ionadaithe ar na cruinnithe mar bhreathnóirí.

4. Féadfar cruinnithe de chuid ghrúpa ionadaithe na mballstát a rialáil le haon fhoráil shonrach a leagtar amach i gCuid a Dó.

5. Féadfaidh cathaoirleach ghrúpa ionadaithe na mballstát cuireadh a thabhairt do dhaoine eile freastal ar a chruinnithe mar bhreathnóirí, go háirithe ionadaithe ó na

húdaráis chónaidhme nó réigiúnacha ábhartha laistigh den Aontas, ionadaithe ó chomhlachais FBManna agus ionadaithe ó chomhlachtaí eile den Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

6. Déanfar clár oibre chruinnithe Ghrúpaí Ionadaithe na mBallstát a scaipeadh luath go leor rompu d'fhonn ionadaíocht iomchuí ó gach ballstát agus gach tír chomhlachaithe a áirithiú. Déanfar an clár oibre a scaipeadh ar an mbord rialála freisin chun críocha faisnéise.

7. Rachfar i gcomhairle le grúpa ionadaithe na mballstát agus, go háirithe, déanfaidh sé faisnéis a athbhreithniú agus soláthróidh sé tuairimí faoi na cúrsaí seo a leanas:

(a) dul chun cinn ar chlár an chomhghnóthais agus baint amach a spriocanna mar chuid de Fís Eorpach, lena n-áirítear faisnéis faoi ghlao ar thograí agus faoi phróiseas meastóireachta na tograí;

(b) treoshuíomh straitéiseach a nuashonrú i gcomhréir le pleanáil straitéiseach Fís Eorpach agus le hionstraimí cistithe eile an Aontais agus na mballstát;

(c) naisc le tionscnaimh Fís Eorpach agus tionscnaimh eile Aontais, náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, réigiúnacha, lena n-áirítear cistí beartais comhtháthaithe i gcomhréir le straitéisí speisialaithe chliste;

(d) cláir oibre;

(e) rannpháirtíocht FMBanna.

8. I gcás inarb infheidhme, tuairisceoidh grúpa ionadaithe na mballstát don bhord rialála go tráthrialta freisin, agus gníomhóidh sé mar chomhéadan leis an gcomhghnóthas ar na cúrsaí seo a leanas:

(a) stádas cláir ábhartha taighde agus nuálaíochta náisiúnta nó réigiúnacha agus sainaithint réimsí féideartha comhair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nithiúla a glacadh nó a bheartaítear le haghaidh chur in úsáid na dteicneolaíochtaí agus na réiteach nuálach ábhartha;

(b) bearta sonracha a glacadh ag leibhéal náisiúnta nó réigiúnach i ndáil le himeachtaí scaipthe, ceardlanna teicniúla tiomnaithe agus gníomhaíochtaí cumarsáide;

(c) bearta sonracha ag leibhéal náisiúnta nó réigiúnach i ndáil le gníomhaíochtaí cur in úsáid i leith gach tionscnaimh faoi seach;

(d) beartais agus tionscnaimh náisiúnta nó réigiúnacha d'fhonn comhlántachtaí i ndáil le Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht agus cláir oibre bhliantúla an chomhghnóthais a áirithiú.

9. Cuirfidh grúpa ionadaithe na mballstát, ag deireadh gach bliana féilire, tuarascáil isteach ina ndéantar tuairisc ar na beartais náisiúnta nó réigiúnacha i raon feidhme an chomhghnóthais agus ina sainaithnítear bealaí sonracha comhair leis na gníomhaíochtaí atá cistithe ag an gcomhghnóthas.

10. Féadfaidh grúpa ionadaithe na mballstát moltaí nó tograí a eisiúint, ar a thionscnamh féin, don bhord rialála maidir le cúrsaí teicniúla, bainistíochta agus airgeadais, chomh maith le cúrsaí a bhaineann le cláir oibre agus doiciméid eile, go háirithe nuair a bhíonn tionchar ag na cúrsaí sin ar leasa náisiúnta nó réigiúnacha.

Cuirfidh boird rialála grúpa ionadaithe na mballstát ar an eolas gan moill mhíchuí faoi na bearta leantacha a thug sé ar mholtaí nó tograí den sórt sin, nó tabharfaidh sé cúiseanna mura ndéanfar bearta leantacha ina leith.

11. Gheobhaidh grúpa ionadaithe na mballstát faisnéis ar bhonn tráthrialta, i measc rannpháirtithe eile i ngníomhaíochtaí indíreacha atá cistithe ag an gcomhghnóthas, faoi thoradh gach glao ar thograí agus cur chun feidhme na dtionscadal, faoi shineirgí le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais agus ar fhorghníomhú bhuiséad an chomhghnóthais.

12. Glacfaidh grúpa ionadaithe na mballstát a rialacha nós imeachta féin.

13. Féadfaidh comhghnóthas amháin nó níos mó ná comhghnóthas amháin Grúpa Ionadaithe na mBallstát a bhunú i gcomhréir leis na forálacha ábhartha a leagtar amach i gCuid a Dó.

*Airteagal 21*

*An Grúpa Páirtithe Leasmhara*

1. Féadfaidh comhghnóthais grúpa páirtithe leasmhara a bhunú i gcomhréir leis na forálacha ábhartha a leagtar amach i gCuid a Dó agus faoi réir fhorálacha an Airteagail seo.

2. Ba cheart don ghrúpa páirtithe leasmhara a bheith oscailte do gach páirtí leasmhar poiblí agus príobháideach, lena n-áirítear grúpaí eagraithe, grúpaí atá gníomhach i réimse an chomhghnóthais agus leasghrúpaí idirnáisiúnta ó na ballstáit, ó thíortha gaolmhara agus ó thíortha eile.

3. Cuirfear an grúpa páirtithe leasmhara ar an eolas go tráthrialta faoi ghníomhaíochtaí an chomhghnóthais agus tabharfar cuireadh dó barúlacha a thabhairt maidir le tionscnaimh bheartaithe an chomhghnóthais.

4. Tionólfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin cruinnithe an ghrúpa páirtithe leasmhara.

5. Féadfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin comhairle a chur ar an mbord rialála dul i gcomhairle leis an ngrúpa páirtithe leasmhara maidir le ceisteanna sonracha. I gcás ina dtarlaíonn comhairliúchán den sórt sin, cuirfear tuarascáil faoi bhráid an bhoird rialála tar éis an phlé ábhartha sa ghrúpa páirtithe leasmhara.

# CAIBIDIL 4

## Forálacha airgeadais agus oibríochtúla

### ROINN 1

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 22*

*Rialacha is infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gcomhghnóthas.*

1. Beidh feidhm ag an Rialachán maidir le Fís Eorpach maidir leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gcomhghnóthas faoi Fís Eorpach. I gcomhréir leis an Rialachán sin, measfar gur comhlacht cistiúcháin é gach comhghnóthas agus tabharfaidh sé tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí indíreacha de bhun [Airteagal 5] den Rialachán sin.
2. Féadfaidh na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag na comhghnóthais a bheith faoi réir aon riail shonrach ábhartha a leagtar amach i gCuid a Dó freisin.
3. De mhaolú ar [Airteagal 36.4(a)] den Rialachán maidir le Fís Eorpach, beidh feidhm ag an gceart chun agóid a dhéanamh maidir le rannpháirtithe a ghineann na torthaí nach bhfuair cistiú ó chomhghnóthas.

*Airteagal 23*

*Pleanáil oibríochtúil agus airgeadais*

1. Ullmhóidh an stiúrthóir feidhmiúcháin dréachtchlár oibre agus cuirfidh sé faoi bhráid an bhoird rialála é lena ghlacadh.
2. Glacfar an clár oibre faoi dheireadh na bliana roimh a chur chun feidhme. Foilseofar an clár oibre ar shuíomh gréasáin an chomhghnóthais, agus, d’fhonn tacú le comhordú le straitéis fhoriomlán Fís Eorpach, roinnfear é leis na coistí braislí ábhartha chun críocha faisnéise.
3. Ullmhóidh an stiúrthóir feidhmiúcháin dréachtbhuiséad bliantúil don bhliain dár gcionn agus cuirfidh sé faoi bhráid an bhoird rialála é lena ghlacadh.
4. Glacfaidh an bord rialála an buiséad bliantúil do bhliain áirithe faoi dheireadh na bliana roimh a chur chun feidhme.
5. Cuirfear an buiséad bliantúil in oiriúint d’fhonn cuntas a ghlacadh ar mhéid ranníocaíocht airgeadais an Aontais mar a leagtar amach i mbuiséad an Aontais.

*Airteagal 24*

*Tuairisciú oibríochtúil agus airgeadais*

1. Soláthróidh an stiúrthóir feidhmiúcháin tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite maidir le feidhmíocht a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí i gcomhréir le rialacha airgeadais an chomhghnóthais don bhord rialála.

2. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíocht, i measc nithe eile, eolas ar na cúrsaí seo a leanas:

(a) taighde, nuálaíocht agus gníomhaíochtaí eile a rinneadh agus an caiteachas comhfhreagrach;

(b) na tograí a cuireadh isteach, lena n-áirítear scagadh de réir catagóir rannpháirtí, lena n-áirítear FBManna, agus de réir tíre;

(c) na gníomhaíochtaí indíreacha a roghnaíodh i gcomhair cistiú, lena n–áirítear scagadh de réir catagóir rannpháirtí, lena n-áirítear FBManna, agus de réir tíre, agus ag tabhairt le fios ranníocaíocht an chomhghnóthais faoi seach leis na rannpháirtithe agus na gníomhaíochtaí aonair;

(d) na gníomhaíochtaí breise ar thug na comhaltaí seachas an tAontas fúthu;

(e) an comhar le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile, lena n-áirítear glaonna comhpháirteacha, agus sineirgí idir bearta an chomhghnóthais agus tionscnaimh nó beartais náisiúnta nó réigiúnacha.

3. Seolfaidh oifigeach cuntasaíochta an chomhghnóthais na cuntais shealadacha chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí i gcomhréir le rialacha airgeadais an chomhghnóthais.

4. Seolfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí i gcomhréir le rialacha airgeadais an chomhghnóthais.

5. Déanfar an nós imeachta um urscaoileadh i gcomhréir le rialacha airgeadais an chomhghnóthais.

## ROINN 2

### FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 25*

*Rialacha Airgeadais*

1. Glacfaidh an comhghnóthas a rialacha airgeadais féin i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

2. Foilseofar na rialacha airgeadais ar shuíomh gréasáin an chomhghnóthais faoi seach.

*Airteagal 26*

*Foinsí maoinithe*

1. Beidh gach comhghnóthas comhchistithe ag an Aontas, na comhaltaí seachas an tAontas agus na comhpháirtithe rannchuidithe trí ranníocaíochtaí airgeadais agus ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochta.

2. Aontóidh na comhaltaí seachas an tAontas faoin mbealach a ndéanfar a ranníocaíocht chomhchoiteann a roinnt eatarthu i gcomhréir le rialacha airgeadais an chomhghnóthais.

3. Cumhdófar costais oibríochtúla an chomhghnóthais trí bhíthin:

   (a) ranníocaíocht airgeadais ón Aontas;

   (b) ranníocaíochtaí airgeadais ó na comhaltaí príobháideacha, a gcomheintitis nó a n-eintitis chleamhnaithe, ó chomhpháirtithe rannchuidithe nó ó eagraíocht idirnáisiúnta atá ina comhalta den chomhghnóthas;

   (c) ranníocaíochtaí airgeadais ón na stáit rannpháirteacha;

   (d) ranníocaíochtaí comhchineáil mar a shainítear in Airteagal 2(8);

4. Beidh acmhainní comhghnóthais a chuirtear isteach ina bhuiséad comhdhéanta de na ranníocaíochtaí seo a leanas:

   (a) ranníocaíocht airgeadais na gcomhaltaí leis an gcomhghnóthas le haghaidh costais riaracháin, comhroinnte go cothrom ar bhonn bhliantúil idir an tAontas agus comhaltaí seachas an tAontas, mura sonraítear a mhalairt mar gheall ar an gcineál sonrach ballraíochta a bhaineann le comhghnóthas;

   (b) ranníocaíochtaí airgeadais na gcomhaltaí nó na gcomhpháirtithe rannchuidithe le costais oibríochtúla an chomhghnóthais;

   (c) aon ioncam a ghineann an comhghnóthas;

   (d) aon ranníocaíochtaí, acmhainní agus ioncam airgeadais eile.

   Measfar gur ioncam a bheidh in aon ús a ghnóthóidh na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 4.

5. Féadfar aon chuid nach n-úsáidtear den ranníocaíocht i gcomhair costais riaracháin a chur ar fáil chun costais oibríochtúla an chomhghnóthais lena mbaineann a chumhdach.

6. Má mhainníonn aon chomhalta den Chomhghnóthas seachas an tAontas a ghealltanas a bhaineann lena ranníocaíocht, cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin é ar an eolas faoin méid sin i scríbhinn agus leagfaidh sé amach tréimhse réasúnach inar cheart an mhainneachtain a chur ina ceart. I gcás ina bhfuil an comhalta lena mbaineann seachas an tAontas fós ar mainneachtain, tráth a éagfaidh an tréimhse sin, cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an Coimisiún ar an eolas i bhfianaise bearta féideartha agus dícháileofar an comhalta lena mbaineann chun vóta a chaitheamh ar an mbord rialála i gcomhréir le hAirteagal 11(9).

7. Úsáidfear acmhainní an chomhghnóthais agus a ghníomhaíochtaí chun na cuspóirí agus na cúraimí a leagtar amach in Airteagail 4, 5, 44, 45, 55, 56, 71, 72, 83, 84, 97, 98, 113, 114, 124, 125, 142, 143, 15 9 agus 160 a chomhlíonadh.

8. Beidh úinéireacht ag an gcomhghnóthas ar na sócmhainní ar fad a ghinfidh sé nó a aistreofar chuige chun na cuspóirí agus na cúraimí a leagtar amach in Airteagail 4, 5, 44, 45, 55, 56, 71, 72, 83, 84, 97, 98, 113, 114, 124, 125, 142, 143, 15 9 agus 160 a chomhlíonadh.

9. Seachas i gcás ina bhfoirceanntar an comhghnóthas, ní íocfar aon ioncam breise thar chaiteachas le comhaltaí an chomhghnóthais sin, mura gcinneann an bord rialála a mhalairt.

*Airteagal 27*

*Tiomantais airgeadais*

1. Ní sháróidh tiomantais airgeadais comhghnóthais méid na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil nó atá tiomanta dá bhuiséad ag a chomhaltaí agus a chomhpháirtithe rannchuidithe.

2. Féadfar gealltanais bhuiséadacha na gcomhghnóthas dá dtagraítear i bpointí (b), (d) agus (h) d'Airteagal 3(1) a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla. Go dtí an 31 Nollaig 2024, ní sháróidh méid carnach na ngealltanas buiséadach sin i dtráthchodanna 50 % d'uasranníocaíocht an Aontais a leagtar amach in Airteagal 10. Ó mhí Eanáir 2025 ar aghaidh, ní chumhdófar 20 % ar a laghad de bhuiséad carnach na mblianta iarmharacha le tráthchodanna bliantúla.

*Airteagal 28*

*Leasanna airgeadais na gcomhaltaí a chosaint*

1. Deonóidh an comhghnóthas rochtain d'fhoireann an Choimisiúin agus do dhaoine eile atá údaraithe ag an gcomhghnóthas nó ag an gCoimisiún faoi seach, chomh maith leis an gCúirt Iniúchóirí, ar a chuid láithreán agus áitreabh agus ar an bhfaisnéis go léir, lena n-áirítear faisnéis i bhformáid leictreonach, a theastóidh uathu chun a gcuid iniúchóireachtaí a dhéanamh.

2. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[41] agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] agus d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú, nó le cinneadh nó le conradh a mhaoinítear faoin Rialachán seo.

3. Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i

41 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le rialuithe ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún d'fhonn cosaint a thabhairt do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

42 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939[43] ón gComhairle d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin.

4. D'ainneoin mhíreanna 1 go 3, beidh forálacha sna comhaontuithe, sna cinntí agus sna conarthaí a eascróidh as an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Choimisiún, don chomhghnóthas faoi seach, don Chúirt Iniúchóirí, do OIPE agus do OLAF na hiniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach.

5. Áiritheoidh gach comhghnóthas go dtabharfar cosaint leordhóthanach do leasanna airgeadais a chuid comhaltaí trí rialuithe inmheánacha agus seachtracha iomchuí a chur i gcrích nó iad a choimisiúnú.

6. Aontóidh gach comhghnóthas do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)[44]. Glacfaidh gach comhghnóthas na bearta riachtanacha is gá chun imscrúduithe inmheánacha a chuirfidh OLAF i gcrích a éascú.

*Airteagal 29*

*Iniúchóireachtaí ex- post*

Déanfar iniúchóireachtaí ar ghníomhaíochtaí i gcomhréir le [hAirteagal 48] den Rialachán maidir le Fís Eorpach mar chuid de na gníomhaíochtaí indíreacha in Fís Eorpach, go háirithe ag teacht leis an straitéis iniúchóireachta dá dtagraítear in [Airteagal 48(2)] den Rialachán sin.

*Airteagal 30*

*Iniúchóireacht inmheánach*

1. Feidhmeoidh iniúchóir inmheánach an Choimisiúin na cumhachtaí céanna maidir leis an gcomhghnóthas leo sin a fheidhmítear maidir leis an gCoimisiún.

2. Féadfaidh an bord rialála feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhunú i gcomhréir le rialacha airgeadais an chomhghnóthais lena mbaineann.

## ROINN 3

### FORÁLACHA OIBRÍOCHTÚLA

*Airteagal 31*

*Rúndacht*

Gan dochar d'Airteagail 32 agus 34, áiritheoidh gach comhghnóthas go dtabharfar cosaint d'fhaisnéis rúnda a bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin lasmuigh d'institiúidí Aontais agus

---

43 IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.
44 IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile an Aontais, damáiste a dhéanamh do leasanna a chomhaltaí nó do na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an chomhghnóthais faoi seach. Áirítear le faisnéis rúnda den sórt sin, ach níl sé teoranta do, faisnéis phearsanta, faisnéis tráchtála, faisnéis íogair neamh-  rúnaicmithe agus rúnaicmithe.

*Airteagal 32*

*Trédhearcacht*

Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] maidir le doiciméid atá i seilbh comhghnóthais.

*Airteagal 33*

*Próiseáil sonraí pearsanta*

I gcás ina n-éilítear le cur chun feidhme an Rialacháin seo go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46].

*Airteagal 34*

*Rochtain ar thorthaí agus faisnéis maidir le tograí*

1. Tabharfaidh an comhghnóthas rochtain d'institiúidí an Aontais agus do chomhlachtaí, oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais ar an bhfaisnéis go léir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn sé. Áireofar san fhaisnéis sin torthaí na dtairbhithe a bheidh rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha an chomhghnóthais nó aon fhaisnéis eile a mheastar is gá chun beartais nó cláir an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fhaire agus a mheas. Tá cearta rochtana den sórt sin teoranta d'úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch agus comhlíonfaidh siad na rialacha rúndachta is infheidhme.

2. Chun críocha beartais nó cláir an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fhaire agus a mheas, soláthróidh an comhghnóthas an fhaisnéis a áirítear i dtograí a chuirtear isteach don Choimisiún.

---

45 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

46 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

# CAIBIDIL 5

## Foireann agus dliteanas

### ROINN 1

### FOIREANN, PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ

*Airteagal 35*

*Foireann*

1. Maidir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos le Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle agus sna rialacha a ghlac institiúidí an Aontais go comhpháirteach chun na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile sin a chur i bhfeidhm, ba cheart go mbeadh feidhm acu maidir le foireann an chomhghnóthais.
2. Socrófar na hacmhainní foirne i bplean bunaíochta foirne gach comhghnóthais lena gcuirfear in iúl líon na bpost sealadach de réir feidhmghrúpa agus gráid agus líon na mball foirne ar conradh arna sloinneadh in aonaid de choibhéis lánaimseartha, i gcomhréir lena bhuiséad bliantúil.
3. Beidh foireann shealadach agus foireann ar conradh ag obair don Chomhghnóthas.
4. Is é an Comhghnóthas a íocfaidh na costais go léir a bhaineann leis an bhfoireann.

*Airteagal 36*

*Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus oiliúnaithe*

1. Féadfaidh comhghnóthas úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus oiliúnaithe nach bhfuil fostaithe go díreach ag an gcomhghnóthas. Cuirfear líon na saineolaithe náisiúnta ar iasacht arna chur in iúl i gcoibhéisí lánaimseartha leis an bhfaisnéis maidir le hacmhainní foirne dá dtagraítear in Airteagal 35(2) i gcomhréir le buiséad bliantúil an chomhghnóthais lena mbaineann.
2. Glacfaidh bord rialála an chomhghnóthais lena mbaineann cinneadh ina leagfar síos rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht don chomhghnóthas faoi seach agus maidir le fostaíocht oiliúnaithe.

*Airteagal 37*

*Pribhléidí agus Díolúintí*

Beidh feidhm ag Prótacal Uimh. 7 maidir le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir leis na comhghnóthais agus foireann na gcomhghnóthas.

## ROINN 2

## DLITEANAS

*Airteagal 38*

*Dliteanas na gcomhghnóthas*

1. Rialófar dliteanas conarthach an chomhghnóthais trí na forálacha conarthachta ábhartha agus tríd an dlí is infheidhme maidir leis an gcomhaontú, maidir leis an gcinneadh nó maidir leis an gconradh i dtrácht.

2. I gcás ina bhfuil an dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh an comhghnóthas, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mballstát, aon damáiste arb é a fhoireann is cúis leis i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna a shlánú.

3. Measfar gur caiteachas de chuid comhghnóthais aon íocaíocht a dhéanfaidh comhghnóthas maidir leis an dliteanas dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, agus maidir leis na costais agus na speansais a tabhaíodh dá réir sin, agus cumhdófar iad ina chuid acmhainní féin.

4. Is iad na comhghnóthais amháin a bheidh freagrach as a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

*Airteagal 39*

*Dliteanas na mball agus árachas*

1. Beidh dliteanas airgeadais chomhaltaí an chomhghnóthais as fiacha an chomhghnóthais teoranta do ranníocaíochtaí airgeadais a rinne siad cheana leis an gcomhghnóthas.

2. Glacfaidh agus cothóidh an comhghnóthas árachas iomchuí.

*Airteagal 40*

*Coinbhleacht leasa*

1. Seachnóidh an comhghnóthas, a chomhlachtaí agus a fhoireann aon choinbhleacht leasa i gcur chun feidhme a ngníomhaíochtaí.

2. Glacfaidh an bord rialála rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasa i ndáil le foireann, comhaltaí agus daoine eile a fhreastalaíonn ar an mbord rialála agus comhlachtaí nó grúpaí eile an chomhghnóthais, i gcomhréir le rialacha airgeadais an chomhghnóthais agus leis na Rialacháin Foirne i leith foirne.

# CAIBIDIL 6

## Réiteach díospóide

*Airteagal 41*

*Dlínse na Cúirte Breithiúnais agus an dlí is infheidhme*

1. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

   (a) de bhun aon chlásal eadrána atá i gcomhaontuithe nó i gconarthaí arna gcur i gcrích ag an gcomhghnóthas, nó ina chinntí;

   (b) i ndíospóidí a bhaineann le cúiteamh de bharr damáiste a rinne foireann an Chomhghnóthais i gcomhlíonadh a gcuid dualgas;

   (c) in aon díospóid idir an comhghnóthas agus a fhoireann laistigh de theorainneacha agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne agus sna Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

2. Maidir le haon ábhar nach bhfuil cumhdaithe leis an Rialachán seo ná le haon ghníomhartha dlíthiúla eile an Aontais, beidh feidhm ag dlí an bhallstáit ina bhfuil suíochán an chomhghnóthais lonnaithe.

*Airteagal 42*

*Gearáin leis an Ombudsman*

D'fhéadfadh cinntí a ghlacann comhghnóthas maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bheith ina ábhar gearáin leis an Ombudsman i gcomhréir le hAirteagal 238 den Chonradh.

# CAIBIDIL 7

## Foirceannadh

*Airteagal 43*

*Foirceannadh*

1. Foirceannfar na comhghnóthais ag deireadh na tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Anuas ar mhír 1, tionscnófar an nós imeacht um fhoirceannadh an chomhghnóthais go huathoibríoch i gcás ina n-aistarraingíonn an tAontas nó gach comhalta seachas an tAontas ón gcomhghnóthas.

3. Chun críche na nósanna imeachta um fhoirceannadh a dhéanamh ar an gcomhghnóthas, ceapfaidh an bord rialála leachtaitheoir amháin nó níos mó, a chloífidh le cinntí an bhoird rialála.

4. Le linn an nóis imeachta um fhoirceannadh, féadfar sócmhainní an chomhghnóthais a úsáid chun a dhliteanais agus an caiteachas a bhaineann lena fhoirceannadh a

chumhdach. Leithdháilfear aon bharrachas i measc chomhaltaí an chomhghnóthais tráth an fhoirceannta i gcomhréir lena ranníocaíocht airgeadais leis an gcomhghnóthas. Aisíocfar aon bharrachas den chineál sin a leithdháiltear leis an Aontas le buiséad ginearálta an Aontais.

5. Bunófar nós imeachta *ad hoc* chun bainistíocht iomchuí aon chomhaontaithe a chuirtear i gcrích nó aon chinnidh a ghlacann an comhghnóthas atá á fhoirceannadh a áirithiú, chomh maith le haon chonradh soláthair ag a bhfuil fad atá níos faide ná fad an chomhghnóthais.

# CUID A DÓ

# FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE COMHGHNÓTHAIS AONAIR

# TEIDEAL I

# AN COMHGHNÓTHAS UM EORAIP CHIORCLACH BHITHBHUNAITHE

*Airteagal 44*

*Cuspóirí breise an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe*

1. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe freisin:

   (a) dlús a chur le próiseas nuálaíochta agus forbairt réiteach nuálach bithbhunaithe;

   (b) dlús a chur le cur in úsáid margaidh na réiteach aibí agus nuálach bithbhunaithe atá ann cheana;

   (c) ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil maidir le córais thionsclaíocha bhithbhunaithe a áirithiú.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe freisin:

   (a) déine gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta trasearnálacha a mhéadú d'fhonn tairbhiú den dul chun cinn a rinneadh sna heolaíochtaí saoil agus i ndisciplíní eolaíochta eile chun réitigh inbhuanaithe bhithbhunaithe a fhorbairt agus a léiriú;

   (b) inniúlacht taighde agus nuálaíochta na bpáirtithe leasmhara ar fud an Aontais a mhéadú agus a chomhtháthú chun na féidearthachtaí a bhaineann leis an mbithgheilleagar áitiúil a shaothrú;

   (c) an inniúlacht taighde agus nuálaíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil agus forbairt nuálaíochtaí bithbhunaithe atá níos inbhuanaithe a mhéadú;

   (d) comhtháthú na bpróiseas taighde agus nuálaíochta bithbhunaithe i slabhraí luacha tionsclaíocha san Aontas a athneartú;

   (e) an riosca a ghabhann le hinfheistíocht taighde agus nuálaíochta i gcuideachtaí agus tionscadail bhithbhunaithe a laghdú;

   (f) a áirithiú go gcuirtear breithnithe comhshaoil san áireamh i bhforbairt agus cur chun feidhme táirgí taighde agus nuálaíochta bithbhunaithe.

*Airteagal 45*

*Cúraimí breise an Comhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, déanfaidh an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) a áirithiú go mbainfear cuspóirí an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe amach trí ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na gcomhpháirtithe poiblí agus príobháideacha a chlárú;

(b) cistiú poiblí agus príobháideach a shlógadh le haghaidh ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe;

(c) tacú le tionscadail taighde agus nuálaíochta ildisciplíneacha ardtionchair a chuireann leis an nuálaíocht thionsclaíoch i dtionscal bithbhunaithe chun cuspóirí an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe a sheachadadh;

(d) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe chomh maith leis an slabhra nuálaíochta foriomlán ó Leibhéil ísle go Leibhéil arda Réidhe Teicneolaíochta a threisiú;

(e) gníomhaithe taighde agus nuálaíochta ó cheantair thuaithe, chósta agus uirbeacha agus ó réigiúin ina bhfuil acmhainneacht le haghaidh forbairt tionscail bhithbhunaithe nár saothraíodh fós a shlógadh agus a chomhtháthú chun comhar a dhéanamh le gníomhaíochtaí tionscadail;

(f) a áirithiú go ndíríonn gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta faoin gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe ar shaincheisteanna leasa an phobail, go háirithe ar fheidhmíocht chomhshaoil agus aeráide an tionscail bhithbhunaithe, i dtéarmaí tuisceana ar na fadhbanna ábhartha agus réitigh a fhorbairt ar na fadhbanna sin;

(g) cumarsáid agus comhar a chur chun cinn idir gníomhaithe taighde agus nuálaíochta agus páirtithe leasmhara tionsclaíocha faoin gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe chun feasacht a ardú faoi fhaisnéis maidir le heolas agus teicneolaíocht atá ag athrú go tapa, comhar trasearnála a éascú agus glacadh margaidh na réiteach nuálaíochta bithbhunaithe a éascú;

(h) údaráis náisiúnta agus réigiúnacha atá in ann coinníollacha níos fabhraí a chruthú le haghaidh ghlacadh margaidh na nuálaíochtaí bithbhunaithe a shlógadh;

(i) critéir eolaíochta inbhuanaithe láidre agus tagarmharcanna feidhmíochta a shocrú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta uile an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe, agus iad a chur chun cinn taobh amuigh den tionscnamh agus sa tionscal bithbhunaithe;

(j) réitigh nuálacha bhithbhunaithe a chur chun cinn i measc déantóirí beartais, an tionscail, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus tomhaltóirí trí chéile agus na páirtithe sin a chur ar an eolas fúthu.

*Airteagal 46*

*Comhaltaí*

Beidh na comhaltaí seo a leanas ag an gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe:

(a) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;

(b) Cuibhreannas na dTionscal Bithbhunaithe, eagraíocht neamhbhrabúsach a bunaíodh faoi dhlí na Beilge, a bhfuil a oifig bhuan bunaithe sa Bhruiséil, an Bheilg, ar fhógra a thabhairt maidir lena chinneadh aontú gan choinníoll don Chomhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe trí bhíthin litir ghealltanais;

(c) beidh na comhaltaí comhlachaithe a roghnófar i gcomhréir le hAirteagal 7 faoi réir cinneadh ón mbord rialála.

*Airteagal 47*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

Suas le EUR 1 000 000 000, lena n-áirítear suas le EUR 23 500 000 le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Chlár Fís Eorpach leis an gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe, leithreasú CSTE san áireamh, chun costais riaracháin agus costais oibriúcháin a chumhdach. Féadfar ranníocaíocht an Aontais a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.

*Airteagal 48*

*Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas*

1. Déanfaidh comhaltaí an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe seachas an tAontas ranníocaíocht iomlán a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe nó déanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a ranníocaíochta iomláine le haghaidh EUR 1 000 000 000 ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 23 500 000 le haghaidh costais riaracháin sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Cuimseofar sa ranníocaíocht dá dtagraítear i mír 1 na ranníocaíochtaí leis an gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe i gcomhréir le hAirteagal 11(1).

*Airteagal 49*

*Raon feidhme gníomhaíochtaí breise*

1. D'ainneoin chumhacht an Bhoird Rialála cinneadh a dhéanamh maidir leis an bplean gníomhaíochtaí breise de bhun Airteagal 16(2)(l) agus laistigh de raon feidhme Airteagail 2(9) agus Airteagail 2(10), déanfaidh Cuibhreannas na dTionscal Bithbhunaithe nó a chomheintitis nó a eintitis chleamhnaithe togra le haghaidh na ngníomhaíochtaí breise gach bliain. Is éard atá i gceist leis na gníomhaíochtaí breise gníomhaíochtaí atá nasctha go díreach le tionscadail agus gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas go háirithe:

   (a) infheistíochtaí i saoráidí nua a léiríonn slabhra luacha nua, lena n-áirítear infheistíochtaí i dtrealamh marthanach, uirlisí agus bonneagar tionlacain, go háirithe iad siúd a bhaineann le cur in úsáid réigiúnach agus a fhíorúchán inbhuanaitheachta;

   (b) infheistíochtaí i ngléasra nua táirgeachta nó suaitheanta nuálach agus inbhuanaithe;

   (c) infheistíochtaí i dtaighde agus nuálaíocht nua agus bonneagar a bhfuil údar cuí leis, lena n-áirítear saoráidí, uirlisí agus trealamh marthanach, nó gléasra píolótach (lárionaid taighde);

   (d) gníomhaíochtaí caighdeánaithe;

   (e) gníomhaíochtaí cumarsáide, scaipthe agus chun feasacht a ardú.

2. Is iad seo a leanas na hinfheistíochtaí atá nasctha go díreach le tionscadail go háirithe:

(a) infheistíochtaí neamh-incháilithe a theastaíonn chun tionscadal de chuid an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe a chur chun feidhme le linn an tionscadail sin;

(b) infheistíocht a rinneadh i gcomhthráth le tionscadal de chuid an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe, ag comhlánú thorthaí an tionscadail agus á thabhairt chuig Leibhéal Réidhe Teicneolaíochta níos airde;

(c) infheistíochtaí a theastaíonn le haghaidh cur in úsáid torthaí tionscadail de chuid an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe tar éis dhúnadh an tionscadail go dtí foirceannadh an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe. I gcásanna ina bhfuil údar cuí leo, féadfar an infheistíocht a bhaineann le cur in úsáid torthaí tionscadail ón gcomhpháirtíocht roimhe (Comhghnóthas BBI) a chur san áireamh.

*Airteagal 50*

*Comhlachtaí an Comhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe*

Is iad Comhlachtaí an Comhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe:

(a) an Bord Rialála;

(b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(c) an Coiste Eolaíochta;

(d) Grúpa Ionadaithe na mBallstát;

(e) na Grúpaí Imscartha.

*Airteagal 51*

*Comhdhéanamh an Bhoird Rialála*

Beidh an Bord Rialála comhdhéanta mar a leanas:

(a) cúigear ionadaithe de chuid an Choimisiúin, thar ceann an Aontais; agus

(b) cúigear ionadaithe ó gach ceann de na comhaltaí seachas an tAontas; ba cheart go ndéanfadh duine amháin díobh ar a laghad ionadaíocht ar FBManna.

*Airteagal 52*

*Feidhmiú an Bhoird Rialála*

1. Beidh 50 % de na cearta vótála ag comhaltaí eile an chomhghnóthais le chéile seachas an tAontas.

2. Toghfaidh an Bord Rialála a chathaoirleach ar feadh tréimhse 2 bhliain.

3. Tionólfaidh an Bord Rialála a ghnáthchruinnithe ceithre huaire sa bhliain ar a laghad.

4. Anuas ar na cruinnithe dá dtagraítear i mír 2, reáchtálfaidh an Bord Rialála cruinniú straitéiseach uair amháin na bliana ar a laghad agus is é a bheidh mar phríomhchuspóir leis an gcruinniú sin dúshláin agus deiseanna le haghaidh tionscal bithbhunaithe a aithint agus treoshuíomh straitéiseach breise a sholáthar don Chomhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe.

5. Tabharfar cuireadh do phríomhfheidhmeannaigh nó oifigigh ag a bhfuil cumhacht chinnteoireachta na gcuideachtaí bithbhunaithe Eorpacha is mó agus an Choimisiúin chun freastal ar an gcruinniú sin. Féadfar cuireadh a thabhairt do chathaoirligh Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát, an Choiste Eolaíochta agus na nGrúpaí Imscartha chun freastal ar an gcruinniú mar bhreathnóirí.

*Airteagal 53*

*An Coiste Eolaíochta*

1. Is comhlacht comhairleach eolaíochta an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(1) a bheidh sa Choiste Eolaíochta.

2. Níor cheart níos mó ná 15 chomhalta bhuana a bheith ar an gCoiste Eolaíochta.

3. Toghfar cathaoirleach an Choiste Eolaíochta ar feadh 2 bhliain.

4. Bunóidh an Coiste Eolaíochta tascfhórsa ar a bhfuil comhaltaí leis na próifílí iomchuí chun cuidiú le béim leordhóthanach a chur ar gach gné inbhuanaithe den chlár oibre. Aon uair is féidir, áireofar le comhairle an Choiste Eolaíochta maidir leis an gclár oibre gnéithe a bhaineann le ciorclaíocht, inbhuanaitheacht chomhshaoil, caomhnú agus feabhsú bithéagsúlachta, chomh maith le gnéithe níos leithne a bhaineann le hinbhuanaitheacht na gcóras bithbhunaithe agus na slabhraí luacha gaolmhara.

5. Féadfaidh an Coiste Eolaíochta comhairle a thabhairt arna iarraidh sin ag an mBord Rialála agus comhlachtaí eile de chuid an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe, nó ar a thionscnamh féin.

*Airteagal 54*

*Na Grúpaí Imscartha*

1. Bunófar Grúpa Imscartha amháin nó níos mó ná Grúpa Imscartha amháin de bhun Airteagal 21. Is é ról na nGrúpaí Imscartha comhairle a chur ar an mBord Rialála maidir le saincheisteanna atá criticiúil do ghlacadh margaidh nuálaíochta bithbhunaithe agus chun cur in úsáid réiteach bithbhunaithe inbhuanaithe a chur chun cinn.

2. Áireofar béim théamach agus ionadaíochas páirtithe leasmhara nuálaíochta bithbhunaithe le comhdhéanamh na nGrúpaí Imscartha. Féadfaidh aon pháirtí leasmhar, seachas comhaltaí Chuibhreannas na dTionscal Bithbhunaithe, a gcomheintitis nó a n-eintitis chleamhnaithe, suim a léiriú chun bheith ina gcomhaltaí de Ghrúpa Imscartha. Leagfaidh an Bord Rialála amach fad agus comhdhéanamh beartaithe na nGrúpaí Imscartha, fad na sainorduithe agus féidearthacht athnuachana na gcomhaltaí, agus roghnóidh sé comhaltaí na ngrúpaí sin. Cuirfear an liosta comhaltaí ar fáil go poiblí.

3. Tiocfaidh na Grúpaí Imscartha le chéile uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad i gcruinniú fisiciúil nó fíorúil. Ag an gcéad chruinniú, glacfaidh na Grúpaí Imscartha a rialacha nós imeachta. Faomhfaidh an Bord Rialála na rialacha nós imeachta sin. Gairfear cruinnithe urghnácha de chuid na nGrúpaí Imscartha ar iarraidh ón mBord Rialála. Féadfaidh an Bord Rialála rannpháirtíocht daoine breise sna cruinnithe urghnácha a iarraidh. Cuirfear liosta de na daoine a d'fhreastail ar na cruinnithe urghnácha sin ar fáil go poiblí.

4. Toghfaidh na Grúpaí Imscartha cathaoirleach, agus leaschathaoirleach le haghaidh gach béime téamaí, i gcomhair tréimhse 2 bhliain. Comhordaíonn an cathaoirleach gníomhaíochtaí agus déanann sé ionadaíocht ar an nGrúpa Imscartha. Féadfar cuireadh a thabhairt don chathaoirleach freastal ar chruinnithe an Bhord Rialála mar bhreathnóir gan cearta vótála, agus ar chruinnithe an Choiste Eolaíochta agus Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát.

5. Soláthróidh na Grúpaí Imscartha moltaí maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur in úsáid na nuálaíochta bithbhunaithe ar iarraidh ón mBord Rialála. Féadfaidh na Grúpaí Imscartha moltaí a eisiúint don Bhord Rialála tráth ar bith ar a dtionscnamh féin freisin.

# TEIDEAL II

# AN COMHGHNÓTHAS UM EITLÍOCHT GHLAN

*Airteagal 55*

*Cuspóirí breise an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan*

1. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan freisin:

   (a) rannchuidiú le lorg éiceolaíochta na heitlíochta a laghdú trí dhlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí eitlíochta atá neodrach ó thaobh aeráide de lena gcur in úsáid a luaithe is féidir, agus dá bhrí sin déanfar rannchuidiú nach beag le baint amach spriocanna ginearálta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[47], go háirithe maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an Aontais a laghdú de réir sprioc laghdaithe 55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990 agus conair i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

   (b) a áirithiú go gcuireann na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann le haerloingseoireacht le hiomaíochas inbhuanaithe thionscal eitlíochta an Aontais, agus a áirithiú go gcomhlíonann teicneolaíochtaí eitlíochta aeráidneodracha na ceanglais sábháilteachta eitlíochta ábhartha,[48] agus go bhfanann sé mar mhodh iompair paisinéirí agus lasta atá slán, iontaofa, costéifeachtach agus éifeachtúil;

   (c) inniúlacht taighde agus nuálaíochta eitlíochta na hEorpa a chur chun cinn.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan freisin:

   (a) nuálaíochtaí teicneolaíochta aerárthaigh suaiteacha a chomhtháthú agus a léiriú atá in ann glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 30 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le teicneolaíocht úrscothach in 2020 agus ar chonair i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach san eitlíocht faoi 2050;

   (b) a áirithiú gur féidir le hullmhacht theicneolaíoch agus ullmhacht fhéideartha thionsclaíoch nuálaíochtaí tacú le seoladh táirgí agus seirbhísí nua suaiteacha faoi 2035, agus mar aidhm leis sin flít nua a chur in ionad 75 % den fhlít ar seirbhís faoi 2050, agus córas eitlíochta Eorpach atá nuálach, iontaofa, sábháilte agus costéifeachtach a fhorbairt atá in ann cuspóir na haeráidneodrachta faoin mbliain 2050 a chomhlíonadh;

   (c) comhtháthú slabhraí luacha taighde agus nuálaíochtaí maidir le heitlíocht aeráidneodrach a leathnú agus a chothú, lena n-áirítear lucht léinn, eagraíochtaí taighde, tionscal, agus FBManna, a bhaineann tairbhe as sineirgí a shaothrú le cláir ábhartha náisiúnta agus Eorpacha eile freisin.

---

47 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM/2019/640 críochnaitheach.

48 Rialachán (CE) Uimh. 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa.

*Airteagal 56*

*Cúraimí breise an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, déanfaidh an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) an fhaisnéis uile is gá le haghaidh ullmhú agus cur isteach tograí don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin ábhartha;

(b) faireachán agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn teicneolaíoch i dtreo na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 55 a bhaint amach agus rochtain fhoriomlán ar shonraí agus faisnéis a éascú le haghaidh faireachán neamhspleách ar thaighde agus nuálaíocht eitlíochta a dhéantar faoi mhaoirsiú díreach an Choimisiúin;

(c) cúnamh a thabhairt don Choimisiún, ar iarraidh uaidh, maidir le bunú agus forbairt chomhordú na rialachán agus na gcaighdeán a thacaíonn le glacadh margaidh na réiteach eitlíochta glaine, go háirithe trí thabhairt faoi staidéir, ionsamhlúcháin agus comhairle theicniúil a chur ar fáil, fad a áirítear an gá le deireadh a chur le bacainní ó thaobh iontráil isteach sa mhargadh.

*Airteagal 57*

*Comhaltaí*

1. Beidh na comhaltaí seo a leanas ag an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan:

   (a) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;

   (b) na comhaltaí bunaidh a liostaítear in Iarscríbhinn I, ar fhógra a thabhairt maidir lena gcinneadh aontú gan choinníoll don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan trí bhíthin litir ghealltanais;

   (c) na comhaltaí comhlachaithe a roghnófar i gcomhréir le hAirteagal 7 faoi réir cinneadh ón mBord Rialála.

2. De mhaolú ar na forálacha in Airteagail 7(1) agus (2), féadfaidh an Bord Rialála, le linn na chéad 6 mhí i ndiaidh bhunú an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan, comhaltaí comhlachaithe a roghnú freisin ó liosta arna tharraingt suas i ndiaidh glao oscailte ar léiriú spéise a sheol an Coimisiún sular bunaíodh é[49].

*Airteagal 58*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

Suas le EUR 1 700 000 000, lena n-áirítear suas le EUR 39 223 000 le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Chlár Fís Eorpach leis an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan, leithreasú CSTE san áireamh, chun costais riaracháin

49 https://ec.europa.eu/info/news/new-call-ideas-clean-aviation-partnerships-2020-aug-26_en

agus costais oibriúcháin a chumhdach. Féadfar ranníocaíocht an Aontais a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.

*Airteagal 59*

*Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas*

1. Déanfaidh comhaltaí an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan seachas an tAontas ranníocaíocht iomlán a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe nó déanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a ranníocaíochta iomláine le haghaidh EUR 3 039 223 000 ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 39 223 000 le haghaidh costais riaracháin sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Cuimseofar sa ranníocaíocht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na ranníocaíochtaí leis an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan mar a leagtar síos in Airteagal 11(1).

*Airteagal 60*

*Raon feidhme gníomhaíochtaí breise*

1. Chun críche phointe (b) d'Airteagal 11(1), féadfaidh sé go n-áireofar na rudaí seo a leanas le gníomhaíochtaí breise:

(a) gníomhaíochtaí a chumhdaítear faoi ghníomhaíochtaí indíreacha an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan ach nach gcistítear faoi ghníomhaíochtaí indíreacha den sórt sin;

(b) gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach le clár oibre an Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan;

(c) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta tionscadail ag a bhfuil nasc sonrach leis an gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht, agus atá cistithe faoi chláir náisiúnta nó réigiúnacha laistigh den Aontas;

(d) tionscadail taighde agus nuálaíochta phríobháideacha a chomhlánaíonn tionscadal ar an gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht;

(e) gníomhaíochtaí a stiúrann cur in úsáid nó glacadh torthaí tionscadail ó thionscnaimh roimh an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan, nó ón dá thionscnamh nach bhfuair aon chistiú ón Aontas.

(f) Gníomhaíochtaí caighdeánaithe agus deimhnithe Eorpacha a bhaineann le réitigh eitlíochta glaine ó thionscadail de chuid an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan nó ó thionscnaimh a tháinig roimhe.

2. Beidh táirgí insoláthartha atá sainmhínithe go soiléir ag gníomhaíochtaí breise.

*Airteagal 61*

*Comhlachtaí an Comhghnóthais um Eitlíocht Ghlan*

Is iad Comhlachtaí an Comhghnóthais um Eitlíocht Ghlan:

(a) an Bord Rialála;

(b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(c) an Coiste Teicniúil;

(d) an Comhlacht Comhairliúcháin um Eitlíocht Ghlan na hEorpa;

(e) Grúpa Ionadaithe na mBallstát.

*Airteagal 62*

*Comhdhéanamh an Bhoird Rialála*

Beidh an Bord Rialála comhdhéanta mar a leanas:

(a) beirt ionadaithe de chuid an Choimisiúin, thar ceann an Aontais;

(b) naonúr ionadaithe ó chomhaltaí seachas an tAontas a roghnaigh na comhaltaí bunaidh uathu féin agus ó chomhaltaí comhlachaithe ag áirithiú ionadaíocht chothrom an tslabhra luacha aerloingseoireachta amhail suimeálaithe aerárthaí, monaróirí inneall agus monaróirí trealamh. Bunóidh an bord rialála sásra uainíochta ina rialacha nós imeachta le haghaidh leithdháileadh shuíocháin na gcomhaltaí seachas an tAontas. Áiritheofar ionadaí amháin ar FBManna Eorpacha, ionadaí amháin ar eagraíochtaí taighde agus ionadaí amháin ar na hinstitiúidí acadúla ar a laghad sna hionadaithe roghnaithe.

*Airteagal 63*

*Feidhmiú an Bhoird Rialála*

1. Beidh an líon céanna vótaí ag gach ionadaí comhaltaí seachas an tAontas.

2. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an mBord Rialála thar ceann an Aontais agus déanfaidh ionadaí ó chomhaltaí seachas an tAontas comhchathaoirleacht air.

3. Freastalóidh cathaoirligh Chomhlacht Comhairleach Eitlíochta na hEorpa, an Choiste Theicniúil agus Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát agus ionadaí amháin ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) ar chruinnithe an Bhoird Rialála mar bhreathnóirí buana. Beidh sé de cheart acu a bheith rannpháirteach i bpléití ach ní bheidh aon chearta vótála acu.

4. Áiritheoidh an Bord Rialála go bhfuil nasc díreach agus comhordú idir gníomhaíochtaí Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát nó gníomhaíochtaí comhlachtaí comhairleacha eile. Chun na críche sin, féadfaidh an Bord Rialála comhalta a tharmligean chun gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí sin a leanúint.

*Airteagal 64*

*Cúraimí breise an Bhoird Rialála*

1. Anuas ar na cúraimí a liostaítear in Airteagal 16, déanfaidh Bord Rialála an Comhghnóthais um Eitlíocht Ghlan na cúraimí seo a leanas freisin:

   (a) maoirseacht a dhéanamh ar oiriúnacht eitlíochta glaine na straitéisí le haghaidh ghníomhaíochtaí breise na gcomhaltaí seachas an tAontas;

(b) glacadh margaidh na dteicneolaíochtaí agus na réiteach a chuidíonn le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach a chur chun cinn agus a áirithiú go mbaintear cuspóirí sonracha an Chomhghnóthais in Airteagal 55 amach;

(c) sineirgí a shaothrú idir gníomhaíochtaí taighde agus léirithe ag an leibhéal náisiúnta nó ag leibhéal an Aontais nó ag an dá leibhéal a bhaineann leis an gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht agus le clár oibre an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan;

(d) faireachán agus measúnú ar dhul chun cinn an chláir i gcomparáid le táscairí tionchair agus cuspóirí sonracha an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan a leagtar amach in Airteagal 55(2) a mhaoirsiú;

(e) stiúradh agus bainistíocht leanúnach aistriú tosaíochtaí teicniúla agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an chláir Spéir Ghlan 2 go dtí go gcuirfear i gcrích iad a áirithiú, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan agus, i gcás inarb ábhartha, aistriú torthaí chuig an gclár Eitlíochta Glaine a áirithiú.

2. Déanfaidh an Bord Rialála cinneadh i ndáil le cur chun feidhme an chláir agus maidir le cuspóirí an Chomhghnóthais um Eitlíochta Ghlan a sheachadadh, lena n-áirítear na míreanna a leanas:

(a) an Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht agus a leasuithe féideartha agus an clár oibre, lena n-áirítear maidir le glaonna ar thograí;

(b) pleanáil straitéiseach ilbhliantúil na nglaonna um Eitlíocht Ghlan agus a n-ailíniú le cuspóirí Fís Eorpach agus na cláir oibre ghaolmhara agus na tosaíochtaí teicniúla agus gníomhaíochtaí taighde, lena n-áirítear na glaonna oscailte ar thograí;

(c) athbhreithnithe nó optamú raon feidhme an chláir chun ailíniú le clár oibre agus cuspóirí an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan agus le Fís Eorpach ar an iomlán agus le cláir oibre ghaolmhara eile de chuid comhpháirtíochtaí Eorpacha;

(d) na moltaí ó chomhlachtaí comhairleacha agus gníomhaíochtaí sonracha ó Airteagal 56 chun dul i bhfód ar an margadh agus tionchar réiteach eitlíochta glaine a mhéadú i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus na gníomhaíochtaí beartais ghaolmhara lena fheabhsú.

*Airteagal 65*

*An Coiste Teicniúil*

1. Beidh an Coiste Teicniúil comhdhéanta mar a leanas:

(a) líon iomchuí ionadaithe ón gCoimisiún agus ó chomhlachtaí Aontais, mar a chinneann ionadaithe an Aontais ar an mBord Rialála;

(b) líon iomchuí ionadaithe ó chomhaltaí seachas an tAontas, mar a chinneann an Bord Rialála agus de réir mar a mheastar a bheith riachtanach chun léiriú cothrom ar raon feidhme teicniúil an chláir agus na bpríomhtheicneolaíochtaí a bhaint amach, lena n-áirítear leanúnachas agus aistriú an chláir Spéir Ghlan 2 go dtí go gcuirfear é i gcrích a áirithiú;

(c) beirt ionadaithe sinsearacha ón gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan mar a tharmligean an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(d) ionadaí amháin ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA).

2. Déanfaidh ionadaí ar na comhaltaí bunaidh, a ndéanfar uainíocht orthu gach 2 bhliain, agus an Coimisiún, comh-chathaoirleacht ar an gCoiste Teicniúil. Tuairisceoidh sé don Bhord Rialála agus soláthróidh clároifig an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan a rúnaíocht.

3. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ina bhreathnóir buan ar an gCoiste Teicniúil. Féadfaidh ionadaithe ó Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát agus ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa freastal ar chruinnithe mar bhreathnóirí ar cuireadh ón gcathaoirleach, nó ar a n-iarraidh féin, agus sa chás sin, beidh a bhfreastal faoi réir comhaontú a fháil ón gcathaoirleach agus ó ionadaithe an Chomhghnóthais.

4. Molfaidh an Coiste Teicniúil a rialacha nós imeachta agus cuirfidh sé iad faoi bhráid an Bhoird Rialála lena nglacadh.

5. Forbróidh an Coiste Teicniúil treochlár agus straitéis theicneolaíoch an chláir agus coinneoidh sé ar bun iad. Molfaidh sé agus ullmhóidh sé, de réir mar is iomchuí, raon feidhme agus clárú na ngníomhaíochtaí taighde, an straitéis theicneolaíoch agus treochlár taighde foriomlán an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan lena nglacadh ag an mBord Rialála. Féadfar comhalta de chuid an Bhoird Rialála a tharmligean chun na gníomhaíochtaí sin a leanúint.

6. Déanfaidh an Coiste Teicniúil na cúraimí seo a leanas:

(a) tograí a ullmhú i gcomhair leasuithe ar an gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht mar is gá leo le haghaidh breithniú agus cinneadh críochnaitheach an Bhoird Rialála;

(b) tograí a ullmhú le haghaidh tosaíochtaí teicniúla agus gníomhaíochtaí taighde atá le cur san áireamh sa chlár oibre, lena n-áirítear na hábhair taighde i gcomhair glaonna oscailte ar thograí;

(c) faisnéis a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí taighde atá beartaithe nó atá i mbun ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó ag leibhéil eile nach de chuid an Aontais iad agus moltaí a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí is gá chun sineirgí féideartha chlár an Chomhghnóthais um Eitlíochta Ghlan a uasmhéadú;

(d) togra d'athbhreithniú nó optamú raon feidhme an chláir d'fhonn ailíniú le clár oibre agus cuspóirí an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan agus le Fís Eorpach ar an iomlán agus le cláir oibre ghaolmhara eile de chuid comhpháirtíochtaí Eorpacha le haghaidh breithniú agus cinneadh críochnaitheach an Bhoird Rialála;

(e) moltaí a dhéanamh maidir le tionchar a uasmhéadú i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le glacadh margaidh féideartha thorthaí an chláir.

*Airteagal 66*

*Cúraimí breise an Stiúrthóra Feidhmiúcháin*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 18, déanfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) cur chun feidhme éifeachtúil an chláir a áirithiú;

(b) gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun idirghníomhaíochtaí idir tionscadal a dtacaíonn an comhghnóthas leo a bhainistiú, ag seachaint aon fhorluí míchuí eatarthu agus tús áite a thabhairt do shineirgí ar fud an chláir iomlán;

(c) a áirithiú go gcomhlíontar sprioc-amanna le haghaidh thraiseoladh na faisnéise is gá chuig comhlachtaí éagsúla an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan;

(d) comhordú an Choimisiúin a éascú i gcomhréir le comhairle an Choiste Theicniúil idir gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan agus na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ábhartha laistigh de Fís Eorpach d’fhonn forluí a sheachaint agus sineirgí a chur chun cinn;

(e) dlúthchomhar a éascú agus comhordú a áirithiú le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile;

(f) faireachán agus measúnú ar dhul chun cinn an chláir i gcomparáid le táscairí tionchair agus cuspóirí sonracha an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan in Airteagal 55 a áirithiú;

(g) a áirithiú go n-éascaíonn an Comhghnóthas rochtain fhoriomlán ar shonraí agus faisnéis le haghaidh faireachán neamhspleách ar thaighde agus nuálaíocht eitlíochta a dhéantar faoi mhaoirsiú díreach an Choimisiúin agus aon ghníomhaíocht ábhartha is gá a ghlacadh chun neamhspleáchas an phróisis sin ón gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan féin a áirithiú, amhail trí bhíthin soláthar poiblí, meastóireachtaí neamhspleácha, athbhreithnithe nó anailís *ad hoc*. Cuirfear tuarascáil faireacháin agus measúnaithe an chláir faoi bhráid an Bhoird Rialála uair amháin in aghaidh na bliana;

(h) cúnamh a thabhairt don Bhord Rialála le hoiriúnuithe d’ábhar teicniúil agus leithdháiltí buiséid an chláir oibre nuair atáthar ag cur an Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht chun feidhme d’fhonn gnóthachain an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan a uasmhéadú.

*Airteagal 67*

*Grúpa Ionadaithe na mBallstát*

1. Cuirfidh ionadaithe an Choimisiúin tuairim Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát, más ann di, san áireamh, sula gcaithfear vóta sa Bhord Rialála.

2. Reáchtálfaidh Grúpa Ionadaithe na mBallstát cruinnithe comhordaithe le Grúpa Ionadaithe na mBallstát de chuid comhghnóthas ábhartha eile amhail Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, dhá uair in aghaidh na bliana ar a laghad, agus is é a bheidh mar aidhm leis na cruinnithe sin comhéadan a chruthú idir na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan agus comhairle a sholáthar don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan ar an mbonn sin.

3. Anuas ar mhíreanna 7 agus 8 d'Airteagal 20, beidh na cúraimí breise seo a leanas ag Grúpa Ionadaithe na mBallstát freisin:

(a) bearta a mholadh chun comhlántachtaí idir na gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta Eitlíochta Glaine agus cláir thaighde náisiúnta a chuireann le cuspóirí an Chláir Oibre Straitéisigh um Thaighde agus Nuálaíocht, chomh maith le tionscnaimh agus tionscadail idirnáisiúnta agus náisiúnta eile, a fheabhsú;

(b) bearta sonracha a chur chun cinn ag leibhéal náisiúnta nó réigiúnach a bhfuil sé mar aidhm leo rannpháirtíocht FBManna i dTaighde agus Nuálaíocht maidir le hEitlíocht Ghlan a mhéadú, lena n-áirítear trí imeachtaí scaipthe, ceardlanna teicniúla tiomnaithe agus cumarsáid, agus aon ghníomhaíocht eile a bhfuil sé mar aidhm léi comhar agus cur in úsáid teicneolaíochtaí aerloingseoireachta a chur chun cinn;

(c) infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht ó chistí Beartais Comhtháthaithe amhail Cistí Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Cistí Sóisialta na hEorpa, Cistí um Aistriú Cóir, agus Cistí Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn i gcomhthéacs an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan.

*Airteagal 68*

*An Comhlacht Comhairliúcháin um Eitlíocht Ghlan na hEorpa*

1. Is comhlacht comhairleach eolaíochta an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan a bhunófar i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 19(1), a bheidh sa Chomhlacht Comhairliúcháin um Eitlíocht Ghlan na hEorpa.

2. Ní bheidh níos mó ná 15 chomhalta bhuana ar an gComhlacht Comhairliúcháin um Eitlíocht Ghlan na hEorpa.

3. Toghfar cathaoirleach Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa ar feadh 2 bhliain.

4. Beidh ionadaí ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) ina chomhalta buan de Chomhlacht Comhairleach Eitlíochta na hEorpa.

5. Le linn a cuid cúraimí a chomhall, comhoibríodh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa le fóraim páirtithe leasmhara eitlíochta ábhartha na hEorpa, amhail an Chomhairle Chomhairleach le haghaidh Taighde Aerloingseoireachta san Eoraip (ACARE).

6. Reáchtálfaidh an Comhlacht Comhairliúcháin um Eitlíocht Ghlan na hEorpa, de bhun phointe (f) d'Airteagal 19(7), cruinnithe comhordaithe le comhlachtaí comhairleacha comhghnóthas ábhartha eile amhail Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, agus is é a bheidh mar aidhm leis na cruinnithe sin sineirgí agus comhar a chur chun cinn i measc thionscnaimh taighde agus nuálaíochta ábhartha an Aontais san eitlíocht agus comhairle a sholáthar chun na críche sin don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan ar an mbonn sin.

7. Cuirfidh an Comhlacht Comhairliúcháin um Eitlíocht Ghlan na hEorpa comhairle agus tacaíocht ar fáil don Choimisiún agus don Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan maidir le tionscnaimh a chuireann taighde eitlíochta chun cinn i gcórais oideachais

na hEorpa, agus soláthróidh sé moltaí maidir le forbairt scileanna agus cumas aerloingseoireachta agus curaclaim innealtóireachta eitlíochta nuashonraithe.

*Airteagal 69*

*Deimhniú teicneolaíochtaí nua*

1. Féadfaidh iarratasóirí, tairbhithe nó an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a iarraidh ar Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) comhairle a thabhairt ar thionscadail aonair agus gníomhaíochtaí taisealbhaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le comhlíontacht sábháilteachta eitlíochta, idir-inoibritheacht agus caighdeáin chomhshaoil, le háirithiú go ndéanfaí caighdeáin ábhartha, acmhainneacht tástála agus ceanglais rialála a fhorbairt go tráthúil le haghaidh forbairt táirgí agus cur in úsáid teicneolaíochtaí nua.

2. Beidh gníomhaíochtaí agus seirbhísí deimhniúcháin arna soláthar faoi réir forálacha a bhaineann le táillí agus muirir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50].

*Airteagal 70*

*Maolú ó na rialacha maidir le rannpháirtíocht*

I gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí cistithe ag an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan agus ina bhfuil údar cuí léirithe acu i dtuairisc na n-ábhar ábhartha sa chlár oibre, beidh eintiteas dlítheanach amháin atá bunaithe i mballstát nó i dtír comhlachaithe nó i gcuibhreannas nach gcomhlíonann an coinníoll a leagtar síos in [Airteagal 19(2)] den Rialachán maidir le [Fís Eorpach] incháilithe chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha atá cistithe ag an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan.

[50] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32018R1139.

# TEIDEAL III

# AN COMHGHNÓTHAS UM HIDRIGIN GHLAN

*Airteagal 71*

*Cuspóirí breise an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan*

1. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan freisin:

   (a) cur leis na cuspóirí a leagtar amach sa phlean um Sprioc Aeráide 2030[51], agus sa Chomhaontú Glas don Eoraip[52], ag méadú uaillmhian an Aontais Eorpaigh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % i gcomparáid le leibhéil 1990 faoin mbliain 2030, agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050;

   (b) rannchuidiú le Straitéis Hidrigine 2020 le go mbeadh an Eoraip aeráidneodrach de chuid an Choimisiúin[53] a chur chun feidhme;

   (c) iomaíochas slabhra luacha hidrigine glaine an Aontais a neartú, d'fhonn tacú, go háirithe leis na FBManna rannpháirteacha, le dlús a chur le hiontráil réiteach glan nuálach ar an margadh;

   (d) feidhmeanna táirgthe, dáilte, stórála agus úsáide deiridh hidrigine glaine a spreagadh.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan freisin:

   (a) éifeachtúlacht costais, iontaofacht, cainníocht agus cáilíocht na réiteach hidrigine glaine, lena n-áirítear táirge, dáileadh, stóráil agus úsáidí deiridh a fhorbraítear san Aontas amhail leictrealaitheoirí hidrigine atá níos éifeachtúla agus níos saoire agus feidhmeanna iompair agus tionsclaíocha níos saoire, a feabhsú trí thaighde agus nuálaíocht;

   (b) eolas agus inniúlacht na ngníomhaithe eolaíochta agus tionsclaíocha ar feadh shlabhra luacha hidrigine an Aontais a neartú;

   (c) léirithe a dhéanamh ar réitigh hidrigine glaine d'fhonn iad a chur in úsáid go háitiúil, go réigiúnach agus ar fud an Aontais, ag dul i ngleic le táirgeadh, leithdháileadh, stóráil agus úsáid le haghaidh tionscal iompair agus na tionscail sin atá dian ó thaobh fuinnimh de, chomh maith le feidhmeanna eile;

   (d) feasacht agus glacadh poiblí agus príobháideach le réitigh hidrigine glaine a mhéadú, go háirithe trí chomhar le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile faoi Fís Eorpach.

---

51 COM/2020/562 críochnaitheach.

52 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM/2019/640 críochnaitheach.

53 COM(2020) 301 críochnaitheach Straitéis hidrigine le go mbeadh an Eoraip aeráidneodrach.

*Airteagal 72*

*Cúraimí breise an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, déanfaidh an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) measúnú agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn teicneolaíoch agus ar bhacainní teicneolaíocha, eacnamaíocha agus sochaíocha ar iontráil sa mhargadh;

(b) d'ainneoin shainchumas beartais an Choimisiúin, faoi threoraíocht agus maoirseacht bheartais an Choimisiúin, cur le forbairt na rialachán agus na gcaighdeán d'fhonn deireadh a chur le bacainní ar iontráil sa mhargadh agus chun tacú le hinmhalartacht, idir-inoibritheacht agus, agus trádáil ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus dhomhanda;

(c) tacú leis an gCoimisiún ina dtionscnaimh idirnáisiúnta maidir leis an straitéis hidrigine, amhail an Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta maidir leis an nGeilleagar Hidrigine (IPHE), Nuálaíocht Misin agus an Tionscnamh Hidrigine de chuid na hAireachta Fuinnimh Ghlain.

*Airteagal 73*

*Comhaltaí*

Beidh na comhaltaí seo a leanas ag an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan:

(a) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;

(b) Hydrogen Europe AISBL, eagraíocht neamhbhrabúsach atá bunaithe faoi dhlí na Beilge (uimhir chláraithe: 890 025 478), agus a oifig bhuan bunaithe sa Bhruiséil, an Bheilg (an 'Ghrúpáil Tionscail') ar fhógra a thabhairt maidir lena cinneadh aontú gan choinníoll don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan trí bhíthin litir ghealltanais;

(c) Hydrogen Europe Research AISBL, eagraíocht neamhbhrabúsach atá bunaithe faoi dhlí na Beilge (uimhir chláraithe: 0897 679 372) agus a oifig bhuan bunaithe sa Bhruiséil, an Bheilg (an 'Ghrúpáil Taighde') ar fhógra a thabhairt maidir lena cinneadh aontú gan choinníoll don Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan trí bhíthin litir ghealltanais.

*Airteagal 74*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

Suas le EUR 1 000 000 000, lena n-áirítear suas le EUR 30 193 000 le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Chlár Fís Eorpach leis an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan, leithreasú CSTE san áireamh, chun costais riaracháin agus costais oibriúcháin a chumhdach. Féadfar ranníocaíocht an Aontais a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.

*Airteagal 75*

*Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas*

1. Déanfaidh comhaltaí an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan seachas an tAontas ranníocaíocht foriomlán a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe nó déanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a ranníocaíochta iomláine le haghaidh EUR 1 000 000 000 ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 30 193 000 le haghaidh costais riaracháin sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Cuimseofar sa ranníocaíocht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na ranníocaíochtaí leis an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan i gcomhréir le hAirteagal 11(1).

*Airteagal 76*

*Raon feidhme gníomhaíochtaí breise*

1. Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 11(1), féadfaidh sé go n-áireofar le gníomhaíochtaí breise gníomhaíochtaí a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan agus a chuireann lena chuspóirí, lena n-áirítear iad seo a leanas:
   (a) trialacha agus tástálacha allamuigh réamhthráchtála;
   (b) cruthúnas ar choincheap;
   (c) línte táirgthe reatha a fheabhsú le haghaidh méadú scála;
   (d) cás-staidéir mhórscála;
   (e) gníomhaíochtaí a ardaíonn feasacht ar theicneolaíochtaí hidrigine agus ar bhearta sábháilteachta;
   (f) glacadh torthaí ó thionscadail i dtáirgí, saothrú breise agus gníomhaíochtaí laistigh den slabhra taighde ag Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta níos airde nó i snáitheanna gníomhaíochta comhthreomhara.

2. Beidh sé mar aidhm ag gníomhaíochtaí breise an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan sineirgí a áirithiú leis an gComhghuaillíocht don Hidrigin Ghlan[54], Dúshlán Nuálaíochta Misin 'Hidrigin In-athnuaite agus Ghlan'[55], Ciste Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh[56] agus le hardán H2 Réigiúin S3[57].

*Airteagal 77*

*Comhlachtaí an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan*

Is iad seo a leanas Comhlachtaí an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan:

(a) an Bord Rialála;

(b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

---

54 https://ec.europa.eu/growth/industry/policy/european-clean-hydrogen-alliance_en
55 http://mission-innovation.net/our-work/innovation-challenges/renewable-and-clean-hydrogen/
56 https://ec.europa.eu/clima/policies/innovation-fund_en
57 https://s3platform.jrc.ec.europa.eu/hydrogen-valleys

(c) Grúpa Ionadaithe na mBallstát; agus

(d) an Grúpa Páirtithe Leasmhara.

*Airteagal 78*

*Comhdhéanamh an Bhoird Rialála*

Beidh na comhaltaí seo a leanas ar an mBord Rialála:

(a) ionadaithe de chuid an Choimisiúin, thar ceann an Aontais;

(b) seisear ionadaithe ó Hydrogen Europe, ag féachaint d'ionadaíocht thíreolaíoch, inscne agus earnála;

(c) ionadaí amháin ar Thaighde Hydrogen Europe.

*Airteagal 79*

*Feidhmiú an Bhoird Rialála*

1. Anuas ar na rialacha vótála a leagtar amach in Airteagal 15(2), beidh 43 % de na cearta vótála ag an nGrúpáil Tionscail agus beidh 7 % de na cearta vótála ag an nGrúpáil Taighde sa Bhord Rialála.

2. Beidh cathaoirleach an Bhoird Rialála ina ionadaí ar na comhaltaí príobháideach agus ceapfaidh an Bord Rialála é.

*Airteagal 80*

*Cúraimí breise an Bhoird Rialála*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 16, déanfaidh Bord Rialála an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan na cúraimí seo a leanas:

(a) sineirgí a chothú le gníomhaíochtaí agus le cláir ábhartha ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal náisiúnta, agus ar leibhéal réigiúnach, go háirithe leo sin a thacaíonn le cur in úsáid réitigh taighde agus nuálaíochta, bonneagar, oideachas agus forbairt réigiúnach maidir le húsáid hidrigine glaine;

(b) a sholáthar, de bhun phointe (b) d'Airteagal 5(2) agus Airteagal 16(l), treoshuíomh straitéiseach a mhéid a bhaineann le comhar le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí i dtreo iompar ar bhóithre saor ó astaíochtaí, iompar ar an uisce saor ó astaíochtaí, iarnróid na hEorpa, eitlíocht ghlan, próiseas don phláinéad agus um chruach ghlan i gcomhréir lena Cláir Oibre Straitéiseacha um Thaighde agus Nuálaíocht faoi seach nó doiciméad comhionann eile;

(c) glacadh margaidh na dteicneolaíochtaí agus na réiteach a chuidíonn le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach a spreagadh.

*Airteagal 81*

*Cúraimí breise an Stiúrthóra Feidhmiúcháin*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 18, déanfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan na cúraimí seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí a thugann tús áite do shineirgí le gníomhaíochtaí agus le cláir ábhartha ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal náisiúnta, agus ar leibhéal réigiúnach a mholadh;

(b) tacú agus cur le tionscnaimh eile an Aontais a bhaineann le hidrigin, faoi réir a bhformheasta ag an mBord Rialála;

(c) fóram comhpháirtíochta Eorpach um Hidrigin Ghlan bliantúil a thionól, a chomhreáchtálfar le Fóram Hidrigine na hEorpa de chuid na Comhghuaillíochta don Hidrigin Ghlan ag an tráth céanna, i gcás inar féidir.

*Airteagal 82*

*An Grúpa Páirtithe Leasmhara*

1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 21 maidir le Grúpa Páirtithe leasmhara an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan.

2. Cuimseofar sa Ghrúpa Páirtithe Leasmhara ionadaithe ó earnálacha a ghineann, a dháileann, a stórálann, a éilíonn nó a úsáideann hidrigin ghlan ar fud an Aontais, lena n-áirítear ionadaithe ó chomhpháirtíochtaí Eorpacha ábhartha eile, chomh maith le hionadaithe ó Chomhpháirtíocht Idir-réigiúnach Ghleannta Hidrigine na hEorpa.

3. Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 21, déanfaidh an Grúpa Páirtithe Leasmhara na cúraimí seo a leanas freisin:

   (a) ionchur a sholáthar ar na tosaíochtaí straitéiseacha agus teicneolaíocha a rachaidh an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan i ngleic leo mar a leagtar síos sa Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht nó i ndoiciméad comhionann eile agus na treochláir theicneolaíocha mhionsonraithe, ag tabhairt aird chuí ar dhul chun cinn agus riachtanais in earnálacha cóngaracha;

   (b) moltaí a sholáthar chun cothú sineirgí nithiúla idir an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan agus na hearnálacha cóngaracha nó aon earnáil lena meastar go mbainfidh breisluach a éascú;

   (c) ionchur a sholáthar d'Fhóram Hidrigine bliantúil na hEorpa de chuid na Comhghuaillíochta don Hidrigin Ghlan.

# TEIDEAL IV

# COMHGHNÓTHAS UM IARNRÓD NA hEORPA

*Airteagal 83*

*Cuspóirí breise an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa*

1. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa freisin:

   (a) rannchuidiú i dtreo Limistéar Eorpach Iarnróid Aonair a bhaint amach;

   (b) aistriú tapa chuig córas iarnróid Eorpach atá níos tarraingtí, níos simplí le haghaidh úsáideoirí, níos iomaíche agus níos inbhuanaithe, agus é comhtháite leis an gcóras gluaiseachta níos leithne, a áirithiú;

   (c) tacú le forbairt tionscal iarnróid Eorpach atá láidir agus iomaíoch go domhanda.

2. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 1, beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa freisin:

   (a) líonra iarnróid comhtháite Eorpach a sheachadadh trí dhearadh, ag cur deireadh le bacainní ar idir-inoibritheacht agus réitigh a sholáthar le haghaidh comhtháthú foriomlán, ag cumhdach bainistíocht tráchta, feithiclí, bonneagair agus seirbhísí, agus ag soláthar an réiteach is fearr ar riachtanais paisinéirí agus gnólachtaí, ag cur dlús le glacadh na réiteach nuálach chun tacú le Limistéar Eorpach Iarnróid Aonair, fad a mhéadaítear cumas agus iontaofacht agus a laghdaítear costais iompar iarnróid;

   (b) córas iarnróid inbhuanaithe agus athléimneach a sheachadadh: trí chóras iarnróid ciúin saor ó astaíochtaí agus bonneagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide a fhorbairt, ag cur an geilleagar ciorclach i bhfeidhm ar an earnáil iarnróid, ag baint leas suaitheanta as próisis, teicneolaíochtaí, dearaí agus ábhair nuálacha i saolré fhoriomlán na gcóras iarnróid agus ag forbairt réitigh nuálacha eile ar an iompar dromchla treoraithe;

   (c) coincheap oibríochtúil aontaithe agus córas feidhmiúil ailtireachta a fhorbairt trína Cholún Córasach le haghaidh bainistíocht tráchta, córais rialaithe, ceannais agus comharthaíochta iarnróid comhtháite Eorpach, lena n-áirítear uathrialú trácht traenacha, rud a áiritheoidh go ndíríonn taighde agus nuálaíocht ar riachtanais custaiméirí agus riachtanais oibríochtúla ar a gcomhaontaítear agus a roinntear i gcoiteann agus go bhfuil siad oscailte don fhorbairt;

   (d) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann le lasta iarnróid agus seirbhísí iompair idirmhódaigh a mhéadú, chun lasta glas iomaíoch iarnróid atá comhtháite ina iomláine leis an slabhra luacha lóistíochta a sholáthar, agus uathoibriú agus digitiú traenacha lasta ag a chroílár;

   (e) tionscadail léirithe a fhorbairt le ballstáit a bhfuil spéis acu ann lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil córas iarnróid bunaithe acu laistigh dá gcríoch faoi láthair;

   (f) rannchuidiú le forbairt tionscal iarnróid Eorpach atá láidir agus iomaíoch go domhanda.

3. Agus a ghníomhaíochtaí á gcur i gcrích aige, féachfaidh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa le rannpháirtíocht chothrom comhaltaí agus comhpháirtithe a

bhaint amach ina ghníomhaíochtaí. Bunóidh sé na naisc idirnáisiúnta is gá i ndáil le taighde agus nuálaíocht iarnróid freisin, i gcomhréir le tosaíochtaí an Choimisiúin.

*Airteagal 84*

*Cúraimí breise an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa*

1. Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, ullmhóidh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa an Máistirphlean freisin i gcomhar leis an gCoimisiún, plean a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile sa chóras iarnróid agus i dtionscal soláthair iarnróid, le cur faoi bhráid an Bhoird Rialála lena ghlacadh.

2. Féadfaidh an Coimisiún tús a chur le hullmhú an Mháistirphlean roimh bhunú an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

3. Treochlár coiteann, réamhbhreathnaitheach atá bunaithe ar amharc córasach a bheidh sa Mháistirphlean. Aithneoidh sé na réimsí idirghabhála laistigh de raon feidhme an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa. Beidh na cuspóirí a leagtar amach sa Mháistirphlean treoraithe ag feidhmíocht agus struchtúrtha thart ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 83.

4. Glacfaidh an Bord Rialála an Máistirphlean agus tacóidh an Coimisiún leis i gcomhréir le hAirteagal 15 cé is moite den roinn den Mháistirphlean a bhaineann leis an gColún Córasach a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 91(3). Sula dtacaíonn an Coimisiún leis an Máistirphlean, cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa é. Ina dhiaidh sin, déanfar aon leasú a chur in iúl don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa.

5. Is éard a bheidh sa Mháistirphlean Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa laistigh de bhrí Airteagal 2(12). Cuirfidh sé treoraíocht ar fáil maidir le cúraimí sonracha an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa, eadhon:

   (a) amharc córasach a fhorbairt ina Cholún Córasach a thugann le chéile an tionscal monaraíochta iarnróid, an pobal oibriúcháin iarnróid agus páirtithe leasmhara iarnróid príobháideacha agus poiblí eile, lena n-áirítear comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar chustaiméirí, amhail paisinéirí agus lasta agus foireann, chomh maith le gníomhaithe ábhartha eile lasmuigh den earnáil iarnróid thraidisiúnta. Cuimseofar an méid seo a leanas san 'amharc córasach' sin:

      i. forbairt coincheapa oibríochtúil aonair agus ailtireacht chórais, lena n-áirítear seirbhísí, bloic feidhme, agus comhéadain, atá mar bhunús oibríochtaí an chórais iarnróid, a shainiú;

      ii. forbairt na sonraíochtaí comhlachaithe lena n-áirítear comhéadain, sonraíochtaí riachtanas feidhmiúil agus sonraíochtaí riachtanas córasach chun iad a úsáid i Sonraíochtaí Teicniúla don Idir- inoibritheacht (STI) a bhunaítear de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus

ón gComhairle[58] nó i bpróisis chaighdeánaithe chun leibhéil níos airde digitithe agus uathoibrithe a bhaint amach;

iii. a áirithiú go ndéanfar an córas a chothabháil, go gceartaítear earráidí agus go bhfuil sé in ann oiriúnú in imeacht ama agus breithnithe aistrithe ó ailtireachtaí reatha a áirithiú;

iv. a áirithiú go ndéantar measúnú agus bailíochtú ar na comhéadain is gá le modhanna eile, go háirithe maidir le sreabha lasta agus paisinéirí.

(b) tabhairt faoi na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta is gá chun cuspóirí an Chomhghnóthais um Iarnróid na hEorpa a bhaint amach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta iarnróid a dhíríonn ar leibhéil réidhe teicneolaíochta (LRT) ísle. Chuige sin, déanfaidh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa:

i. na gníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta, léirithe, bailíochta agus staidéir a dhéanfar faoina údarás, a shainiú agus a eagrú, fad a sheachnaítear deighilt sna gníomhaíochtaí sin;

ii. deiseanna caighdeánaithe agus modúlachta a shaothrú, agus na comhéadain le modhanna agus córais eile a éascú;

iii. tionscadail léirithe a fhorbairt;

iv. dlúthchomhar a fhorbairt agus comhar a áirithiú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta Eorpacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha san earnáil iarnróid agus lasmuigh de mar is gá, go háirithe faoi Fís Eorpach, agus dá bhrí sin ag cur ar chumas an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa ról mór a ghlacadh i dtaighde agus nuálaíocht a bhaineann le hiarnród fad a bhaintear tairbhe as an dul chun cinn eolaíochta agus teicneolaíoch a bhaintear amach in earnálacha eile freisin;

v. tríd an gcomhar dá dtagraítear i bpointe (iv), áiritheoidh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa aistriú taighde chuig iarracht forbartha éifeachtach agus chuig nuálaíochtaí ceannródaíocha a fhorbairt agus ar deireadh chuig nuálaíocht atá dírithe ar an margadh trí léiriú agus cur in úsáid.

(c) aon chúram eile is gá chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 84 a bhaint amach a dhéanamh.

*Airteagal 85*

*Comhaltaí*

1. Is iad comhaltaí an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa:

(a) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;

(b) na comhaltaí bunaidh a liostaítear in Iarscríbhinn II, ar fhógra a thabhairt maidir lena gcinneadh aontú gan choinníoll don Chomhghnóthas trí bhíthin litir ghealltanais;

[58] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meitheamh 2016 maidir le hidir- inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44).

(c) na comhaltaí comhlachaithe atá le roghnú i gcomhréir le hAirteagal 7. Tacóidh an Coimisiún leis an liosta de Chomhlachtaí Comhlachaithe.

2. De mhaolú ar na forálacha in Airteagal 7(1) agus in Airteagal 7(2), féadfaidh an Bord Rialála, le linn na chéad 6 mhí i ndiaidh bhunú an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa, comhaltaí comhlachaithe a roghnú ó liosta arna tharraingt suas i ndiaidh glao oscailte ar léiriú spéise a sheol an Coimisiún sular bunaíodh é.

*Airteagal 86*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

Suas le EUR 600 000 000, lena n-áirítear suas le EUR 50 000 000 le haghaidh an Cholúin Chórasaigh, agus suas le EUR 24 000 000 le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Chlár Fís Eorpach leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa, leithreasú CSTE san áireamh, chun costais riaracháin agus costais oibriúcháin a chumhdach. Féadfar ranníocaíocht an Aontais a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.

*Airteagal 87*

*Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas*

Déanfaidh comhaltaí an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa seachas an tAontas ranníocaíocht foriomlán a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe nó déanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a ranníocaíochta iomláine le haghaidh EUR 600 000 000 ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 24 000 000 le haghaidh costais riaracháin sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

*Airteagal 88*

*Raon feidhme gníomhaíochtaí breise*

1. Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 11(1), féadfaidh sé go n-áireofar na rudaí seo a leanas le gníomhaíochtaí breise:

   (a) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a thógann ar ghníomhaíochtaí a chistigh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa nó Comhghnóthas Shift2Rail;

   (b) gníomhaíochtaí comhlántacha agus comhthreomhara atá cistithe ag comhaltaí seachas an tAontas, ag a bhfuil breisluach Aontais soiléir agus a chuireann le cuspóirí an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa a bhaint amach;

   (c) gníomhaíochtaí atá cistithe ag comhaltaí seachas an tAontas i dtionscadail atá cistithe ag cláir náisiúnta nó cláir réigiúnacha a chomhlánaíonn gníomhaíochtaí atá cistithe ag an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa

   (d) glacadh thorthaí na ngníomhaíochtaí atá cistithe faoin gComhghnóthas Shift2Rail, saothrú breise, gníomhaíochtaí léirithe agus caighdeánú.

2. I ndáil leis na gníomhaíochtaí atá cistithe ag comhaltaí seachas an tAontas i dtionscadail atá cistithe ag comhpháirtíochtaí Eorpacha eile nó ag cláir Aontais eile agus iarrachtaí agus infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta eile ag a bhfuil breisluach Aontais suntasach agus a chuireann le cuspóirí an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa agus a ghníomhaíochtaí comhlántacha atá cistithe aige a bhaint amach, déanfar luach gníomhaíochtaí den sórt sin a thuairisciú, ag cur in iúl chineál, leibhéal agus fhoinse an chistithe ón Aontas, d'fhonn áireamh dúbailte a sheachaint.

*Airteagal 89*

*Comhlachtaí an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa*

1. Is iad comhlachtaí an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa:

   (a) an Bord Rialála;

   (b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

   (c) an Grúpa Stiúrtha don Cholún Córasach;

   (d) Grúpa Ionadaithe na mBallstát;

   (e) an Grúpa Imscartha.

2. Anuas air sin, féadfaidh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa grúpa stiúrtha eolaíochta a bhunú nó comhairle eolaíochta a lorg ó shaineolaithe léinn neamhspleácha nó ó chomhlachtaí comhairleacha eolaíochta comhroinnte.

*Airteagal 90*

*Comhdhéanamh an Bhoird Rialála*

Beidh an Bord Rialála comhdhéanta mar a leanas:

(a) beirt ionadaithe de chuid an Choimisiúin, thar ceann an Aontais;

(b) ionadaí amháin ó gach ceann de na comhaltaí seachas an tAontas

*Airteagal 91*
*Feidhmiú an Bhoird Rialála*

1. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an mBord Rialála, thar ceann an Aontais.

2. Tabharfar cuireadh ar bhonn buan do chathaoirligh nó leaschathaoirligh Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát freastal ar chruinnithe an Bhoird Rialála mar bhreathnóirí agus páirt a ghlacadh ina phléití, ach ní bheidh aon chearta vótála acu. Tabharfar cuireadh d'ionadaithe ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus ó Chomhairle Chomhairleach um Thaighde Iarnróid na hEorpa freastal ar chruinnithe an Bhoird Rialála mar bhreathnóirí agus páirt a ghlacadh ina phléití, ach ní bheidh aon chearta vótála acu.

3. D'ainneoin Airteagal 15(1) maidir le gníomhaíochtaí atá le déanamh faoin gColún Córasach, measfar cinntí a bheith arna nglacadh le tromlach 55 % ar a laghad de na vótaí, lena n-áirítear vótaí na n-ionadaithe atá as láthair.

4. D'ainneoin Airteagal 15(4), tiocfaidh an Bord Rialála le chéile uair amháin in aghaidh na bliana ag comhthionól ginearálta agus tabharfar cuireadh do gach rannpháirtí de chuid ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa chun freastal ar an gcruinniú sin. Spreagfaidh an comhthionól machnamh ar threo foriomlán ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa a fhad a dhéantar idirphlé oscailte agus trédhearcach ar chur chun feidhme an Mháistirphlean.

*Airteagal 92*

*Cúraimí breise an Bhoird Rialála*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 16, déanfaidh Bord Rialála an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) an Máistirphlean agus aon togra dá leasú a ghlacadh;

(b) cláir oibre, lena n-áirítear an buiséad, don Cholún Córasach agus a leasuithe bunaithe ar mholtaí a dhéanann an Grúpa Stiúrtha don Cholún Córasach agus ar thograí ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin a ghlacadh.

*Airteagal 93*
*An Grúpa Stiúrtha don Cholún Córasach*

1. Beidh an Grúpa Stiúrtha don Cholún Córasach comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún, ionadaithe ar an earnáil iarnróid agus ghluaiseachta agus ar eagraíochtaí ábhartha, Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa agus ionadaithe ó Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh críochnaitheach maidir le comhdhéanamh an Ghrúpa. I gcás ina bhfuil údar cuí leis, féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha breise chun freastal ar chruinnithe de chuid an Ghrúpa Stiúrtha don Cholún Córasach mar bhreathnóirí.

2. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an nGrúpa Stiúrtha don Cholún Córasach.

3. Déanfar moltaí an Ghrúpa Stiúrtha don Cholún Córasach a ghlacadh de chomhthoil. I gcás nach dtagtar ar comhthoil, ullmhóidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa tuarascáil don Bhord Rialála, ina n-achoimrítear na príomhphointí comhchoiteanna agus na tuairimí nach n-aontaítear orthu.

4. Glacfaidh an Grúpa Stiúrtha don Cholún Córasach a rialacha nós imeachta féin.

5. Beidh an Grúpa Stiúrtha don Cholún Córasach freagrach as comhairle a sholáthar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Bhord Rialála maidir le haon cheann de na hábhair seo a leanas:

   (a) an cur chuige maidir le comhchuibhiú oibríochtúil agus forbairt ailtireachta córais, lena n-áirítear maidir leis an gcuid ábhartha den Mháistirphlean;

   (b) torthaí a sheachadadh maidir leis an gcuspóir shonrach a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 83(2);

   (c) an cúram a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 84(5) a dhéanamh;

(d) an plean cur chun feidhme mionsonraithe bliantúil don Cholún Córasach i gcomhréir leis na cláir oibre a ghlacann an Bord Rialála i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 92.

*Airteagal 94*
*An Grúpa Imscartha*

1. Bunófar an Grúpa Imscartha de bhun Airteagal 21. Is é an ról a bheidh ag an nGrúpa Imscartha comhairle a chur ar an mBord Rialála maidir le glacadh margaidh na nuálaíochta iarnróid a forbraíodh faoin gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa agus chun tacú le cur in úsáid na réiteach nuálach.

2. Beidh an Grúpa Imscartha oscailte do gach páirtí leasmhara mar an Grúpa Stiúrtha don Cholún Córasach. Roghnóidh an Bord Rialála comhaltaí an Ghrúpa Imscartha agus leagfaidh sé amach go háirithe méid agus comhdhéanamh beartaithe an Ghrúpa Imscartha, fad na sainorduithe agus téarmaí athnuachana na gcomhaltaí. Áireofar béim théamach agus ionadaíochas iomchuí le comhdhéanamh an Ghrúpa Imscartha. Foilseofar an liosta comhaltaí ar shuíomh gréasáin an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa.

3. Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaí an Ghrúpa Imscartha freastal ar chruinnithe an Bhord Rialála mar bhreathnóir gan cearta vótála.

4. Soláthróidh an Grúpa Imscartha moltaí maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur in úsáid na réiteach nuálach iarnróid ar iarraidh ón mBord Rialála. Féadfaidh an Grúpa Imscartha moltaí a eisiúint ar a thionscnamh féin freisin.

*Airteagal 95*

*Comhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh*

Áiritheoidh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa dlúthchomhar le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir le cur chun feidhme an Mháistirphlean. De bhun Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[59], cuimseoidh an comhar sin na cúraimí comhairleacha seo a leanas:

(a) ionchur ar riachtanais taighde a bhaineann le Limistéar Eorpach Iarnróid Aonair a bhaint amach a bhreithneoidh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa sa Mháistirphlean agus a leasuithe agus sna cláir oibre;

(b) aiseolas agus comhairle ar idir-inoibritheacht agus sábháilteacht a bhreithneofar sna gníomhaíochtaí taighde nuálaíochta agus, níos sonraí, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí agus torthaí tionscadail le haghaidh na gcuspóirí a shainaithnítear i bpointe (a) d'Airteagal 84(5);

(c) tacú leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa chun riachtanais le haghaidh aon bhailíochtú breise nó aon staidéar a dtugann sé faoi a shainaithint, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht na n-údarás sábháilteachta náisiúnta;

(d) comhairle a chur ar fáil a mhéid a bhaineann leis an gColún Córasach;

---

[59] Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004, (IO L 138, 26.5.2016, lch. 1).

(e) a áirithiú go gcuirtear taithí agus aiseolas ar STI nó caighdeáin san áireamh nuair atá sonraíochtaí, lena n-áirítear comhéadain, sonraíochtaí riachtanas feidhmiúil agus sonraíochtaí riachtanas córasach á bhforbairt.

*Airteagal 96*

*Grúpa Ionadaithe na mBallstát*

1. Áiritheoidh na ballstáit go gcuireann a n-ionadaithe seasamh comhordaithe i láthair a léiríonn tuairimí na mballstát mar a nochtar iad sna coistí seo a leanas:

   (a) an Coiste um Idir-inoibritheacht agus Sábháilteacht Iarnróid, a bhunaítear faoi Airteagal 51 de Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

   (b) an Coiste Cláir faoi Fís Eorpach – an Coiste Cláir Straitéisigh, Braisle 5;

   (c) an Coiste um Limistéar Aonair Iarnróid Eorpach, a bhunaítear faoi Airteagal 62 de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 20, seachadfaidh Grúpa Ionadaithe na mBallstát tuairim don Bhord Rialála maidir le hábhair taighde Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta ísle atá le cur san áireamh sa chlár oibre.

# TEIDEAL V

# COMHGHNÓTHAS SHLÁINTE DHOMHANDA EDCTP3

*Airteagal 97*

*Cuspóirí breise Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCPT3*

1. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 freisin:

   (a) an t-ualach socheacnamaíoch a ghabhann le galair thógálacha san Afraic Fho-Shahárach a laghdú ag cur chun cinn forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí sláinte nua nó feabhsaithe a fhorbairt agus a ghlacadh;

   (b) slándáil na sláinte a mhéadú san Afraic Fho-Shahárach agus ar fud an domhain trí inniúlachtaí bunaithe ar thaighde agus nuálaíocht i ndáil le hullmhacht agus freagairt maidir le rialú galar tógálach a neartú.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 freisin:

   (a) forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí sláinte nua agus feabhsaithe chun dul i ngleic le galair thógálacha a chur chun cinn trí thacú le stiúradh trialacha cliniciúla san Afraic Fho-Shahárach;

   (b) acmhainneacht taighde agus nuálaíochta agus na córais náisiúnta taighde sláinte san Afraic Fho-Shahárach chun dul i ngleic le galair thógálacha a neartú;

   (c) ailíniú níos fearr idir ballstáit an Aontais, na tíortha comhlachaithe agus tíortha Fo-Shaháracha bunaithe ar Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht coiteann i réimse na sláinte domhanda a éascú chun cost-éifeachtúlacht infheistíochtaí poiblí na hEorpa a mhéadú;

   (d) inniúlacht i leith ullmhacht eipidéime a neartú san Afraic Fho-Shahárach trí fhreagairt éifeachtach tapa taighde chun feistí diagnóiseacha, vacsaíní agus teiripic fhíor-riachtanach a fhorbairt chun galair atá ag teacht chun cinn a mbaineann baol eipidéime leo a bhrath go luath agus a rialú;

   (e) líonrú agus comhpháirtíochtaí tairbhiúla agus inbhuanaithe i réimse an taighde sláinte domhanda a chur chun cinn, ag tógáil caidreamh Thuaidh–Theas agus Theas–Theas le neart eagraíochtaí príobháideacha agus earnála poiblí.

*Airteagal 98*

*Cúraimí breise Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, déanfaidh Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) caidrimh thairbhiúla a chothú idir daoine, grúpaí agus institiúidí Eorpacha agus Afracacha;

(b) feasacht a ardú faoi leasanna coiteanna agus spriocanna comhroinnte idir institiúidí agus grúpaí taighde chun comhar tionscadal agus institiúidí a éascú agus a neartú;

(c) rannchuidiú le hailíniú straitéisí sláinte domhanda cisteoirí, institiúidí agus údarás Eorpach agus Afracach a éascú;

(d) infheistíocht bhreise a mhealladh lena n-áirítear chomhpháirtithe san earnáil phríobháideach, san earnáil phoiblí agus san earnáil charthanachta.

*Airteagal 99*

*Comhaltaí*

Is iad comhaltaí Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3:

(a) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;

(b) Comhlachas EDCTP, eagraíocht neamhbhrabúsach a bunaíodh faoi dhlí na hÍsiltíre, ar fhógra a thabhairt maidir lena cinneadh aontú gan choinníoll do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 trí bhíthin litir ghealltanais.

*Airteagal 100*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

Suas le EUR 800 000 000, lena n-áirítear suas le EUR 29 878 000 le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Chlár Fís Eorpach le Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3, leithreasú CSTE san áireamh, chun costais riaracháin agus costais oibriúcháin a chumhdach, agus beidh an méid seo a leanas mar chuid de:

(a) suas le EUR 400 000 000, ar choinníoll go bhfuil ranníocaíocht na gcomhaltaí seachas an tAontas, nó a gcomheintiteas, cothrom leis an méid sin ar a laghad;

(b) suas le EUR 400 000 000, ar choinníoll go bhfuil ranníocaíochtaí ó chomhpháirtithe rannchuidithe, nó óna gcomheintitis, cothrom leis an méid sin ar a laghad.

Féadfar ranníocaíocht an Aontais a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.

*Airteagal 101*

*Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas*

1. Déanfaidh comhaltaí Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 seachas an tAontas ranníocaíocht foriomlán a gcomheintiteas nó déanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a ranníocaíochta iomláine le haghaidh EUR 439 878 000 ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 29 878 000 le haghaidh costais riaracháin sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Cuimseofar sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na ranníocaíochtaí le Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 mar a leagtar síos in Airteagal 11(1).

*Airteagal 102*

*Raon feidhme gníomhaíochtaí breise*

1. Forbróidh Comhlachas EDCTP agus a chomheintitis gníomhaíochtaí breise Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 agus cuirfidh sé chun feidhme iad ar bhealach ailínithe, comhtháite agus comhleanúnach agus leanfaidh siad Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht Shláinte Dhomhanda EDCTP3.

2. Chun críche phointe (b) d'Airteagal 11(1), féadfaidh sé go n-áireofar na rudaí seo a leanas le gníomhaíochtaí breise:

   (a) gníomhaíochtaí de chomheintitis Chomhlachas EDCTP ailínithe le gníomhaíochtaí comhchosúla ó chomheintitis eile Chomhlachas EDCTP agus bainistíocht neamhspleách á déanamh orthu i gcomhréir le rialacha cistithe náisiúnta;

   (b) gníomhaíochtaí cur chun feidhme a dhéanann eagraíochtaí taighde rialtais thíortha na hAfraice Fo-Shaháraí;

   (c) gníomhaíochtaí a chuireann líonrú agus comhpháirtíochtaí chun cinn ag tógáil caidreamh le neart eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí;

   (d) aon ghníomhaíocht eile is gá chun cuspóirí Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 a bhaint amach.

*Airteagal 103*

*Comhlachtaí Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3*

3. Is iad comhlachtaí Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3:

   (a) an Bord Rialála;

   (b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

   (c) an Coiste Eolaíochta;

   (d) an Grúpa Páirtithe Leasmhara.

*Airteagal 104*

*Comhdhéanamh an Bhoird Rialála*

Beidh na comhaltaí seo a leanas ar an mBord Rialála:

(a) seisear ionadaithe de chuid an Choimisiúin, thar ceann an Aontais;

(b) seisear ionadaithe ar Chomhlachas EDCTP.

*Airteagal 105*

*Feidhmiú an Bhoird Rialála*

Beidh 50 % de na cearta vótála ag comhaltaí an Chomhlachas EDCTP i dteannta a chéile.

*Airteagal 106*

*An Coiste Eolaíochta*

1. De bhun phointe (a) d'Airteagal 19(1), is comhlacht comhairleach eolaíochta Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 a bheidh sa Choiste Eolaíochta.

2. Anuas ar na cúraimí a liostaítear in Airteagal 19, déanfaidh an Coiste Eolaíochta na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) cuidiú le dearadh agus pleanáil straitéiseach agus eolaíochta ghníomhaíochtaí Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3;

(b) comhairle a thabhairt maidir le straitéisí chun sineirgí agus comhpháirtíochtaí a chothú leis na páirtithe leasmhara uile;

(c) rannchuidiú le hullmhú doiciméad straitéiseach agus doiciméid eolaíochta atá ábhartha do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3, mar is gá;

(d) comhairle straitéiseach agus eolaíochta a sholáthar do Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 agus cur i gcrích rathúil na dtionscadal reatha a áirithiú;

(e) riachtanais agus tosaíochtaí a aithint chun dlús a chur le forbairt idirghabhálacha nua nó feabhsaithe, lena n-áirítear an oiliúint, líonrú agus tógáil inniúlachtaí is gá a dhéanamh chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

(f) athbhreithniú a dhéanamh ar thírdhreach na ngalar a bhaineann le bochtaineacht agus na ngalar a ndéantar siléig iontu chun ról Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 a aithint i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile chun dlús a chur le forbairt nó feabhsú idirghabhálacha in aghaidh na ngalar sin;

(g) measúnú a dhéanamh ar staid conairí forbartha táirgí domhanda agus ar na deiseanna conairí criticiúla le haghaidh forbairt táirgí amach anseo;

(h) comhairle a sholáthar maidir leis an athbhreithniú a dhéanfar ar aon ghlao ar thograí agus cláir eile;

(i) tacaíocht agus ionchur a chur ar fáil do chreat faireacháin agus meastóireachta Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí eolaíochta agus ar thionchair straitéiseacha na ndeontas atá cistithe ag Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3;

(j) comhairle agus cúnamh a thabhairt agus a bheith rannpháirteach i meithleacha Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3, cruinnithe páirtithe leasmhara, Fóram EDCTP agus in imeachtaí eile.

3. Ullmhóidh an cathaoirleach tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí agus gnóthachain an Choiste Eolaíochta sa bhliain roimhe agus cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Rialála í lena formheasadh.

*Airteagal 107*

*An Grúpa Páirtithe Leasmhara*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 21, déanfaidh an Grúpa Páirtithe Leasmhara na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) ionchur a sholáthar ar na tosaíochtaí eolaíochta, straitéiseacha agus teicneolaíocha a rachaidh Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 i ngleic leo mar a leagtar síos sa Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht nó i ndoiciméad comhionann eile, ag tabhairt aird chuí ar dhul chun cinn agus riachtanais na Sláinte Domhanda in earnálacha cóngaracha;

(b) moltaí a sholáthar chun cothú sineirgí nithiúla idir Comhpháirtíocht Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 agus na hearnálacha cóngaracha nó aon earnáil lena measfar go mbainfidh breisluach a éascú;

(c) ionchur a sholáthar d'Fhóram EDCTP.

*Airteagal 108*

*Incháilitheacht le haghaidh cistiúcháin*

1. I gcomhréir le hAirteagal 13(1) agus de mhaolú ó [Airteagal 19(1)] den Rialachán maidir le Fís Eorpach, beidh cistiú ó Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 teoranta d'eintitis dhlítheanacha atá incháilithe chun cistiú a fháil faoin gclár Fís Eorpach agus atá bunaithe i gcomhstáit Chomhlachas EDCTP. I gcásanna eisceachtúla agus má fhoráiltear dó sa chlár oibre, d'fhéadfadh eintitis atá bunaithe i stáit eile a bheith incháilithe chun cistiú a fháil ó Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 le haghaidh ábhar glaonna sonracha freisin nó i gcás glao ina dtéitear i ngleic le héigeandáil sláinte poiblí.

2. Féachfaidh an tAontas le comhaontuithe a chur i gcrích le tríú tíortha a éascaíonn leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Sula gcuirtear i gcrích iad, agus d'fhonn leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, i gcás ina bhfuil eintitis atá bunaithe i dtríú tír gan comhaontú den sórt sin rannpháirteach le cistiú i ngníomhaíocht indíreach, bunófar comhordaitheoir airgeadais na gníomhaíochta indírí i mballstát nó i dtír chomhlachaithe, déanfar an méid réamh-mhaoinithe a oiriúnú agus tabharfar aird chuí ar na rioscaí airgeadais i bhforálacha dliteanais an chomhaontaithe deontais.

*Airteagal 109*

*Rannpháirtithe sainaitheanta*

Féadfaidh rannpháirtíocht eintiteas a shainaithníonn Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 a bheith mar chritéir incháilitheachta sa ghlao ar thograí. Beidh údar cuí leis sa chlár oibre agus féadfaidh sé sin foráil a dhéanamh nach mbeidh rannpháirtithe sainaitheanta den sórt sin incháilithe chun cistiú a fháil ó Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 faoi na gníomhaíochtaí indíreacha sainaitheanta.

*Airteagal 110*

*Prionsabail eiticiúla*

Cuirfear na trialacha cliniciúla agus an taighde cur chun feidhme a dhéanfar faoi Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 chun feidhme i gcomhréir le prionsabail

bhunúsacha eitice, caighdeáin rialála idirnáisiúnta shainaitheanta agus dea- chleachtais rannpháirtíochta.

*Airteagal 111*

*Comhar leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú*

Áiritheoidh Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 dlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú.

*Airteagal 112*
*Rochtain inacmhainne*

Áiritheoidh rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí indíreacha atá cistithe ag Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 go bhfuil na táirgí agus na seirbhísí a bhunaítear bunaithe nó bunaithe i bpáirt ar thorthaí na gníomhaíochta indíri ar fáil agus inrochtana don phobal ag coinníollacha cothroma agus réasúnta. Chun na críche sin, i gcás inarb ábhartha, sonrófar sa chlár oibre na hoibleagáidí saothraithe breise is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí indíreacha sonracha.

# TEIDEAL VI

# COMHGHNÓTHAS AN TIONSCNAIMH UM SHLÁINTE NUÁLACH

*Airteagal 113*

*Cuspóirí breise an Chomhghnóthais um Shláinte Nuálach*

1. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, beidh ar Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach na cuspóirí ginearálta seo a leanas a bhaint amach faoi 2030 freisin:

   (a) rannchuidiú le héiceachóras taighde agus nuálaíochta sláinte ar fud an Aontais a éascaíonn aistriú eolas eolaíochta ina nuálaíochtaí, go háirithe ag seoladh 30 tionscadal trasearnála ar scála mór a dhíríonn ar nuálaíochtaí sláinte;

   (b) forbairt nuálaíochtaí sábháilte, éifeachtacha, duinelárnacha, costéifeachtúla a fhreagraíonn do riachtanais straitéiseacha sláinte poiblí nach gcomhlíontar go fóill a chothú, ag léiriú, i gcúig shampla ar a laghad, féidearthacht táirgí nó seirbhísí cúraim sláinte a chomhtháthú, le hoiriúnacht léirithe i gcomhar ghlacadh na gcóras sláinte. Ba cheart do na tionscadail ghaolmhara dul i ngleic le cosc, diagnóis, cóireáil agus/nó bainistíocht galar a dhéanann difear do dhaonra an Aontais, lena n-áirítear rannchuidiú le Plean na hEorpa um Shárú na hAilse.

   (c) nuálaíocht trasearnála a spreagadh le haghaidh tionscal sláinte Eorpach iomaíoch, agus cur le cuspóirí faoin Straitéis Nua Thionsclaíoch don Eoraip agus an Straitéis Cógaisíochta don Eoraip.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach freisin:

   (a) rannchuidiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar na nithe is cinntithigh le sláinte agus réimsí tosaíochtaí galair;

   (b) iarrachtaí scoilte taighde agus nuálaíochta sláinte a chomhtháthú ag tabhairt earnálacha tionscal sláinte agus páirtithe leasmhara eile le chéile, ag díriú ar riachtanais sláinte poiblí nach gcomhlíontar go fóill, chun forbairt uirlisí, sonraí, ardán, teicneolaíochtaí agus próiseas a éascú i gcomhair réamhaisnéis, cosc, idircheapadh, diagnóis, cóireáil agus bainistíocht níos fearr galar, ag freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh;

   (c) féidearthacht na réiteach cúraim sláinte duinelárnach agus comhtháite a léiriú;

   (d) an acmhainneacht iomlán a bhaineann le digitiú agus malartú sonraí i gcúram sláinte a shaothrú;

   (e) forbairt modheolaíochtaí agus samhlacha nua agus feabhsaithe a éascú le haghaidh measúnú cuimsitheach ar bhreisluach na réiteach cúraim sláinte nuálach agus comhtháite.

*Airteagal 114*

*Cúraimí breise Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, déanfaidh Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) comhar dlúth agus fadtéarmach a chothú idir an tAontas, comhaltaí eile, comhpháirtithe rannchuidithe, agus páirtithe leasmhara eile atá rannpháirteach i gcúram sláinte agus i dtionscail ábhartha eile, údaráis chúraim shláinte (amhail comhlachtaí rialála, comhlachtaí measúnaithe teicneolaíochta sláinte agus íocóirí), eagraíochtaí othar, gairmithe agus soláthróirí cúraim shláinte, chomh maith le lucht acadúil;

(b) tacú le taighde agus nuálaíocht sláinte réamhiomaíoch, go háirithe gníomhaíochtaí a thugann le chéile eintitis ó roinnt earnálacha i dtionscal an chúraim sláinte chun comhoibriú ar réimsí riachtanas poiblí nach bhfreastalaítear orthu go fóill;

(c) a áirithiú gur féidir le gach páirtí leasmhar réimsí a mholadh le haghaidh glaonna ar thograí sa todhchaí;

(d) athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta agus na leasuithe is gá a dhéanamh ar Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach i bhfianaise na bhforbairtí eolaíochta a thagann chun cinn le linn a chur chun feidhme nó i bhfianaise na riachtanas sláinte poiblí a thagann chun cinn;

(e) faisnéis ar na tionscadail, lena n-áirítear eintitis rannpháirtithe agus méid ranníocaíochta airgeadais Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach agus ranníocaíochtaí comhchineáil geallta in aghaidh gach rannpháirtí a fhoilsiú;

(f) cumarsáid thráthrialta a eagrú, lena n-áirítear cruinniú bliantúil amháin ar a laghad le leasghrúpaí agus lena pháirtithe leasmhara chun oscailteacht agus trédhearcacht ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a áirithiú;

(g) aon chúram eile is gá chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 113 a bhaint amach.

*Airteagal 115*

*Comhaltaí*

Beidh na comhaltaí seo a leanas ag Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach:

(a) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;

(b) Coiste Comhordúcháin na hEorpa um an Tionscal TF Raideolaíoch, Leictrimhíochaine agus Cúraim Shláinte (COCIR), an Chónaidhm Eorpach um Thionscail agus Cumainn Íocshláinte, EuropaBio, MedTech Europe, VaccinesEurope ar fhógra a thabhairt maidir lena gcinneadh faoi seach aontú gan choinníoll don Chomhghnóthas um Shláinte Nuálach trí bhíthin litir ghealltanais;

(c) na comhaltaí comhlachaithe atá le roghnú i gcomhréir le hAirteagal 7.

### *Airteagal 116*

### *Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

Suas le EUR 1 200 000 000, lena n-áirítear suas le EUR 30 212 000 le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Chlár Fís Eorpach le Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, leithreasú CSTE san áireamh, chun costais riaracháin agus costais oibriúcháin a chumhdach, agus beidh an méid seo a leanas mar chuid de:

(a) suas le EUR 1 000 000 000, ar choinníoll go meaitseálann ranníocaíocht na gcomhaltaí seachas an tAontas, nó a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe, an méid sin;

(b) suas le EUR 200 000 000, ar choinníoll go meaitseálann na ranníocaíochtaí breise ó chomhpháirtithe rannchuidithe, nó óna gcomheintitis, an méid sin.

Féadfar ranníocaíocht an Aontais a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.

### *Airteagal 117*

### *Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas*

1. Déanfaidh comhaltaí an Chomhghnóthais an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach seachas an tAontas ranníocaíocht fhoriomlán a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe nó déanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a ranníocaíochta iomláine le haghaidh EUR 1 000 000 000 ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 30 212 000 le haghaidh costais riaracháin sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Is é a bheidh sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 ranníocaíochtaí le Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach i gcomhréir le hAirteagal 11(1).

3. Ní sháróidh ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí breise níos mó ná 50 % de ranníocaíochtaí comhchineáil ó chomhaltaí seachas an tAontas, ag leibhéal cláir an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach.

4. Maidir le costais a bhaineann le ranníocaíochtaí a sholáthraíonn rannpháirtithe i gcomhair gníomhaíochtaí indíreacha atá cistithe ag Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, beidh siad cothrom le 45 % ar a laghad de chostais incháilithe ghníomhaíochtaí indíreacha agus costais ghaolmhara ghníomhaíochtaí breise. I gcás ina bhfuil údar cuí leis, féadfaidh an clár oibre cion ionadaithe níos ísle ranníocaíochtaí a cheadú ag leibhéal gníomhaíochta indírí aonair agus a ghníomhaíochtaí breise gaolmhara.

5. Tabharfar údar le costais a thabhaítear i ngníomhaíochtaí indíreacha i dtríú tíortha seachas tíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach agus beidh siad ábhartha do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 113. Ní sháróidh siad 20 % de na ranníocaíochtaí comhchineáil le costais oibriúcháin a sholáthair comhaltaí seachas an tAontas agus comhpháirtithe rannchuidithe ag leibhéal cláir an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach. Ní mheasfar costais a sháraíonn 20 % de na ranníocaíochtaí comhchineáil chuig costais oibriúcháin ag leibhéal cláir an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a bheith mar ranníocaíochtaí comhchineáil le costais oibriúcháin.

6. Féadfaidh cláir oibre Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach teorannacha sonracha a leagan amach le haghaidh ranníocaíochtaí comhchineáil le costais oibriúcháin a thabhaítear i dtríú tíortha seachas tíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach ag leibhéal gníomhaíochta indírí. Cuirfear na cuspóirí agus an tionchar a bheartaítear leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann san áireamh sna cinntí a dhéanfar maidir le teorannacha sonracha den sórt sin agus ní bheidh sárú ar an uasteorainn a leagtar amach i mír 5 ag leibhéal cláir an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach mar thoradh orthu.

*Airteagal 118*

*Coinníollacha a bhaineann le gníomhaíochtaí breise*

1. Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 11(1), tabharfar faoi ghníomhaíochtaí breise san Aontas nó i dtíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach agus d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheith san áireamh leo:

   (a) gníomhaíochtaí a chuidíonn le cuspóirí gníomhaíochtaí atá cistithe ag Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a bhaint amach;

   (b) gníomhaíochtaí a chuidíonn le scaipeadh, inbhuanaitheacht nó saothrú torthaí gníomhaíochtaí atá cistithe ag Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach.

2. I gcás inarb ábhartha, beidh plean le haghaidh a ngníomhaíochtaí breise gaolmhara mar chuid de na tograí tionscadal. Ní mór costais a bhaineann le gníomhaíochtaí breise den sórt sin a bhaineann go sonrach le tionscadal a thabhú idir an dáta a cuireadh isteach an togra agus 2 bhliain tar éis dháta críochnaithe na gníomhaíochta indírí.

3. Ionas go bhféadfar na costais a chur san áireamh mar ranníocaíochtaí comhchineáil dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 11(1), tabharfar faoi na gníomhaíochtaí breise foluiteacha san Aontas nó i dtíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach.

*Airteagal 119*

*Comhlachtaí Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach*

Is iad Comhlachtaí Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach:

(a) an Bord Rialála;

(b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(c) an Painéal Nuálaíochta;

(d) Grúpa Ionadaithe na mBallstát.

*Airteagal 120*

*Comhdhéanamh an Bhoird Rialála*

Beidh na comhaltaí seo a leanas ar an mBord Rialála:

(a) cúigear ionadaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, thar ceann an Aontais;

(b) ionadaí amháin in aghaidh gach comhalta seachas an tAontas.

*Airteagal 121*

*Feidhmiú an Bhoird Rialála*

Beidh 50 % de na cearta vótála ag comhaltaí eile an chomhghnóthais le chéile seachas an tAontas.

*Airteagal 122*

*An Painéal Nuálaíochta*

1. Cuirfidh an Painéal Nuálaíochta comhairle ar an mBord Rialála maidir le cúrsaí a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach agus Airteagal 19 á chur i bhfeidhm.

2. Beidh na painéalaithe buana seo a leanas ar an bPainéal Nuálaíochta:

   (a) ceathrar ionadaithe de chuid an Choimisiúin, thar ceann an Aontais;

   (b) ceathrar ionadaithe ó gach ceann de na comhaltaí seachas an tAontas;

   (c) beirt ionadaithe ó Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát;

   (d) beirt ionadaithe ón bpobal eolaíochta, agus iad ceaptha ag an mBord Rialála tar éis próiseas roghnúcháin oscailte chun Airteagal 19(4) a chur chun feidhme;

   (e) suas le seisear painéalaithe buana, agus iad ceaptha ag an mBord Rialála tar éis próiseas roghnúcháin oscailte chun Airteagal 19(4) a chur chun feidhme, ag áirithiú ionadaíocht chuí ar pháirtithe leasmhara atá páirteach sa chúram sláinte go háirithe, ag cumhdach go háirithe na hearnála poiblí, othar agus úsáideoirí deiridh go ginearálta;

   (f) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ionadaí amháin breise ón gclároifig.

3. Féadfaidh na painéalaithe a dhéanann ionadaíocht ar chomhaltaí Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach painéalaithe *ad hoc* a cheapadh i gcás inarb iomchuí chun plé a dhéanamh ar ábhair shonracha. Féadaidís suas le seisear painéalaithe *ad hoc* le haghaidh gach cruinnithe a cheapadh le chéile.

   Ceapfar painéalaithe *ad hoc* den sórt sin bunaithe ar a saineolas eolaíochta nó teicniúil ar na hábhair atá le plé ag cruinnithe ar leith nó ag cur an gá le sineirgí a chruthú le cláir taighde eile san áireamh.

   Féadfaidh na painéalaithe a dhéanann ionadaíocht ar chomhaltaí Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach painéalaithe *ad hoc* a cheapadh go comhthoiliúil ar feadh tréimhse sheasta. Déanfaidh siad a gcinntí a chur in iúl don chlároifig agus leis na painéalaithe buana eile.

4. D’ainneoin chúraimí Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát a leagtar amach in Airteagal 20(7), cuirfidh an Painéal Nuálaíochta comhairle ar fáil don Bhord Rialála, ar iarraidh uaidh nó ar a thionscnamh féin, maidir le cúrsaí eolaíochta agus teicneolaíochta a bhaineann le cuspóirí Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, agus faoi na hábhair seo a leanas go háirithe:

   (a) tosaíochtaí eolaíochta;

(b) an dréachtchlár oibre, lena n-áirítear ábhar na nglaonna ar thograí;

(c) pleanáil gníomhaíochtaí breise comhaltaí seachas an tAontas dá dtagraítear in Airteagal 118;

(d) bunú na ngrúpaí comhairleacha a dhíríonn ar thosaíochtaí eolaíochta sonracha;

(e) cruthú sineirgí le gníomhaíochtaí eile de chuid Fís Eorpach, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí Eorpacha eile, chomh maith le cláir cistithe eile an Aontais agus cláir cistithe náisiúnta.

5. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin cathaoirleacht ar an bPainéal Nuálaíochta. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ball foirne sinsearach ó chlároifig Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a cheapadh chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an bPainéal Nuálaíochta thar a cheann.

6. Mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 19(8), glacfaidh na painéalaithe a dhéanann ionadaíocht ar chomhaltaí Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach tairiscintí a bhaineann leis na hábhair dá dtagraítear i mír 4 de chomhthoil tar éis pléití le gach painéalaí atá i láthair ag an gcruinniú. Mura bhfuiltear in ann teacht ar chomhaontú de chomhthoil, tuairisceoidh an cathaoirleach an cás don Bhord Rialála. Féadfaidh gach painéalaí tuairim easaontach a chur in iúl sa tuarascáil sin.

7. Reáchtálfaidh an Painéal Nuálaíochta a ghnáthchruinnithe dhá uair sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh sé cruinnithe urghnácha a reáchtáil arna iarraidh sin ag painéalaithe a dhéanann ionadaíocht ar an gCoimisiún, nó ó thromlach na bpainéalaithe a dhéanann ionadaíocht ar chomhaltaí seachas an tAontas.

8. Malartóidh painéalaithe an Phainéil Nuálaíochta aon fhaisnéis ábhartha agus déanfaidh siad plé ar a smaointe roimh na cruinnithe in aon fhoirm iomchuí. Déanfaidh siad a ngníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí aon ghrúpa chomhairligh eile, mar is iomchuí.

*Airteagal 123*

*Na coinníollacha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí indíreacha*

1. Chun críche an Rialacháin seo, déanfar riachtanas poiblí nach bhfreastalaítear air go fóill a shainmhíniú mar riachtanas nach dtéann córais cúraim sláinte i ngleic leis faoi láthair ar chúiseanna soláthair nó rochtana, mar shampla i gcás nach bhfuil modh sásúil diagnóise, coisc, nó cóireála ann i gcomhair fadhb shláinte nó i gcás ina bhfuil rochtain theoranta ag daoine ar chúram sláinte mar gheall ar an gcostas a bhaineann leis, an t-achar idir an duine agus na saoráidí sláinte nó amanna feithimh. Tagraíonn duinelárnach do chur chuige i leith cúraim a ghlacann go comhfhiosach le dearcthaí daoine aonair, cúramóirí, teaghlach agus pobal agus meastar iad a bheith mar rannpháirtithe chomh maith le tairbhithe na gcóras cúraim sláinte a eagraítear timpeall a riachtanas agus a roghanna féin seachas timpeall galair aonair.

2. D'fhéadfadh go mbeadh staidéir chliniciúla ina léirítear riachtanas poiblí nach bhfreastalaítear air go fóill sa réimse spriocdhírithe nó san úsáid bheartaithe, a dhéanann difear suntasach do nó bagairt ar dhaonra an Aontais, san áireamh le gníomhaíochtaí indíreacha atá cistithe ag Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach.

3. Ní mór do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí indíreacha atá cistithe ag Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a áirithiú go bhfuil na táirgí agus na seirbhísí a bhunaítear bunaithe nó bunaithe i bpáirt ar thorthaí na ngníomhaíochtaí indíreacha ar fáil agus inrochtana don phobal ag coinníollacha cothroma agus réasúnta. Chun na críche sin, i gcás inarb ábhartha, sonrófar sa chlár oibre na hoibleagáidí saothraithe breise is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí indíreacha sonracha.

4. I gcás ina bhforáiltear dó sa chlár oibre, d'fhéadfadh go mbeidh ar eintitis dhlítheanacha sainaitheanta ag Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha sonracha. Ní bheidh na heintitis sin incháilithe chun cistiú a fháil ó Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach.

5. Ní bheidh aon eintiteas dlítheanach atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha sonracha leis na heintitis dhlítheanacha dá dtagraítear i mír 4 incháilithe chun cistiú a fháil sna cásanna seo a leanas:

   (a) is eintitis dhlítheanacha bhrabúsacha iad ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil atá cothrom le EUR 500 milliún nó níos mó ná sin;

   (b) tá siad faoi rialú díreach nó indíreach eintitis dhlítheanaigh mar a thuairiscítear i bpointe (a), nó faoin rialú díreach nó indíreach céanna le heintiteas mar a thuairiscítear i bpointe (a);

   (c) tá rialú díreach nó indíreach acu ar eintiteas dlítheanach dá dtagraítear i bpointe (a).

# TEIDEAL VII
# AN COMHGHNÓTHAS EOCHAIRTHEICNEOLAÍOCHTAÍ DIGITEACHA

*Airteagal 124*

*Cuspóirí breise an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha*

1. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha freisin:

(a) neamhspleáchas oscailte teicneolaíoch an Aontais i gcomhpháirteanna agus córais leictreonacha a neartú chun tacú le riachtanais tionscal ingearach agus an gheilleagair trí chéile amach anseo. Is é an sprioc fhoriomlán rannchuidiú i dtreo luach dearaidh agus táirgthe comhpháirteanna agus córas leictreonach a dhúbláil san Eoraip faoi 2030, i gcomhréir le meáchan an Aontais i dtáirgí agus seirbhísí;

(b) sármhaitheas eolaíochta agus ceannaireacht nuálaíochta an Aontais a bhunú i dteicneolaíochtaí comhpháirteanna agus córas atá ag teacht chun cinn le rannpháirtíocht ghníomhach ó FBManna. Ba cheart do thrian amháin den líon iomlán rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí indíreacha ionadaíocht a dhéanamh ar FBManna agus ba cheart 20 % ar a laghad den chistiú poiblí a thabhairt dóibh;

(c) a áirithiú go dtéann teicneolaíochtaí comhpháirteanna agus córas i ngleic le dúshláin shochaíocha agus chomhshaoil na hEorpa. Is é an sprioc atá ann ailíniú le beartas an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus rannchuidiú le hídiú fuinnimh a laghdú 32.5 % in 2030.

2. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach i mír 1, beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha freisin:

(a) cumais deartha agus táirgthe a bhunú san Eoraip le haghaidh réimsí straitéiseacha cur i bhfeidhm;

(b) punann chothrom de thionscadail mhóra agus bheaga a thacaíonn le haistriú tapa na dteicneolaíochtaí ón taighde chuig an timpeallacht thionsclaíoch a sheoladh;

(c) éiceachóras dinimiciúil uile-Aontais a thógáil bunaithe ar shlabhraí luacha digiteacha le rochtain shimplithe ar dhaoine nua;

(d) teicneolaíochtaí comhpháirteanna a ráthaíonn slándáil, iontaofacht agus éifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh bonneagair agus earnálacha criticiúla san Eoraip;

(e) slógadh acmhainní náisiúnta a chothú agus ailíniú comhleanúnach chláir taighde agus nuálaíochta an Aontais agus cláir taighde agus nuálaíochta náisiúnta a áirithiú i réimse na gcomhpháirteanna agus na gcóras leictreonach;

(f) comhleanúnachas a bhunú idir Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht an tionscnaimh agus beartais an Aontais ionas go gcuirfidh teicneolaíochtaí comhpháirteanna agus córas leictreonach go héifeachtúil leo.

*Airteagal 125*

*Cúraimí breise an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, déanfaidh an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí indíreacha agus déanfaidh sé bainistíocht ar chomhaontuithe deontais agus cinntí an Bhoird Rialála agus Bhord na nÚdarás Poiblí.

*Airteagal 126*

*Comhaltaí*

1. Beidh na comhaltaí seo a leanas ag an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha:

(a) na húdaráis phoiblí agus iad comhdhéanta de:

(i) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;

(ii) na stáit rannpháirteacha seo a leanas:

- […];
- […].

(b) na comhaltaí príobháideacha agus iad comhdhéanta de na cumainn thionsclaíocha seo a leanas agus a gcomheintitis: Cumann AENEAS, cláraithe faoi dhlí na Fraince, lena oifig chláraithe i bPáras na Fraince; Cumann Tionscail ARTEMIS (ARTEMISIA) cláraithe faoi dhlí na hÍsiltíre, lena oifig chláraithe in Eindhoven na hÍsiltíre; Cumann EPoSS e.V., cláraithe faoi dhlí na Gearmáine, lena oifig chláraithe i mBeirlín na Gearmáine.

2. Ceapfaidh gach stát rannpháirteach a ionadaí ar chomhlachtaí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí agus ainmneoidh sé an t-eintiteas nó na heintitis náisiúnta a bheidh freagrach as a oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

*Airteagal 127*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

Suas le EUR 1 800 000 000, lena n-áirítear suas le EUR 22 090 000 le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Chlár Fís Eorpach leis an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha, leithreasú CSTE san áireamh, chun costais riaracháin agus costais oibriúcháin a chumhdach. Féadfar ranníocaíocht an Aontais a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.

Airteagal 128

*Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas*

1. Le linn na tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3, déanfaidh stáit rannpháirteacha an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha ranníocaíocht iomlán a bheidh cothrom ar a laghad le méid ranníocaíocht an Aontais le costais oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 127.

2. Le linn na tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3, déanfaidh comhaltaí príobháideacha an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha ranníocaíocht nó socróidh siad go ndéanfaidh a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe ranníocaíochtaí atá cothrom le EUR 2 511 164 000 ar a laghad leis an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

3. I gcomhréir le hAirteagal 26(4), déanfaidh comhaltaí príobháideacha ranníocaíocht airgeadais nó socróidh siad go ndéanfaidh a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe ranníocaíocht airgeadais suas le EUR 22 090 000 le costais riaracháin leis an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

4. Cuimseofar sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 na ranníocaíochtaí a leagtar síos in Airteagal 11(4). Cuimseofar sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 na ranníocaíochtaí a leagtar síos in Airteagal 11(1) lena n-áirítear EUR 2 489 074 000 ar a laghad de ranníocaíochtaí a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 11(1). Cuimseofar sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 na ranníocaíochtaí a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 11(1).

*Airteagal 129*

*Ranníocaíochtaí ó na stáit rannpháirteacha*

1. Cuirfidh gach stát rannpháirteach cur chun feidhme a ranníocaíochtaí le rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí indíreacha atá bunaithe sa stát rannpháirteach sin ar iontaoibh an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha trí na comhaontais deontais a chuireann an comhghnóthas i gcrích. Cuirfidh siad íocaíocht a ranníocaíochtaí leis na rannpháirtithe ar iontaoibh an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha freisin. Sonróidh siad na méideanna tiomanta do na gníomhaíochtaí indíreacha.

2. Síneoidh tairbhithe ghníomhaíochtaí indíreacha an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha comhaontú deontais aonair leis an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha. Leanfaidh rialacha mionsonraithe an chomhaontaithe deontais, lena n-áirítear an creat faoi seach do chearta maoine intleachtúla, rialacha Fís Eorpach.

3. Geallfaidh na stáit rannpháirteacha méid iomlán a ranníocaíochtaí a íoc trí bhíthin comhaontuithe ceangailteach ó thaobh dlí de idir na heintitis arna n-ainmniú ag gach stát rannpháirteach chun na críche sin agus an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha. Tabharfar comhaontuithe den sórt sin i gcrích sula nglacfar leis an gclár oibre.

4. Tabharfaidh an Bord Rialála aird chuí ar na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 3 le linn na meastóireachtaí ar chaiteachas maidir leis na gníomhaíochtaí taighde agus

nuálaíochta lena mbaineann a ghlacadh d'fhonn prionsabal na cothromaíochta i mbuiséad an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha a áirithiú;

5. Cuirfidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 3 de na Reachtanna a thacaíonn leis na meastóireachtaí ar chaiteachas maidir leis na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta lena mbaineann faoi bhráid an Bhoird Rialála.

6. Bunófar comhaontuithe eile le haghaidh comhar idir na stáit rannpháirteacha agus an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha agus le haghaidh na ngealltanas maidir leis na ranníocaíochtaí arna lua i mír 1 trí bhíthin comhaontuithe a chuirfear i gcrích idir na heintitis arna n-ainmniú ag gach ceann de na stáit rannpháirteacha chun na críche sin agus an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

*Airteagal 130*

*Raon feidhme gníomhaíochtaí breise*

1. Féadfaidh Bord Rialála an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha plean na ngníomhaíochtaí breise dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 11(1) a fhormheas i gcás inar gá tar éis togra ó Bhord na gComhaltaí Príobháideacha, ag cur tuairim Bhord na nÚdarás Poiblí san áireamh.

2. Chun críche phointe (b) d'Airteagal 11(1), féadfaidh sé go n-áireofar na rudaí seo a leanas le gníomhaíochtaí breise:

(a) infheistíocht phríobháideach a bhfuil sé mar aidhm léi torthaí tionscadal de chuid an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha agus Chomhghnóthas ECSEL a thionsclú;

(b) píolótaí, léiritheoirí, feidhmeanna, cur in úsáid, tionsclú, lena n-áirítear caiteachas caipitiúil ábhartha.

(c) gníomhaíochtaí taighde agus forbartha gaolmhara nach gcistítear go poiblí;

(d) gníomhaíochtaí a mhaoinítear ag iasachtaí de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus nach gcistítear faoi dheontas ón Aontas;

(e) gníomhaíochtaí chun an t-éiceachóras a thacaíonn le comhar úsáideoirí agus soláthróirí teicneolaíochta a fhorbairt.

*Airteagal 131*

*Comhlachtaí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha*

Is iad comhlachtaí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha:

(a) an Bord Rialála;

(b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(c) Bord na nÚdarás Poiblí;

(d) Bord na gComhaltaí Príobháideacha.

*Airteagal 132*

*Comhdhéanamh an Bhoird Rialála*

Ceapfaidh gach comhalta den Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha a n-ionadaithe agus a bpríomhthoscairí ag a mbeidh cearta vótála chomhalta an Bhoird Rialála.

*Airteagal 133*

*Feidhmiú an Bhoird Rialála*

1. Déanfar cearta vótála ar an mBord Rialála a leithdháileadh mar seo a leanas:

   (a) aon trian don Choimisiún;

   (b) aon trian do na comhaltaí príobháideacha i dteannta a chéile; agus

   (c) aon trian do na stáit rannpháirteacha i dteannta a chéile.

2. Sa chéad 2 bhliain airgeadais tar éis bhunú an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha, déanfar cearta vótála na stát rannpháirteach a leithdháileadh mar seo a leanas:

   (a) aon chéatadán amháin le haghaidh gach stáit rannpháirtigh;

   (b) déanfar an céatadán atá fágtha a leithdháileadh go bliantúil i measc na stát rannpháirteach i gcomhréir lena ranníocaíochtaí airgeadais iarbhír leis an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha agus/nó a thionscnamh roimhe sa 2 bhliain roimhe sin.

3. Maidir leis na blianta airgeadais ina dhiaidh sin, bunófar leithdháileadh cearta vótála na stát rannpháirteach go bliantúil agus i gcomhréir leis na cistí a gheall siad le gníomhaíochtaí indíreacha sa 2 bhliain airgeadais roimhe sin.

4. Déanfar cearta vótála na gcomhaltaí príobháideacha a leithdháileadh go cothrom i measc na gcumann tionsclaíoch mura gcinneann Bord na gComhaltaí Príobháideacha a mhalairt.

5. Cinnfidh an Bord Rialála na cearta vótála a bheidh ag comhalta nua den Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha nach ballstát ná tír chomhlachaithe é sula nglacann an comhalta sin ballraíocht sa Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

6. Comhdhéanfaidh an Coimisiún, na comhaltaí príobháideacha, agus príomhthoscairí trí stát rannpháirteacha Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha ar a laghad córam an Bhoird Rialála.

*Airteagal 134*

*Cúraimí breise an Bhoird Rialála*

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 16(2)(s) maidir leis an gComhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

2. I gcás ina n-iarrfadh an Coimisiún amhlaidh, beidh an incháilitheacht le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sonracha srianta i gcomhréir le forálacha an bhunghnímh earnála is infheidhme maidir le ranníocaíocht an Aontais.

*Airteagal 135*

*Comhdhéanamh Bhord na nÚdarás Poiblí*

Is iad a bheidh ar Bhord na nÚdarás Poiblí ionadaithe ó údaráis phoiblí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

Ceapfaidh gach údarás poiblí a n-ionadaithe agus a bpríomhthoscairí ag a mbeidh na cearta vótála ar Bhord na nÚdarás Poiblí.

*Airteagal 136*

*Feidhmiú Bhord na nÚdarás Poiblí*

1. Sannfar cearta vótála ar Bhord na nÚdarás Poiblí do na húdaráis phoiblí ar bhonn bliantúil i gcomhréir lena ranníocaíochtaí airgeadais le gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha don bhliain sin i gcomhréir le hAirteagal 129, agus le teorainn uachtair de 50 % de chearta vótála iomlána ar Bhord na nÚdarás Poiblí le haghaidh aon chomhalta ar leith.

2. Má chuireann níos lú ná trí stát rannpháirteacha a ranníocaíocht airgeadais de réir Airteagal 129(3) in iúl don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, beidh 50 % de chearta vótála ag an gCoimisiún agus déanfar an 50 % atá fágtha a leithdháileadh go cothrom i measc na stát rannpháirteach go dtí go gcuireann níos mó ná trí stát rannpháirteacha de chuid an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha a ranníocaíocht in iúl.

3. Déanfaidh na húdaráis phoiblí a ndícheall chun teacht ar chomhréiteach. Má chliseann orthu teacht ar chomhréiteach, glacfaidh Bord na nÚdarás Poiblí a chinntí le tromlach 75 % ar a laghad de gach vóta, lena n-áirítear vótaí na stát rannpháirteach nach bhfuil i láthair.

4. Toghfaidh Bord na nÚdarás Poiblí a chathaoirleach as a chomhaltaí ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad.

5. Féadfaidh an cathaoirleach a iarraidh ar dhaoine eile freastal ar a chruinnithe mar bhreathnóirí, go háirithe ionadaithe ó na húdaráis réigiúnacha laistigh den Aontas, ionadaithe ó chomhlachais FBManna agus ionadaithe ó chomhlachtaí eile den Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

6. Reáchtálfaidh Bord na nÚdarás Poiblí a ghnáthchruinnithe dhá uair sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh sé cruinnithe urghnácha a reáchtáil arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, nó ó thromlach na n-ionadaithe ó na stáit rannpháirteacha, nó ar iarratas an chathaoirligh. Is é an cathaoirleach a ghairfidh cruinnithe Bhord an nÚdarás Poiblí agus reáchtálfar de ghnáth iad ag suíochán an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

7. Comhdhéanfaidh an Coimisiún agus príomhthoscairí trí stát rannpháirteacha ar a laghad córam Bhord na nÚdarás Poiblí.

8. Freastalóidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar chruinnithe Bhord na nÚdarás Poiblí, mura gcinneann Bord na nÚdarás Poiblí a mhalairt, ach ní bheidh aon chearta vótála aige.

9. Arna iarraidh sin ag Bord na nÚdarás Poiblí, féadfaidh aon bhallstát nó tír chomhlachaithe nach comhalta den Chomhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha é nó í a bheith rannpháirteach i gcruinnithe Bhord na nÚdarás Poiblí mar bhreathnóir. Gheobhaidh breathnóirí gach doiciméad ábhartha agus féadfaidh siad comhairle a thabhairt ar aon chinneadh a ghlacann Bord na nÚdarás Poiblí. Beidh gach breathnóir den sórt sin faoi cheangal ag na rialacha rúndachta is infheidhme maidir le comhaltaí Bhord na nÚdarás Poiblí.

10. Féadfaidh Bord na nÚdarás Poiblí meithleacha a cheapadh i gcás inar gá de réir comhordú iomlán údaráis phoiblí amháin nó níos mó.

11. Glacfaidh Bord na nÚdarás Poiblí a rialacha nós imeachta féin.

12. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 11(7) agus 26(6) maidir le Bord na nÚdarás Poiblí.

### *Airteagal 137*

### *Cúraimí Bhord na nÚdarás Poiblí*

Déanfaidh Bord na nÚdarás Poiblí an méid seo a leanas:

(a) rannchuidiú leis an gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht a dhréachtú;

(b) ionchur a sholáthar leis an dréachtchlár oibre, go háirithe na glaonna ar thograí, lena n-áirítear na rialacha maidir le gníomhaíochtaí indíreacha a mheas agus a roghnú agus faireachán a dhéanamh orthu;

(c) seoladh glaonna ar thograí a fhormheas, i gcomhréir leis an gclár oibre;

(d) cinneadh a dhéanamh ar leithdháileadh cistiú phoiblí ar thograí roghnaithe, ar bhonn an liosta rangaithe a ullmhaíonn an coiste meastóireachta, suas le teorainn na mbuiséad atá ar fáil. Maidir le tograí lena ngabhann an fiúntas céanna, féadfaidh an leithdháileadh sin rannchuidiú an togra le cuspóirí sonracha beartais, lena n-áirítear sineirgí le tosaíochtaí náisiúnta, a bhaint amach a chur san áireamh. Beidh cinneadh den sórt sin ceangailteach, gan a thuilleadh meastóireachta nó próisis roghnúcháin;

(e) tuairim a sholáthar ar an dréachtphlean gníomhaíochta breise dá dtagraítear in Airteagal 11(1) (b).

### *Airteagal 138*

### *Comhdhéanamh Bhord na gComhaltaí Príobháideacha*

1. Is iad a bheidh ar Bhord na gComhaltaí Príobháideacha ionadaithe ó chomhaltaí príobháideacha an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha.

2. Ceapfaidh gach comhalta príobháideach a ionadaithe agus príomhthoscaire ag a mbeidh na cearta vótála ar Bhord na gComhaltaí Príobháideacha.

*Airteagal 139*

*Feidhmiú Bhord na gComhaltaí Príobháideacha*

1. Tiocfaidh Bord na gComhaltaí Príobháideacha le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad.

2. Féadfaidh Bord na gComhaltaí Príobháideacha meithleacha a cheapadh i gcás inar gá faoi chomhordú foriomlán ceann amháin nó níos mó dá chomhaltaí.

3. Toghfaidh Bord na gComhaltaí Príobháideacha a chathaoirleach as a chomhaltaí.

4. Glacfaidh Bord na gComhaltaí Príobháideacha a rialacha nós imeachta.

*Airteagal 140*

*Cúraimí Bhord na gComhaltaí Príobháideacha*

Déanfaidh Bord na gComhaltaí Príobháideacha an méid seo a leanas:

(a) an Dréachtchlár Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun cuspóirí an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha a leagtar amach in Airteagail 4 agus 124 a bhaint amach, agus ionchur na n-údarás poiblí á chur san áireamh.

(b) an Dréachtchlár Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúchán laistigh de na sprioc-amanna a leagfaidh an Bord Rialála amach;

(c) Fóram comhairleach Páirtithe Leasmhara a eagrú atá oscailte do gach páirtí leasmhar poiblí agus príobháideach a bhfuil leas acu i réimsí na bpríomhtheicneolaíochtaí digiteacha chun iad a chur ar an eolas maidir leis an Dréachtchlár Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht do bhliain ar leith, agus aiseolas a bhailiú air;

(d) i gcás inarb iomchuí, agus Airteagal 130 á chur san áireamh, an dréachtphlean gníomhaíochtaí breise dá dtagraítear in Airteagal 11 (1)(b) a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Bhoird Rialála, agus tuairim Bhord na nÚdaráis Poiblí á cur san áireamh.

*Airteagal 141*

*Rátaí aisíocaíochtaí*

I gcomhréir le [hAirteagal 13(1)] den Rialachán maidir le Fís Eorpach agus de mhaolú ar [Airteagal 30] den Rialachán sin, féadfaidh an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha rátaí difriúla aisíocaíochtaí a chur i bhfeidhm do chistiú ón Aontas laistigh de ghníomhaíocht ag brath ar an gcineál rannpháirtí, eadhon FBManna agus eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúis agus an cineál gníomhaíochta. Luafar na rátaí aisíocaíochta sa chlár oibre.

# TEIDEAL VIII

# COMHGHNÓTHAS TAIGHDE BAT 3 AN AERSPÁIS EORPAIGH AONAIR

*Airteagal 142*

*Cuspóirí breise Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair*

1. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair freisin:

   (a) inniúlacht taighde agus nuálaíochta an Aontais sa réimse BAT a neartú agus a chomhtháthú, chun go mbeidh sí níos athléimní agus intomhaiste i leith luaineachtaí sa trácht agus oibriú comhleanúnach gach aerárthaigh á chumasú;

   (b) iomaíochas aeriompair le foireann agus iompair aeir gan foireann san Aontas, agus margaí seirbhísí BAT, a neartú, tríd an nuálaíocht, chun tacú le fás eacnamaíoch san Aontas;

   (c) glacadh sa mhargadh le réitigh nuálacha a fhorbairt agus dlús a chur leis chun an t-aerspás san Aerspás Eorpach Aonair a bhunú mar an t-aerspás is éifeachtúla agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol don eitilt ar domhan.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair freisin:

   (a) éiceachóras taighde agus nuálaíochta a fhorbairt a chumhdaíonn na slabhraí luacha[60] iomlán aerspás BAT agus U-spás lenar féidir an Spás Digiteach Eorpach[61] a shainmhínítear sa Mháistirphlean Eorpach BAT a thógáil, lena gcumasaítear an comhar agus an comhordú a theastaíonn idir soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus úsáideoirí aerspáis chun córas aonair comhchuibhithe BAT san Aontas a áirithiú d'oibríochtaí le foireann agus gan foireann;

   (b) réitigh BAT a thacaíonn le hardleibhéil uathoibrithe a fhorbairt agus a bhailíochtú;

   (c) ailtireacht theicniúil[62] an Spáis Dhigitigh Eorpaigh a fhorbairt agus a bhailíochtú;

   (d) tacú le cur in úsáid brostaithe réitigh nuálacha sa mhargadh trí léiritheoirí;

---

60 Ciallaíonn 'aerspás U- spáis' crios geografach córas ar eite gan foireann (UAS) a ainmníonn na ballstáit, áit nach gceadaítear oibríochtaí UAS ach amháin le tacaíocht seirbhísí U- spáis a sholáthraíonn soláthraithe seirbhísí U- spáis;

61 Tagraíonn 'Spás Digiteach Eorpach' d'fhís den Mháistirphlean Eorpach BAT, a fhéachann le bonneagar eitlíochta na hEorpa a chlaochlú chun a chur ar a chumas déileáil leis an bhfás agus an éagsúlacht aerthráchta amach anseo go sábháilte agus go héifeachtúil, agus an tionchar comhshaoil á laghdú ag an am céanna.

62 tagraíonn 'ailtireacht an Spáis Dhigitigh Eorpaigh' d'fhís an Mháistirphlean Eorpaigh BAT, a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar an ailtireacht neamhéifeachtúil aerspáis atá ann faoi láthair sa mheántéarma agus san fhadtéarma trí chumraíocht agus dearadh aerspáis a chur le chéile le teicneolaíochtaí chun an nasc idir soláthar seirbhísí agus bonneagar áitiúil a bhriseadh agus an leibhéal comhair agus tacaíocht uathoibrithe a mhéadú de réir a chéile.

(e) beartú tosaíochta agus pleanáil i leith iarrachtaí nuachóirithe BAT an Aontais a chomhordú, de réir próiseas faoi stiúir comhthola i measc páirtithe leasmhara BAT;

(f) forbairt caighdeán le haghaidh tionsclú réiteach SESAR a éascú.

*Airteagal 143*

*Cúraimí breise Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, déanfaidh Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair na rudaí seo a leanas:

(a) cúraimí chéim shainithe Thaighde BAT an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SESAR) a chomhordú[63], faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme thionscadal SESAR agus, i gcás inar gá, an Máistirphlean Eorpach BAT a leasú[64];

(b) na gnéithe taighde agus forbartha den Mháistirphlean Eorpach BAT a chur chun feidhme, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(i) obair chéim forbartha SESAR a eagrú agus a chomhordú, agus faireachán a dhéanamh uirthi, i gcomhréir leis an Máistirphlean Eorpach BAT, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta leibhéil réidhe teicneolaíochta (LRT) ísle (0 go 2);

(ii) réitigh SESAR a sholáthar, ar aschur inchurtha i bhfeidhm iad de chéim forbartha SESAR lena dtugtar isteach nósanna imeachta oibríochtúla idir- inoibritheacha caighdeánaithe nó teicneolaíochtaí nua nó feabhsaithe;

(iii) rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sibhialta agus míleata san earnáil eitlíochta a áirithiú, go háirithe: soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, úsáideoirí aerspáis, comhlachas foirne gairmiúla, aerfoirt, an tionscal monaraíochta agus na hinstitiúidí ábhartha eolaíochta agus an pobal eolaíochta;

(c) úsáid bhrostaithe a bhaint as réitigh SESAR sa mhargadh a éascú trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh;

(i) gníomhaíochtaí mórscála taisealbhaidh a eagrú agus a chomhordú;

(ii) dul i ndlúthchomhar le EASA chun go bhféadfaidh EASA bearta rialála a thagann faoi Bhun- Rialachán EASA[65] agus na rialacha ábhartha cur chun feidhme a fhorbairt go tráthúil;

---

63 Ciallaíonn céim shainithe SESAR an chéim lena mbunaítear agus lena nuashonraítear fís fhadtéarmach thionscadal SESAR, an coincheap gaolmhar oibríochtaí lena gcumasaítear feabhsuithe ag gach céim den eitilt, ar na hathruithe fíor- riachtanacha oibríochtúla is gá laistigh de EATMN agus ar na tosaíochtaí forbartha agus cur in úsáid is gá.

64 Arna fhormhuiniú ag Cinneadh 2009/320/CE ón gComhairle, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

65 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, Rialacháin (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus

(iii) tacú leis na gníomhaíochtaí gaolmhara caighdeánaithe, i ndlúthchomhar le comhlachtaí um chaighdeánú agus EASA, chomh maith leis an eintiteas a bhunaítear chun cúraimí na céime imlonnaithe SESAR a chomhordú[66] i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 409/2013 ón gCoimisiún[67].

*Airteagal 144*

*Comhaltaí*

1. Beidh na comhaltaí seo a leanas ag Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair:

   (a) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;

   (b) an Eagraíocht Eorpach um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta (EUROCONTROL), a mbeidh a Gníomhaireacht mar ionadaí di, ar fhógra a thabhairt maidir lena cinneadh aontú gan choinníoll do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair trí bhíthin litir ghealltanais;

   (c) na comhaltaí bunaidh a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, ar fhógra a thabhairt maidir lena gcinneadh aontú gan choinníoll do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair trí bhíthin litir ghealltanais;

   (d) na comhaltaí comhlachaithe atá le roghnú i gcomhréir le hAirteagal 7.

2. De mhaolú ar na forálacha in Airteagail 7(1) agus (2), féadfaidh an Bord Rialála, le linn na chéad 6 mhí i ndiaidh bhunú Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, comhaltaí comhlachaithe a roghnú ó liosta arna tharraingt suas i ndiaidh glao oscailte ar léiriú spéise a sheol an Coimisiún sular bunaíodh é.

3. Agus comhaltaí comhlachaithe á roghnú, féachfaidh an Bord Rialála leis an ionadaíocht chuí ar an slabhra luacha iomlán BAT a áirithiú agus, i gcás inar gá, roghnófar gníomhaithe ábhartha ó lasmuigh den earnáil. Féadfar aon eintiteas nó comhlacht poiblí nó príobháideach, lena n-áirítear iad siúd ó thríú tíortha a bhfuil comhaontú amháin ar a laghad tugtha i gcrích acu leis an Aontas i réimse an aeriompair, a roghnú mar chomhaltaí comhlachaithe le Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair.

*Airteagal 145*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

Suas le EUR 600 000 000, lena n-áirítear suas le EUR 30 000 000 le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Chlár Fís Eorpach le

(CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018)

[66] ciallaíonn 'céim imlonnaithe SESAR' na céimeanna leantacha den tionsclaíocht agus den chur chun feidhme, a ndéantar na gníomhaíochtaí seo a leanas lena linn: caighdeánú, táirgeadh agus deimhniú an trealaimh talún, an trealaimh a bhíonn ar bord agus na bpróiseas is gá chun réitigh SESAR (tionsclú) a chur chun feidhme; agus trealamh agus córais atá bunaithe ar réitigh SESAR a sholáthar, a shuiteáil, agus a chur i seirbhís, lena n-áirítear nósanna imeachta oibríochtúla gaolmhara (cur chun feidhme);

[67] IO L 123, 4.5.2013, lch. 1.

Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, leithreasú CSTE san áireamh, chun costais riaracháin agus costais oibriúcháin a chumhdach. Féadfar ranníocaíocht an Aontais a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.

*Airteagal 146*

*Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas*

1. Déanfaidh comhaltaí príobháideach Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair ranníocaíocht iomlán a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe nó déanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a ranníocaíochta iomláine le haghaidh EUR 500 000 000 ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 25 000 000 le haghaidh costais riaracháin sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Déanfaidh EUROCONTROL ranníocaíocht le costais oibriúcháin agus costais riaracháin Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair le haghaidh EUR 500 000 000 ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 25 000 000 le haghaidh costais riaracháin sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

3. Is é a bheidh sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 ranníocaíochtaí le Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair dá dtagraítear in Airteagal 11(1). Is é a bheidh sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 ranníocaíochtaí le Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair dá dtagraítear in Airteagal 11(5).

*Airteagal 147*

*Raon feidhme gníomhaíochtaí breise*

Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 11(1), féadfaidh sé go n-áireofar na rudaí seo a leanas le gníomhaíochtaí breise:

(a) gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear iomlán na coda de thionscadail Thaighde an Aerspáis Eorpaigh Aonair nach gcistíonn an tAontas a rannchuidíonn le clár oibre comhaontaithe an Chomhghnóthais a bhaint amach;

(b) gníomhaíochtaí tionsclaithe, lena n-áirítear caighdeánú, deimhniú agus táirgeadh, a bhaineann le Réitigh SESAR ó Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair nó an tionscnaimh roimhe sin, Comhghnóthas SESAR;

(c) gníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana a bhaineann le Réitigh SESAR ó Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair nó ón tionscnamh roimhe sin, Comhghnóthas SESAR;

(d) gníomhaíochtaí a áirithíonn comhchuibhiú domhanda BAT bunaithe ar Réitigh SESAR ó Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair nó ón tionscnamh roimhe sin, Comhghnóthas SESAR;

(e) cur in úsáid nó glacadh torthaí ó thionscadail faoi Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair nó faoin tionscnamh roimhe sin, Comhghnóthas SESAR, nach bhfuair aon chistiú ón Aontas.

*Airteagal 148*

*Comhlachtaí Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair*

Is iad comhlachtaí Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair:

(a) an Bord Rialála;

(b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(c) an Comhlacht Comhairleach Eolaíochta;

(d) Grúpa Ionadaithe na mBallstát.

*Airteagal 149*

*Comhdhéanamh an Bhoird Rialála*

Beidh an Bord Rialála comhdhéanta mar a leanas:

(a) beirt ionadaithe de chuid an Choimisiúin, thar ceann an Aontais;

(b) ionadaí amháin ó gach ceann de na comhaltaí seachas an tAontas.

*Airteagal 150*

*Feidhmiú an Bhoird Rialála*

1. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an mBord Rialála, thar ceann an Aontais.

2. Beidh na breathnóirí buana seo a leanas ag an mBord Rialála:

   (a) ionadaí ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint;

   (b) ionadaí ar úsáideoirí sibhialta aerspáis, arna ainmniú ag a n-eagraíocht ionadaíochta ar leibhéal na hEorpa;

   (c) ionadaí ar sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, arna ainmniú ag a n-eagraíocht ionadaíochta ar leibhéal na hEorpa;

   (d) ionadaí ar mhonaróirí trealaimh, arna ainmniú ag a n-eagraíocht ionadaíochta ar leibhéal na hEorpa;

   (e) ionadaí ar aerfoirt, arna ainmniú ag a n-eagraíocht ionadaíochta ar leibhéal na hEorpa;

   (f) ionadaí ó na comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar fhoirne san earnáil bhainistíochta aerthráchta, arna ainmniú ag a n-eagraíocht ionadaíochta ar leibhéal na hEorpa;

   (g) ionadaí ar na hinstitiúidí ábhartha eolaíochta nó ar an bpobal ábhartha eolaíochta, arna ainmniú ag a n-eagraíocht ionadaíochta ar leibhéal na hEorpa;

   (h) ionadaí ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa;

   (i) ionadaí ón eagraíocht Eorpach um chaighdeánú in earnáil na heitlíochta;

(j) ionadaí ar thionscal na n-aerfheithiclí gan foireann, arna ainmniú ag a n-eagraíocht ionadaíochta ar leibhéal na hEorpa;

3. Beidh líon na vótaí ag comhaltaí de Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair i gcomhréir lena rannchuidiú le buiséad an chomhghnóthais. Beidh 25 % ar a laghad de líon iomlán na vótaí ag an Aontas agus EUROCONTORL araon, áfach, agus beidh 10 % ar a laghad de líon iomlán na vótaí ag an ionadaí ar na húsáideoirí sibhialta aerspáis dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2.

4. Déanfar cinntí an Bhoird Rialála a ghlacadh trí thromlach simplí na vótaí a chaitear. I gcás ina mbeidh na vótaí roinnte go cothrom, ag an Aontas a bheidh an vóta réitigh.

5. Éileoidh cinntí a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Máistirphlean Eorpach BAT vótaí dearfacha ón Aontas agus EUROCONTROL. Cuirfidh cinntí den sórt sin san áireamh na tuairimí a chuireann gach breathnóir buan dá dtagraítear i mír 2 in iúl.

*Airteagal 151*

*Cúraimí breise an Bhoird Rialála*

Anuas ar na cúraimí a liostaítear in Airteagal 16, déanfaidh Bord Rialála Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair maoirsiú freisin ar sholáthair na ngnéithe taighde agus forbartha a shainaithnítear sa Mháistirphlean Eorpach BAT.

*Airteagal 152*

*Cúraimí breise an Stiúrthóra Feidhmiúcháin*

Anuas ar na cúraimí a liostaítear in Airteagal 18, déanfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair na cúraimí seo a leanas:

(a) forghníomhú na gcéimeanna sainithe agus forbartha de thionscadal SESAR a stiúradh laistigh de na treoirlínte arna mbunú ag an mBord Rialála;

(b) aon togra a chur faoi bhráid an Bhoird Rialála lena mbaineann athruithe ar dhearadh chéim forbartha thionscadal SESAR.

*Airteagal 153*

*An Coiste Eolaíochta*

1. Comhlacht comhairleach eolaíochta Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 19(1) a bheidh sa Choiste Eolaíochta.

2. Ní bheidh níos mó ná 15 chomhalta bhuana ar an gCoiste Eolaíochta.

3. Toghfar cathaoirleach an Choiste Eolaíochta ar feadh tréimhse 2 bhliain.

4. Féadfaidh an Coiste Eolaíochta comhairle a thabhairt arna iarraidh sin ag an mBord Rialála agus comhlachtaí eile de chuid Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, nó ar a thionscnamh féin, go háirithe ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta (LRT) ísle (0 go 2).

5. Rachaidh an Coiste Eolaíochta i gcomhar leis na comhlachtaí ábhartha comhairleacha arna mbunú le Fís Eorpach.

*Airteagal 154*

*Grúpa Ionadaithe na mBallstát*

1. Beirt ionadaithe ar a mhéad ar gach ballstát agus tír chomhlachaithe, lena n-áirítear ionadaithe ó na húdaráis náisiúnta atá i gceannas ar an eitlíocht agus i gceannas ar thaighde, a bheidh i nGrúpa Ionadaithe na mBallstát. Cuirfidh ionadaithe na mballstáit seasamh comhordaithe i láthair, ag cur san áireamh dóibh na tuairimí a nochtar sna doiciméad seo a leanas:

   (a) an Coiste um Aerspás Aonair, a bunaíodh le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68];

   (b) Coiste an Chláir faoi Fís Eorpach[69].

2. Tiocfaidh Grúpa Ionadaithe na mBallstát le chéile uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad.

*Airteagal 155*

*Gníomhartha cur chun feidhme chun seasamh an Aontais maidir le leasú a dhéanamh ar an Máistirphlean Eorpach BAT a bhunú*

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme d'fhonn seasamh an Aontais maidir le leasú a dhéanamh ar an Máistirphlean Eorpach BAT a bhunú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Déanfaidh an Coiste um Aerspás Aonair, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an Coiste um Aerspás Aonair ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[70].

*Airteagal 156*

*Deimhniú teicneolaíochtaí nua*

1. Féadfaidh iarratasóirí, tairbhithe nó an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a iarraidh ar Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) comhairle a thabhairt ar thionscadail aonair agus gníomhaíochtaí taisealbhaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le comhlíontacht sábháilteachta eitlíochta, idir-inoibritheacht agus caighdeáin chomhshaoil, le háirithiú go ndéanfaí caighdeáin ábhartha,

---

68 Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos creat chun aerspás Eorpach aonair a bhunú (an creat- Rialachán) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) – Ráiteas ó na ballstáit ar shaincheisteanna míleata a bhaineann leis an aerspás Eorpach aonair (IO L 96, 31.3.2004, lch. 1).

69 Cuir tagairt isteach nuair a ghlacfar leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach.

70 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún. IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

acmhainneacht tástála agus ceanglais rialála a fhorbairt go tráthúil le haghaidh forbairt táirgí agus cur in úsáid teicneolaíochtaí nua.

2. Beidh gníomhaíochtaí agus seirbhísí deimhniúcháin arna soláthar faoi réir forálacha a bhaineann le táillí agus muirir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[71].

*Airteagal 157*

*Comhaontú le EUROCONTROL*

Mar chomhalta bunaidh de Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair, leagfar ról agus rannchuidiú EUROCONTROL amach i gcomhaontú riaracháin idir an dá chomhpháirtí (Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus EUROCONTROL). Tabharfar tuairisc sa chomhaontú ar chúraimí, freagrachtaí agus rannchuidiú EUROCONTROL le gníomhaíochtaí Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair a mhéid a bhaineann leis seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus bailíochtaithe EUROCONTROL a eagrú i gcomhréir le clár oibre Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair;

(b) tacaíocht agus comhairle speisialaithe a sholáthar do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair arna iarraidh sin dó;

(c) tacaíocht agus comhairle a thabhairt maidir leis na forbairtí comónta do na córais BAT Eorpacha amach seo, go háirithe maidir le hailtireacht aerspáis na todhchaí;

(d) tacú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Réitigh SESAR i gcomhréir leis an Máistirphlean Eorpach BAT;

(e) caidreamh a chothú le ballstáit EUROCONTROL chun tacaíocht forleathan a áirithiú do chuspóirí beartais an Aontais agus torthaí gníomhaíochtaí taighde, bailíochtaithe agus taisealbhaidh i measc comhpháirtithe líonra uile-Eorpacha;

(f) tacaíocht a sholáthar do Bhainistíocht an Chláir;

(g) rannchuidiú le costais riaracháin Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus tacaíocht teicneolaíochta faisnéise, chumarsáide agus lóistíochta a sholáthar do Chomhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus EUROCONTROL).

---

[71] Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, Rialacháin (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32018R1139.

*Airteagal 158*

*Feidhmeanna cúloifige coitinne*

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 12 maidir le Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair.

# TEIDEAL IX

# AN COMHGHNÓTHAS UM LÍONRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ CLISTE

*Airteagal 159*

*Cuspóirí breise an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste*

1. Anuas ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5, beidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas ag an gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste freisin:

(a) ceannasacht teicneolaíochta na hEorpa maidir le líonraí agus seirbhísí cliste amach anseo a chothú trí láidreachtaí tionscail atá ann faoi láthair a neartú agus trí shíneadh a chur leis an raon feidhme ó nascacht 5G go dtí an slabhra luacha straitéiseach níos leithne, lena n-áirítear soláthar seirbhíse néalbhunaithe chomh maith le comhpháirteanna agus gairis;

(b) treochláir straitéiseacha a ailíniú le réimse níos leithne gníomhaithe tionscail, lena n-áirítear ní hamháin an tionscal teileachumarsáide, ach gníomhaithe ó réimsí Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an néil, chomh maith le comhpháirteanna agus gairis freisin;

(c) sármhaitheas teicneolaíochta agus eolaíochta na hEorpa a chur chun cinn chun tacú le ceannaireacht na hEorpa chun córais 6G a mhúnlú agus máistreacht a fháil orthu faoi 2030;

(d) cur in úsáid bonneagar digiteach agus glacadh réiteach digiteach a neartú i margaí na hEorpa agus go háirithe trí shásra comhordaithe straitéisigh a áirithiú do SCE2 Digiteach, chomh maith le sineirgí laistigh de SCE2, agus le CED agus InvestEU mar chuid de raon feidhme agus rialachas an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste;

(e) tionscadal soláthair líonraí agus seirbhísí cliste na hEorpa a ullmhú i gcomhair na ndeiseanna fadtéarmacha a thagann chun tosaigh mar thoradh ar fhorbairt margaí ingearacha do bhonneagair agus seirbhísí 5G, agus 6G ina dhiaidh sin, san Eoraip;

(f) an nuálaíocht dhigiteach a éascú, faoi 2030, agus riachtanais mhargaí na hEorpa agus ceanglais beartais phoiblí á gcomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais is déine ag margaí ingearacha, chomh maith le ceanglais shochaíocha i réimsí lena n-áirítear an tslándáil, an éifeachtúlacht fuinnimh agus réimsí leictreamaighnéadacha;

(g) tacú le líonraí agus seirbhísí cliste amach anseo a ailíniú le cuspóirí beartais an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip, Slándáil Líonra agus Faisnéise, eitic agus príobháideachas, chomh maith le hIdirlíon atá dírithe ar an duine agus inbhuanaithe.

2. Beidh na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste freisin:

(a) forbairt teicneolaíochtaí atá in ann ardriachtanais chumarsáide a chomhlíonadh a éascú agus tacú le sármhaitheas na hEorpa maidir le teicneolaíochtaí agus ailtireachtaí líonraí agus seirbhísí cliste agus an éabhlóid a thiocfaidh orthu i leith 6G ag an am céanna, lena n-áirítear seasaimh láidre Eorpacha ar

chaighdeáin, paitinní fíor-riachtanacha, agus sainaithint príomhcheanglas, amhail bandaí speictrim atá de dhíth le haghaidh teicneolaíochtaí ardlíonra cliste amach anseo;

(b) dlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí líonra atá tíosach ar fhuinneamh agus é mar aidhm ídiú fuinnimh agus acmhainní an bhonneagair fhoriomláin dhigitigh a laghdú go suntasach faoi 2030 agus ídiú fuinnimh príomhthionscal ingearach a laghdú le tacaíocht teicneolaíochta líonraí agus seirbhísí cliste;

(c) dlús a chur le forbairt agus cur in úsáid forleathan 5G san Eoraip faoi 2025, agus bonneagar 6G ina dhiaidh sin, go háirithe, trína áirithiú go ndéanfaí úsáid 5G a chomhordú agus go dtacófaí go straitéiseach léi le haghaidh Soghluaisteacht Nasctha agus Uathoibrithe feadh conairí trasteorann, ag baint úsáid as clár SCE2 Digiteach agus cláir eile úsáide faoi SCE2 Digiteach chomh maith le CED agus InvestEU;

(d) slabhra inbhuanaithe éagsúil soláthair agus luacha a chothú i gcomhréir leis an mbosca uirlisí Cibearshlándála 5G;

(e) seasamh thionscal an Aontais i slabhra luacha líonra agus seirbhísí cliste an domhain a neartú trí mhais chriticiúil gníomhaithe poiblí agus príobháideacha a chruthú, go háirithe trí rannchuidiú gníomhaithe bogearraí agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla a mhéadú, tionscnaimh náisiúnta a ghiaráil agus tacú le teacht chun cinn gníomhaithe nua;

(f) tacú le hailíniú le ceanglais eiticiúla agus slándála, iad a chuimsiú sna Cláir Oibre Straitéiseacha um Thaighde agus Nuálaíocht agus ionchur a sholáthar do phróiseas reachtach an Aontais de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 160*

*Cúraimí breise an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste*

Anuas ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 5, déanfaidh an Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) cur le cláir oibre clár eile de chuid an Aontais, amhail SCE2 Digiteach, CED agus InvestEU atá ag cur gníomhaíochtaí chun feidhme i réimse na líonraí agus seirbhísí cliste;

(b) tionscnaimh phíolótacha agus cur in úsáid an Aontais i réimse na líonraí agus seirbhísí cliste a chomhordú, amhail conairí 5G uile-Eorpacha le haghaidh soghluaisteacht nasctha agus uathoibrithe faoi SCE2 Digiteach, i gcomhar leis an gCoimisiún agus comhlachtaí ábhartha inniúla cistithe;

(c) sineirgí a chur chun cinn i measc trialacha, cláir phíolótacha agus gníomhaíochtaí cur in úsáid ábhartha arna gcistiú ag an Aontas i réimse na líonraí agus seirbhísí cliste, amhail iad siúd a chistítear faoi SCE2 Digiteach, CED agus InvestEU, agus scaipeadh agus giaráil an eolais agus an tsaineolais a bhailítear i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú;

(d) na cláir straitéiseacha cur in úsáid maidir le conairí 5G uile-Eorpacha le haghaidh soghluaisteacht nasctha agus uathoibrithe a fhorbairt agus a chomhordú le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. Doiciméid chlársceidealaithe lena gcumhdaítear fad SCE2 Digiteach agus lena sainítear fís choiteann maidir le forbairt éiceachóras

5G-chumasaithe agus na ceanglais líonra agus seirbhísí atá mar bhonn taca fúthu, agus lena sainaithnítear cuspóirí agus treochláir cur in úsáid chomh maith le samhlacha féideartha comhair, a bheidh sna cláir sin.

*Airteagal 161*

*Comhaltaí*

Beidh na comhaltaí seo a leanas ag an gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste:

(a) an tAontas, a mbeidh an Coimisiún mar ionadaí dó;

(b) an Comhlachas Bonneagair 5G, ar fhógra a thabhairt maidir lena chinneadh aontú gan choinníoll don Chomhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste trí bhíthin litir ghealltanais.

*Airteagal 162*

*Ranníocaíocht airgeadais an Aontais*

Suas le EUR 900 000 000, lena n-áirítear suas le EUR 13 929 000 le haghaidh costais riaracháin, a bheidh i ranníocaíocht airgeadais an Aontais ó Chlár Fís Eorpach leis an gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste, leithreasú CSTE san áireamh, chun costais riaracháin agus costais oibriúcháin a chumhdach. Féadfar ranníocaíocht an Aontais a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha má bhíonn na ranníocaíochtaí sin ar fáil.

*Airteagal 163*

*Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas*

1. Déanfaidh comhaltaí an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste seachas an tAontas ranníocaíocht iomlán a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe nó déanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a ranníocaíochta iomláine le haghaidh EUR 900 000 000 ar a laghad sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Déanfaidh comhaltaí an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste seachas an tAontas ranníocaíocht bhliantúil a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe nó déanfaidh siad comhshocrú do dhéanamh a ranníocaíochta bliantúla le haghaidh 20 % ar a laghad de na costais fhoriomlána riaracháin le costas riaracháin an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste. Féachfaidh siad le líon a gcomheintiteas nó a n-eintiteas cleamhnaithe a mhéadú chun a ranníocaíocht a uasmhéadú do 50 % de chostais riaracháin an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste le linn a shaolré, agus aird chuí á tabhairt ar chomheintitis ar fiontair bheaga nó mheánmhéide iad.

3. Cuimseofar sna ranníocaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo na ranníocaíochtaí leis an gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste dá dtagraítear in Airteagal 11(1).

*Airteagal 164*

*Raon feidhme gníomhaíochtaí breise*

Chun críche phointe (b) d'Airteagal 11(1), féadfaidh sé go n-áireofar na rudaí seo a leanas le gníomhaíochtaí breise:

(a) seachghníomhaíochtaí taighde agus forbartha;

(b) rannchuidithe le caighdeánú;

(c) rannchuidithe le próisis rialála;

(d) gníomhaíochtaí a mhaoinítear ag iasachtaí de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus nach gcistítear faoi dheontas ón Aontas;

(e) rannchuidithe le gníomhaíochtaí an Chomhlachais Bonneagair 5G agus aon ghrúpa nó comhlachas eile páirtithe leasmhara i réimse an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste, nach gcistítear faoi dheontas ón Aontas;

(f) gníomhaíochtaí chun an t-éiceachóras a fhorbairt, lena n-áirítear comhar a fhorbairt le tionscail ingearacha;

(g) gníomhaíochtaí scaipthe torthaí ar fud an domhain chun teacht ar chomhréiteach maidir le teicneolaíochtaí a dtacaítear leo mar ullmhúchán le haghaidh caighdeáin amach anseo;

(h) trialacha, taispeántais, cláir phíolótacha, cur ar an margadh, luathchur in úsáid teicneolaíochtaí;

(i) comhar idirnáisiúnta nach gcistítear faoi dheontas ón Aontas;

(j) gníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhú tionscadail taighde agus nuálaíochta a chistíonn comhlachtaí príobháideacha nó comhlachtaí poiblí seachas an tAontas, nó le bheith rannpháirteach iontu.

*Airteagal 165*

*Comhlachtaí an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste*

Is iad comhlachtaí an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste:

(a) an Bord Rialála;

(b) an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;

(c) Grúpa Ionadaithe na mBallstát;

(d) an Grúpa Páirtithe Leasmhara.

*Airteagal 166*

*Comhdhéanamh an Bhoird Rialála*

1. Beidh na comhaltaí seo a leanas ar an mBord Rialála:

(a) beirt ionadaithe de chuid an Choimisiúin, thar ceann an Aontais;

(b) cúigear ionadaithe ón gComhlachas Bonneagair 5G.

2. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 40, nochtfaidh ionadaithe na gcomhaltaí príobháideacha láithreach don Bhord Rialála a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí gairmiúla le heintitis nach bhfuil bunaithe san Aontas, nó le heintitis nach bhfuil faoi rialú daoine dlítheanacha nó eintiteas atá bunaithe san Aontas. I gcás den sórt sin, féadfaidh ionadaithe ón Aontas a chinneadh a iarraidh ar an gcomhalta lena mbaineann ionadaí eile a cheapadh.

*Airteagal 167*

*Feidhmiú an Bhoird Rialála*

Beidh 50 % de na cearta vótála ag comhaltaí an Chomhlachais Bonneagair 5G i dteannta a chéile.

*Airteagal 168*

*Cúraimí breise an Bhoird Rialála*

1. Anuas ar na cúraimí a liostaítear in Airteagal 16, déanfaidh Bord Rialála an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste na cúraimí seo a leanas freisin:

(a) cláir straitéiseacha cur in úsáid a ghlacadh agus, más iomchuí, iad a leasú le linn fhad an chláir SCE2 Digiteach;

(b) a áirithiú go gcuirfear reachtaíocht chibearshlándála an Aontais agus treoraíocht chomhordaithe na mBallstát atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo san áireamh i ngach gníomhaíocht den Chomhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste;

(c) sineirgí agus comhlántachtaí a chur chun cinn idir earnálacha digiteacha, iompair agus fuinnimh SCE2 trí réimsí idirghabhála a shainaithint agus rannchuidiú leis na cláir oibre, chomh maith le sineirgí agus comhlántachtaí le cláir ábhartha eile an Aontais.

2. Déanfaidh ionadaithe chomhaltaí an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste tuairim Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát (más ann di) a mheas, sula gcaitear vóta sa Bhord Rialála.

*Airteagal 169*

*Grúpa Ionadaithe na mBallstát*

Beidh Grúpa Ionadaithe na mBallstát comhdhéanta d'aon phríomhionadaí amháin ó gach ballstát agus ó gach tír chomhlachaithe agus, i gcás inarb ábhartha, d'aon ionadaí malartach amháin ó gach stát chun saincheisteanna straitéiseacha foriomlána chomh maith le gach gníomhaíocht ábhartha den Chomhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste a chumhdach i gcomhpháirt, go háirithe:

(a) ábhair thaighde agus nuálaíochta a bhaineann le Fís Eorpach; agus

(b) na gníomhaíochtaí cur in úsáid a bhaineann le cláir eile de chuid an Aontais, go háirithe SCE2 Digiteach, agus gníomhaíochtaí faoi CEP agus InvestEU freisin atá i raon feidhme an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste.

*Airteagal 170*

*Slándáil*

1. I gcás go measfaí ábhartha é, féadfaidh an Bord Rialála a shainordú go n-áiritheoidh gníomhaíocht arna chistiú ag an gComhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste go leanfaidh eilimintí líonra a úsáidtear le haghaidh tástáil mhórscála nó píolótú measúnuithe grinnscrúdaithe slándála. Léireoidh na measúnuithe reachtaíocht agus beartais chibearshlándála an Aontais, chomh maith le treoraíocht chomhordaithe na mBallstáit atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

2. I gcás go n-iarrfadh an Coimisiún amhlaidh, beidh an incháilitheacht le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sonracha srianta i gcomhréir le forálacha an Rialacháin maidir le Fís Eorpach.

3. I ndáil lena chúram dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 160, molfaidh an Bord Rialála go gcuirfeadh comhlachtaí cistiúcháin eile míreanna 1 agus 2 i bhfeidhm ar a ngníomhaíochtaí *mutatis mutandis*, i gcás ina measfaidh sé gur iomchuí.

# CUID A TRÍ

# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 171*

*Faireachán agus meastóireacht*

1. Beidh gníomhaíochtaí na gcomhghnóthas faoi réir faireachán leanúnach agus athbhreithnithe tréimhsiúla i gcomhréir lena gcuid rialacha airgeadais, d'fhonn an tionchar is mó, sármhaitheas san eolaíocht agus an úsáid is éifeachtúla as acmhainní a áirithiú. Cuirfear torthaí an fhaireacháin agus na n-athbhreithnithe tréimhsiúla leis an bhfaireachán ar chomhpháirtíochtaí Eorpacha agus na meastóireachtaí ar na Comhghnóthais mar chuid de na meastóireachtaí in Fís Eorpach.

2. Ba cheart do na comhghnóthais faireachán leanúnach a eagrú ar a ngníomhaíochtaí bainistíochta agus athbhreithnithe tréimhsiúla ar aschuir, torthaí agus tionchair a dtionscadal a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le [hAirteagal 45] agus [Iarscríbhinn III] den Rialachán maidir le Fís Eorpach. Áireofar ar an bhfaireachán sin:

   (a) táscairí faoi cheangal ama chun críche tuairisciú ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn ar a ngníomhaíochtaí i dtreo bhaint amach na gcuspóirí, chomh maith le conairí tionchair a leagtar amach in [Iarscríbhinn V] den Rialachán maidir le Fís Eorpach.

   (b) faisnéis ar an leibhéal príomhshruthaithe eolaíochtaí sóisialta agus daonnachtaí, an cóimheas idir Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta ísle agus arda i dtaighde comhoibritheach, an dul chun cinn ar rannpháirtíocht tíortha a leathnú, comhdhéanamh geografach cuibhreannas i dtionscadail chomhoibritheacha, úsáid nós imeachta aighneachta agus meastóireachta dhá chéim, na bearta atá dírithe ar naisc chomhoibritheacha a éascú i dtaighde agus nuálaíocht na hEorpa, úsáid an athbhreithnithe meastóireachta agus líon agus cineálacha na ngearán, an leibhéal príomhshruthaithe aeráide agus caiteachas gaolmhar, rannpháirtíocht FBM, rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, rannpháirtíocht inscne i ngníomhaíochtaí cistithe, painéil mheastóireachta, boird agus grúpaí comhairleacha, an ráta comhchistithe, an cistiú comhlántach agus carnach ó chistí eile de chuid an Aontais, an méid ama a thógann sé deontas a thabhairt, an leibhéal comhair idirnáisiúnta, rannpháirtíocht saoránach agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta;

   (c) na leibhéil caiteachais dí-chomhiomlánaithe ar leibhéal tionscadail chun go bhféadfar anailís shonrach a dhéanamh, lena n-áirítear in aghaidh an réimse idirghabhála;

   (d) an leibhéal ró-shuibscríofa, go háirithe líon na dtograí agus maidir le gach glao ar thograí, an méanscór, sciar na dtogra os cionn na dteorann cáilíochta agus faoina mbun.

3. Cuirfear meastóireachtaí ar oibríochtaí na gcomhghnóthas i gcrích go tráthúil chun fónamh do na meastóireachtaí eatramhacha agus deiridh foriomlána in Fís Eorpach agus don phróiseas cinnteoireachta gaolmhar maidir le Fís Eorpach, a chomharba agus tionscnaimh eile atá ábhartha do thaighde agus nuálaíocht, dá dtagraítear in [Airteagal 47] den Rialachán maidir le Fís Eorpach.

4. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach agus deiridh ar gach Comhghnóthas chun fónamh do mheastóireachtaí Fís Eorpach, mar a shonraítear in [Airteagal 47] den Rialachán maidir le Fís Eorpach. Déanfar scrúdú sna meastóireachtaí ar conas a chomhlíonann gach comhghnóthas a mhisean agus a chuspóirí, cumhdófar gach gníomhaíocht den chomhghnóthas agus déanfar meastóireacht ar bhreisluach Eorpach, éifeachtacht, éifeachtúlacht an chomhghnóthais lena mbaineann, lena n-áirítear a oscailteacht agus a thrédhearcacht, ar ábharthacht na ngníomhaíochtaí a shaothraítear agus a gcomhleanúnachas agus a gcomhlántachtaí le beartais ábhartha réigiúnacha, náisiúnta agus de chuid an Aontais, lena n-áirítear sineirgí le codanna eile de Fís Eorpach, amhail misin, braislí nó cláir théamacha nó shonracha. Cuirfear san áireamh sna meastóireachtaí tuairimí na bpáirtithe leasmhara, ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal náisiúnta araon, agus i gcás inarb ábhartha, cuirfear san áireamh iontu freisin measúnú ar tionchair fhadtéarmacha eolaíochta, shochaíocha, eacnamaíocha agus teicneolaíochtaí na dtionscnamh dá dtagraítear i míreanna (3) go (9) d'Airteagal 174. Áireofar leis na meastóireachtaí freisin, i gcás inarb ábhartha, measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghníomh sa todhchaí, chomh maith le hábharthacht agus comhleanúnachas aon athnuachana a fhéadfar a dhéanamh ar gach comhghnóthas faoi seach i bhfianaise na dtosaíochtaí beartais foriomlána agus an tírdhreach tacaíochta taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear a shuíomh i gcomparáid le tionscnaimh eile a dtacaítear leo tríd an gCreatchlár, go háirithe comhpháirtíochtaí nó misin Eorpacha. Tabharfar aird chuí sna meastóireachtaí ar an bplean céimnithe amach arna ghlacadh ag an mBord Rialála i gcomhréir le hAirteagal 16(2)(y) freisin.

5. Ar bhonn chonclúidí na meastóireachta eatramhaí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 11(7) nó féadfaidh sé aon ghníomh eile iomchuí a ghlacadh.

6. Féadfaidh an Coimisiún meastóireachtaí breise a dhéanamh ar théamaí nó ar thopaicí atá ábhartha go straitéiseach, le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha seachtracha arna roghnú ar bhonn próiseas trédhearcach, chun scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinne comhghnóthas i dtreo na gcuspóirí a leagadh síos, agus na tosca a rannchuidíonn le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a shainaithint agus dea-chleachtais a shainaithint freisin. Ach na meastóireachtaí breise sin a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún a mhachnamh iomlán ar thionchar an chomhghnóthais lena mbaineann.

7. Déanfaidh comhghnóthais athbhreithnithe tréimhsiúla ar a gcuid gníomhaíochtaí mar bhonn dá meastóireachtaí eatramhacha agus deiridh mar chuid de na meastóireachtaí in Fís Eorpach dá dtagraítear in [Airteagal 47] den Rialachán maidir le Fís Eorpach.

8. Cuirfear na hathbhreithnithe tréimhsiúla agus na meastóireachtaí san áireamh i bhfoirceannadh, céimniú amach nó athnuachan féideartha an chomhghnóthais dá dtagraítear in Airteagal 43, i gcomhréir le [hIarscríbhinn III] den Rialachán maidir le Fís Eorpach. Laistigh de 6 mhí ó fhoirceannadh comhghnóthais, ach tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis an nós imeachta foirceanta dá dtagraítear in Airteagal 43 a thruicearú, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht deiridh i gcrích maidir leis an gcomhghnóthas sin i gcomhréir leis an meastóireacht deiridh in Fís Eorpach.

9. Déanfaidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí ar na comhghnóthais, ina n-áireofar conclúidí na meastóireachta agus breathnóireachtaí an Choimisiúin, a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus

Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún mar chuid de na meastóireachtaí in Fís Eorpach dá dtagraítear in [Airteagal 47] den Rialachán maidir le Fís Eorpach.

*Airteagal 172*

*Tacaíocht ón stát óstach*

Féadfar comhaontú riaracháin a thabhairt i gcrích idir comhghnóthas agus an stát ina bhfuil a shuíochán lonnaithe maidir le pribhléidí agus díolúintí agus tacaíocht eile a chuirfidh an ballstát sin ar fáil don chomhghnóthas lena mbaineann.

*Airteagal 173*

*Gníomhaíochtaí tosaigh*

1. Beidh an Coimisiún freagrach as bunú agus oibriú tosaigh Chomhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 agus an Chomhghnóthais um Líonraí agus Seirbhísí Cliste go dtí go mbeidh an acmhainn oibríochtúil acu a mbuiséad féin a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún gach gníomhaíocht is gá i gcomhar leis na comhaltaí eile agus le rannpháirtíocht comhlachtaí inniúla na gcomhghnóthas sin.

2. Chun críche mhír 1:

   (a) go dtí go rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun dualgas tar éis don Bhord Rialála é nó í a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 17(1), féadfaidh an Coimisiún oifigeach ón gCoimisiún a ainmniú le gníomhú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach agus na dualgais a shanntar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin a fheidhmiú;

   (b) de mhaolú ó mhír (h) d’Airteagal 16(2), feidhmeoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin i leith aon phost foirne is gá a líonadh sula rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun dualgas i gcomhréir le hAirteagal 17(1).

   (c) féadfaidh an Coimisiún líon teoranta dá chuid oifigeach a shannadh ar bhonn eatramhach.

3. Féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach nó na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin eatramhacha gach íocaíocht arna gcumhdach ag na leithreasuithe dá bhforáiltear i mbuiséad bliantúil na gComhghnóthas dá dtagraítear i mír 1 a údarú i ndiaidh go bhformheasfaidh an Bord Rialála iad agus féadfaidh sé nó siad comhaontuithe, cinntí agus conarthaí, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta foirne, a thabhairt i gcrích, i ndiaidh go nglacfar plean bunaithe foirne na gcomhghnóthas sin.

4. Féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach, le comhaontú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin isteach agus faoi réir cheadú an Bhoird Rialála, an dáta a mheasfar a mbeidh sé d’inniúlacht ag an gcomhghnóthas lena mbaineann a bhuiséad féin a chur chun feidhme a chinneadh. Ón dáta sin, staonfaidh an Coimisiún ó ghealltanais agus íocaíochtaí a dhéanamh i leith ghníomhaíochtaí an chomhghnóthais sin.

*Airteagal 174*

*Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha*

1. Déantar Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle[72], Rialachán (AE) Uimh. 558/2014[73], Rialachán (AE) Uimh. 559/2014[74], Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle[75], Rialachán (CE) Uimh. 219/2007[76], Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle[77] agus Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle[78] a aisghairm.

2. Leanfaidh gníomhaíochtaí arna dtionscnamh nó arna leanúint faoi na Rialacháin dá dtagraítear i mír 1 agus na hoibleagáidí airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí den sórt sin de bheith faoi rialú na Rialachán sin go dtí go mbeidh siad tugtha chun críche.

3. Is é an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe a bheidh mar chomharba dlíthiúil agus uilíoch i leith gach conartha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta agus comhaontuithe deontais, dliteanais agus maoin fhaighte an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle, agus gabhfaidh sé a ionad agus tiocfaidh sé i gcomharbas air.

4. Is é an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan a bheidh mar chomharba dlíthiúil agus uilíoch i leith gach conartha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta agus comhaontuithe deontais, dliteanais agus maoin fhaighte Chomhghnóthas Spéire Glaine 2 a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 558/2014 ón gComhairle, agus gabhfaidh sé a ionad agus tiocfaidh sé i gcomharbas air.

5. Is é an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan a bheidh mar chomharba dlíthiúil agus uilíoch i leith gach conartha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta agus comhaontuithe deontais, dliteanais agus maoin fhaighte an Chomhghnóthais um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 ón gComhairle, agus gabhfaidh sé a ionad agus tiocfaidh sé i gcomharbas air.

6. Is é an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa a bheidh mar chomharba dlíthiúil agus uilíoch i leith gach conartha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta agus comhaontuithe deontais, dliteanais agus maoin fhaighte Chomhghnóthas Shift2Rail a bhunaítear le

[72] Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle an 6 Meitheamh 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 169, 7.6.2014, lch. 130).

[73] Rialachán (AE) Uimh. 558/2014 ón gComhairle an 6 Meitheamh 2014 lena mbunaítear Comhghnóthas Spéire Glaine 2 Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 169, 7.6.2014, lch. 77).

[74] Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 ón gComhairle an 6 Meitheamh 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 169, 7.6.2014, lch. 108).

[75] Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle an 6 Meitheamh 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch 2 a chur chun feidhme Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 169, 5.6.2014, lch. 54).

[76] Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle an 27 Feabhra 2007 maidir le Comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (SESAR) a fhorbairt (IO L 64, 2.3.2007, lch. 1).

[77] Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle an 6 Meitheamh 2014 lena mbunaítear Comhghnóthas ECSEL atá ábhartha maidir le LEE (IO L 169, 7.6.2014, lch. 152).

[78] Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas Shift2Rail (IO L 177, 17.6.2014, lch. 9).

Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle, agus gabhfaidh sé a ionad agus tiocfaidh sé i gcomharbas air.

7. Is é Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach a bheidh mar chomharba dlíthiúil agus uilíoch i leith gach conartha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta agus comhaontuithe deontais, dliteanais agus maoin fhaighte an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálach 2 a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle, agus gabhfaidh sé a ionad agus tiocfaidh sé i gcomharbas air.

8. Is é an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (KDT) a bheidh mar chomharba dlíthiúil agus uilíoch i leith gach conartha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta agus comhaontuithe deontais, dliteanais agus maoin fhaighte Chomhghnóthas ECSEL a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle, agus gabhfaidh sé a ionad agus tiocfaidh sé i gcomharbas air.

9. Is é Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair a bheidh ina chomharba dlíthiúil agus uilíoch i leith gach conartha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta agus comhaontuithe deontais, dliteanais agus maoin fhaighte Chomhghnóthas SESAR a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle, agus gabhfaidh sé a ionad agus tiocfaidh sé i gcomharbas air.

10. Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chearta agus d'oibleagáidí na foirne atá fostaithe faoi na Rialacháin dá dtagraítear i mír 1.

11. Ar feadh a dtéarma oifige atá fágtha, sannfar na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin arna gceapadh faoi na Rialacháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo d'fheidhmeanna an Stiúrthóra Feidhmiúcháin dá bhforáiltear sa Rialachán seo le héifeacht ó [dháta Airteagal 175]. Ní thiocfaidh aon athrú ar choinníollacha eile an chonartha.

12. Ina chéad chruinniú, glacfaidh Bord Rialála gach comhghnóthais liosta cinntí a ghlac Bord Rialála na gcomhghnóthas roimhe seo dá dtagraítear i míreanna 3 go 9 a mbeidh feidhm leo fós maidir leis an gcomhghnóthas lena mbaineann a bhunaítear faoin Rialachán seo.

13. Cuimseofar sna meastóireachtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 171(2) meastóireacht deiridh ar na comhghnóthais roimhe seo dá dtagraítear i míreanna 3 go 9 den Airteagal seo.

14. Déanfar aon leithreasuithe nár úsáideadh faoi na rialachán dá dtagraítear i mír 1 a aistriú chuig an gcomhghnóthas comhfhreagrach arna bhunú faoin Rialachán seo. Úsáidfear aon leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí nár úsáideadh arna n-aistriú amhlaidh ar dtús chun tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghníomhaíochtaí indíreacha arna dtionscnamh faoi Fís 2020. Féadfar aon leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí atá fágtha a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí indíreacha arna dtionscnamh faoin rialachán seo. I gcás ina n-úsáidfí leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí den sórt sin le haghaidh gníomhaíochtaí indíreacha arna dtionscnamh faoin rialachán seo, bainfear iad den ranníocaíocht airgeadais atá le soláthar ag an Aontas don chomhghnóthas faoi seach faoin rialachán seo.

*Airteagal 175*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. Cineál an togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistithe agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH – EORAIP CHIORCLACH BHITHBUNAITHE**

## 6. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 6.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe |

### 6.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)*

| |
|---|
| Fís Eorpach, Córais chiorclacha bhithbhunaithe, Braisle 6 |

### 6.3. Baineann an togra/tionscnamh le

☒ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[79]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 6.4. Forais an togra/tionscnaimh

*6.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

Is é is cuspóir don tionscnamh seo rannchuidithe suntasacha le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a dhéanamh agus an bealach i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 a réiteach, chomh maith le hinbhuanaitheacht agus ciorclaíocht mhéadaithe na gcóras táirgthe agus ídithe, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

Bainfear seo amach trí bhíthin na rudaí seo a leanas:

a) Inniúlachtaí eolaíochta an Aontais a neartú chun bagairtí atá ag teacht chun cinn agus dúshláin sa todhchaí a láimhseáil i Limistéar Eorpach Taighde atreisithe;

b) Ceannaireacht atá á stiúradh ag an inbhuanaitheacht ar shlabhraí luacha an Aontais agus uathriail straitéiseach an Aontais a bhaint amach in eochairtheicneolaíochtaí agus tionscail; agus

c) Feabhas a chur ar an nglacadh a bheidh le réitigh nuálacha ina ngabhfar i ngleic le dúshláin aeráide, chomhshaoil, sláinte agus le dúshláin dhomhanda sochaíocha eile i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas in 2050.

Táthar ag súil go dtosóidh an tionscnamh ag feidhmiú sa dara nó sa tríú ráithe de 2021 (ag brath ar dháta glactha an bhunghnímh aonair ag an gComhairle). Tá na Comhghnóthais curtha ar bun le feidhmiú go dtí an 31 Nollaig 2027, agus seolfaí a nglaonna deiridh faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí. I gcomhréir leis na critéir maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha in Iarscríbhinn III den Rialachán maidir le Fís Eorpach, déantar foráil shonrach sa Bhunghníomh Aonair dá meastóireacht, dá gcéimniú amach agus dá n-athnuachan. Áirítear leis sin oibleagáid ar an mBord Rialála plean a chur isteach le haghaidh chéimniú amach an Chomhghnóthais ó

[79] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

chistiú Fís Eorpach agus measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghníomhaíocht amach anseo mar chuid d'athbhreithnithe tréimhsiúla agus meastóireachtaí.

6.4.2. *Breisluach rannpháirtíocht an Aontais*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa (*ex- ante*):

Tá na fadhbanna a dtéann réimse an tionscnaimh i ngleic leo de chineál agus de mhéid a fhágann go mbeidh gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais níos oiriúnaí ná a dtionscnamh féin á bhforbairt ag na Ballstáit aonair. Leis sin, beifear in ann iarrachtaí níos comhleanúnaí agus níos comhordaithe a dhéanamh, agus an dúbailt a sheachaint.

Thacaigh tromlach mór na bhfreagróirí ar an gcomhairliúchán poiblí ar líne maidir le tionscnamh molta ECB (Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe) le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais sa réimse seo.

Ina theannta sin, ní thugtar aghaidh leordhóthanach ar an leibhéal náisiúnta ar fhormhór na mbacainní agus na ndúshlán fadtéarmach roimh fhorbairt bhreise na hearnála bithbhunaithe ach fágtar faoi chúram reachtaíochta ar leibhéal an Aontais iad. Ar an samplaí, tá idir sholáthar bithmhaise inbhuanaithe agus tarraingt mhargaidh trí bhíthin spriocanna, caighdeánú táirgí agus scéimeanna soláthair phoiblí ghlais.

An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (*ex- post*):

Breisluach soiléir don Aontas a bhaineann leis an tionscnamh beartaithe ECB is ea a phríomhról cumasaithe maidir le Straitéis Bhithgheilleagair agus Plean Gníomhaíochta nuashonraithe an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme. Is gá cur chuige comhleanúnach ar fud an Aontais Eorpaigh a bheith ann freisin d'fhonn a áirithiú go mbainfí an chothromaíocht cheart amach idir cuspóirí fáis (iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa) agus cuspóirí inbhuanaitheachta (sóisialta agus comhshaoil).

Dírítear a thuilleadh ar na saincheisteanna sin sa doiciméad Measúnaithe Tionchair atá i gceangal leis an togra seo.

6.4.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ar cheann de ghnéithe uathúla thionscnamh Chomhghnóthas BBI tá go gcothófaí comhar níos dlúithe idir pobal na heolaíochta agus an tionscal, go rachfaí suas scála an Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta (LRT) agus leis sin, go gcumasófaí aistriú níos tapa i dtreo na nuálaíochta a luaitear sa Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde 2017. Léirítear slógadh phobal na heolaíochta leis an leibhéal rannpháirtíochta 28.4 % i measc ollscoileanna agus lárionaid taighde i dtionscadail Chomhghnóthas BBI. Deimhnítear é tuilleadh ag an suirbhé bliantúil a dhírítear ar chomhordaitheoirí tionscadal Chomhghnóthas BBI: de réir thuarascálacha na dtionscadal, 80 % díobh a rannchuidíonn le táirgeadh eolais, 79 % díobh a rannchuidíonn leis an gcomhar idir domhan na hacadúlachta agus an tionscal a mhéadú, agus rannchuidíonn breis agus leath díobh le líonraí an phobail eolaíochta a thógáil agus le haistriú na teicneolaíochta. Maidir le slógadh an phobail FBM, bhí an- rath ar Chomhghnóthas BBI, agus 41 % de thairbhithe thionscadail Chomhghnóthas BBI ina FBManna, agus

35 % den chistiú tiomanta do FBManna. Léirítear leis sin leibhéal i bhfad níos airde i gcomparáid leis an sprioc 20 % do Fís 2020.

Tá an tionchar comhshaoil a mheastar a bheidh ag na tionscadail seachas na tionscadail shuaitheanta an- mhór mar gheall go dtuairiscíonn dhá thrian díobh go dtáirgeann siad táirgí bithbhunaithe ar astaíochtaí níos lú GCT. Tá níos mó ná an leathchuid díobh ag súil go rannchuideoidh siad le laghdú, athúsáid, tarrtháil nó athchúrsáil dramhaíola agus go laghdófar a n-ídiú fuinnimh. Ar deireadh, tuairiscíonn 40 % de na tionscadail go bhfuil siad ag súil le feabhas a chur ar an úsáid talún agus tuairiscíonn seacht dtionscadal go bhfuil tionchar dearfach acu ar an mbithéagsúlacht, e.g. trí bhíthin cleachtas inbhuanaithe saothraithe bithmhaise agrafhoraoiseachta a fhorbairt.

Céard iad na príomhréimsí le feabhas a chur orthu agus na dúshláin nach bhfuil aghaidh tugtha orthu?

Tá roinnt saincheisteanna tagtha chun cinn agus foghlaimíodh neart ceachtanna, áfach, le linn Chomhghnóthas BBI a chur i bhfeidhm, nach mór a cur san áireamh agus tionscnamh nua á chur ar bun sa réimse.

Réimsí le feabhas a chur orthu / dúshláin le sárú:

• Is gá sineirgí níos fearr le forbairtí náisiúnta agus réigiúnacha a bheith ann chun idirnascairí a fhorbairt idir príomhtháirgeoirí, na húdaráis réigiúnacha agus gléasra bithscaglainne, chomh maith le hoibreoirí príobháideacha amhail úinéirí branda, agus an gá le ciorclaíocht agus digitiú níos fearr agus comhar idirearnála, chomh maith le rannpháirtíocht fheabhsaithe ghníomhaithe AE- 13, agus comhtháthú críoch is gá a athfhuinnmhiú, á gcur san áireamh.

• Ba cheart do na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha a bheith ar an eolas faoi acmhainneacht eacnamaíoch agus chomhshaoil na réiteach bithbhunaithe agus ba cheart tacú leo maidir le cur in úsáid na réiteach bithbhunaithe, agus ba cheart malartú feabhsaithe dea- chleachtais a chur i bhfeidhm.

• Ba cheart do chlársceidealú an tionscnaimh leas an phobail a chur san áireamh, rud atá criticiúil go háirithe maidir le tionchar fadtéarmach, agus an riosca gabhála tionscail a sheachaint, agus cásanna a shásódh an dá thaobh maidir le comhar idirnáisiúnta á meas.

• Ag an gcéim seo de thionscnamh Chomhghnóthas BBI atá i bhfeidhm faoi láthair, maidir le formhór na n-eochairtháscairí feidhmíochta BBI- shonracha, meastar go sáróidh tionscadail Chomhghnóthas BBI spriocanna na n-eochairtháscairí feidhmíochta a leagtar amach do 2020. Ar thaobh amháin, léirítear leis sin gur rannchuidigh Comhghnóthas BBI le héabhlóid shistéamach na hearnála maidir leis an mbearna idir nuálaíocht agus an margadh a laghdú. Ar an taobh eile, tugtar leid leis freisin go bhféadfadh sé nach ndearnadh measúnú cruinn ar na heochairtháscairí feidhmíochta roimh ré, nó nach raibh siad uaillmhianach go leor.

• Is gá feabhas a chur ar a laghad a dhírítear ar chaomhnú agus feabhsú na bithéagsúlachta mar chuid de na slabhraí luacha bithmhaise a shaothraítear.

• Ní dhearna comhpháirtí príobháideach Chomhghnóthas BBI, ING, bearta leantacha ar a ghealltanas maidir leis an ranníocaíocht airgeadais i leith na gcostas oibriúcháin; mar gheall air sin, ba ghá an Rialachán bunaidh a leasú (ag giniúint ualach breise riaracháin freisin dá dheasca). Áirithítear leis an Samhailrialachán

Airgeadais arna athbhreithniú go mbeidh ar an gcomhpháirtí príobháideach bearta leantacha a dhéanamh maidir lena ghealltanas oifigiúil airgeadais.

• Bhí an bealach a ndearnadh ranníocaíochtaí comhchineáil an chomhpháirtí phríobháidigh le costais oibriúcháin agus breise a thuairisciú casta agus costasach. Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí atá ann faoi láthair, is féidir an riosca sin a mhaolú ach na dréacht- treoirlínte dlí maidir le gealltanais airgeadais a leanúint, agus feabhas a chur ar thomhas an tionchair.

• Sonraítear i Rialachán Chomhghnóthas BBI faoi Fís 2020 go raibh an tAontas agus ING le costas riaracháin an Chomhghnóthais a roinnt go cothrom. Iarradh ranníocaíocht de mhéid an deontais (4 %) ar thairbhithe nár chomhaltaí den Chomhghnóthas iad, áfach, chun sciar príobháideach na gcostas sin a chlúdach. Le glacadh an tSamhailrialacháin Airgeadais arna athbhreithniú agus Rialacha Airgeadais ábhartha Chomhghnóthas BBI, cuireadh deireadh leis an gcleachtas sin.

Le déanaí, cháin Corporate Europe Observatory (CEO), ar eagraíocht neamhrialtasach corparáideach é, tionscnamh reatha Chomhghnóthas BBI as a bheith á ghabháil ag leasanna príobháideacha. Is dlisteanach don phobal a éileamh go rachfaí an infheistíocht phoiblí i gcomhpháirtíocht leis an tionscal príobháideach chun sochair na sochaí trí chéile. Athdhearbhaíodh roinnt de na ceachtanna a foghlaimíodh le linn Chomhghnóthas BBI a chur chun feidhme i dtuarascáil CEO freisin. Is ar an ábhar sin is gá aon infheistíocht amach anseo sa réimse a bhunú ar mheasúnú fónta ar roghanna beartais ó dhearcadh an rialachais, lena n-áirítear go háirithe an fhéidearthacht go socrófaí coimircí leordhóthanacha lena áirithiú go dtabharfaí urraim do leas an phobail i ngach oibríocht. Tá sin go hiomlán i gcomhréir leis na moltaí a rinneadh sa mheastóireacht eatramhach ar Chomhghnóthas BBI dá dtagraítear thuas.

*6.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirge a d'fhéadfadh a bheith ann*

De réir an Rialacháin maidir le Fís Eorpach, is gá do gach Comhpháirtíocht Eorpach comhordú agus/nó comhghníomhaíochtaí le tionscnaimh ábhartha eile taighde agus nuálaíochta a áirithiú chun barrleibhéal idirnascachtaí agus sineirgí éifeachtacha a áirithiú. I gcomhréir leis sin, forbraítear an Bunghníomh Aonair de réir an phríomhphrionsabail go mbeidh dlúthchomhar agus sineirgí idir Comhghnóthais agus tionscnaimh ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus leibhéal an Aontais, Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile go háirithe, ríthábhachtach chun tionchar níos mó a bhaint amach agus glacadh torthaí a áirithiú. Chuige sin, éascaíonn an Bunghníomh Aonair (Cuid a hAon, forálacha coitianta infheidhme maidir le gach Comhghnóthas) sineirgí trí bhíthin an iliomad forálacha oibríochtúla.

Dhéanfadh ECB é sin a eagrú mar a leanas:

• Ar leibhéal an Aontais: Fís Eorpach (go príomha Colún II, Braisle 6), ionstraim InvestEU, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), an clár LIFE, Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) an Aontais, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), an Chomhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta le haghaidh Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (EIP- Agri), an Ciste Eorpach um Bithgheilleagar Chiorclach (CEBC), tionscnamh BIOEAST, agus an Straitéis Eorpach um Phróitéiní. D'fhéadfadh meascán cineálacha cur chuige arna gcur chun cinn ag InvestEU, mar shampla, iasachtaí le haghaidh bonneagair a chomhcheangal le deontais taighde ECB chun bithscaglanna ar mhórscála ar leith a fhorbairt, i gcás ina bhféadfaí riachtanais

bhonneagair a mhaoiniú le foinsí seachas cláir thacaíochta amhail ECB. D'fhéadfadh comhthionscadail thrasdisciplíneacha ( ) le comhpháirtíochtaí eile, e.g. TCAN (Tionscadail Chiorclacha agus Aeráidneodreacha; chomharba féideartha SPIRE) cur leis an gcomhar rathúil a rinneadh roimhe seo idir Comhghnóthas BBI agus APIRE, a d'athraigh iomarcaíochtaí ina sineirgí.

• Ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach, d'idirghníomhódh ECB leis na Ballstáit agus réigiúin, ag breithniú na straitéisí agus pleananna amhail straitéisí bithgheilleagair agus cláir chun dul chun cinn a dhéanamh ar shineirgí agus comhpháirtíocht le haghaidh forbairtí réigiúnacha, mar shampla maidir le sineirgí le hionstraimí airgeadais agus cláir le haghaidh bonneagair agus cur in úsáid bithscaglann. Áireofar leis sin bearta leantacha a dhéanamh ar na moltaí sa mheastóireacht eatramhach ar Chomhghnóthas BBI chun rannpháirtíocht Bhallstáit AE- 13 a mhéadú, a bhfuiltear ag súil leis i bpáirt trí na sineirgí thuasluaite agus tionscnamh BIOEAST.

• Ar an leibhéal idirnáisiúnta, mhol roinnt páirtithe leasmhara go bhféadfaí ECB a choimeád ar oscailt do ghníomhaithe idirnáisiúnta, go háirithe do cheannairí agus soláthraithe teicneolaíochta agus taighde, chun tairbhiú de chomhair leo, agus ról ceannasach na hEorpa i bhforbairt idirnáisiúnta an gheilleagair bhithbhunaithe a áirithiú. D'fhéadfadh ECB bearta leantacha a dhéanamh ar na moltaí reatha ón meastóireacht eatramhach ar Chomhghnóthas BBI chun straitéisí a shásódh cách le haghaidh rannpháirtíocht níos mó Tríú Tíortha a shainaithint agus cosaint leasanna thionscal an Aontais á áirithiú.

Ar deireadh, is fiú a lua go bhfuil creat beartas fabhrach tábhachtach d'inmharthanacht slabhraí luacha agus nuálaíochtaí nua bithbhunaithe, go háirithe má theipeann ar mhargaí dreasachtaí leordhóthanacha a sholáthar chun iad a ardú. D'fhéadfadh ECB rannchuidiú leis na gnéithe rialála, caighdeáin a chomhchuibhiú, modheolaíochtaí Measúnaithe Saolré a fhorbairt a d'fhéadfadh tacú leis na caighdeáin nó táirgí sin, agus nósanna imeachta measúnaithe tionscadail a fhorbairt. Is féidir leis tacú leis an margadh le haghaidh táirgí agus réitigh bhithbhunaithe a leathnú freisin trí sholáthar poiblí glas a chur chun cinn. D'fhéadfadh sé sin rannchuidiú le feasacht a ardú, scrogaill rialála a shainaithint agus scéalta ratha a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe rialála.

Déanfar faireachán ar shineirgí agus comhar leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí.

### 6.5. Fad agus tionchar airgeadais

☒ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2031

– ☐ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2021 go 2031 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

### 6.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[80]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

---

80 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 7. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 7.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach, glacfaidh an chomhpháirtíocht córas faireacháin atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45, Iarscríbhinní III agus V den Rialachán maidir le Fís Eorpach, agus déanfaidh sé fónamh don bhunachar sonraí aonair céanna agus a dhéanann na comhpháirteanna eile de Fís Eorpach. Soláthróidh an córas tuairiscithe agus faireacháin príomhshonraí bainistíochta agus cur chun feidhme (lena n-áirítear mionsonraí ar leibhéal na n-eintiteas aonair), agus beifear in ann dul chun cinn a rianú de réir na bPríomhchonairí Tionchar (lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach), agus na gcritéar comhpháirtíochta. Ina theannta sin, tuairisceoidh an chomhpháirtíocht ar tháscairí sonracha (nach gcumhdaítear leis na Príomhchonairí Tionchar) chun gur féidir an dul chun cinn a dhéantar sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma i leith fhís agus chuspóirí sonracha agus chuspóirí oibríochta na comhpháirtíochta mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear an Chomhpháirtíocht, lena n-áirítear ar na spriocanna a shocraítear faoi 2030, chun gur féidir an dul chun cinn sin a rianú. Ceadóidh na táscairí, foinsí sonraí agus modheolaíochtaí measúnú in imeacht ama ar an méid atá bainte amach agus an dul chun cinn i leith tionchar, lena n-áirítear baint amach chuspóirí beartais an Aontais, agus ceadófar sainaithint riachtanais fhéideartha le haghaidh bearta ceartaitheacha. Ba cheart sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a chur san áireamh, freagrachtaí maidir le bailiú sonraí a shainaithint, agus cineálacha cur chuige nithiúla a leagan amach chun bonnlíne, spriocanna agus/nó tagarmharcanna réalaíocha a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, agus i gcomhréir le cur chuige tionchair Fís Eorpach. Soláthrófar gach faisnéis a bhailítear nach mór san fhíor- am do sheirbhísí an Choimisiúin de réir samhlacha sonraí comhchoitinn agus cuirfear isteach i mbunachar sonraí aonair í mar a shonraítear in Airteagal 45 de Fís Eorpach.

Chun na críche sin, cuirfear córais iomchuí tuairiscithe i bhfeidhm chun tacú le tuairisciú leanúnach trédhearcach, lena n-áirítear tuairisciú ar ranníocaíochtaí airgeadais agus comhchineáil a dtabharfar gealltanais ina leith agus a chuirfear ar fáil go hiarbhír, ar infheictheacht agus seasamh sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus ar thionchar ar rioscaí infheistíochtaí na hearnála príobháidí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht. Ba cheart do thuairisciú a bheith i gcomhréir le ceanglais chaighdeánacha Fís Eorpach maidir le tuairisciú. Áireofar freisin i bhforbairt na gcóras tuairiscithe i gcomhthéacs chomhordú straitéiseach an phróisis na Ballstáit agus ionadaithe comhpháirtíochta chun sioncrónú agus comhordú iarrachtaí tuairiscithe agus faireacháin a áirithiú, lena n-áirítear leithdháileadh cúraimí bailithe eolais agus tuairiscithe. Áireofar sa chóras tuairiscithe ar leibhéal an tionscadail faisnéis mhionsonraithe ar na tionscadail arna gcistiú, a dtorthaí, a scaipeadh agus a n-úsáid ag príomh- spriocghrúpaí, agus an difríocht fhoriomlán atá á déanamh aige seo don eolaíocht, geilleagar, sochaí agus/nó don chomhshaol, i gcomhréir le cuspóirí agus spriocthionchair na dtionscadal. Ba cheart é sin a chomhlánú le sonraí ábhartha ar bhreisluach agus tionchar na comhpháirtíochta ar leibhéal na hEorpa, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach. Ní mór sásra iomchuí comhroinnte sonraí ag a bhfuil bunachair shonraí chomónta Fís Eorpach maidir le faireachán agus tuairisciú a áirithiú chomh maith.

Déanfar meastóireacht ar Chomhpháirtíochtaí Eorpacha de réir chreat meastóireachta Fís Eorpach, mar a leagtar amach in Airteagal 47.

## 7.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

### *7.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Tá údar maith le bainistíocht indíreach toisc gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe a dtugtar cuid dá chistiú isteach i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil le comhaltaí seachas an tAontas.

Gach bliain, déanfar an cinneadh maidir le ranníocaíocht leis an gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe de bhua bhuiséad an Aontais arna ghlacadh don bhliain sin.

Léireofar i gComhaontú Tarmligin arna shíniú idir an Coimisiún Eorpach agus an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe go n-íocfaidh an Coimisiún ranníocaíocht ar thabhairt i gcrích comhaontaithe Aistrithe Cistí leis an gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe i ndáil leis na cúraimí atá le cur i gcrích gach bliain, agus léireofar ann freisin go n-eiseoidh an Comhghnóthas iarratais chomhfhreagracha íocaíochta do na comhaltaí seachas an tAontas.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh na rialacha infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe ceanglais an Rialacháin Airgeadais ina n-iomláine. I gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, beidh urraim ag an gComhghnóthas do phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Comhlíonfaidh an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe forálacha infheidhme an tSamhailrialacháin Airgeadais maidir leis an gComhghnóthas freisin. Beidh aon imeacht ón Samhailrialachán Airgeadais sin, arna éileamh chun críche riachtanais shonracha an Chomhghnóthais, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Áireofar le socruithe faireacháin, lena n-áirítear trí ionadaíocht an Aontais ar Bhord Rialála an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe, chomh maith le socruithe tuairiscithe, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin ceanglais chuntasachta an Choláiste agus an Údaráis Bhuiséadaigh a chomhlíonadh.

Tá creat rialaithe inmheánach an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe bunaithe ar na rudaí seo a leanas:

- na Caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh, a thairgeann ráthaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, le ráthaíochtaí an Choimisiúin, a chur chun feidhme;
- nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú trí bhíthin meastóireacht neamhspleách, agus chun iad a aistriú ina n-ionstraimí dlí;
- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;
- seiceálacha *ex- ante* a dhéanamh ar 100 % d'éilimh, lena n-áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus deimhniú ex ante ar mhodheolaíochtaí costais;
- iniúchtaí *ex- post* a dhéanamh ar shampla éileamh mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* Fís Eorpach;
- meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal

*7.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá bearta éagsúla curtha ar bun chun riosca bunúsach na coinbhleachta leasa laistigh den Chomhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe a mhaolú, go háirithe:

- ceart comhionann vótála don Choimisiún agus do chomhaltaí seachas an tAontas ar an mBord Rialála,
- roghnú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an mBord Rialála bunaithe ar thogra leis an gCoimisiún,
- neamhspleáchas foirne,
- meastóireachtaí ag saineolaithe neamhspleácha bunaithe ar chritéir roghnúcháin arna bhfoilsiú in éineacht le sásraí achomhairc agus dearbhuithe iomlána aon leasa,
- ceanglas go nglacfadh an Bord Rialála rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasa sa Chomhghnóthas i gcomhréir le rialacha airgeadais an Chomhghnóthais agus leis na Rialacháin Foirne i leith foirne.

Beidh bunú luachanna eiticiúla agus eagraíochtúla ar cheann de phríomhróil an Chomhghnóthais, agus déanfaidh an Coimisiún faireachán air.

Éileofar ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe, ina ról mar Oifigeach Údarúcháin, córas costéifeachtach rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta a thabhairt isteach. Éileofar air nó uirthi tuairisciú don Choimisiún ar an gcreat rialaithe inmheánach arna ghlacadh.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an riosca neamhchomhlíonta trí bhíthin an chórais tuairiscithe a fhorbróidh sé, agus trí bhíthin torthaí iniúchtaí *ex- post* ar fhaighteoirí chistí an Aontais ón gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe a leanúint, mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* lena gcumhdaítear iomlán Fís Eorpach.

Is léir gur gá an buiséad a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, agus cosc a chur ar chalaois agus ar dhiomailt. Is gá don chóras rialaithe, áfach, cothromaíocht chóir a aimsiú idir ráta inghlactha earráide a bhaint amach agus an t-ualach rialaithe a éilítear agus laghdú tharraingteacht chlár taighde an Aontais a sheachaint.

*7.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Toisc go bhfuil na rialacha maidir le rannpháirtíocht Fís Eorpach is infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe cosúil leo siúd a úsáidfidh an Coimisiún ina Chlár Oibre, agus mar gheall go bhfuil daonra tairbhithe aige ag a bhfuil próifíl riosca atá cosúil le próifíl riosca na dtairbhithe siúd atá ag an gCoimisiún, is féidir a mheas go mbeidh an lamháil earráide cosúil leis an lamháil a ndearna an Coimisiún foráil di maidir le Fís Eorpach, i.e. chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an riosca earráide le linn na tréimhse caiteachais ilbhliantúla, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon 2- 5 %, agus é ina aidhm dheiridh ráta earráidí iarmharach chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag deireadh na gclár ilbhliantúil, nuair a bheidh tionchar airgeadais gach iniúchta, birt ceartaithe agus birt gnóthaithe curtha san áireamh.

Féach an Ráiteas Airgeadais Reachtach maidir le Fís Eorpach le haghaidh sonraí iomlána ar an ráta earráide a bhfuiltear ag súil leis i ndáil le rannpháirtithe.

### 7.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhrac in aghaidh na calaoise ag gach céim den phróiseas bainistíochta.

Rinneadh profáil chalaoise agus measúnú ar a dtionchar ar na tograí maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach. Ar an iomlán, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag na bearta atá beartaithe ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, go háirithe trí níos mó béime a leagan ar an iniúchóireacht rioscabhunaithe, trí mheastóireacht threisithe eolaíochta agus trí rialú treisithe eolaíochta.

Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leas airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus bactha.

Téann Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe Fís 2020 atá ann faoi láthair i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin cheana féin in ábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar ar aghaidh leis sin agus go neartófar é.

Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, gach conraitheoir agus gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin gClár.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas. Beidh ar na Comhghnóthais aontú freisin don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha na hOifige Eorpaí Frith- Chalaoise (OLAF).

Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2017/193923 ón gComhairle d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

## 8. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 8.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid (línte buiséid) nua caiteachais atá beartaithe

<table>
<tr><td rowspan="2">Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil</td><td>Líne buiséid</td><td>Cineál caiteachais</td><td colspan="4">Ranníocaíocht</td></tr>
<tr><td>Ceannteideal 1<br>Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach – Fís Eorpach</td><td>LD/LN[81]</td><td>ó thíortha de chuid CSTE</td><td>ó thíortha is iarrthóirí[82]</td><td>ó thríú tíortha</td><td>de réir bhrí Airteagal [21 (2)(b)] den Rialachán Airgeadais</td></tr>
<tr><td>1</td><td>01 02 02 61 – An Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe</td><td>LD</td><td>TÁ</td><td>TÁ</td><td>TÁ</td><td>TÁ</td></tr>
</table>

81 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

82 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

* Meastar go dtiocfaidh an ranníocaíocht leis an líne bhuiséid seo ón méid a leanas:

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)

| **Líne buiséid** | **Bliain 2021** | **Bliain 2022** | **Bliain 2023** | **Bliain 2024** | **Bliain 2025** | **Bliain 2026** | **Bliain 2027** | **Tar éis 2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 01 | | | | | | | | | |
| Pearsanra seachtrach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 02 | | | | | | | | | |
| Caiteachas bainistíochta eile le 'Fís Eorpach' a cur chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 03 | | | | | | | | | |
| An Bhraisle 'Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, Talmhaíocht agus Comhshaol' 01 02 02 60 | 71,130 | 178,490 | 147,800 | 148,340 | 148,930 | 148,910 | 156,400 | 0,000 | 1 000,00 |
| **Caiteachas iomlán** | 71,130 | 178,490 | 147,800 | 148,340 | 148,930 | 148,910 | 156,400 | 0,000 | 1 000,00 |

## 8.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *8.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | **Ceannteideal Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach**<br>Fís Eorpach |

| **Comhghnóthas**[83][84] | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027**[85] | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 | Gealltanais | (1) | 0,180 | 0,270 | 0,440 | 0,740 | 1,610 | 1,610 | 8,000 | | 12,850 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,180 | 0,270 | 0,440 | 0,740 | 1,610 | 1,610 | 1,600 | 6,400 | 12,850 |
| Teideal 2 | Gealltanais | (1a) | 0,150 | 0,220 | 0,360 | 0,600 | 1,320 | 1,300 | 6,700 | | 10,650 |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0,150 | 0,220 | 0,360 | 0,600 | 1,320 | 1,300 | 1,300 | 5,400 | 10,650 |
| Teideal 3 | Gealltanais | (3a) | 70,800 | 178,000 | 147,000 | 147,000 | 146,000 | 146,000 | 141,700 | 0,000 | 976,500 |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 1.000 | 43,480 | 129,040 | 149,680 | 151,100 | 147,400 | 147,100 | 207,700 | 976,500 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe don Chomhghnóthas** | Gealltanais | =1+1a +3a | 71,130 | 178,490 | 147,800 | 148,340 | 148,930 | 148,910 | 156,400 | 0,000 | 1 000,00 |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 1,330 | 43,970 | 129,840 | 151,020 | 154,030 | 150,310 | 150,000 | 219,500 | 1 000,00 |

83 Léiríonn na méideanna i dTeidil 1 agus 2 ranníocaíocht an Aontais (suas le EUR 23,5 milliún) do chostais riaracháin an Chomhghnóthais. Tagann an chuid eile atá fágtha ó ranníocaíochtaí a rinne comhaltaí eile den Chomhghnóthas mar a thaispeántar i gcuid 3.2.4.

84 Bunaítear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i dTeidil 1 agus 2 ar thomhaltas bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí uile a chomhfhreagraíonn dóibh, agus i gcás Theideal 3 cinntear iad trí chineál na ngníomhaíochtaí indíreacha agus a sceideal íocaíochta (réamhchistiú, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht na iarmhéid) a chur san áireamh.

85 Is i dTeidil 1 agus 2 atá na gealltanais le fáil maidir leis an mbliain 2027, agus tús- ualú na ngealltanas do na blianta a bheidh fágtha den Chomhghnóthas sa tréimhse 2027- 2031.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| AS RTD | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní Daonna [86] (3 oifigeach + 2 GC) | | 0,491 | 0,503 | 0,513 | 0,523 | 0,533 | 0,544 | 0,555 | - | 3,662 |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0,128 | 0,130 | 0,133 | 0,135 | 0,138 | 0,141 | 0,144 | - | 0,949 |
| **IOMLÁN Ard- Stiúrthóireacht** | Leithreasuithe | 0,619 | 0,633 | 0,646 | 0,658 | 0,671 | 0,685 | 0,699 | - | 4,611 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir - Ceannteideal 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 71,749 | 179,123 | 148,446 | 148,998 | 149,601 | 149,595 | 157,099 | - | 1 004,611 |
| | Íocaíochtaí | 1,949 | 44,603 | 130,486 | 151,678 | 154,691 | 150,995 | 150,699 | 219,500 | 1 004,611 |

[86] Lena gcumhdaítear riarachán ghníomhaíochtaí Fís Eorpach. Cinntear na costais FTE ar bhonn an mheánchostais bhliantúil atá le húsáid amhail ó mhí Eanáir 2021 le haghaidh tuarastal le haghaidh Foirne Buaine (EUR 0.127), Gníomhairí Conarthacha (EUR 0.057) agus costas riaracháin eile (EUR 0.0255) arna dtreorú go costais foirgneamh agus TF le haghaidh foirne Taighde Indírigh. Tá innéacsú bliantúil 2 % curtha i bhfeidhm don tréimhse 2022- 2027. Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach.

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe thar CHEANNTEIDIL** den creat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 71,749 | 179,123 | 148,446 | 148,998 | 149,601 | 149,595 | 157,099 | - | 1 004,611 |
| | Íocaíochtaí | 1,949 | 44,603 | 130,486 | 151,678 | 154,701 | 150,995 | 150,699 | 219,500 | 1 004,611 |

*8.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an Chomhghnóthais*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

Uimhreacha foirne (i gcomhaireamh daoine / coibhéis lánaimseartha (FTE))

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| Baill foirne ar conradh | 14 | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 |
| Foireann shealadach | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN**[87] | 27 | 29 | 29 | 29 | 29 | 29 | 29 | 29 | 29 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | 0,0 | 0,0 | 0,1 | 0,1 | 0,1 | 0,1 | 0,1 | 0,3 | 0,6 |
| Baill foirne ar conradh | 0,1 | 0,2 | 0,2 | 0,3 | 0,4 | 0,4 | 0,4 | 1,7 | 3,9 |
| Foireann shealadach | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,1 | 0,5 | 0,5 | 0,5 | 2,2 | 3,9 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 |

87 Laghdófar líon iomlán FTEnna na gComhghnóthas ar fad arna mbunú ag an Rialachán ón gComhairle faoi Fís Eorpach le 10 FTE idir 2024 agus 2027 i ndiaidh measúnú ar éifeachtacht oibríochtaí na gComhghnóthas agus aird chuí á tabhairt ar na gnóthachain éifeachtúlachta a leanfaidh as an gCúloifig Ghnáchcomónta a chur ar bun. Chun na críche sin, scaipfear Ráiteas Airgeadais Reachtach athbhreithnithe a chumhdaíonn an tréimhse 2024- 2027 faoi dheireadh 2023.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **0,11** | **0,18** | **0,29** | **0,48** | **1,05** | **1,05** | **1,05** | **4,20** | **8,41** |

An tionchar measta ar an bhfoireann (FTE breise) – plean bunaíochta

| Grúpa feidhme agus grád | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AD16 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD15 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD14 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| AD13 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD12 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| AD11 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| AD10 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD9 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 0 |
| AD8 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 0 |
| AD7 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 0 |
| AD6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD Iomlán | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **10** | **0** |
| AST11 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST10 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST9 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST8 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST5 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| AST4 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| AST3 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| AST2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST Iomlán | **3** | **3** | **3** | **3** | **3** | **3** | **3** | **3** | **3** | **3** | **3** | **0** |
| AST/SC 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC Iomlán | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

An tionchar measta ar an bhfoireann (bhreise) – pearsanra seachtrach

| Gníomhairí conartha | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme IV | 8 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Grúpa feidhme III | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | **14** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** |

| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

*8.2.3. Acmhainní daonna an Choimisiúin a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos[88]:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| **Blianta** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | | | | | | |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| **• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [89] Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Maoinithe ó CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Maoinithe ó imchlúdach an chláir [90] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard- Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard- Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

88 Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach freisin.

89 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

90 Fo- uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

*8.2.4. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

– Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)([91])

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ranníocaíocht airgeadais le costais riaracháin an Chomhghnóthais cumhdaithe ag na Comhaltaí seachas an tAontas | 0,33 | 0,49 | 0,80 | 1,34 | 2,93 | 2,91 | 14,70 | 0,00 | **23,5** |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe Comhlachaithe | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Stáit Rannpháirteacha | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe Comhlachaithe[92] | 0([93]) | 0 | 0 | 0 | 0 | 15,000 | 50,000 | 185,000 | **250.000([94])** |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochta ó na Stáit Rannpháirteacha | | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | **0,3** | **0,5** | **0,8** | **1,3** | **2,9** | **17,9** | **164,7** | **185,0** | **273,5** |

***Toisc nach bhfaca ING SBA, ní féidir breathnú air seo mar ghealltanas oifigiúil cinntitheach. Ní féidir gealltanas deiridh a thabhairt go dtí go mbeidh comhaontú ag ING agus an Coimisiún Eorpach agus léargas soiléir ar gach gné de SBA deiridh agus a chur***

[91] Déantar na toimhdí seo (ranníocaíochtaí riaracháin agus oibriúcháin) do bhuiséad (poiblí) de EUR 1 000 milliún, roinnte mar a leanas thar thréimhse 7 mbliana: 20 % le haghaidh Gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta; 45 % le haghaidh taispeántais; 35 % le haghaidh tionscadail shuaitheanta agus costas riaracháin ECB de EUR 47,4 milliún (50 % le híoc ag ING)

[92] Ba cheart ranníocaíochtaí comhchineáil a thaispeáint sa tábla sna blianta ina bhfuiltear ag súil go dtabhófar iad.

[93] Le haghaidh IKOP (Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochta ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe comhlachaithe – Airt 22.3.d SBA): Toisc nach dtosófar na chéad tionscadail go dtí 2022, agus go dtógann gnáth- thionscadal 4 bliana, ní thuairisceofar/ní dheimhneofar an chéad IKOP go 2026. Táimid ag súil le clár oibre lena ngabhann buiséad níos lú in 2021, a fhágann go mbeidh an chéad IKOP in 2026 níos lú ná na blianta ina dhiaidh sin. Chun go mbeidh na réamhaisnéisí níos cruinne, ní mór na rialacha maidir le tuairisciú a phlé agus a chomhaontú.

[94] Le haghaidh IKOP (Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochta ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe comhlachaithe – Airt 22.3.d SBA): beidh sé seo comhréireach leis an ranníocaíocht a bhfuiltear ag súil lena fáil ag comhaltaí ING, ón mbuiséad oibriúcháin. Braithfidh an uimhir bheacht ar na rátaí cistithe (nach bhfuil ar eolas fós), na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht chomhaltaí ING (nach bhfuil ar eolas go fóill) agus na féidearthachtaí maidir le comhaltaí breise a bheith páirteach (nach bhfuil ar eolas ach an oiread). Mar sin de, féadfar na huimhreacha IKOP sin a athrú ag brath ar an gcomhaontú deiridh.

***chun feidhme. Áirítear air sin go háirithe cuspóirí agus tosaíochtaí ECB, conas IKOP, IKAA agus tionchar a ríomh agus conas faireachán a dhéanamh orthu, gach gné deiridh dlí, rátaí cistithe, dáileadh cistithe phoiblí ar feadh LRTanna éagsúla, maoiniú an chostais riaracháin, etc.***

### 8.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[95] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
| Airteagal …………. | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

95 Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH – EITLÍOCHT GHLAN**

# 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

## 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle ar an gComhpháirtíocht Eorpach um Eitlíocht Ghlan

## 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)*

Gníomhaíocht: Fís Eorpach

Braisle 5: aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht

## 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[96]

**X síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

## 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

Bheadh sé mar phríomhchuspóir ag an tionscnamh rannchuidiú leis an lorg éiceolaíochta a laghdú trí dhlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí eitlíochta atá neodrach ó thaobh aeráide de lena gcur in úsáid a luaithe is féidir, dá bhrí sin déanfar rannchuidiú nach beag le baint amach spriocanna ginearálta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, i.e.: laghdú astaíochtaí 50 % go 55 % faoi 2030, agus aeráidneodracht faoi 2050.

Is é an dara cuspóir ginearálta a bheadh ann a áirithiú go rannchuideoidh gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta a bhaineann le haerloingseoireacht le hiomaíochas domhanda thionscal eitlíochta an Aontais trí dhlús a chur leis an bpróiseas taighde agus nuálaíochta, agus an próiseas sin a bharrfheabhsú. Gan slabhra soláthair láidir Eorpach, níl aon tionchar ag an Eoraip chun beartas uaillmhianach comhshaoil a shaothrú.

Bheadh sé mar thríú cuspóir a áirithiú go mbeadh eitlíocht ní ba ghlaine sábháilte, slán agus éifeachtúil fós chun paisinéirí agus earraí a iompar d’aer. Tá an cuspóir seo ailínithe le roinnt SDGanna, go háirithe SDG 9 (Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar).

Táthar ag súil go dtosóidh an tionscnamh ag feidhmiú sa dara nó sa tríú ráithe de 2021 (ag brath ar dháta glactha an Bhunghnímh Aonair ag an gComhairle). Tá na Comhghnóthais curtha ar bun le feidhmiú go dtí an 31 Nollaig 2027, agus seolfaí a nglaonna deiridh faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí. I gcomhréir leis na critéir maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha in Iarscríbhinn III den Rialachán maidir le Fís

[96] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Eorpach, déantar foráil shonrach sa bhunghníomh aonair dá meastóireacht, dá gcéimniú amach agus dá n-athnuachan. Áirítear leis sin oibleagáid ar an mBord Rialála plean a chur isteach le haghaidh chéimniú amach an Chomhghnóthais ó Chistiú Fís Eorpach agus measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghníomhaíocht amach anseo mar chuid d'athbhreithnithe tréimhsiúla agus meastóireachtaí.

*1.4.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais*

Tá na fadhbanna a dtéann réimse an tionscnaimh i ngleic leo de chineál agus de mhéid a fhágann go mbeidh gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais níos oiriúnaí ná a dtionscnamh féin á bhforbairt ag na Ballstáit aonair. Leis sin, beifear in ann iarrachtaí níos comhleanúnaí agus níos comhordaithe a dhéanamh, agus an dúbailt a sheachaint.

Is é an príomhúdar le hidirghabháil phoiblí an Aontais i dtaighde agus nuálaíocht na heitlíochta ná acmhainní a chomhchuibhiú, a bharrfheabhsú agus a chomhordú ar leibhéal an éiceachórais ó gach tír san Eoraip i dtreo aeráidneodracht san eitlíocht – ar sprioc uaillmhianach é nach féidir le cuideachta aonair aerloingseoireachta ná tír aonair a bhaint amach. Mar a cuireadh i dtábhacht thuas, is gá cur chuige iomlánaíoch taighde agus nuálaíochta a ghlacadh maidir le haeráidneodracht.

Thairis sin, ba cheart do gach riachtanas taighde a bheith comhleanúnach le bearta margaidh agus dreasachtaí chomh maith le creat láidir nua- aimseartha rialála agus caighdeánaithe, nach féidir a dhearadh ach i gcomhthéacs an Aontais agus le comhar idirnáisiúnta. Ba cheart don chreat sin a bheith comhleanúnach agus ailínithe le beartais chomhshaoil agus aeráide, trádáil, cosaint, spás, bainistíocht aerthráchta agus scéimeanna deimhnithe agus caighdeánaithe a thagann faoi shainchúram an Aontais.

Ina theannta sin, ceadaíonn taighde Eorpach lena ngabhann glaonna oscailte iomaíocha do rannpháirtithe briseadh amach óna soláthróirí nádúrtha agus comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt le cineálacha difriúla eagraíochtaí (an saol acadúil, ionaid taighde, tionscal, etc.), lena n-áirítear iad siúd ó thíortha an Aontais nach bhfuil tionscal traidisiúnta eitlíochta acu ach a d'fhéadfadh cur chuige nua a thabhairt leo.

Áirítear leis an réasúnaíocht is bun le hidirghabháil an Aontais comhroinnt riosca, i bhfianaise na hardchostais a bhaineann le réitigh nuálacha theicneolaíocha a fhorbairt agus a léiriú, ar réitigh iad nach féidir le cuideachtaí aonair a chur i bhfeidhm astu féin.

I gcomhthéacs shaintréithe sonracha an tionscail eitlíochta, braitheann costais agus rioscaí forbairtí nua ar chomhar éifeachtaí ar an scála Eorpach. Tá comhar idir páirtithe leasmhara éagsúla tábhachtach, sna céimeanna forbartha chomh maith le linn teacht in aibíocht teicneolaíochtaí nuálacha.

Agus beartas soiléir aeráide agus cuspóirí soiléire ann do 2030 agus do 2050, tá an- ghá ann le treoíocht maidir le hinfheistíochtaí Eorpacha chomh maith le breisíocht. Chomhlánódh gníomhaíocht an Aontais na scéimeanna náisiúnta chun cur chuige beartais níos soiléire a sholáthar, go háirithe toisc go bhfuil géarghá le nuálaíochtaí chun an plean agus na cuspóirí do ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach.

Tá an Coimisiún Eorpach san áit is fearr chun comhar a shaothrú idir na cláir náisiúnta eitlíochta taighde agus nuálaíochta agus an tionscnamh um Eitlíocht Ghlan,

agus dúbailt iarrachtaí á seachaint agus acmhainní á gcomhcheangal chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach.

An tráth céanna, glacann sé an tionscnamh ar bhearta iomadúla beartais a bhaineann leis an eitlíocht agus féadann sé a áirithiú go mbeidh bearta beartais, reachtaíocht agus iarrachtaí taighde agus nuálaíochta ailínithe.

Anuas air sin, is breathnóir *ad hoc* é an Coimisiún Eorpach in go leor comhlachtaí ICAO (an Tionól agus comhlachtaí teicniúla eile) a dhíríonn ar shábháilteacht na heitlíochta, slándáil, comhshaol, bainistiú aerthráchta agus aeriompar.

Dírítear a thuilleadh ar na saincheisteanna sin sa doiciméad Measúnaithe Tionchair atá i gceangal leis an togra seo.

1.4.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá taighde déanta ar iliomad réitigh atá neodrach ó thaobh aeráide de a bhfuil gealladh fúthu faoi iarchláir phoiblí agus phríobháideacha taighde agus nuálaíochta, i gcláir an Aontais (dar tosach an ceathrú clár taighde agus nuálaíochta) nó i gcláir náisiúnta nó réigiúnacha. Tá measúnú déanta ar roinnt de na teicneolaíochtaí sin, a bhain ardleibhéil aibíochta amach i gclár taighde Spéir Ghlan an tSeachtú Creatchlár agus Spéir Ghlan 2 Fís 2020, i Meastóir Teicneolaíochta Spéir Ghlan an tSeachtú Creatchlár agus fuarthas amach dá n-úsáidfí iad in eitleáin nua go bhféadfaidís a bheith ina n-údar le laghdú suas le 30 % ar astaíochtaí i gcomparáid leis an aerárthach tagartha Y2000.

Tháinig an Mheastóireacht Eatramhach ar na Comhghnóthais a oibríonn faoi Fís 2020 ar an gconclúid go bhfuil feabhsuithe éifeachtúlachta i gcomparáid leis an Seachtú Creatchlár léirithe ag comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha (CPPanna) atá bunaithe ar Chomhghnóthais, d’ainneoin cúpla easnamh a sainaithníodh atá le réiteach.

Cé go bhfuil sé róluath teacht ar chonclúidí maidir le Spéir Glan 2 (a leanfaidh go 2024), léirítear le réamh- mheasúnuithe go bhfuil dul chun cinn maith déanta aige chun a chuspóirí a bhaint amach, is é sin teicneolaíochtaí a laghdaíonn astaíochtaí CO2 agus NOx faoi idir 20 % agus 30 % i gcomparáid le haerárthaí úrscothacha a chuirtear i seirbhís ó 2014 a léiriú agus a bhailíochtú. Tacaíonn líon na bhfoilseachán agus na n-iarratas ar phaitinn atá ag dul i méid le dul chun cinn maith na bpríomhléiritheoirí. Faraor, níl tabhairt isteach na dteicneolaíochtaí siúd in eitleáin ar an margadh cinnte ar dhóigh ar bith, toisc gurb iad fórsaí margaí go príomha a chinneann é sin.

1.4.4. *Comhoiriúnacht d’ionstraimí iomchuí eile agus sineirge a d’fhéadfadh a bheith ann*

De réir an Rialacháin maidir le Fís Eorpach, is gá do gach Comhpháirtíocht Eorpach comhordú agus/nó comhghníomhaíochtaí le tionscnaimh ábhartha eile taighde agus nuálaíochta a áirithiú chun barrleibhéal idirnascachtaí agus sineirgí éifeachtacha a áirithiú. I gcomhréir leis sin, forbraítear an Bunghníomh Aonair de réir an phríomhphrionsabail go mbeidh dlúthchomhar agus sineirgí idir Comhghnóthais agus tionscnaimh ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus leibhéal an Aontais, Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile go háirithe, ríthábhachtach chun tionchar níos mó a bhaint amach agus glacadh torthaí a áirithiú. Chuige sin, éascaíonn an Bunghníomh Aonair (Cuid a hAon, forálacha coitianta infheidhme maidir le gach Comhghnóthas) sineirgí trí bhíthin an iliomad forálacha oibríochtúla.

Ba cheart sineirgí láidre a bhunú idir an dá chomhpháirtíocht eitlíochta atá molta, Bainistíocht Chomhtháite Aerthráchta agus Eitlíocht Ghlan. Ba cheart go n-áiritheodh sé sin comhoiriúnacht idir na réitigh arna bhforbairt faoi Eitlíocht Ghlan agus na hardchineálacha cur chuige BAT arna bhforbairt faoin tionscnamh um Bainistíocht Chomhtháite Aerthráchta.

D'fhéadfadh an- tionchar a bheith ag an tionscnamh hidrigine agus an tionscnamh ceallraí (a d'fhéadfadh foinsí malartacha fuinnimh a sholáthar don eitlíocht) mar chumasóirí ar an eitlíocht astaíochtaí nialasacha, má fhreagraíonn a dtáirgí insoláthartha do riachtanais earnáil na heitlíochta.

Rachadh sé chun sochair gach ceann de na tionscnaimh sin dá gcruthófaí sineirgí. Is fiú a lua go n-éileofar le haerárthaí níos leictrí go ndéanfaí dul chun cinn ar chórais chumhachta leictrí ardvoltais, lena ngabhann rioscaí breise sábháilteachta ar airde mhór ar gá aghaidh a thabhairt orthu agus réitigh teicneolaíochta atá le bailíochtú. Sin an fáth a gcaithfear riachtanais aerárthach a chur san áireamh ag céimeanna tosaigh na réiteach beartaithe.

Is gné an- tábhachtach de theicneolaíochtaí nua a thabhairt chun aibíochta é an deimhniú agus tá rannpháirtíocht luath EASA ríthábhachtach chuige sin. Ba cheart do rannpháirtíocht láidir an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát ailíniú agus sineirgí a áirithiú idir an tAontas, tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha agus cláir cistiúcháin.

Cuirfidh rannpháirtíocht mhéadaithe na mBallstát i gcur in úsáid agus glacadh na dteicneolaíochtaí atá neodrach ó thaobh aeráide de a bhfuil an gealladh is mó fúthu ar leibhéal an Aontais sineirgí agus barainneacht scála chun cinn leis na cláir náisiúnta taighde agus nuálaíochta agus chomh maith leis sin méadófar ailíniú na scéimeanna náisiúnta oideachais chun freastal ar na riachtanais amach anseo maidir le scileanna agus poist chomhfhreagracha.

Déanfar faireachán ar shineirgí agus comhar leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí.

### 1.5. Fad agus tionchar airgeadais

**X tréimhse theoranta**

– **X** i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2031

– **X** Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2021 go 2031 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

### 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[97]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

**X Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| / |

[97] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach, glacfaidh an chomhpháirtíocht córas faireacháin atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45, Iarscríbhinní III agus V den Rialachán maidir le Fís Eorpach, agus déanfaidh sé fónamh don bhunachar sonraí aonair céanna agus a dhéanann na comhpháirteanna eile de Fís Eorpach. Soláthróidh an córas tuairiscithe agus faireacháin príomhshonraí bainistíochta agus cur chun feidhme (lena n-áirítear mionsonraí ar leibhéal na n-eintiteas aonair), agus beifear in ann dul chun cinn a rianú de réir na bPríomhchonairí Tionchar (lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach), agus na gcritéar comhpháirtíochta. Tuairisceoidh an chomhpháirtíocht ar tháscairí sonracha (nach gcumhdaítear leis na Príomhchonairí Tionchar) chun gur féidir an dul chun cinn a rianú a dhéantar sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma i leith fhís agus chuspóirí sonracha agus chuspóirí oibríochta na comhpháirtíochta mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear an Chomhpháirtíocht, lena n-áirítear ar na spriocanna a shocraítear faoi 2030. Ceadóidh na táscairí, foinsí sonraí agus modheolaíochtaí measúnú in imeacht ama ar an méid atá bainte amach agus an dul chun cinn i leith tionchar, lena n-áirítear baint amach chuspóirí beartais an Aontais, agus ceadófar sainaithint riachtanais fhéideartha le haghaidh bearta ceartaitheacha. Ba cheart sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a chur san áireamh, freagrachtaí maidir le bailiú sonraí a shainaithint, agus cineálacha cur chuige nithiúla a leagan amach chun bonnlíne, spriocanna agus/nó tagarmharcanna réalaíocha a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, agus i gcomhréir le cur chuige tionchair Fís Eorpach. Soláthrófar gach faisnéis a bhailítear nach mór san fhíor- am do sheirbhísí an Choimisiúin de réir samhlacha sonraí comhchoitinn agus cuirfear isteach i mbunachar sonraí aonair í mar a shonraítear in Airteagal 45 de Fís Eorpach.

Chun na críche sin, cuirfear córais iomchuí tuairiscithe i bhfeidhm chun tacú le tuairisciú leanúnach trédhearcach, lena n-áirítear tuairisciú ar ranníocaíochtaí airgeadais agus comhchineáil a dtabharfar gealltanais ina leith agus a chuirfear ar fáil go hiarbhír, ar infheictheacht agus seasamh sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus ar thionchar ar rioscaí infheistíochtaí na hearnála príobháidí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht. Ba cheart do thuairisciú a bheith i gcomhréir le ceanglais chaighdeánacha Fís Eorpach maidir le tuairisciú. Áireofar freisin i bhforbairt na gcóras tuairiscithe i gcomhthéacs chomhordú straitéiseach an phróisis na Ballstáit agus ionadaithe comhpháirtíochta chun sioncrónú agus comhordú iarrachtaí tuairiscithe agus faireacháin a áirithiú, lena n-áirítear leithdháileadh cúraimí bailithe eolais agus tuairiscithe. Áireofar sa chóras tuairiscithe ar leibhéal an tionscadail faisnéis mhionsonraithe ar na tionscadail arna gcistiú, a dtorthaí, a scaipeadh agus a n-úsáid ag príomh- spriocghrúpaí, agus an difríocht fhoriomlán atá á déanamh aige seo don eolaíocht, geilleagar, sochaí agus/nó don chomhshaol, i gcomhréir le cuspóirí agus spriocthionchair na dtionscadal. Ba cheart é sin a chomhlánú le sonraí ábhartha ar bhreisluach agus tionchar na comhpháirtíochta ar leibhéal na hEorpa, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach. Ní mór sásra iomchuí comhroinnte sonraí ag a bhfuil bunachair shonraí chomónta Fís Eorpach maidir le faireachán agus tuairisciú a áirithiú chomh maith.

Déanfar meastóireacht ar Chomhpháirtíochtaí Eorpacha de réir chreat meastóireachta Fís Eorpach, mar a leagtar amach in Airteagal 47.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

### *2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Tá údar maith le bainistíocht indíreach toisc gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan a dtugtar cuid dá chistiú isteach i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil le comhaltaí seachas an tAontas.

Gach bliain, déanfar an cinneadh maidir le ranníocaíocht leis an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan de bhua bhuiséad an Aontais arna ghlacadh don bhliain sin.

Léireofar i gComhaontú Tarmligin arna shíniú idir an Coimisiún Eorpach agus an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan go n-íocfaidh an Coimisiún ranníocaíocht ar thabhairt i gcrích comhaontaithe Aistrithe Cistí leis an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan i ndáil leis na cúraimí atá le cur i gcrích gach bliain, agus léireofar ann freisin go n-eiseoidh an Comhghnóthas iarratais chomhfhreagracha íocaíochta do na comhaltaí seachas an tAontas.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh na rialacha infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan ceanglais an Rialacháin Airgeadais ina n-iomláine. I gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, beidh urraim ag an gComhghnóthas do phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Comhlíonfaidh an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan forálacha infheidhme an tSamhailrialacháin Airgeadais maidir leis an gComhghnóthas freisin. Beidh aon imeacht ón Samhailrialachán Airgeadais sin, arna éileamh chun críche riachtanais shonracha an Chomhghnóthais, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Áireofar le socruithe faireacháin, lena n-áirítear trí ionadaíocht an Aontais ar Bhord Rialála an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan, chomh maith le socruithe tuairiscithe, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin ceanglais chuntasachta an Choláiste agus an Údaráis Bhuiséadaigh a chomhlíonadh.

Tá creat rialaithe inmheánach an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan bunaithe ar na rudaí seo a leanas:

- na Caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh, a thairgeann ráthaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, le ráthaíochtaí an Choimisiúin, a chur chun feidhme;
- nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú trí bhíthin meastóireacht neamhspleách, agus chun iad a aistriú ina n-ionstraimí dlí;
- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;
- seiceálacha *ex- ante* a dhéanamh ar 100 % d'éilimh, lena n-áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus deimhniú ex ante ar mhodheolaíochtaí costais;
- iniúchtaí *ex- post* a dhéanamh ar shampla éileamh mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* Fís Eorpach;
- meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá bearta éagsúla curtha ar bun chun riosca bunúsach na coinbhleachta leasa laistigh den Chomhghnóthas um Eitlíocht Ghlan a mhaolú, go háirithe:

- ceart comhionann vótála don Choimisiún agus do chomhaltaí seachas an tAontas ar an mBord Rialála,
- roghnú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an mBord Rialála bunaithe ar thogra leis an gCoimisiún,
- neamhspleáchas foirne,
- meastóireachtaí ag saineolaithe neamhspleácha bunaithe ar chritéir roghnúcháin arna bhfoilsiú in éineacht le sásraí achomhairc agus dearbhuithe iomlána aon leasa,
- ceanglas go nglacfadh an Bord Rialála rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasa sa Chomhghnóthas i gcomhréir le rialacha airgeadais an Chomhghnóthais agus leis na Rialacháin Foirne i leith foirne.

Beidh bunú luachanna eiticiúla agus eagraíochtúla ar cheann de phríomhróil an Chomhghnóthais, agus déanfaidh an Coimisiún faireachán air.

Éileofar ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Eitlíocht Ghlan, ina ról mar Oifigeach Údarúcháin, córas costéifeachtach rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta a thabhairt isteach. Éileofar air nó uirthi tuairisciú don Choimisiún ar an gcreat rialaithe inmheánach arna ghlacadh.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an riosca neamhchomhlíonta trí bhíthin an chórais tuairiscithe a fhorbróidh sé, agus trí bhíthin torthaí iniúchtaí *ex- post* ar fhaighteoirí chistí an Aontais ón gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan a leanúint, mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* lena gcumhdaítear iomlán Fís Eorpach.

Is léir gur gá an buiséad a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, agus cosc a chur ar chalaois agus ar dhiomailt. Is gá don chóras rialaithe, áfach, cothromaíocht chóir a aimsiú idir ráta inghlactha earráide a bhaint amach agus an t-ualach rialaithe a éilítear agus laghdú tharraingteacht chlár taighde an Aontais a sheachaint.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Toisc go bhfuil na rialacha maidir le rannpháirtíocht Fís Eorpach is infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan cosúil leo siúd a úsáidfidh an Coimisiún ina Chlár Oibre, agus mar gheall go bhfuil daonra tairbhithe aige ag a bhfuil próifíl riosca atá cosúil le próifíl riosca na dtairbhithe siúd atá ag an gCoimisiún, is féidir a mheas go mbeidh an lamháil earráide cosúil leis an lamháil a ndearna an Coimisiún foráil di maidir le Fís Eorpach, i.e. chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an riosca earráide le linn na tréimhse caiteachais ilbhliantúla, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon 2- 5 %, agus é ina aidhm dheiridh ráta earráidí iarmharach chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag deireadh na gclár

ilbhliantúil, nuair a bheidh tionchar airgeadais gach iniúchta, birt ceartaithe agus birt gnóthaithe curtha san áireamh.

Féach an Ráiteas Airgeadais Reachtach maidir le Fís Eorpach le haghaidh sonraí iomlána ar an ráta earráide a bhfuiltear ag súil leis i ndáil le rannpháirtithe.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhrac in aghaidh na calaoise ag gach céim den phróiseas bainistíochta.

Rinneadh profáil chalaoise agus measúnú ar a dtionchar ar na tograí maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach. Ar an iomlán, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag na bearta atá beartaithe ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, go háirithe trí níos mó béime a leagan ar an iniúchóireacht rioscabhunaithe, trí mheastóireacht threisithe eolaíochta agus trí rialú treisithe eolaíochta.

Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leas airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus bactha.

Téann Comhghnóthas Spéire Glaine 2 Fís 2020 atá ann faoi láthair i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin cheana féin in ábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar ar aghaidh leis sin agus go neartófar é.

Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, gach conraitheoir agus gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin gClár.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d’fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas. Beidh ar na Comhghnóthais aontú freisin don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha na hOifige Eorpaí Frith- Chalaoise (OLAF).

Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2017/193923 ón gComhairle d’fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid (línte buiséid) nua caiteachais atá beartaithe

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceannteideal 1**<br>**Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach – Fís Eorpach** | LD/LN[98] | ó thíortha de chuid CSTE[99] | ó thíortha is iarrthóirí[100] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21 (2)(b)] den Rialachán Airgeadais |
| 1 | 01.020252 – An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan | LD | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ |

98 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

99 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

100 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

* Meastar go dtiocfaidh an ranníocaíocht leis an líne bhuiséid seo ón méid a leanas:

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann ‘Fís Eorpach’ chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 01 | | | | | | | | | |
| Pearsanra seachtrach a chuireann ‘Fís Eorpach’ chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 02 | | | | | | | | | |
| Caiteachas bainistíochta eile le ‘Fís Eorpach’ a cur chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 03 | | | | | | | | | |
| An Bhraisle ‘Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht’ 01 02 02 50 | 229.925 | 150.583 | 231.570 | 190.688 | 388.057 | 133.814 | 375.363 | | 1700.000 |
| **Caiteachas iomlán** | 229.925 | 150.583 | 231.570 | 190.688 | 388.057 | 133.814 | 375.363 | | 1700.000 |

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | **Ceannteideal Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach**<br>Fís Eorpach |
|---|---|---|

| **Comhghnóthas**[101][102] | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027**[103] | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: | Gealltanais | (1) | 0.139 | 0.497 | 0.765 | 1.489 | 2.540 | 3.021 | 16.035 | - | 24.486 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0.139 | 0.497 | 0.765 | 1.489 | 2.540 | 3.021 | 3.081 | 12.954 | 24.486 |
| Teideal 2: | Gealltanais | (1a) | 0.243 | 0.943 | 1.262 | 1.776 | 1.534 | 1.650 | 7.329 | - | 14.737 |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0.243 | 0.943 | 1.262 | 1.776 | 1.534 | 1.650 | 1.660 | 5.669 | 14.737 |
| Teideal 3 | Gealltanais | (3a) | 229.543 | 149.143 | 229.543 | 187.423 | 383.983 | 129.143 | 351.999 | 0 | 1660.777 |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 14.041 | 123.686 | 137.678 | 262.701 | 220.938 | 344.980 | 194.261 | 362.492 | 1660.777 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe don Chomhghnóthas** | Gealltanais | =1+1a +3a | 229.925 | 150.583 | 231.570 | 190.688 | 388.057 | 133.814 | 375.363 | 0 | 1700.000 |
| | Íocaíochtaí | =2+2a+ 3b | 14.423 | 125.126 | 139.705 | 265.966 | 225.012 | 349.651 | 199.002 | 381.115 | 1700.000 |

[101] Léiríonn na méideanna i dTeidil 1 agus 2 ranníocaíocht an Aontais (suas le EUR 39.223 milliún) do chostais riaracháin an Chomhghnóthais. Tagann an chuid eile atá fágtha ó ranníocaíochtaí a rinne comhaltaí eile den Chomhghnóthas mar a thaispeántar i gcuid 3.2.4.

[102] Bunaítear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i dTeidil 1 agus 2 ar thomhaltas bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí uile a chomhfhreagraíonn dóibh, agus i gcás Theideal 3 cinntear iad trí chineál na ngníomhaíochtaí indíreacha agus a sceideal íocaíochta (réamhchistiú, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht na iarmhéid) a chur san áireamh.

[103] Is i dTeidil 1 agus 2 atá na gealltanais le fáil maidir leis an mbliain 2027, agus tús- ualú na ngealltanas do na blianta a bheidh fágtha den Chomhghnóthas sa tréimhse 2027- 2031.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| AS RTD | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní Daonna [104] | | 0.491 | 0.503 | 0.513 | 0.523 | 0.533 | 0.544 | 0.555 | - | 3.662 |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0.128 | 0.130 | 0.133 | 0.135 | 0.138 | 0.141 | 0.144 | - | 0.949 |
| **IOMLÁN Ard- Stiúrthóireacht** | Leithreasuithe | 0.619 | 0.633 | 0.646 | 0.658 | 0.671 | 0.685 | 0.699 | - | 4.611 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe thar CHEANNTEIDIL** den creat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 230.544 | 151.216 | 232.216 | 191.346 | 388.728 | 134.499 | 376.062 | 0.000 | 1704.611 |
| | Íocaíochtaí | 15.042 | 125.759 | 140.351 | 266.624 | 225.683 | 350.336 | 199.701 | 381.115 | 1704.611 |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |

[104] Lena gcumhdaítear riarachán ghníomhaíochtaí Fís Eorpach. Cinntear na costais FTE ar bhonn an mheánchostais bhliantúil atá le húsáid amhail ó mhí Eanáir 2021 le haghaidh tuarastal le haghaidh Foirne Buaine (EUR 0,127), Gníomhairí Conarthacha (EUR 0,057) agus costas riaracháin eile (EUR 0,0255) arna dtreorú go costais foirgneamh agus TF le haghaidh foirne Taighde Indírigh. Tá innéacsú bliantúil 2 % curtha i bhfeidhm don tréimhse 2022- 2027. Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe thar CHEANNTEIDIL** den creat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 230,544 | 151.216 | 232.216 | 191,346 | 388,728 | 134.499 | 376.062 | 0,000 | 1 704,611 |
| | Íocaíochtaí | 15,042 | 125,759 | 140.351 | 266.624 | 255.683 | 350.336 | 199.701 | 381.115 | 1 704,611 |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an Chomhghnóthais*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

Uimhreacha foirne (i gcomhaireamh daoine / coibhéis lánaimseartha (FTE))

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | |
| Oifigigh (Gráid AST) | 4 | 4 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | |
| Baill foirne ar conradh | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | |
| Foireann shealadach | | | | | | | | | |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 2 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **IOMLÁN**[105] | 44 | 44 | 41 | 41 | 41 | 41 | 41 | 41 | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 0,367 | 0,375 | 0,382 | 0,390 | 0,397 | 0,405 | 0,345 | 1,076 | 3,737 |
| Foireann shealadach | 4,353 | 4,440 | 4,446 | 4,535 | 4,625 | 4,718 | 4,812 | 15,021 | 46,949 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 0,130 | 0,132 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,262 |
| **IOMLÁN** | 4,849 | 4,946 | 4,828 | 4,924 | 5,023 | 5,123 | 5,157 | 16,097 | 50,947 |

105 Laghdófar líon iomlán FTEnna na gComhghnóthas ar fad arna mbunú ag an Rialachán ón gComhairle faoi Fís Eorpach le 10 FTE idir 2024 agus 2027 i ndiaidh measúnú ar éifeachtacht oibríochtaí na gComhghnóthas agus aird chuí á tabhairt ar na gnóthachain éifeachtúlachta a leanfaidh as an gCúloifig Ghnáchcomónta a chur ar bun. Chun na críche sin, scaipfear Ráiteas Airgeadais Reachtach athbhreithnithe a chumhdaíonn an tréimhse 2024- 2027 faoi dheireadh 2023.

An tionchar measta ar an bhfoireann (FTE breise) – plean bunaíochta

| Grúpa feidhme agus grád | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AD16 | | | | | | | | | | | | |
| AD15 | | | | | | | | | | | | |
| AD14 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AD13 | | | | | | | | | | | | |
| AD12 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| AD11 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AD10 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| AD9 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| AD8 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| AD7 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| AD6 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| AD5 | | | | | | | | | | | | |
| AD Iomlán | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 | 32 |
| | | | | | | | | | | | | |
| AST11 | | | | | | | | | | | | |
| AST10 | | | | | | | | | | | | |
| AST9 | | | | | | | | | | | | |
| AST8 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AST7 | | | | | | | | | | | | |
| AST6 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| AST5 | 1 | 1 | | | | | | | | | | |
| AST4 | | | | | | | | | | | | |
| AST3 | | | | | | | | | | | | |
| AST2 | | | | | | | | | | | | |
| AST1 | | | | | | | | | | | | |
| AST Iomlán | 4 | 4 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| AST/SC 6 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 5 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 4 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 3 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 2 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 1 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC Iomlán | | | | | | | | | | | | |

An tionchar measta ar an bhfoireann (bhreise) – pearsanra seachtrach

| Gníomhairí conartha | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme IV | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Grúpa feidhme III | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |
| Iomlán | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |

| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 2 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

### *3.2.3. Acmhainní daonna an Choimisiúin a mheastar a bheidh riachtanach*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos[106]:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| **Blianta** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | | | | | | |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| **• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [107]<br>Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Maoinithe ó CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Maoinithe ó imchlúdach an chláir [108] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard- Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard- Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Cúraimí éagsúla a bhaineann leis an méid a leanas:<br>• Bearta leantacha teicniúla ar an dul chun cinn laistigh d'oibríochtaí Eitlíochta Glaine<br>• Faireachán ar dhul chun cinn chlár taighde Eitlíochta Glaine<br>• Faireachán ar an urraim don Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht;<br>• Ionadaíocht ar an gCoimisiún Eorpach i gcomhpháirtíocht an Bhoird Rialála<br>• Sainmhíniú ar sheasamh an Choimisiúin ar an mBord Rialála (an ceart vótála nó crosta)<br>• Cúraimí riaracháin a bhaineann le Rialachas na comhpháirtíochta |

106 Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach freisin.

107 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

108 Fo- uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

| | |
|---|---|
| | • Cuibhreann le Grúpa Ionadaithe na mBallstát Náisiúnta, ACARE agus Coiste an Chláir Iompair<br>• Breathnóireacht ar Ghlaonna ar Thograí, Glaonna ar Thairiscintí agus cead isteach Comhaltaí nua<br>• Rannpháirtíocht i gcruinnithe foghrúpaí agus meithleacha<br>• Eagrú meastóireachtaí meántéarmacha agus meastóireachtaí deiridh<br>• Feidhmiú spotseiceálacha/iniúchtaí<br>• Cur chun cinn sineirgí idir cláir náisiúnta taighde agus an clár taighde agus nuálaíochta Eitlíochta Glaine. |
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.4. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

– Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ranníocaíocht airgeadais le costais riaracháin an Chomhghnóthais cumhdaithe ag na Comhaltaí seachas an tAontas | 0,382 | 1,440 | 2,027 | 3,265 | 4,074 | 4,671 | 4,741 | 18,623 | 39,223 |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe Comhlachaithe | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Stáit Rannpháirteacha | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe Comhlachaithe[109] | 26.683 | 234.097 | 230.109 | 465.520 | 387.181 | 618.556 | 336.278 | 662.353 | 2960.777 |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochta ó na Stáit Rannpháirteacha | | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | 27.065 | 235.537 | 232.136 | 468.785 | 391.255 | 623.227 | 341.019 | 680.976 | 3 000,000 |

Nótaí:

Sa Chómheabhrán Gealltanais, arna síniú i mí Dheireadh Fómhair 2020, chuir an taobh príobháideach in iúl go bhfuil sé ar intinn aige suas le EUR 3 bn (rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe san áireamh) a ranníoc le gníomhaíochtaí foriomlána Eitlíochta Glaine, trí ghlacadh le ‘cistiú réasúnach agus comhréireach ón gCoimisiún Eorpach’ (i.e. EUR 2.5 bn i gcistiú AE) tar éis teacht ar chomhaontú CAI, lena n-áireofar rannchuidiú na Ríochta Aontaithe freisin. Dá n-athrófaí na toimhdí sin, d’éileofaí comhairliúchán nua le páirtithe leasmhara.

Tá dáileadh na ranníocaíochtaí comhchineáil ag na Comhaltaí Bunaidh/Comhaltaí Comhlachaithe idir 2021 agus 2027, agus i ndiaidh 2027, bunaithe ar na céad mheastachán a dhéantar do na ranníocaíochtaí comhchineáil do ghníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP) a bhaineann leis na dréachtphleananna oibre agus Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht Eitlíochta Glaine. Éileofar athbhreithniú ar an dáileadh sin nuair a bheidh treochlár cur chun feidhme SRIA sainithe.

109 Ba cheart ranníocaíochtaí comhchineáil a thaispeáint sa tábla sna blianta ina bhfuiltear ag súil go dtabhófar iad.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[110] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
| Airteagal …………. | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

110 Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH – HIDRIGIN GHLAN

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle ar an gComhphháirtíocht Eorpach um Hidrigin Ghlan

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)*

Gníomhaíocht: Fís Eorpach

Braisle 5: aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[111]

X **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

Is é cuspóir an tionscnaimh dlús a chur le forbairt agus cur in úsáid teicneolaíochtaí Eorpacha maidir le hidrigin ghlan, d’fhonn rannchuidiú le córas fuinnimh atá inbhuanaithe, dícharbónaithe agus iomlán comhtháite. Díreofar ar hidrigin ghlan a tháirgeadh, a dháileadh agus a stóráil chun soláthar d’earnálacha atá deacair a dhícharbónú, amhail tionscail throma agus feidhmeanna tromshaothair iompair. Roinnt cuspóirí le baint amach faoi 2030: hidrigin ghlan a tháirgeadh ag ~EUR 1,5- 3/kg, lenar féidir treá isteach i mórmhargaí; costais dáilte a laghdú go níos lú ná EUR 1/kg hidrigine ar an scála.

Cé gur breosla glan í hidrigin, nach ngineann astaíochtaí, tá sí fós níos costasaí ná foinsí eile fuinnimh, agus tagann sí ó ghás nádúrtha, den chuid is mó, agus gintear dé- ocsaíd charbóin ($CO_2$) uaidh sin. Is gá dúinn **‘hidrigin ghlan’** a tháirgeadh ó acmhainní in- athnuaite fuinnimh a chuirfeadh deireadh le hastaíochtaí $CO_2$ ón bpróiseas. Tá feidhmeanna hidrigine glaine níos costasaí ná teicneolaíochtaí iomaíocha, agus níl siad iomlán iontaofa go fóill ná de cháilíocht leordhóthanach chun go n-úsáidfí iad. Tá teorainn freisin le cur in úsáid mórscála acmhainneachta giniúna hidrigine glaine. Is mó a dhéantar difear do pháirtithe leasmhara thionscal agus taighde hidrigine na hEorpa, chomh maith le páirtithe leasmhara thionscail na cumhachta, an iompair agus na foirgníochta.

[111] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Táthar ag súil go dtosóidh an tionscnamh ag feidhmiú sa dara nó sa tríú ráithe de 2021 (ag brath ar dháta glactha an Bhunghnímh Aonair ag an gComhairle). Tá na Comhghnóthais curtha ar bun le feidhmiú go dtí an 31 Nollaig 2027, agus seolfaí a nglaonna deiridh faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí. I gcomhréir leis na critéir maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha in Iarscríbhinn III den Rialachán maidir le Fís Eorpach, déantar foráil shonrach sa Bhunghníomh Aonair dá meastóireacht, dá gcéimniú amach agus dá n-athnuachan. Áirítear leis sin oibleagáid ar an mBord Rialála plean a chur isteach le haghaidh chéimniú amach an Chomhghnóthais ó Chistiú Fís Eorpach agus measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghníomhaíocht amach anseo mar chuid d'athbhreithnithe tréimhsiúla agus meastóireachtaí.

*1.4.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa (*ex- ante*)

Tá na fadhbanna a dtéann réimse an tionscnaimh i ngleic leo de chineál agus de mhéid a fhágann go mbeidh gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais níos oiriúnaí ná a dtionscnamh féin á bhforbairt ag na Ballstáit aonair. Leis sin, beifear in ann iarrachtaí níos comhleanúnaí agus níos comhordaithe a dhéanamh, agus an dúbailt a sheachaint.

An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (*ex- post*) Tá slabhraí luacha casta agus idirnasctha ag hidrigin ghlan a éilíonn comhar éifeachtach agus comhoibriú idirearnála ar leibhéal na hEorpa chun léiriú agus cur in úsáid rathúil mórscála a áirithiú.

Dírítear a thuilleadh ar na saincheisteanna sin sa doiciméad Measúnaithe Tionchair atá i gceangal leis an togra seo.

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

i) Dlús cistithe, agus an gá le háirithiú nach n-atreisíonn aon easpa faisnéise/oscailteachta/trédhearcachta le heintitis ó thíortha a bhfuil leibhéal íseal rannpháirtíochta iontu, go háirithe AE13, dáileadh geografach na dtionscadal atá ann faoi láthair lena dtacaíonn an Comhghnóthas atá ann faoi láthair.

ii) Rannpháirtíocht na mBallstát agus go háirithe ról Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát, nach bhfuil chomh héifeachtach agus ba cheart dó a bheith;

iii) An gá le tuilleadh airde a dhíriú ar shábháilteacht teicneolaíochtaí FCH is gá chun an mhuinín a theastaítear don ghlacadh forleathan a chothú. De dhroim an líon beag tionscadal a thugann hidrigin isteach i suíomhanna nua (i mbusanna, i dtithe nó i stáisiúin athbhreoslaithe taobh le gnáthbhreoslaí), ní rabhthas in ann táirgí a chur chun feidhme ar bhonn tráchtála.

*1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirge a d'fhéadfadh a bheith ann*

De réir an Rialacháin maidir le Fís Eorpach, is gá do gach Comhpháirtíocht Eorpach comhordú agus/nó comhghníomhaíochtaí le tionscnaimh ábhartha eile taighde agus nuálaíochta a áirithiú chun barrleibhéal idirnascachtaí agus sineirgí éifeachtacha a áirithiú. I gcomhréir leis sin, forbraítear an Bunghníomh Aonair de réir an phríomhphrionsabail go mbeidh dlúthchomhar agus sineirgí idir Comhghnóthais

agus tionscnaimh ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus leibhéal an Aontais, Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile go háirithe, ríthábhachtach chun tionchar níos mó a bhaint amach agus glacadh torthaí a áirithiú. Chuige sin, éascaíonn an Bunghníomh Aonair (Cuid a hAon, forálacha coitianta infheidhme maidir le gach Comhghnóthas) sineirgí trí bhíthin an iliomad forálacha oibríochtúla.

Oibreoidh an Chomhpháirtíocht um Hidrigin go dlúth le comhpháirtíochtaí eile amhail comhpháirtíochtaí um iompar de bhóthar agus iompar d'uisce atá saor ó astaíochtaí, um chóras iarnróid na hEorpa a chlaochlú, um eitlíocht ghlan, um próisis don phláinéad agus um chruach ghlan. Tá naisc ann freisin le IPCEI beartaithe ar hidrigin agus na cistí SCE agus ETS.

Déanfar faireachán ar shineirgí agus comhar leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí agus an Comhthionól Idir- Chomhpháirtíochtaí Hidrigine atá le bunú go luath.

### 1.5. Fad agus tionchar airgeadais

X **tréimhse theoranta**

– i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2031

– X Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2021 go deireadh na ngníomhaíochtaí cistithe maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

### 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[112]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

X **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d’ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– Xcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn ‘Nótaí’ le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| |

[112] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach, glacfaidh an chomhpháirtíocht córas faireacháin atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45, Iarscríbhinní III agus V den Rialachán maidir le Fís Eorpach, agus déanfaidh sé fónamh don bhunachar sonraí aonair céanna agus a dhéanann na comhpháirteanna eile de Fís Eorpach. Soláthróidh an córas tuairiscithe agus faireacháin príomhshonraí bainistíochta agus cur chun feidhme (lena n-áirítear mionsonraí ar leibhéal na n-eintiteas aonair), agus beifear in ann dul chun cinn a rianú de réir na bPríomhchonairí Tionchar (lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach), agus na gcritéar comhpháirtíochta. Tuairisceoidh an chomhpháirtíocht ar tháscairí sonracha (nach gcumhdaítear leis an Príomhchonairí Tionchar) chun gur féidir an dul chun cinn a rianú a dhéantar sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma i leith fhís agus chuspóirí sonracha agus chuspóirí oibríochta na comhpháirtíochta mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear an Chomhpháirtíocht, lena n-áirítear ar na spriocanna a shocraítear faoi 2030. Ceadóidh na táscairí, foinsí sonraí agus modheolaíochtaí measúnú in imeacht ama ar an méid atá bainte amach agus an dul chun cinn i leith tionchar, lena n-áirítear baint amach chuspóirí beartais an Aontais, agus ceadófar sainaithint riachtanais fhéideartha le haghaidh bearta ceartaitheacha. Ba cheart sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a chur san áireamh, freagrachtaí maidir le bailiú sonraí a shainaithint, agus cineálacha cur chuige nithiúla a leagan amach chun bonnlíne, spriocanna agus/nó tagarmharcanna réalaíocha a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, agus i gcomhréir le cur chuige tionchair Fís Eorpach. Soláthrófar gach faisnéis a bhailítear nach mór san fhíor- am do sheirbhísí an Choimisiúin de réir samhlacha sonraí comhchoitinn agus cuirfear isteach i mbunachar sonraí aonair í mar a shonraítear in Airteagal 45 de Fís Eorpach.

Chun na críche sin, cuirfear córais iomchuí tuairiscithe i bhfeidhm chun tacú le tuairisciú leanúnach trédhearcach, lena n-áirítear tuairisciú ar ranníocaíochtaí airgeadais agus comhchineáil a dtabharfar gealltanais ina leith agus a chuirfear ar fáil go hiarbhír, ar infheictheacht agus seasamh sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus ar thionchar ar rioscaí infheistíochtaí na hearnála príobháidí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht. Ba cheart do thuairisciú a bheith i gcomhréir le ceanglais chaighdeánacha Fís Eorpach maidir le tuairisciú. Áireofar freisin i bhforbairt na gcóras tuairiscithe i gcomhthéacs chomhordú straitéiseach an phróisis na Ballstáit agus ionadaithe comhpháirtíochta chun sioncrónú agus comhordú iarrachtaí tuairiscithe agus faireacháin a áirithiú, lena n-áirítear leithdháileadh cúraimí bailithe eolais agus tuairiscithe. Áireofar sa chóras tuairiscithe ar leibhéal an tionscadail faisnéis mhionsonraithe ar na tionscadail arna gcistiú, a dtorthaí, a scaipeadh agus a n-úsáid ag príomh- spriocghrúpaí, agus an difríocht fhoriomlán atá á déanamh aige seo don eolaíocht, geilleagar, sochaí agus/nó don chomhshaol, i gcomhréir le cuspóirí agus spriocthionchair na dtionscadal. Ba cheart é sin a chomhlánú le sonraí ábhartha ar bhreisluach agus tionchar na comhpháirtíochta ar leibhéal na hEorpa, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach. Ní mór sásra iomchuí comhroinnte sonraí ag a bhfuil bunachair shonraí chomónta Fís Eorpach maidir le faireachán agus tuairisciú a áirithiú chomh maith.

Déanfar meastóireacht ar Chomhpháirtíochtaí Eorpacha de réir chreat meastóireachta Fís Eorpach, mar a leagtar amach in Airteagal 47.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1.*

Tá údar maith le bainistíocht indíreach toisc gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan a dtugtar cuid dá chistiú isteach i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil le comhaltaí seachas an tAontas.

Gach bliain, déanfar an cinneadh maidir le ranníocaíocht leis an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan de bhua bhuiséad an Aontais arna ghlacadh don bhliain sin.

Léireofar i gComhaontú Tarmligin arna shíniú idir an Coimisiún Eorpach agus an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan go n-íocfaidh an Coimisiún ranníocaíocht ar thabhairt i gcrích comhaontaithe Aistrithe Cistí leis an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan i ndáil leis na cúraimí atá le cur i gcrích gach bliain, agus léireofar ann freisin go n-eiseoidh an Comhghnóthas iarratais chomhfhreagracha íocaíochta do na comhaltaí seachas an tAontas.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh na rialacha infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan ceanglais an Rialacháin Airgeadais ina n-iomláine. I gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, beidh urraim ag an gComhghnóthas do phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Comhlíonfaidh an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan forálacha infheidhme an tSamhailrialacháin Airgeadais maidir leis an gComhghnóthas freisin. Beidh aon imeacht ón Samhailrialachán Airgeadais sin, arna éileamh chun críche riachtanais shonracha an Chomhghnóthais, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Áireofar le socruithe faireacháin, lena n-áirítear trí ionadaíocht an Aontais ar Bhord Rialála an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan, chomh maith le socruithe tuairiscithe, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin ceanglais chuntasachta an Choláiste agus an Údaráis Bhuiséadaigh a chomhlíonadh.

Tá creat rialaithe inmheánach an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan bunaithe ar na rudaí seo a leanas:

- na Caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh, a thairgeann ráthaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, le ráthaíochtaí an Choimisiúin, a chur chun feidhme;
- nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú trí bhíthin meastóireacht neamhspleách, agus chun iad a aistriú ina n-ionstraimí dlí;
- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;
- seiceálacha *ex- ante* a dhéanamh ar 100 % d'éilimh, lena n-áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus deimhniú ex ante ar mhodheolaíochtaí costais;
- iniúchtaí *ex- post* a dhéanamh ar shampla éileamh mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* Fís Eorpach;
- meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá bearta éagsúla curtha ar bun chun riosca bunúsach na coinbhleachta leasa laistigh den Chomhghnóthas um Hidrigin Ghlan a mhaolú, go háirithe:

- ceart comhionann vótála don Choimisiún agus do chomhaltaí seachas an tAontas ar an mBord Rialála,

- roghnú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an mBord Rialála bunaithe ar thogra leis an gCoimisiún,
- neamhspleáchas foirne,
- meastóireachtaí ag saineolaithe neamhspleácha bunaithe ar chritéir roghnúcháin arna bhfoilsiú in éineacht le sásraí achomhairc agus dearbhuithe iomlána aon leasa,
- ceanglas go nglacfadh an Bord Rialála rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasa sa Chomhghnóthas i gcomhréir le rialacha airgeadais an Chomhghnóthais agus leis na Rialacháin Foirne i leith foirne.

Beidh bunú luachanna eiticiúla agus eagraíochtúla ar cheann de phríomhróil an Chomhghnóthais, agus déanfaidh an Coimisiún faireachán air.

Éileofar ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan, ina ról mar Oifigeach Údarúcháin, córas costéifeachtach rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta a thabhairt isteach. Éileofar air nó uirthi tuairisciú don Choimisiún ar an gcreat rialaithe inmheánach arna ghlacadh.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an riosca neamhchomhlíonta trí bhíthin an chórais tuairiscithe a fhorbróidh sé, agus trí bhíthin torthaí iniúchtaí *ex- post* ar fhaighteoirí chistí an Aontais ón gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan a leanúint, mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* lena gcumhdaítear iomlán Fís Eorpach.

Is léir gur gá an buiséad a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, agus cosc a chur ar chalaois agus ar dhiomailt. Is gá don chóras rialaithe, áfach, cothromaíocht chóir a aimsiú idir ráta inghlactha earráide a bhaint amach agus an t-ualach rialaithe a éilítear agus laghdú tharraingteacht chlár taighde an Aontais a sheachaint.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Toisc go bhfuil na rialacha maidir le rannpháirtíocht Fís Eorpach is infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Hidrigin Ghlan cosúil leo siúd a úsáidfidh an Coimisiún ina Chlár Oibre, agus mar gheall go bhfuil daonra tairbhithe aige ag a bhfuil próifíl riosca atá cosúil le próifíl riosca na dtairbhithe siúd atá ag an gCoimisiún, is féidir a mheas go mbeidh an lamháil earráide cosúil leis an lamháil a ndearna an Coimisiún foráil di maidir le Fís Eorpach, i.e. chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an riosca earráide le linn na tréimhse caiteachais ilbhliantúla, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon 2- 5 %, agus é ina aidhm dheiridh ráta earráidí iarmharach chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag deireadh na gclár ilbhliantúil, nuair a bheidh tionchar airgeadais gach iniúchta, birt ceartaithe agus birt gnóthaithe curtha san áireamh.

Féach an Ráiteas Airgeadais Reachtach maidir le Fís Eorpach le haghaidh sonraí iomlána ar an ráta earráide a bhfuiltear ag súil leis i ndáil le rannpháirtithe.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhrac in aghaidh na calaoise ag gach céim den phróiseas bainistíochta.

Rinneadh profáil chalaoise agus measúnú ar a dtionchar ar na tograí maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach. Ar an iomlán, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag na bearta atá beartaithe ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, go háirithe trí níos mó béime a leagan ar an iniúchóireacht rioscabhunaithe, trí mheastóireacht threisithe eolaíochta agus trí rialú treisithe eolaíochta.

Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leas airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus bactha.

Téann Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 Fís 2020 atá ann faoi láthair i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin cheana féin in ábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar ar aghaidh leis sin agus go neartófar é.

Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, gach conraitheoir agus gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin gClár.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d’fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas. Beidh ar na Comhghnóthais aontú freisin don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha na hOifige Eorpaí Frith- Chalaoise (OLAF).

Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2017/193923 ón gComhairle d’fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid (línte buiséid) nua caiteachais atá beartaithe

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceannteideal 1**<br>**Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach – Fís Eorpach** | LD/LN[113] | ó thíortha de chuid CSTE[114] | ó thíortha is iarrthóirí[115] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21 (2)(b)] den Rialachán Airgeadais |
| 1 | 01 02 02 54 An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan | LD | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ |

113 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

114 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

115 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

* Meastar go dtiocfaidh an ranníocaíocht leis an líne bhuiséid seo ón méid a leanas:

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 01 | | | | | | | | | |
| Pearsanra seachtrach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 02 | | | | | | | | | |
| Caiteachas bainistíochta eile le 'Fís Eorpach' a cur chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 03 | | | | | | | | | |
| Braisle 'aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht' 02 02 02 50 | 150,000 | 150,000 | 150,000 | 133,413 | 133,875 | 133,987 | 148,725 | - | 1 000,000 |
| **Caiteachas iomlán** | 150,000 | 150,000 | 150,000 | 133,413 | 133,875 | 133,987 | 148,725 | - | 1 000,000 |

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | **Ceannteideal Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach**<br>Fís Eorpach |

| **Comhghnóthas**[116][117] | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027**[118] | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 | Gealltanais | (1) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 2,065 | 2,140 | 2,218 | 11,257 | | **17,680** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 2,065 | 2,140 | 2,218 | 2,298 | 8,959 | **17,680** |
| Teideal 2 | Gealltanais | (1a) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 1,348 | 1,735 | 1,769 | 7,661 | | **12,513** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 1,348 | 1,735 | 1,769 | 1,804 | 5,857 | **12,513** |
| Teideal 3 | Gealltanais | (3a) | 150,000 | 150,000 | 150,000 | 130,000 | 130,000 | 130,000 | 129,807 | | **969,807** |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 75,000 | 77,000 | 85,500 | 88,563 | 128,104 | 143,000 | 128,784 | 243,856 | **969,807** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe don Chomhghnóthas** | Gealltanais | =1+1a +3a | **150,000** | **150,000** | **150,000** | **133,413** | **133,875** | **133,987** | **148,725** | | **1 000,000** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | **75,000** | **77,000** | **85,500** | **91,976** | **131,979** | **146,987** | **132,886** | **258,672** | **1 000,000** |

[116] Léiríonn na méideanna i dTeidil 1 agus 2 ranníocaíocht an Aontais (suas le EUR 30.193) do chostais riaracháin an Chomhghnóthais. Tagann an chuid eile atá fágtha ó ranníocaíochtaí a rinne comhaltaí eile den Chomhghnóthas mar a thaispeántar i gcuid 3.2.4.

[117] Bunaítear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i dTeidil 1 agus 2 ar thomhaltas bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí uile a chomhfhreagraíonn dóibh, agus i gcás Theideal 3 cinntear iad trí chineál na ngníomhaíochtaí indíreacha agus a sceideal íocaíochta (réamhchistiú, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht na iarmhéid) a chur san áireamh.

[118] Is i dTeidil 1 agus 2 atá na gealltanais le fáil maidir leis an mbliain 2027, agus tús- ualú na ngealltanas do na blianta a bheidh fágtha den Chomhghnóthas sa tréimhse 2027- 2031.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **AS RTD** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní Daonna [119] | | 0,491 | 0,503 | 0,513 | 0,523 | 0,533 | 0,544 | 0,555 | - | 3,662 |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0,128 | 0,130 | 0,133 | 0,135 | 0,138 | 0,141 | 0,144 | - | 0,949 |
| **IOMLÁN Ard- Stiúrthóireacht** | Leithreasuithe | 0,619 | 0,633 | 0,646 | 0,658 | 0,671 | 0,685 | 0,699 | - | 4,611 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir - Ceannteideal 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 150,619 | 150,633 | 150,646 | 134,071 | 134,546 | 134,672 | 149,424 | - | 1 004,611 |
| | Íocaíochtaí | 75,619 | 77,633 | 86,146 | 92,634 | 132,65 | 147,672 | 133,585 | 258,672 | 1 004,611 |

119 Lena gcumhdaítear riarachán ghníomhaíochtaí Fís Eorpach. Cinntear na costais FTE ar bhonn an mheánchostais bhliantúil atá le húsáid amhail ó mhí Eanáir 2021 le haghaidh tuarastal le haghaidh Foirne Buaine (EUR 0,127), Gníomhairí Conarthacha (EUR 0,057) agus costas riaracháin eile (EUR 0,0255) arna dtreorú go costais foirgneamh agus TF le haghaidh foirne Taighde Indírigh. Tá innéacsú bliantúil 2 % curtha i bhfeidhm don tréimhse 2022- 2027. Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach.

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 7 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe thar CHEANNTEIDIL** den creat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 150,619 | 150,633 | 150,646 | 134,071 | 134,546 | 134,672 | 149,424 | - | 1 004,611 |
| | Íocaíochtaí | 75,619 | 77,633 | 86,146 | 92,634 | 132,65 | 147,672 | 133,585 | 258,672 | 1 004,611 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an Chomhghnóthais*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

Uimhreacha foirne (i gcomhaireamh daoine / coibhéis lánaimseartha (FTE))

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirne Sealadacha (Gráid AD) | 15 | 17 | 17 | 17 | 17 | 17 | 17 | 61 | 178 |
| Foirne Sealadacha (gráid AST) | 9 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 34 | 103 |
| Baill foirne ar conradh | 3 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 8 | 23 |
| Foireann shealadach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 5 | 19 |
| **IOMLÁN**[120] | 29 | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 | 108 | 323 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirne Sealadacha (Gráid AD) | 1,575 | 1,856 | 1,931 | 2,008 | 2,088 | 2,172 | 2,259 | 8,910 | 22,799 |
| Foirne Sealadacha (gráid AST) | 0,945 | 1,092 | 1,136 | 1,181 | 1,228 | 1,277 | 1,329 | 4,947 | 13,135 |
| Baill foirne ar conradh | 0,207 | 0,144 | 0,149 | 0,155 | 0,161 | 0,168 | 0,175 | 0,771 | 1,930 |
| Foireann shealadach | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 0,140 | 0,143 | 0,145 | 0,149 | 0,152 | 0,155 | 0,157 | 0,408 | 1,449 |
| **IOMLÁN** | 2,867 | 3,235 | 3,361 | 3,493 | 3,629 | 3,772 | 3,920 | 15,036 | 39,313 |

120 Laghdófar líon iomlán FTEnna na gComhghnóthas ar fad arna mbunú ag an Rialachán ón gComhairle faoi Fís Eorpach le 10 FTE idir 2024 agus 2027 i ndiaidh measúnú ar éifeachtacht oibríochtaí na gComhghnóthas agus aird chuí á tabhairt ar na gnóthachain éifeachtúlachta a leanfaidh as an gCúloifig Ghnáchcomónta a chur ar bun. Chun na críche sin, scaipfear Ráiteas Airgeadais Reachtach athbhreithnithe a chumhdaíonn an tréimhse 2024- 2027 faoi dheireadh 2023.

An tionchar measta ar an bhfoireann (FTE breise) – plean bunaíochta

| Grúpa feidhme agus grád | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AD16 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD15 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD14 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| AD13 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| AD12 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| AD11 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD10 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 4 | 5 | 4 | 4 | 4 | 0 |
| AD9 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 3 | 2 | 2 | 2 | 3 | 3 | 0 |
| AD8 | 2 | 3 | 3 | 4 | 5 | 4 | 3 | 2 | 5 | 3 | 3 | 0 |
| AD7 | 3 | 3 | 3 | 4 | 3 | 3 | 3 | 4 | 1 | 1 | 0 | 0 |
| AD6 | 2 | 2 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AD5 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 |
| AD Iomlán | 15 | 17 | 17 | 17 | 17 | 17 | 17 | 17 | 16 | 15 | 13 | 0 |
| AST11 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST10 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 |
| AST9 | 1 | 1 | 1 | 2 | 2 | 1 | 1 | 1 | 2 | 2 | 2 | 0 |
| AST8 | 1 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST7 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 |
| AST6 | 1 | 1 | 1 | 2 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 2 | 2 | 0 |
| AST5 | 2 | 2 | 5 | 4 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 2 | 1 | 0 |
| AST4 | 3 | 3 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| AST3 | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST Iomlán | 9 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 8 | 6 | 0 |
| AST/SC 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| AST/SC Iomlán | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

An tionchar measta ar an bhfoireann (bhreise) – pearsanra seachtrach

| Gníomhairí conartha | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme IV | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Grúpa feidhme III | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 |
| Grúpa feidhme II | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme II | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iomlán | 3 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 0 |

| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 1 | 0 | 0 |

### 3.2.3. *Acmhainní daonna an Choimisiúin a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos[121]:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| Blianta | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | | | | | | |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| **• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [122]<br>Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Maoinithe ó CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Maoinithe ó imchlúdach an chláir [123] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard- Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard- Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Bainistíocht na Comhpháirtíochta um Hidrigin Ghlan |
| Pearsanra seachtrach | |

121 Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach freisin.

122 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

123 Fo- uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

*3.2.4. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

– Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ranníocaíocht airgeadais le costais riaracháin an Chomhghnóthais cumhdaithe ag na Comhaltaí seachas an tAontas | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 3,414 | 3,875 | 3,987 | 4,102 | 14,815 | 30,193 |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe Comhlachaithe | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Stáit Rannpháirteacha | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe Comhlachaithe [124] | 35,000 | 70,000 | 70,000 | 110,000 | 175,000 | 175,000 | 175,000 | 190,000 | **1 000,000** |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochta ó na Stáit Rannpháirteacha | | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | **35,000** | **70,000** | **70,000** | **113,414** | **178,875** | **178,987** | **178,972** | **204,815** | **1030193** |

[124] Ba cheart ranníocaíochtaí comhchineáil a thaispeáint sa tábla sna blianta ina bhfuiltear ag súil go dtabhófar iad.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[125] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
| Airteagal …………. | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

125 Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH – IARNRÓD NA hEORPA**

# 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

## 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle ar an gComhpháirtíocht Eorpach um Iarnród na hEorpa

## 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)*

Braisle 5 (Aeráid, Fuinneamh, Soghluaisteacht)

## 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

X **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[126]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

## 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

Rannchuideoidh an Chomhpháirtíocht Eorpach um Iarnród na hEorpa le baint amach an Limistéir Eorpaigh Iarnróid Aonair, le haistriú tapa go córas iarnród san Eoraip atá níos mealltaí, áisiúil don úsáideoir, iomaíoch, inacmhainne agus inbhuanaithe, agus le forbairt tionscal iarnróid san Eoraip atá láidir agus iomaíoch ar fud an domhain. Go sonrach, bainfidh an Chomhpháirtíocht na cuspóirí seo a leanas amach:

1. Deireadh a chur le bacainní ar an idir- inoibritheacht agus réitigh a sholáthar don chomhtháthú iomlán, lena gcumhdaítear córais rialaithe, ceannais agus comharthaíochta iarnróid agus bainistíocht tráchta, feithiclí, bonneagar agus seirbhísí chun líonra ardtoillte, comhtháite agus athléimneach iarnróid a bhaint amach san Eoraip. Tríd an acmhainneacht ollmhór atá ann i leith an digitithe agus an uathoibrithe a shaothrú, forbrófar réitigh nuálacha chun costais a laghdú, toilleadh a mhéadú agus feabhas a chur ar a sholúbthacht agus iontaofacht.

2. Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann le lasta iarnróid agus seirbhísí iompair idirmhódaigh a mhéadú, chun lasta glas iomaíoch iarnróid atá chomhtháite ina iomláine leis an slabhra luacha lóistíochta a sholáthar. Tá uathoibriú agus digitiú traenacha lasta ag a chroílár, ach féadfaidh taighde agus nuálaíocht a dhéanamh ar réimsí a n-oibríochta, clós agus críochfort idirmhódach freisin.

3. Éiceachóras a bhunú a éascaíonn idirghníomhú idir páirtithe leasmhara agus a dhéanann comhar laistigh de shlabhraí luacha agus ar a bhfud níos éifeachtúla. Áiritheoidh sé sin go ndéanfaí taighde a aistriú ina nuálaíocht dírithe ar an margadh trí léiriú agus cur in úsáid.

---

[126] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

4. Tionscadail mhórscála a sheoladh a thacaíonn le haistriú tapa na nuálaíochta go dtí an margadh. Thabharfadh na tionscadail sin, amhail léirithe, soláthróirí agus úsáideoirí teicneolaíochta le chéile.

5. Sármhaitheas an Aontais san eolaíocht a neartú agus acmhainneacht nuálach FBManna agus cuideachtaí nua- thionscanta a shaothrú. Soláthródh sé sin bonn ardeolais eolaíochta a d'fhéadfadh forbairt beart beartais agus teicneolaíochtaí atá fíor- riachtanach chun cuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagar agus sochaí neodrach ó thaobh astaíochtaí aeráide de a stiúradh.

Táthar ag súil go dtosóidh an tionscnamh ag feidhmiú sa dara nó sa tríú ráithe de 2021 (ag brath ar dháta glactha an bhunghnímh aonair ag an gComhairle). Tá na Comhghnóthais curtha ar bun le feidhmiú go dtí an 31 Nollaig 2027, agus seolfaí a nglaonna deiridh faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí. I gcomhréir leis na critéir maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha in Iarscríbhinn III den Rialachán maidir le Fís Eorpach, déantar foráil shonrach sa bhunghníomh aonair dá meastóireacht, dá gcéimniú amach agus dá n-athnuachan. Áirítear leis sin oibleagáid ar an mBord Rialála plean a chur isteach le haghaidh chéimniú amach an Chomhghnóthais ó Chistiú Fís Eorpach agus measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghníomhaíocht amach anseo mar chuid d'athbhreithnithe tréimhsiúla agus meastóireachtaí.

*1.4.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais*

Tá na fadhbanna a dtéann réimse an tionscnaimh i ngleic leo de chineál agus de mhéid a fhágann go mbeidh gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais níos oiriúnaí ná a dtionscnamh féin á bhforbairt ag na Ballstáit aonair. Leis sin, beifear in ann iarrachtaí níos comhleanúnaí agus níos comhordaithe a dhéanamh, agus an dúbailt a sheachaint.

Is fearr an seans go n-éireoidh le hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta ar leibhéal an Aontais má dhéantar iad a chomhthiomsú agus a chomhordú, i bhfianaise chineál trasnáisiúnta an bhonneagair agus na dteicneolaíochtaí atá le forbairt, agus an gá le líon leordhóthanach acmhainní a bhaint amach freisin. Teastaíonn freagra Eorpach ó líonra comhtháite casta Eorpach, amhail líonra iarnród: trí thaighde agus nuálaíocht iarnróid a dhéantar go comhpháirteach ar leibhéal an Aontais amháin a bheidh sé indéanta coincheapa oibríochta agus réitigh dhigiteacha choiteanna a fhorbairt, bonnlíne choiteann a chruthú ar ar féidir réitigh nua a thógáil agus comhtháthú le modhanna eile iompair agus athnuachan uaillmhianach iarnróid a bhaint amach. Ba cheart go dtairbheodh sé sin d'iarracht chomhpháirteach arna treorú ag beartas an Aontais chun comhar a áirithiú i measc gníomhaithe ar fud na hEorpa agus ar feadh an tslabhra luacha chun clár comhtháite a shainiú le bheith ar aon dul le riachtanais córais chasta atá ceaptha le haghaidh a thabhairt ar riachtanais mhargaidh, agus baint amach tapa spriocdhírithe na gcuspóirí a áirithiú.

D'eascródh breisluach an Aontais as cur chuige sistéamach i leith éabhlóid iarnróid, trí bhíthin dhá cholún chomhtháite a chur ar bun, de pháirt amháin, chun coincheapa agus ailtireacht a shainiú, agus réiteach a bhailíochtú, agus den pháirt eile chun na réitigh teicneolaíochtaí agus oibríochtúla a bhfuil gá leo agus a fhreagraíonn don mhargadh athraitheach agus do riachtanais bheartais a dhearadh, a fhiosrú agus a chruthú. Díreoidh an chomhpháirtíocht ar fhorbairt na gcóras i gcroílár an líonra; is éasca gnéithe eile nach n-éilíonn caighdeánú a fhágáil faoi thaighde iomaíocht ar leibhéal cuideachta.

Dírítear a thuilleadh ar na saincheisteanna sin sa doiciméad Measúnaithe Tionchair atá i gceangal leis an togra seo.

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Sainaithníodh roinnt réimsí le feabhas a chur orthu sa mheastóireacht eatramhach ar an gcomhghnóthas a bhí ann roimhe sin, Comhghnóthas S2R, faoi Fís 2020, amhail an gá le clár taighde níos cothroime, saincheisteanna sochaíocha agus oibríochta roimh an tionscal iarnróid a chur san áireamh agus freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais oibreoirí lasta.

Ina theannta sin, is gá tuilleadh béime a chur ar léiriú tionscadal chun feabhas a chur ar ghlacadh margaidh le haschuir taighde agus nuálaíochta. Éilítear leis sin bogadh i dtreo tuilleadh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ag LRT 7- 9, ar athrú suntasach é ar an mbéim ar LRT 1- 6 faoi Fís 2020. Thairis sin, ba cheart go mbainfí leas níos fearr as sineirgí le tionscnamh eile, go háirithe maidir le heochairtheicneolaíochtaí a chur i bhfeidhm amhail teicneolaíochtaí digiteacha ar feadh na hearnála iompair agus ar bhealach níos leithne.

Thairis sin, chuidigh Comhghnóthas S2R le réimsí a shainaithint ina bhfuil gá leis na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a ailíniú ar bhealach níos fearr leis na riachtanais atá ag earnáil iomaíoch agus deimhníodh leis an gá le fís choiteann a fhorbairt don éabhlóid teicneolaíochta amach anseo. Go háirithe, léirítear le taithí gur gá díriú ar shaincheisteanna córais amach anseo, seachas ar fheabhsuithe incriminteacha ar chodanna den chóras casta iarnróid, i gcás ina bhfuil caighdeánú uile- Eorpach ríthábhachtach.

*1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirge a d'fhéadfadh a bheith ann*

De réir an Rialacháin maidir le Fís Eorpach, is gá do gach Comhpháirtíocht Eorpach comhordú agus/nó comhghníomhaíochtaí le tionscnaimh ábhartha eile taighde agus nuálaíochta a áirithiú chun barrleibhéal idirnascachtaí agus sineirgí éifeachtacha a áirithiú. I gcomhréir leis sin, forbraítear an Bunghníomh Aonair de réir an phríomhphrionsabail go mbeidh dlúthchomhar agus sineirgí idir Comhghnóthais agus tionscnaimh ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus leibhéal an Aontais, Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile go háirithe, ríthábhachtach chun tionchar níos mó a bhaint amach agus glacadh torthaí a áirithiú. Chuige sin, éascaíonn an Bunghníomh Aonair (Cuid a hAon, forálacha coitianta infheidhme maidir le gach Comhghnóthas) sineirgí trí bhíthin an iliomad forálacha oibríochtúla.

D'fhéadfadh naisc a bheartú le Comhpháirtíochtaí Eorpacha iarrthacha eile, amhail: ECSEL agus 5G le haghaidh digitiú agus uathoibriú, Hidrigin Ghlan agus Ceallraí mar roghanna malartacha do thraenacha díosail agus do choincheap nua feithiclí uathrialaitheacha lasta, BAT don choincheap a bhaineann le hailtireacht fheidhmeach chórais, Eitlíocht Ghlan maidir le hábhair agus struchtúir nua agus comhpháirtíochtaí eile iompair maidir le comhéadain le modhanna eile agus ilmhódúlacht, amhail an Chomhpháirtíocht um Shoghluaisteacht Chomhoibríoch, Nasctha agus Uathoibrithe (CCAM).

D'fhéadfaí sineirgí agus comhar a bhunú leis na Pobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) (e.g. leis na PENanna um shoghluaisteacht uirbeach, fuinnimh agus aeráide) chun léirithe a mhéadú agus cur in úsáid teicneolaíochtaí a éascú. Thairis sin, d'fhéadfaí sineirgí agus comhar a bhunú leis na Misin, go háirithe na cinn siúd ar

an Athrú Aeráide agus Cathracha Cliste. Ba cheart go mbeadh an Chomhpháirtíocht iarrthach um iarnród na hEorpa in ann deiseanna cistithe a fhiosrú faoi DEP, SCE, CFRE agus Ciste Comhtháthaithe agus forálacha a leagan amach le haghaidh sineirgí sistéamacha le sásraí cistithe atá ann cheana féin.

Anuas air sin, bheadh an tionscnamh in ann ionadaíocht a dhéanamh freisin ar leasanna an phobail iarnróid taighde agus nuálaíochta i gcomhráite le hinstitiúidí ábhartha eile Eorpacha, mar shampla an Banc Eorpach Infheistíochta.

Déanfar faireachán ar shineirgí agus comhar leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí.

## 1.5. Fad agus tionchar airgeadais

X **tréimhse theoranta**

– X i bhfeidhm ón 01/06/2021 go dtí an 31/12/2030 (dátaí sealadacha)

– X Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 do leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2021 go 2030 do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[127]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

X **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d’ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– X comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn ‘Nótaí’ le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| / |

127 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach, glacfaidh an chomhpháirtíocht córas faireacháin atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45, Iarscríbhinní III agus V den Rialachán maidir le Fís Eorpach, agus déanfaidh sé fónamh don bhunachar sonraí aonair céanna agus a dhéanann na comhpháirteanna eile de Fís Eorpach. Soláthróidh an córas tuairiscithe agus faireacháin príomhshonraí bainistíochta agus cur chun feidhme (lena n-áirítear mionsonraí ar leibhéal na n-eintiteas aonair), agus beifear in ann dul chun cinn a rianú de réir na bPríomhchonairí Tionchar (lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach), agus na gcritéar comhpháirtíochta. Tuairisceoidh an chomhpháirtíocht ar tháscairí sonracha (nach gcumhdaítear leis an Príomhchonairí Tionchar) chun gur féidir an dul chun cinn a rianú a dhéantar sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma i leith fhís agus chuspóirí sonracha agus chuspóirí oibríochta na comhpháirtíochta mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear an Chomhpháirtíocht, lena n-áirítear ar na spriocanna a shocraítear faoi 2030. Ceadóidh na táscairí, foinsí sonraí agus modheolaíochtaí measúnú in imeacht ama ar an méid atá bainte amach agus an dul chun cinn i leith tionchar, lena n-áirítear baint amach chuspóirí beartais an Aontais, agus ceadófar sainaithint riachtanais fhéideartha le haghaidh bearta ceartaitheacha. Ba cheart sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a chur san áireamh, freagrachtaí maidir le bailiú sonraí a shainaithint, agus cineálacha cur chuige nithiúla a leagan amach chun bonnlíne, spriocanna agus/nó tagarmharcanna réalaíocha a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, agus i gcomhréir le cur chuige tionchair Fís Eorpach. Soláthrófar gach faisnéis a bhailítear nach mór san fhíor- am do sheirbhísí an Choimisiúin de réir samhlacha sonraí comhchoitinn agus cuirfear isteach i mbunachar sonraí aonair í mar a shonraítear in Airteagal 45 de Fís Eorpach.

Chun na críche sin, cuirfear córais iomchuí tuairiscithe i bhfeidhm chun tacú le tuairisciú leanúnach trédhearcach, lena n-áirítear tuairisciú ar ranníocaíochtaí airgeadais agus comhchineáil a dtabharfar gealltanais ina leith agus a chuirfear ar fáil go hiarbhír, ar infheictheacht agus seasamh sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus ar thionchar ar rioscaí infheistíochtaí na hearnála príobháidí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht. Ba cheart do thuairisciú a bheith i gcomhréir le ceanglais chaighdeánacha Fís Eorpach maidir le tuairisciú. Áireofar freisin i bhforbairt na gcóras tuairiscithe i gcomhthéacs chomhordú straitéiseach an phróisis na Ballstáit agus ionadaithe comhpháirtíochta chun sioncrónú agus comhordú iarrachtaí tuairiscithe agus faireacháin a áirithiú, lena n-áirítear leithdháileadh cúraimí bailithe eolais agus tuairiscithe. Áireofar sa chóras tuairiscithe ar leibhéal an tionscadail faisnéis mhionsonraithe ar na tionscadail arna gcistiú, a dtorthaí, a scaipeadh agus a n-úsáid ag príomh- spriocghrúpaí, agus an difríocht fhoriomlán atá á déanamh aige seo don eolaíocht, geilleagar, sochaí agus/nó don chomhshaol, i gcomhréir le cuspóirí agus spriocthionchair na dtionscadal. Ba cheart é sin a chomhlánú le sonraí ábhartha ar bhreisluach agus tionchar na comhpháirtíochta ar leibhéal na hEorpa, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach. Ní mór sásra iomchuí comhroinnte sonraí ag a bhfuil bunachair shonraí chomónta Fís Eorpach maidir le faireachán agus tuairisciú a áirithiú chomh maith.

**2.2. Déanfar meastóireacht ar Chomhpháirtíochtaí Eorpacha de réir chreat meastóireachta Fís Eorpach, mar a leagtar amach in Airteagal 47. Córas bainistíochta agus rialaithe**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Tá údar maith le bainistíocht indíreach toisc gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa a dtugtar cuid dá chistiú isteach i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil le comhaltaí seachas an tAontas.

Gach bliain, déanfar an cinneadh maidir le ranníocaíocht leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa de bhua bhuiséad an Aontais arna ghlacadh don bhliain sin.

Léireofar i gComhaontú Tarmligin arna shíniú idir an Coimisiún Eorpach agus an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa go n-íocfaidh an Coimisiún ranníocaíocht ar thabhairt i gcrích comhaontaithe Aistrithe Cistí leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa i ndáil leis na cúraimí atá le cur i gcrích gach bliain, agus léireofar ann freisin go n-eiseoidh an Comhghnóthas iarratais chomhfhreagracha íocaíochta do na comhaltaí seachas an tAontas.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh na rialacha infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa ceanglais an Rialacháin Airgeadais ina n-iomláine. I gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, beidh urraim ag an gComhghnóthas do phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Comhlíonfaidh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa forálacha infheidhme an tSamhailrialacháin Airgeadais maidir leis an gComhghnóthas freisin. Beidh aon imeacht ón Samhailrialachán Airgeadais sin, arna éileamh chun críche riachtanais shonracha an Chomhghnóthais, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Áireofar le socruithe faireacháin, lena n-áirítear trí ionadaíocht an Aontais ar Bhord Rialála an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa, chomh maith le socruithe tuairiscithe, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin ceanglais chuntasachta an Choláiste agus an Údaráis Bhuiséadaigh a chomhlíonadh.

Tá creat rialaithe inmheánach an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa bunaithe ar na rudaí seo a leanas:

- na Caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh, a thairgeann ráthaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, le ráthaíochtaí an Choimisiúin, a chur chun feidhme;
- nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú trí bhíthin meastóireacht neamhspleách, agus chun iad a aistriú ina n-ionstraimí dlí;
- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;
- seiceálacha *ex- ante* a dhéanamh ar 100 % d’éilimh, lena n-áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus deimhniú ex ante ar mhodheolaíochtaí costais;
- iniúchtaí *ex- post* a dhéanamh ar shampla éileamh mar chuid d’iniúchtaí *ex- post* Fís Eorpach;
- meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá bearta éagsúla curtha ar bun chun riosca bunúsach na coinbhleachta leasa laistigh den Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa a mhaolú, go háirithe:

- ceart comhionann vótála don Choimisiún agus do chomhaltaí seachas an tAontas ar an mBord Rialála, agus éilítear 70 % de vótaí chun cinneadh a dhéanamh: moltar íostairseach de 55 % don Cholún Córasach (chun níos mó solúbthachta a thabhairt don Choimisiún maidir le cinntí – déanfaidh an Coimisiún cuid mhaith den chuid seo den chlár a chistiú), agus do thaighde leibhéil réidhe teicneolaíochta ísil,
- roghnú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an mBord Rialála bunaithe ar thogra leis an gCoimisiún,
- neamhspleáchas foirne,
- meastóireachtaí ag saineolaithe neamhspleácha bunaithe ar chritéir roghnúcháin arna bhfoilsiú in éineacht le sásraí achomhairc agus dearbhuithe iomlána aon leasa,
- ceanglas go nglacfadh an Bord Rialála rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasa sa Chomhghnóthas i gcomhréir le rialacha airgeadais an Chomhghnóthais agus leis na Rialacháin Foirne i leith foirne.

Beidh bunú luachanna eiticiúla agus eagraíochtúla ar cheann de phríomhróil an Chomhghnóthais, agus déanfaidh an Coimisiún faireachán air.

Éileofar ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa, ina ról mar Oifigeach Údarúcháin, córas costéifeachtach rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta a thabhairt isteach. Éileofar air nó uirthi tuairisciú don Choimisiún ar an gcreat rialaithe inmheánach arna ghlacadh.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an riosca neamhchomhlíonta trí bhíthin an chórais tuairiscithe a fhorbróidh sé, agus trí bhíthin torthaí iniúchtaí *ex- post* ar fhaighteoirí chistí an Aontais ón gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa a leanúint, mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* lena gcumhdaítear iomlán Fís Eorpach.

Is léir gur gá an buiséad a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, agus cosc a chur ar chalaois agus ar dhiomailt. Is gá don chóras rialaithe, áfach, cothromaíocht chóir a aimsiú idir ráta inghlactha earráide a bhaint amach agus an t-ualach rialaithe a éilítear agus laghdú tharraingteacht chlár taighde an Aontais a sheachaint.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Toisc go bhfuil na rialacha maidir le rannpháirtíocht Fís Eorpach is infheidhme maidir leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa cosúil leo siúd a úsáidfidh an Coimisiún ina Chlár Oibre, agus mar gheall go bhfuil daonra tairbhithe aige ag a bhfuil próifíl riosca atá cosúil le próifíl riosca na dtairbhithe siúd atá ag an gCoimisiún, is féidir a mheas go mbeidh an lamháil earráide cosúil leis an lamháil a ndearna an Coimisiún foráil di maidir le Fís Eorpach, i.e. chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an riosca earráide le linn na tréimhse caiteachais ilbhliantúla, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon 2- 5 %, agus é ina aidhm dheiridh ráta earráidí iarmharach chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag deireadh na gclár

ilbhliantúil, nuair a bheidh tionchar airgeadais gach iniúchta, birt ceartaithe agus birt gnóthaithe curtha san áireamh.

Féach an Ráiteas Airgeadais Reachtach maidir le Fís Eorpach le haghaidh sonraí iomlána ar an ráta earráide a bhfuiltear ag súil leis i ndáil le rannpháirtithe.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhrac in aghaidh na calaoise ag gach céim den phróiseas bainistíochta.

Rinneadh profáil chalaoise agus measúnú ar a dtionchar ar na tograí maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach. Ar an iomlán, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag na bearta atá beartaithe ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, go háirithe trí níos mó béime a leagan ar an iniúchóireacht rioscabhunaithe, trí mheastóireacht threisithe eolaíochta agus trí rialú treisithe eolaíochta.

Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leas airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus bactha.

Téann Comhlachas EDCTP i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin cheana féin in ábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar ar aghaidh leis sin agus go neartófar é.

Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, gach conraitheoir agus gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin gClár.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d’fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas. Beidh ar na Comhghnóthais aontú freisin don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha na hOifige Eorpaí Frith- Chalaoise (OLAF).

Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939 ón gComhairle d’fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid (línte buiséid) nua caiteachais atá beartaithe

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceannteideal 1**<br>**Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach – Fís Eorpach** | LD/LN[128] | ó thíortha de chuid CSTE[129] | ó thíortha is iarrthóirí[130] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21 (2)(b)] den Rialachán Airgeadais |
| 1 | 01 02 02 53 – An Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa | LD | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ |

[128] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[129] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[130] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

* Meastar go dtiocfaidh an ranníocaíocht leis an líne bhuiséid seo ón méid a leanas:

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach<br>01 01 01 01 | | | | | | | | | |
| Pearsanra seachtrach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach<br>01 01 01 02 | | | | | | | | | |
| Caiteachas bainistíochta eile le 'Fís Eorpach' a cur chun feidhme — Taighde indíreach<br>01 01 01 03 | | | | | | | | | |
| An Bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht' -<br>01 02 02 50 | 73,000 | 93,000 | 94,000 | 107,000 | 94,000 | 80,000 | 59,000 | | **600,000** |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| **Caiteachas iomlán** | 73,000 | 93,000 | 94,000 | 107,000 | 94,000 | 80,000 | 59,000 | | **600,000** |

An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | **Ceannteideal Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach**<br>Fís Eorpach |
|---|---|---|

| **Comhghnóthas[131][132]** | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027[133]** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 | Gealltanais | (1) | 0,909 | 1,816 | 1,852 | 1,891 | 1,928 | 1,965 | 7,418 | | 17,779 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,909 | 1,816 | 1,852 | 1,891 | 1,928 | 1,965 | 2,004 | 5,414 | 17,779 |
| Teideal 2 | Gealltanais | (1a) | 0,259 | 0,541 | 0,552 | 0,574 | 0,609 | 0,659 | 3,027 | | 6,221 |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0,259 | 0,541 | 0,552 | 0,574 | 0,609 | 0,659 | 0,672 | 2,355 | 6,221 |
| Teideal 3 | Gealltanais | (3a) | 71,832 | 90,643 | 91,596 | 104,535 | 91,463 | 77,376 | 48,555 | | 576,000 |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 11,832 | 97,643 | 71,596 | 70,535 | 84,463 | 78,376 | 84,324 | 77,231 | 576,000 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe don Chomhghnóthas** | Gealltanais | =1+1a +3a | 73,000 | 93,000 | 94,000 | 107,000 | 94,000 | 80,000 | 59,000 | | 600,000 |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 13,000 | 100,000 | 74,000 | 73,000 | 87,000 | 81,000 | 87,000 | 85,000 | 600,000 |

[131] Léiríonn na méideanna i dTeidil 1 agus 2 ranníocaíocht an Aontais (suas le EUR XX) do chostais riaracháin an Chomhghnóthais. Tagann an chuid eile atá fágtha ó ranníocaíochtaí a rinne comhaltaí eile den Chomhghnóthas mar a thaispeántar i gcuid 3.2.4.

[132] Bunaítear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i dTeidil 1 agus 2 ar thomhaltas bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí uile a chomhfhreagraíonn dóibh, agus i gcás Theideal 3 cinntear iad trí chineál na ngníomhaíochtaí indíreacha agus a sceideal íocaíochta (réamhchistiú, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht na iarmhéid) a chur san áireamh.

[133] Tá na gealltanais don bhliain le fáil i dTeideal 1 agus i dTeideal 2 maidir leis an mbliain 2027 agus tús- ualú na ngealltanas do na blianta a bheidh fágtha den Chomhghnóthas sa tréimhse 2027–20XX.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| AS MOVE | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní Daonna [134] | | 0,493 | 0,503 | 0,513 | 0,524 | 0,534 | 0,545 | 0,556 | | **3,668** |
| Caiteachas riaracháin eile[135] | | 0,132 | 0,142 | 0,145 | 0,148 | 0,151 | 0,154 | 0,157 | | **1,029** |
| **IOMLÁN Ard- Stiúrthóireacht** | Leithreasuithe | 0,625 | 0,645 | 0,658 | 0,672 | 0,685 | 0,699 | 0,713 | | **4,697** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir - Ceannteideal 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 73,625 | 93,645 | 94,658 | 107,672 | 94,685 | 80,699 | 59,713 | | 604,697 |
| | Íocaíochtaí | 13,625 | 100,645 | 74,658 | 73,672 | 87,685 | 81,699 | 87,713 | 85,000 | 604,697 |

| AST/SC Iomlán | | | | | | | | | | | | |

An tionchar measta ar an bhfoireann (bhreise) – pearsanra seachtrach

| Gníomhairí conartha | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme IV | 0,3 | 3,0 | 4,0 | 4,0 | 4,0 | 4,0 | 4,0 | 3,0 | 1,0 | 1,0 | 0,0 | |
| Grúpa feidhme III | 0,0 | 3,0 | 4,0 | 4,0 | 4,0 | 4,0 | 4,0 | 3,0 | 3,0 | 2,0 | 1,0 | |
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |
| Iomlán | 0,3 | 6,0 | 8,0 | 8,0 | 8,0 | 8,0 | 8,0 | 6,0 | 4,0 | 3,0 | 1,0 | |

| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | |

*3.2.3. Acmhainní daonna an Choimisiúin a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos[152]:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| Blianta | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | | | | | | |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| **• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [153] Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Maoinithe ó CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Maoinithe ó imchlúdach an chláir [154] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard- Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard- Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Is iad cúraimí fhoireann an Choimisiúin in éineacht le cur chun feidhme an Chomhghnóthais cur chun feidhme ceart an bhuiséid agus maoirseacht oibríochtaí. Beidh bainisteoirí sinsearacha ó sheirbhísí an Choimisiúin ar Bhord Rialála an Chomhghnóthais.<br><br>Rannchuideoidh baill foirne an Choimisiúin le hobair ghrúpaí comhairleacha an Chomhghnóthais a d'fhéadfadh an Bord Rialála a bhunú. |
| Pearsanra seachtrach | Tacóidh foireann sheachtrach le hoifigigh agus foireann shealadach chun cur chun feidhme ceart an bhuiséid agus maoirseacht oibríochtaí an Chomhghnóthais a áirithiú. |

[152] Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach freisin.

[153] AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[154] Fo- uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

### 3.2.4. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

– Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ranníocaíocht airgeadais le costais riaracháin an Chomhghnóthais cumhdaithe ag na Comhaltaí seachas an tAontas | 0,336 | 2,135 | 2,830 | 3,339 | 3,406 | 3,474 | 3,543 | 10,815 | 29,878 |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Comhaltaí príobháideacha/ Comhpháirtithe Comhlachaithe | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Stáit Rannpháirteacha | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Comhpháirtithe Comhlachaithe (Daonchairdis + Tionscal) | 20,000 | 50,000 | 70,000 | 80,000 | 90,000 | 50,000 | 50,000 | - | 410,000 |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochta [155] ó Chomhalta Príobháideach – Comhlachas EDCTP (a bhfuil Stáit Rannpháirteach a ina n-eintitis chleamhnaithe | 50,000 | 50,000 | 60,000 | 70,000 | 70,000 | 60,000 | 50,000 | - | 410,000 |

[155] Ba cheart ranníocaíochtaí comhchineáil a thaispeáint sa tábla sna blianta ina bhfuiltear ag súil go dtabhófar iad.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| de) | | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | 70,336 | 102,135 | 132,830 | 153,339 | 163,406 | 113,474 | 114,358 | - | 849,878 |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[156] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
| Airteagal …………. | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

[156] Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH – SLÁINTE NUÁLACH**

# 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

## 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle ar an gComhpháirtíocht Eorpach um Shláinte Nuálach (IHI – Tionscnamh um Shláinte Nuálach) |

## 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)*

| |
|---|
| Réimse Beartais: Tá tosaíochtaí polaitiúla Choimisiún von der Leyen le haghaidh 2019- 2024, 'Geilleagar a fhóireann do dhaoine' agus 'Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach' go háirithe, an- ábhartha do IHI (tá an 'Comhaontú Glas don Eoraip' ábhartha freisin, bíodh is nach bhfuil sé chomh hábhartha céanna).<br><br>Gníomhaíocht: Fís Eorpach – An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht arna chistiú faoi Cholún II, Braisle 1 'Sláinte'. |

## 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

X **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[157]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

## 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

| |
|---|
| Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta IHI (go fadtéarmach):<br><br>1. Rannchuidiú le héiceachóras taighde agus nuálaíochta sláinte ar fud an Aontais a éascaíonn aistriú eolais eolaíochta ina nuálaíochtaí a chruthú. Tá sé sin dírithe go príomha ar aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí atá ann faoi láthair in eolas eolaíochta a ghintear san Eoraip a aistriú ina nuálaíochtaí sláinte agus cúraim, amhail straitéisí, diagnóisic nó drugaí nua coiscthe.<br><br>2. Forbairt nuálaíochtaí sábháilte, éifeachtacha, duinelárnacha, costéifeachtúla a fhreagraíonn do riachtanais straitéiseacha sláinte poiblí nach gcomhlíontar go fóill agus nach ndéanann an tionscal atá ann faoi láthair freastal leordhóthanach orthu a chothú. Tugann sé aghaidh ar na táirgí nuálacha neamhleora a bhaineann seirbhísí cúraim sláinte amach le haghaidh riachtanais sláinte poiblí nach gcomhlíontar. Trí bhíthin forbairt nuálaíochtaí a chothú, ar nuálaíochtaí iad ní hamháin atá sábháilte agus éifeachtach, ach atá duinelárnach agus costéifeachtúil freisin, méadófar an dóchúlacht go nglacfaidh daoine agus córais cúraim sláinte nuálaíochtaí, agus sa tslí sin rachfar chun leas shaoránaigh an Aontais agus neartófar an geilleagar, má éiríonn córais cúraim sláinte níos éifeachtúla. |

[157] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

3. Nuálaíocht sláinte trasearnála a spreagadh le haghaidh tionscal sláinte san Eoraip atá iomaíoch go domhanda. Tá sé sin dírithe go príomha ar aghaidh a thabhairt ar an riosca atá ann d'iomaíochas domhanda thionscal sláinte an Aontais.

Tagann na cuspóirí ginearálta le cuspóirí Fís Eorpach, go háirithe lena chuspóir go ndéanfaí 'boinn eolaíochta agus teicneolaíochta an Aontais a neartú' agus 'an t-iomaíochas a chothú'. Tagann siad freisin le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais chun sláinte agus folláine a chur chun cinn do chách, lena n-áirítear rochtain ar chúram sláinte nuálach, inbhuanaithe, ardcháilíochta, agus le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3 'Saolta sláintiúla a chinntiú agus folláine a chur chun cinn ag gach aois.'

Táthar ag súil go dtosóidh an tionscnamh ag feidhmiú sa dara nó sa tríú ráithe de 2021 (ag brath ar dháta glactha an Bhunghnímh Aonair ag an gComhairle). Tá na Comhghnóthais curtha ar bun le feidhmiú go dtí an 31 Nollaig 2027, agus seolfaí a nglaonna deiridh faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí. I gcomhréir leis na critéir maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha in Iarscríbhinn III den Rialachán maidir le Fís Eorpach, déantar foráil shonrach sa Bhunghníomh Aonair dá meastóireacht, dá gcéimniú amach agus dá n-athnuachan. Áirítear leis sin oibleagáid ar an mBord Rialála plean a chur isteach le haghaidh chéimniú amach an Chomhghnóthais ó chistiú Fís Eorpach agus measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghníomhaíocht amach anseo mar chuid d'athbhreithnithe tréimhsiúla agus meastóireachtaí.

.

*1.4.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais*

Tá na fadhbanna a dtugtar tuairisc orthu sa doiciméad seo de chineál agus de mhéid a fhágann go mbeidh gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais níos oiriúnaí ná a dtionscnamh féin á bhforbairt ag na Ballstáit aonair. Leis sin, beifear in ann iarracht níos comhleanúnaí agus níos comhordaithe a dhéanamh, agus an dúbailt a sheachaint.

**Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa (*ex- ante*):**

• Is dúshláin agus bagairtí domhanda nach dtugann aird ar bith ar theorainneacha iad na dúshláin agus na tubaistí sláinte atá ann faoi láthair. Éilíonn siad freagairt thapa chomhordaithe, agus cumais agus sonraí taighde sláinte scaipthe ar fud na hEorpa. Ní fhéadfadh aon Bhallstát aonair teagmháil a dhéanamh leis an raon éagsúil páirtithe leasmhara agus cuideachtaí agus iad a shlógadh agus an mhais chriticiúil saineolais agus sonraí a éilítear is gá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin a bhaint amach.

• Bheadh gníomhaíochtaí ar leibhéal na mBallstát srianta i dtéarmaí na taithí tionscail agus acadúla atá ar fáil i dtír ar leith. Is fearr is bhfad is féidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais páirtithe leasmhara iomadúla a chomhordú go héifeachtach agus na cuspóirí beartaithe a chomhlíonadh, an tráth céanna a sheachnaítear dúbailt sa taighde.

• Tá láithreacht ar fud an Aontais ag formhór na gcuideachtaí a bhaineann le sláinte a fheidhmíonn sna Ballstáit. Rialáiltear a ngníomhaíochtaí agus táirgí ag creata dlíthiúla ar fud an Aontais, e.g. ar tháirgí íocshláinte, feistí leighis agus cúram sláinte trasteorann. Dá bhrí sin, luíonn sé le réasún tionscnamh dírithe ar an nuálaíocht i gcúrsaí sláinte ar leibhéal an Aontais a bheith ann. Thairis sin, is é an

tAontas is fearr chun caighdeáin agus creataí comónta a bhaineann le nuálaíochtaí sláinte is infheidhme maidir le margadh inmheánach an Aontais ina iomláine a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

• Ní bheadh an creat dlíthiúil agus airgeadais ag na Ballstáit astu féin chun comhar ilearnála a chumasú ag a mbeadh an raon feidhme agus/nó an scála arna beartú.

**An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (ex- post):**

Féadann tionscnamh de chuid an Aontais cuidiú le réimse leathan páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile, páirtithe príobháideacha agus páirtithe poiblí araon i réimse na sláinte. Chuideodh rannpháirtíocht tionscail le hiarrachtaí taighde acadúil a spreagadh i dtreo nuálaíochtaí infheidhmithe sláinte, agus d'áiritheodh an tAontas, le hionadaíocht ón gCoimisiún Eorpach, go dtabharfadh tionscadail aghaidh ar riachtanais thábhachtacha sláinte neamhchomhlíonta agus go soláthróidís nuálaíochtaí ar féidir le córais cúraim sláinte glacadh leo. Tá sé d'acmhainn ag tionscnamh ar leibhéal an Aontais an scála agus an raon feidhme infheistíochta a sholáthar is gá chun infheistíocht bhreise i dtaighde agus nuálaíocht a mhealladh, nó infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht atá ann faoi láthair a aistriú, go riachtanais straitéiseacha sláinte poiblí neamhchomhlíonta i gcás nach ngníomhódh an tionscal as féin. Thairis sin, chruthódh tionscnamh faoi choimirce an Aontais timpeallacht neodrach ina gcuirfí muinín le saineolas, acmhainní agus eolas a chomhroinnt. Dírítear a thuilleadh ar na saincheisteanna sin sa doiciméad Measúnaithe Tionchair atá i gceangal leis an togra seo.

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Bunaithe ar an meastóireacht eatramhach ar Chomhghnóthas IMI2 (an tionscnamh roimhe sin), 'ba é príomhéacht Chomhghnóthas IMI2 ar ar tugadh comhthoil ghinearálta, ó cuireadh tús leis an gComhghnóthas, go raibh comhar indéanta idir cuideachtaí éagsúla domhanda atá in iomaíocht lena chéile, FBManna agus an saol acadúil'. In éineacht leis an mbuiséad atá ar fáil agus an straitéis fhadtéarmach, measadh gur shócmhainn thábhachtach do thaighde cógaisíochta na hEorpa a bhí sa chomhar sin. Chruthaigh an comhar sin muinín agus spreag sé athrú meoin agus comhpháirtithe ag tuiscint riachtanas a chéile.

Foghlaimíodh faoin ngá le '**cur ar chumas earnálacha eile tionscail teagmháil ghníomhach a dhéanamh le tionscal na cógaisíochta chun leas a bhaint as a saineolas maidir le nuálaíochtaí nua cúraim sláinte a fhorbairt'**. Dá bhrí sin, is gá do na hearnálacha tionscail na hearnálacha bithchógaisíochta, biteicneolaíochta agus teicneolaíochtaí sláinte a chumhdach, lena n-áirítear cuideachtaí atá gníomhach sa réimse digiteach. Tá na gníomhaithe seo riachtanach (cé nach ionann leibhéal riachtanach na ngníomhaithe) chun gach ceann de na cuspóirí sonracha a bhaint amach**. Is dóchúil go gcuirfeadh teagmháil luath níos fearr le comhlachtaí rialála** srian le taighde diomailteach nó neamhéifeachtúil agus go gcuirfeadh sí dlús le cur in úsáid, agus an tráth céanna thabharfaí aghaidh ar laige arna haithint sa mheastóireacht eatramhach ar Chomhghnóthas IMI2 agus moladh ó Choiste Eolaíochta Chomhghnóthas IMI2[158].

[158] D'aithin Coiste Eolaíochta IMI2 go bhfuil idirphlé luath le rialtóirí inmhianaithe le haghaidh comhar rathúil príobháideach poiblí. Moltaí Choiste Eolaíochta IMI2 maidir le cistiú comhpháirtíochta príobháidí poiblí

*1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirge a d'fhéadfadh a bheith ann*

| |
|---|
| De réir an Rialacháin maidir le Fís Eorpach, is gá do gach Comhpháirtíocht Eorpach comhordú agus/nó comhghníomhaíochtaí le tionscnaimh ábhartha eile taighde agus nuálaíochta a áirithiú chun barrleibhéal idirnascachtaí agus sineirgí éifeachtacha a áirithiú. I gcomhréir leis sin, forbraítear an Bunghníomh Aonair de réir an phríomhphrionsabail go mbeidh dlúthchomhar agus sineirgí idir Comhghnóthais agus tionscnaimh ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus leibhéal an Aontais, Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile go háirithe, ríthábhachtach chun tionchar níos mó a bhaint amach agus glacadh torthaí a áirithiú. Chuige sin, éascaíonn an Bunghníomh Aonair (Cuid a hAon, forálacha coitianta infheidhme maidir le gach Comhghnóthas) sineirgí trí bhíthin an iliomad forálacha oibríochtúla.<br><br>Tá roinnt comhpháirtíochtaí iarrthacha eile i mbraisle na Sláinte a bhfuil dlúthbhaint acu le sláinte nuálach ach a mbaineann fócas níos téamaí nó níos geografaí leo. leigheas pearsantaithe, galair neamhchoitianta, Aon Sláinte Amháin BAT agus Sláinte Dhomhanda EDCTP3. D'fhéadfaí torthaí a eascraíonn as an Tionscnamh um Shláinte Nuálach a chur i bhfeidhm agus a mhéadú ó scála i dtimpeallacht chasta sláinte Eorpach i gcás ina bhféadfadh tionscnaimh sláinte eile (Comhpháirtíocht Eorpach iarrthach um Chlaochlú Córas Sláinte agus Cúraim nó EIT Health) a bheith comhlántach. Ar deireadh, is cosúil go bhfuil an timpeallacht fabhrach freisin do chuidiú leis an gcomhpháirtíocht a spriocanna a bhaint amach le comhpháirtíochtaí iarrthacha sna réimse seo a leanas: (1) Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha; (2) Intleacht Shaorga, Sonraí agus Róbataic; agus (3) Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta.<br><br>Déanfar faireachán ar shineirgí agus comhar leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí. |

– céard é a fhágann go bhfuil ábhar oiriúnach ar deireadh don chineál samhla cistiúcháin seo, https://www.imi.europa.eu/sites/default/files/uploads/documents/About-IMI/Governance/sc/SCrecommendations_PPPfunding.pdf.

## 1.5. Fad agus tionchar airgeadais

X **tréimhse theoranta**

- X x i bhfeidhm ón 01/06/2021 go dtí an 31/12/2031 (dátaí sealadacha)
- X Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2021 go deireadh na ngníomhaíochtaí cistithe maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[159]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

X **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- X comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Le bainistiú ag Clároifig Chomhghnóthas IHI. |

159 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht agus na coinníollacha*

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach, glacfaidh an chomhpháirtíocht córas faireacháin atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45, Iarscríbhinní III agus V den Rialachán maidir le Fís Eorpach, agus déanfaidh sé fónamh don bhunachar sonraí aonair céanna agus a dhéanann na comhpháirteanna eile de Fís Eorpach. Soláthróidh an córas tuairiscithe agus faireacháin príomhshonraí bainistíochta agus cur chun feidhme (lena n-áirítear mionsonraí ar leibhéal na n-eintiteas aonair), agus beifear in ann dul chun cinn a rianú de réir na bPríomhchonairí Tionchar (lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach), agus na gcritéar comhpháirtíochta. Ina theannta sin, tuairisceoidh an chomhpháirtíocht ar tháscairí sonracha (nach gcumhdaítear leis na Príomhchonairí Tionchar) chun gur féidir an dul chun cinn a dhéantar sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma i leith fhís agus chuspóirí sonracha agus chuspóirí oibríochta na comhpháirtíochta mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear an Chomhpháirtíocht, lena n-áirítear ar na spriocanna a shocraítear faoi 2030, chun gur féidir an dul chun cinn sin a rianú. Ceadóidh na táscairí, foinsí sonraí agus modheolaíochtaí measúnú in imeacht ama ar an méid atá bainte amach agus an dul chun cinn i leith tionchar, lena n-áirítear baint amach chuspóirí beartais an Aontais, agus ceadófar sainaithint riachtanais fhéideartha le haghaidh bearta ceartaitheacha. Ba cheart sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a chur san áireamh, freagrachtaí maidir le bailiú sonraí a shainaithint, agus cineálacha cur chuige nithiúla a leagan amach chun bonnlíne, spriocanna agus/nó tagarmharcanna réalaíocha a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, agus i gcomhréir le cur chuige tionchair Fís Eorpach. Soláthrófar gach faisnéis a bhailítear nach mór san fhíor- am do sheirbhísí an Choimisiúin de réir samhlacha sonraí comhchoitinn agus cuirfear isteach i mbunachar sonraí aonair í mar a shonraítear in Airteagal 45 de Fís Eorpach.

Chun na críche sin, cuirfear córais iomchuí tuairiscithe i bhfeidhm chun tacú le tuairisciú leanúnach trédhearcach, lena n-áirítear tuairisciú ar ranníocaíochtaí airgeadais agus comhchineáil a dtabharfar gealltanais ina leith agus a chuirfear ar fáil go hiarbhír, ar infheictheacht agus seasamh sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus ar thionchar ar rioscaí infheistíochtaí na hearnála príobháidí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht. Ba cheart do thuairisciú a bheith i gcomhréir le ceanglais chaighdeánacha Fís Eorpach maidir le tuairisciú. Áireofar freisin i bhforbairt na gcóras tuairiscithe i gcomhthéacs chomhordú straitéiseach an phróisis na Ballstáit agus ionadaithe comhpháirtíochta chun sioncrónú agus comhordú iarrachtaí tuairiscithe agus faireacháin a áirithiú, lena n-áirítear leithdháileadh cúraimí bailithe eolais agus tuairiscithe. Áireofar sa chóras tuairiscithe ar leibhéal an tionscadail faisnéis mhionsonraithe ar na tionscadail arna gcistiú, a dtorthaí, a scaipeadh agus a n-úsáid ag príomh- spriocghrúpaí, agus an difríocht fhoriomlán atá á déanamh aige seo don eolaíocht, geilleagar, sochaí agus/nó don chomhshaol, i gcomhréir le cuspóirí agus sprioctionchair na dtionscadal. Ba cheart é sin a chomhlánú le sonraí ábhartha ar bhreisluach agus tionchar na comhpháirtíochta ar leibhéal na hEorpa, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach. Ní mór sásra iomchuí comhroinnte sonraí ag a bhfuil bunachair shonraí chomónta Fís Eorpach maidir le faireachán agus tuairisciú a áirithiú chomh maith.

Déanfar meastóireacht ar Chomhpháirtíochtaí Eorpacha de réir chreat meastóireachta Fís Eorpach, mar a leagtar amach in Airteagal 47.

.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Tá údar maith le bainistíocht indíreach toisc gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é an Comhghnóthas IHI a dtugtar cuid dá chistiú isteach i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil le comhaltaí seachas an tAontas.

Gach bliain, déanfar an cinneadh maidir le ranníocaíocht leis an gComhghnóthas IHI de bhua bhuiséad an Aontais arna ghlacadh don bhliain sin.

Léireofar i gComhaontú Tarmligin arna shíniú idir an Coimisiún Eorpach agus Comhghnóthas IHI go n-íocfaidh an Coimisiún ranníocaíocht ar thabhairt i gcrích comhaontaithe Aistrithe Cistí le Comhghnóthas IHI i ndáil leis na cúraimí atá le cur i gcrích gach bliain, agus léireofar ann freisin go n-eiseoidh an Comhghnóthas iarratais chomhfhreagracha íocaíochta do na comhaltaí seachas an tAontas.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh na rialacha infheidhme maidir le Comhghnóthas IHI ceanglais an Rialacháin Airgeadais ina n-iomláine. I gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, beidh urraim ag an gComhghnóthas do phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Comhlíonfaidh Comhghnóthas IHI forálacha infheidhme an tSamhailrialacháin Airgeadais maidir leis an gComhghnóthas freisin. Beidh aon imeacht ón Samhailrialachán Airgeadais sin, arna éileamh chun críche riachtanais shonracha an Chomhghnóthais, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Áireofar le socruithe faireacháin, lena n-áirítear trí ionadaíocht an Aontais ar Bhord Rialála Chomhghnóthas IHI, chomh maith le socruithe tuairiscithe, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin ceanglais chuntasachta an Choláiste agus an Údaráis Bhuiséadaigh a chomhlíonadh.

Tá creat rialaithe inmheánach Chomhghnóthas IHI bunaithe ar na rudaí seo a leanas:

- na Caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh, a thairgeann ráthaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, le ráthaíochtaí an Choimisiúin, a chur chun feidhme;
- nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú trí bhíthin meastóireacht neamhspleách, agus chun iad a aistriú ina n-ionstraimí dlí;
- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;
- seiceálacha *ex- ante* a dhéanamh ar 100 % d'éilimh, lena n-áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus deimhniú ex ante ar mhodheolaíochtaí costais;
- iniúchtaí *ex- post* a dhéanamh ar shampla éileamh mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* Fís Eorpach;
- meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá bearta éagsúla curtha ar bun chun riosca bunúsach na coinbhleachta leasa laistigh de Chomhghnóthas IHI a mhaolú, go háirithe:

- ceart comhionann vótála don Choimisiún agus do chomhaltaí seachas an tAontas ar an mBord Rialála,

- roghnú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an mBord Rialála bunaithe ar thogra leis an gCoimisiún,
- neamhspleáchas foirne,
- meastóireachtaí ag saineolaithe neamhspleácha bunaithe ar chritéir roghnúcháin arna bhfoilsiú in éineacht le sásraí achomhairc agus dearbhuithe iomlána aon leasa,
- ceanglas go nglacfadh an Bord Rialála rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasa sa Chomhghnóthas i gcomhréir le rialacha airgeadais an Chomhghnóthais agus leis na Rialacháin Foirne i leith foirne.

Beidh bunú luachanna eiticiúla agus eagraíochtúla ar cheann de phríomhróil an Chomhghnóthais, agus déanfaidh an Coimisiún faireachán air.

Éileofar ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chomhghnóthas IHI, ina ról mar Oifigeach Údarúcháin, córas costéifeachtach rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta a thabhairt isteach. Éileofar air nó uirthi tuairisciú don Choimisiún ar an gcreat rialaithe inmheánach arna ghlacadh.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an riosca neamhchomhlíonta trí bhíthin an chórais tuairiscithe a fhorbróidh sé, agus trí bhíthin torthaí iniúchtaí *ex- post* ar fhaighteoirí chistí an Aontais ó Chomhghnóthas IHI a leanúint, mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* lena gcumhdaítear iomlán Fís Eorpach.

Is léir gur gá an buiséad a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, agus cosc a chur ar chalaois agus ar dhiomailt. Is gá don chóras rialaithe, áfach, cothromaíocht chóir a aimsiú idir ráta inghlactha earráide a bhaint amach agus an t-ualach rialaithe a éilítear agus laghdú tharraingteacht chlár taighde an Aontais a sheachaint.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Toisc go bhfuil na rialacha maidir le rannpháirtíocht Fís Eorpach is infheidhme maidir le Comhghnóthas IHI cosúil leo siúd a úsáidfidh an Coimisiún ina Chlár Oibre, agus mar gheall go bhfuil daonra tairbhithe aige ag a bhfuil próifíl riosca atá cosúil le próifíl riosca na dtairbhithe siúd atá ag an gCoimisiún, is féidir a mheas go mbeidh an lamháil earráide cosúil leis an lamháil a ndearna an Coimisiún foráil di maidir le Fís Eorpach, i.e. chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an riosca earráide le linn na tréimhse caiteachais ilbhliantúla, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon 2- 5 %, agus é ina aidhm dheiridh ráta earráidí iarmharach chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag deireadh na gclár ilbhliantúil, nuair a bheidh tionchar airgeadais gach iniúchta, birt ceartaithe agus birt gnóthaithe curtha san áireamh.

Féach an Ráiteas Airgeadais Reachtach maidir le Fís Eorpach le haghaidh sonraí iomlána ar an ráta earráide a bhfuiltear ag súil leis i ndáil le rannpháirtithe.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh Comhghnóthas IHI nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhrac in aghaidh na calaoise ag gach céim den phróiseas bainistíochta.

Na tograí a bhaineann leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, tháinig siad faoi réir calaoisdíonú agus rinneadh measúnú ar a dtionchar. Ar an iomlán, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag na bearta atá beartaithe ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, go háirithe trí níos mó béime a leagan ar an iniúchóireacht rioscabhunaithe, trí mheastóireacht threisithe eolaíochta agus trí rialú treisithe eolaíochta.

Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leas airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus bactha.

Téann Comhghnóthas IMI2 (an tionscnamh roimhe sin) i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin cheana féin in ábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar ar aghaidh leis sin agus go neartófar é.

Beidh de chumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, gach conraitheoir agus gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin gClár.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d’fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas. Beidh ar na Comhghnóthais aontú freisin don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha na hOifige Eorpaí Frith- Chalaoise (OLAF).

Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2017/193923 ón gComhairle d’fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid (línte buiséid) nua caiteachais atá beartaithe

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceannteideal 1**<br>**Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach – Fís Eorpach** | LD/LN[160] | ó thíortha de chuid CSTE[161] | ó thíortha is iarrthóirí[162] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21 (2)(b)] den Rialachán Airgeadais |
| 1 | 01 02 02 11 - Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach | LD | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ |

160 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

161 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

162 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

* Meastar go dtiocfaidh an ranníocaíocht leis an líne bhuiséid seo ón méid a leanas:

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)

| **Líne buiséid** | **Bliain 2021** | **Bliain 2022** | **Bliain 2023** | **Bliain 2024** | **Bliain 2025** | **Bliain 2026** | **Bliain 2027** | **Tar éis 2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 01 | `- | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Pearsanra seachtrach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 02 | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Caiteachas bainistíochta eile le 'Fís Eorpach' a cur chun feidhme — Taighde indíreach 01 01 01 03 | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| An Bhraisle 'Sláinte' — 01 02 02 10 | 100,455 | 150,928 | 201,425 | 201,694 | 201,976 | 202,295 | 141,227 | - | **1 200,000** |
| **Caiteachas iomlán** | 100,455 | 150,928 | 201,425 | 201,694 | 201,976 | 202,295 | 141,227 | **-** | **1 200,000** |

An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | **Ceannteideal Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach**<br>Fís Eorpach |

| **Comhghnóthas**[163][164] | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027**[165] | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 (caiteachas foirne) | Gealltanais | (1) | 0,300 | 0,611 | 0,937 | 1,115 | 1,300 | 1,511 | 14,100 | | 19,874 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,300 | 0,611 | 0,93 | 1,115 | 1,3300 | 1,511 | 2,397 | 11,703 | 19,874 |
| Teideal 2 (riarachán eile, lena n-áirítear bonneagar, costais athbhreithnithe saineolaithe, etc.) | Gealltanais | (1a) | 0,155 | 0,317 | 0,488 | 0,579 | 0,676 | 0,784 | 7,339 | | 10,338 |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0,155 | 0,317 | 0,488 | 0,579 | 0,676 | 0,784 | 1,250 | 6,089 | 10,338 |
| Teideal 3 (oibríochtúil) | Gealltanais | (3a) | 100,000 | 150,000 | 200,000 | 200,000 | 200,000 | 200,000 | 119,788 | | 1 169,788 |
| | Íocaíochtaí | (3b) | - | 30,000 | 50,000 | 72,000 | 115,000 | 157,000 | 180,000 | 565,788 | 1 169,788 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe don Chomhghnóthas** | Gealltanais | =1+1a +3a | 100,455 | 150,928 | 201,425 | 201,694 | 201,976 | 202,925 | 141,227 | - | 1 200,000 |
| | Íocaíochtaí | =2+2a+3b | 0,455 | 30,928 | 51,425 | 73,694 | 116,976 | 159,295 | 183,647 | 583,580 | 1 200,000 |

163 Léiríonn na méideanna i dTeidil 1 agus 2 ranníocaíocht an Aontais (suas le EUR 30,212 milliún) do chostais riaracháin an Chomhghnóthais. Tagann an chuid eile atá fágtha ó ranníocaíochtaí a rinne comhaltaí eile den Chomhghnóthas mar a thaispeántar i gcuid 3.2.4.

164 Bunaítear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i dTeidil 1 agus 2 ar thomhaltas bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí uile a chomhfhreagraíonn dóibh, agus i gcás Theideal 3 cinntear iad trí chineál na ngníomhaíochtaí indíreacha agus a sceideal íocaíochta (réamhchistiú, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht na iarmhéid) a chur san áireamh.

165 Is i dTeidil 1 agus 2 atá na gealltanais le fáil maidir leis an mbliain 2027, agus tús- ualú na ngealltanas do na blianta a bheidh fágtha den Chomhghnóthas sa tréimhse 2027- 2031.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| AS RTD | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní Daonna [166] | | 0,491 | 0,503 | 0,513 | 0,523 | 0,533 | 0,544 | 0,555 | - | 3,662 |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0,128 | 0,130 | 0,133 | 0,135 | 0,138 | 0,141 | 0,144 | - | 0,949 |
| **IOMLÁN Ard- Stiúrthóireacht** | Leithreasuithe | 0,619 | 0,633 | 0,646 | 0,658 | 0,671 | 0,685 | 0,699 | - | 4,611 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir - Ceannteideal 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 101,074 | 151,561 | 202,071 | 202,352 | 202,647 | 202,980 | 141,926 | - | 1 204,611 |
| | Íocaíochtaí | 1,074 | 31,561 | 52,071 | 74,352 | 117,647 | 159,980 | 184,346 | 583,580 | 1 204,611 |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

[166] Lena gcumhdaítear riarachán ghníomhaíochtaí Fís Eorpach. Cinntear na costais FTE ar bhonn an mheánchostais bhliantúil atá le húsáid amhail ó mhí Eanáir 2021 le haghaidh tuarastal le haghaidh Foirne Buaine (EUR 0.127), Gníomhairí Conarthacha (EUR 0.057) agus costas riaracháin eile (EUR 0.0255) arna dtreorú go costais foirgneamh agus TF le haghaidh foirne Taighde Indírigh. Tá innéacsú bliantúil 2 % curtha i bhfeidhm don tréimhse 2022- 2027. Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | - | - | - | - | - | - | - | | - |
| Caiteachas riaracháin eile | | - | - | - | - | - | - | - | | - |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | - | - | - | - | - | - | - | | - |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe thar CHEANNTEIDIL** den creat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 101,074 | 151,561 | 202,071 | 202,352 | 202,647 | 202,980 | 146,926 | - | 1 204,611 |
| | Íocaíochtaí | 1,074 | 31,561 | 52,071 | 74,352 | 117,647 | 159,980 | 184,346 | 583,580 | 1 204,611 |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an Chomhghnóthais*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

Uimhreacha foirne (i gcomhaireamh daoine / coibhéis lánaimseartha (FTE))

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baill foirne ar conradh | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 14 | 14 | 40 | 143 |
| Foireann shealadach (Gráid AD) | **33** | **33** | **34** | **34** | **34** | **35** | **35** | 120 | 358 |
| Foireann shealadach (Gráid AST) | 6 | 6 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 20 | 57 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| **IOMLÁN**[167] | 55 | 55 | 54 | 54 | 54 | 54 | 54 | 180 | 560 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 0,841 | 0,858 | 0,875 | 0,893 | 0,911 | 0,867 | 0,884 | 2,656 | 8,787 |
| Foireann shealadach (Gráid AD) | 4,207 | 4,292 | 4,510 | 4,600 | 4,692 | 4,927 | 5,025 | 18,109 | 50,364 |
| Foireann shealadach (Gráid AST) | 0,337 | 0,343 | 0,292 | 0,298 | 0,303 | 0,310 | 0,316 | 1,328 | 3,527 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 0,061 | 0,062 | | | | | | | 0,124 |
| **IOMLÁN** | 5,447 | 5,556 | 5,677 | 5,791 | 5,907 | 6,104 | 6,226 | 22,093 | 62,801 |

## Tar éis 2027

Uimhreacha foirne (i gcomhaireamh daoine / coibhéis lánaimseartha (FTE))

| | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | |

167 Laghdófar líon iomlán FTEnna na gComhghnóthas ar fad arna mbunú ag an Rialachán ón gComhairle faoi Fís Eorpach le 10 FTE idir 2024 agus 2027 i ndiaidh measúnú ar éifeachtacht oibríochtaí na gComhghnóthas agus aird chuí á tabhairt ar na gnóthachain éifeachtúlachta a leanfaidh as an gCúloifig Choiteann a chur ar bun. Chun na críche sin, scaipfear Ráiteas Airgeadais Reachtach athbhreithnithe a chumhdaíonn an tréimhse 2024- 2027 faoi dheireadh 2023.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 10 | 10 | 10 | 10 | 40 |
| Foireann shealadach (Gráid AD) | **30** | **30** | **30** | **30** | 120 |
| Foireann shealadach (Gráid AST) | 5 | 5 | 5 | 5 | 20 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | 0 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | 45 | 45 | 45 | 45 | 180 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 0,645 | 0,657 | 0,670 | 0,684 | 2,656 |
| Foireann shealadach (Gráid AD) | 4,394 | 4,481 | 4,571 | 4,663 | 18,109 |
| Foireann shealadach (Gráid AST) | 0,322 | 0,329 | 0,335 | 0,342 | 1,328 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | |
| Iomlán | 5,361 | 5,467 | 5,576 | 5,689 | 22,093 |

Miondealú líon foirne IMI2/IHI

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon foirne IMI2 | 50 | 44 | 38 | 35 | 32 | 30 | 16 | 7 | 0 | 0 | 0 |
| Líon foirne IHI | 5 | 11 | 16 | 19 | 22 | 24 | 38 | 38 | 45 | 45 | 45 |
| Iomlán | 55 | 55 | 54 | 54 | 54 | 54 | 54 | 45 | 45 | 45 | 45 |

**Miondealú Chostas Theidil 1 agus 2 IM2/IHI**

*Miondealú Theideal 1*

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Costas Theideal 1 IMI2 | 2,694 | 2,422 | 2,188 | 2,070 | 1,950 | 1,845 | 1,028 | 0,448 | 0 | 0 | 0 |
| Costas Theideal 1 IHI | 0,300 | 0,611 | 0,937 | 1,115 | 1,300 | 1,511 | 2,397 | 2,500 | 3,007 | 3,067 | 3,129 |
| Iomlán Theideal 1 | 2,994 | 3,053 | 3,124 | 3,185 | 3,250 | 3,356 | 3,425 | 2,948 | 3,007 | 3,067 | 3,129 |

*Miondealú Theideal 2*

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Costas Theideal 2 IMI2 | 1,401 | 1,270 | 1,138 | 1,076 | 1,014 | 0,960 | 0,535 | 0,233 | 0 | 0 | 0 |
| Costas Theideal 2 IHI | 0,155 | 0,317 | 0,488 | 0,579 | 0,676 | 0,784 | 1,250 | 1,301 | 1,563 | 1,595 | 1,630 |
| Iomlán Theideal 2 | 1,556 | 1,587 | 1,626 | 1,655 | 1,690 | 1,744 | 1,785 | 1,534 | 1,563 | 1,595 | 1,630 |

*Iomlán Theidil 1 agus 2*

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Costas Theidil 1 + 2 IMI2 | 4,095 | 3,712 | 3,325 | 3,146 | 2,694 | 2,805 | 1,563 | 0,681 | 0 | 0 | 0 |
| Costas Theideal 1 + Theideal 2 IHI | 0,455 | 0,928 | 1,425 | 1,694 | 1,976 | 2,295 | 3,647 | 3,801 | 4,570 | 4,662 | 4,759 |
| Iomlán | 4,550 | 4,640 | 4,750 | 4,840 | 4,940 | 5,100 | 5,210 | 4,482 | 4,570 | 4,662 | 4,759 |

An tionchar measta ar an bhfoireann (FTE breise) – plean bunaíochta

| Grúpa feidhme agus grád | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AD16 | | | | | | | | | | | | |
| AD15 | | | | | | | | | | | | |
| AD14 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AD13 | | | | | | | | | | | | |
| AD12 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| AD11 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| AD10 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AD9 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| AD8 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| AD7 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| AD6 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 12 | 12 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| AD5 | 1 | 1 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AD Iomlán | **33** | **33** | **34** | **34** | **34** | **35** | **35** | **30** | **30** | **30** | **30** | **30** |
| AST11 | | | | | | | | | | | | |
| AST10 | | | | | | | | | | | | |
| AST9 | | | | | | | | | | | | |
| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[191] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
| Airteagal …………. | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

191 Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH – TAIGHDE UM BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA MAIDIR LEIS AN AERSPÁS EORPACH AONAIR**

# 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

## 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Thaighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR) 3. |

## 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)*

| |
|---|
| Gníomhaíocht: Fís Eorpach, Braisle 5 (Aeráid, Fuinneamh, Soghluaisteacht) |

## 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

**☐ beart nua**

**☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[192]**

**X síneadh ar bheart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

## 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Chomhghnóthas SESAR 3:

(a) Inniúlacht taighde agus nuálaíochta an Aontais i réimse BAT a neartú agus a chomhtháthú, chun cuidiú le BAT na hEorpa a thabhairt isteach sa ré dhigiteach chun go mbeidh sé níos athléimní agus intomhaiste i leith luaineachtaí sa trácht agus oibriú comhleanúnach gach aerárthach á chumasú,

(b) Iomaíochas aeriompair le foireann agus aeriompair gan foireann an Aontais, agus margaí seirbhísí BAT, a neartú, tríd an nuálaíocht, chun tacú le fás eacnamaíoch san Aontas;

(c) glacadh sa mhargadh le réitigh nuálacha a fhorbairt agus dlús a chur leis chun an t-aerspás san Aerspás Eorpach Aonair a bhunú mar an t-aerspás is éifeachtúla agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol don eitilt ar domhan.

Táthar ag súil go dtosóidh an tionscnamh ag feidhmiú sa dara nó sa tríú ráithe de 2021 (ag brath ar dháta glactha an Bhunghnímh Aonair ag an gComhairle). Tá na Comhghnóthais curtha ar bun le feidhmiú go dtí an 31 Nollaig 2027, agus seolfaí a nglaonna deiridh faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí. I gcomhréir leis na critéir maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha in Iarscríbhinn III den Rialachán maidir le Fís Eorpach, déantar foráil shonrach sa Bhunghníomh Aonair dá meastóireacht, dá gcéimniú amach agus dá n-athnuachan. Áirítear leis sin oibleagáid ar an mBord Rialála plean a chur isteach le haghaidh chéimniú amach an Chomhghnóthais ó Chistiú Fís Eorpach agus measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le

192 Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

haghaidh aon ghníomhaíocht amach anseo mar chuid d'athbhreithnithe tréimhsiúla agus meastóireachtaí.

*1.4.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais*

Tá na fadhbanna a dtéann réimse an tionscnaimh i ngleic leo de chineál agus de mhéid a fhágann go mbeidh gníomhaíocht chomhbheartaithe ar leibhéal an Aontais níos oiriúnaí ná a dtionscnamh féin á bhforbairt ag na Ballstáit aonair. Leis sin, beifear in ann iarrachtaí níos comhleanúnaí agus níos comhordaithe a dhéanamh, agus an dúbailt a sheachaint.

**Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa (*ex- ante*)**

Spreag an chastacht agus na dúshláin roimh an gcóras BAT san Eoraip idirghabháil an Aontais le 20 bliain anuas:

- Sainítear an comhthéacs beartais san Aerspás Eorpach Aonair a bunaíodh in 2004;
- Déanann Comhghnóthas SESAR taighde agus nuálaíocht a chomhordú agus;
- Áirithítear cur in úsáid sioncronaithe trí Chomhthionscadail.

Fuarthas amach i dtuarascálacha de chuid Chúirt Iniúchóirí na hEorpa le déanaí[193,194] faoin mbeartas atá i bhfeidhm faoi láthair, gur thionscain na tionscnaimh taighde agus nuálaíochta agus cur in úsáid próiseas um athrú, ach gur gá tuilleadh iarrachtaí d'fhonn leas iomlán a bhaint as na buntáistí uile a bhaineann le nuachóiriú BAT: '*Is gá, dá bhrí sin, dlús a chur le hiarrachtaí maidir le córas BAT na hEorpa a chlaochlú ina líonra digiteach, inscálaithe, athléimneacht, trí chur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus is gá na hiarrachtaí sin a dhíriú níos fearr.'*

Ní féidir é sin a bhaint amach ach trí aerspás na hEorpa a dhíbhloghadh agus leis sin, bainistíocht níos éifeachtúla aerspáis a cheadú, atá in ann dul i ngleic leis an easpa acmhainneachta agus moilleanna agus éifeachtaí díobhálacha comhshaoil, amhail astaíochtaí agus torann a laghdú[195] ag forbairt ó chórais shaincheaptha bunaithe ar tháirgí go cur chuige líonra seirbhíse, comhoibritheach agus inoiriúnaithe. Is réamhriachtanas don bhonneagar fisiciúil a dhíchuachadh ón soláthar seirbhísí agus rochtain luaineach shláin ar shonraí BAT é bonneagar idir- inoibritheach a bhaint amach. Ar an mbealach sin, beifear in ann seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar gan beann ar a láthair fhisiciúil, tráth ar bith agus d'aon chuid den aerspás. Éilítear leis sin cistiú suntasach taighde agus nuálaíochta chun teicneolaíochtaí claochlaitheacha a fhorbairt agus a bhailíochtú le hardleibhéal comhthola ó na Ballstáit agus an tionscal araon[196].

193 Single European Sky: a changed culture but not a single sky, [Aerspás Eorpach Aonair: cultúr athraithe ach gan aerspás aonair ann go fóill], Tuarascáil Speisialta 18/2018, CIE.

194 Gabhann breisluach le rialachán an Aontais maidir le nuachóiriú bainistíochta aerthráchta – ach bhí an cistiú gan ghá den chuid is mó, Tuarascáil Speisialta 11/2019, CIE.

195 Togra leasaithe an Choimisiúin le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair COM(2020)579

196 Tá tuilleadh sonraí ar na teicneolaíochtaí claochlaitheacha is gá ar fáil in Iarscríbhinn 6.

**An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex- post*)**

Tacóidh córas nua- aimseartha, digiteach, éifeachtúil BAT le fás inbhuanaithe eitlíochta i gcomhréir le beartais an Aontais, eadhon an Comhaontú Glas don Eoraip[197] agus le hEoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach a bhaint amach.

Má chuirtear chun feidhme é go tráthúil agus go rathúil, is é seo a leanas príomhthionchar an tionscnaimh: cumas feabhsaithe eitiltí a láimhseáil ar bhealach níos éifeachtúla, forbairt margaidh nua d'fheithiclí aeir gan foireann, seasamh neartaithe do thionscal na hEorpa ar an leibhéal domhanda, feabhsú ar eolas eolaíochta agus acmhainneachtaí athneartaithe taighde agus nuálaíochta, torann eitlíochta agus astaíochtaí gáis laghdaithe, agus chomh maith leis sin chuirfí feabhas ar eispéireas paisinéirí, trí mhoilleanna agus costais taistil a laghdú.

Dírítear a thuilleadh ar na saincheisteanna sin sa doiciméad Measúnaithe Tionchair atá i gceangal leis an togra seo.

Ar an iomlán, meastar go bhféadfadh córas comhchuibhithe BAT Eorpaigh breis agus EUR 1,800 bn i mbuntáistí don Eoraip a ghiniúint faoi 2050,[198] a spreagfaidh iomaíochas agus cumas nuálaíochta an Aontais agus seasamh a tionscail sa mhargadh domhanda.

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Is baol go gcuirfidh roinnt dúshláin shistéamacha arna sainaithint cheana féin sa mheastóireacht eatramhach ar Chomhghnóthas SESAR[199] atá ann faoi láthair an dul chun cinn a rinneadh cheana féin dá bhonn agus gur gá aghaidh níos fearr a thabhairt orthu i dtionscnamh nua taighde BAT. Áirítear ar na dúshláin sin:

i) Cuspóirí socra fadtéarmacha a shainiú agus a choinneáil ar bun '

ii) cuntasacht an Chomhghnóthais a athneartú agus tosaíocht a thabhairt do thacaíocht an Aontais do réitigh taighde agus nuálaíochta a chuireann díbhloghadh agus timpeallacht iomaíoch chun cinn.

iii) na timthriallta fada taighde agus tionsclaithe a ghiorrú, chun cur in úsáid agus cur i bhfeidhm ar oibríochtaí níos tapa réitigh SESAR a áirithiú;

iv) Aghaidh a thabhairt ar dhlús cistithe agus an gá le trédhearcacht agus oscailteacht do rannpháirtithe nua a áirithiú, go háirithe d'eintitis ó thíortha a raibh a leibhéal rannpháirtíochta íseal go dtí seo;

v) Feabhas a chur ar bhainistíocht agus aistriú eolais, naisc le lucht léinn agus institiúidí taighde chun feabhas a chur ar an mbonn eolaíochta ar BAT san Aontas.

*1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirge a d'fhéadfadh a bheith ann*

De réir an Rialacháin maidir le Fís Eorpach, is gá do gach Comhpháirtíocht Eorpach comhordú agus/nó comhghníomhaíochtaí le tionscnaimh ábhartha eile taighde agus nuálaíochta a áirithiú chun barrleibhéal idirnascachtaí agus sineirgí éifeachtacha a

197 COM(2019) 640 críochnaitheach

198 Bunaithe ar an anailís eacnamaíoch agus na réamh- mheastacháin arna ndéanamh chun tacú leis an Máistirphlean Eorpach BAT is déanaí, eagrán 2020.

199 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Meastóireacht Eatramhach ar na Comhghnóthais a oibríonn faoi Fís 2020 {SWD (2017) 339 críochnaitheach}

áirithiú. I gcomhréir leis sin, forbraítear an Bunghníomh Aonair de réir an phríomhphrionsabail go mbeidh dlúthchomhar agus sineirgí idir Comhghnóthais agus tionscnaimh ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach agus leibhéal an Aontais, Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile go háirithe, ríthábhachtach chun tionchar níos mó a bhaint amach agus glacadh torthaí a áirithiú. Chuige sin, éascaíonn an Bunghníomh Aonair (Cuid a hAon, forálacha coitianta infheidhme maidir le gach Comhghnóthas) sineirgí trí bhíthin an iliomad forálacha oibríochtúla.

De réir an Mháistirphlean Eorpaigh BAT, ba cheart don chéad ghlúin eile de chóras BAT a bheith níos uathoibrithe agus níos mó leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha amhail mórshonraí agus intleacht shaorga. Dá bhrí sin, is gá do thaighde agus nuálaíocht BAT amach anseo a bheith nasctha le taighde agus nuálaíocht níos forleithne ar na hábhair seo a leanas:

• Aeriompar (e.g. nasc leis an gcomhpháirtíocht iarrthach ar an Eitlíocht Ghlan). Léirítear le sonraí tráchta ó Eurocontrol gur fhás astaíochtaí CO2 ón eitlíocht ag céatadán níos airde ná an fás tráchta. Mar sin d'fhéadfadh feabhsuithe ar éifeachtúlacht chomhshaoil aerárthaí a chothromú go diúltach de bharr bonneagar ilroinnte BAT. Dá bhrí sin, ní mór na treochláir taighde agus nuálaíochta le haghaidh BAT agus na hEitlíochta Glaine a chomhordú chun na buntáistí a uasmhéadú, na buntáistí don chomhshaol go háirithe.

• Iompar ilmhódach: Ba cheart do chórais BAT a bheith sioncronaithe agus sonraí a mhalartú le modhanna eile iompair (e.g. iarnród) chun an intuarthacht a mhéadú agus tréthicéadú nó réiteach bagáiste a chumasú.

• Teicneolaíochtaí digiteacha (e.g. nasc le hEochairtheicneolaíochtaí Digiteacha, Líonraí agus Seirbhísí Cliste, Intleacht Shaorga, Sonraí agus Róbataic) agus an eolaíocht maidir leis an aeráid, lena n-áirítear an fhaisnéis is déanaí maidir le hathrú aeráide agus a thionchair'. Go háirithe, is gá do BAT a bheith ar an eolas maidir le héabhlóid na dteicneolaíochtaí le haghaidh ionramháil agus dáileadh sonraí, cibearshlándála, gnéithe dlíthiúla (e.g. ar shaincheisteanna úinéireacht, freagracht agus dliteanas sonraí), ardchinnteoireacht, lena n-áirítear mórshonraí agus intleacht shaorga chomh maith le tuiscint eolaíochta ar thionchair aeráide, agus is gá do BAT oiriúnú don éabhlóid sin.

Déanfar faireachán ar shineirgí agus comhar leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí.

## 1.5. Fad agus tionchar airgeadais

**X tréimhse theoranta**

– **X** i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2031 (braitheann an dáta tosaigh ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo)

– **X** Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2021 go 2031 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[200]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

**X Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– **X** comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Murab ionann agus Comhghnóthas SESAR atá i bhfeidhm faoi láthair, bunófar an comhlacht nua de chuid an Aontais faoi Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais. |

[200] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach, glacfaidh an chomhpháirtíocht córas faireacháin atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 45, Iarscríbhinní III agus V den Rialachán maidir le Fís Eorpach, agus déanfaidh sé fónamh don bhunachar sonraí aonair céanna agus a dhéanann na comhpháirteanna eile de Fís Eorpach. Soláthróidh an córas tuairiscithe agus faireacháin príomhshonraí bainistíochta agus cur chun feidhme (lena n-áirítear mionsonraí ar leibhéal na n-eintiteas aonair), agus beifear in ann dul chun cinn a rianú de réir na bPríomhchonairí Tionchar (lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach), agus na gcritéar comhpháirtíochta. Tuairisceoidh an chomhpháirtíocht ar tháscairí sonracha (nach gcumhdaítear leis an Príomhchonairí Tionchar) chun gur féidir an dul chun cinn a rianú a dhéantar sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma i leith fhís agus chuspóirí sonracha agus chuspóirí oibríochta na comhpháirtíochta mar a leagtar amach sa Rialachán lena mbunaítear an Chomhpháirtíocht, lena n-áirítear ar na spriocanna a shocraítear faoi 2030. Ceadóidh na táscairí, foinsí sonraí agus modheolaíochtaí measúnú in imeacht ama ar an méid atá bainte amach agus an dul chun cinn i leith tionchar, lena n-áirítear baint amach chuspóirí beartais an Aontais, agus ceadófar sainaithint riachtanais fhéideartha le haghaidh bearta ceartaitheacha. Ba cheart sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon a chur san áireamh, freagrachtaí maidir le bailiú sonraí a shainaithint, agus cineálacha cur chuige nithiúla a leagan amach chun bonnlíne, spriocanna agus/nó tagarmharcanna réalaíocha a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, agus i gcomhréir le cur chuige tionchair Fís Eorpach. Soláthrófar gach faisnéis a bhailítear nach mór san fhíor- am do sheirbhísí an Choimisiúin de réir samhlacha sonraí comhchoitinn agus cuirfear isteach i mbunachar sonraí aonair í mar a shonraítear in Airteagal 45 de Fís Eorpach.

Chun na críche sin, cuirfear córais iomchuí tuairiscithe i bhfeidhm chun tacú le tuairisciú leanúnach trédhearcach, lena n-áirítear tuairisciú ar ranníocaíochtaí airgeadais agus comhchineáil a dtabharfar gealltanais ina leith agus a chuirfear ar fáil go hiarbhír, ar infheictheacht agus seasamh sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus ar thionchar ar rioscaí infheistíochtaí na hearnála príobháidí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht. Ba cheart do thuairisciú a bheith i gcomhréir le ceanglais chaighdeánacha Fís Eorpach maidir le tuairisciú. Áireofar freisin i bhforbairt na gcóras tuairiscithe i gcomhthéacs chomhordú straitéiseach an phróisis na Ballstáit agus ionadaithe comhpháirtíochta chun sioncrónú agus comhordú iarrachtaí tuairiscithe agus faireacháin a áirithiú, lena n-áirítear leithdháileadh cúraimí bailithe eolais agus tuairiscithe. Áireofar sa chóras tuairiscithe ar leibhéal an tionscadail faisnéis mhionsonraithe ar na tionscadail arna gcistiú, a dtorthaí, a scaipeadh agus a n-úsáid ag príomh- spriocghrúpaí, agus an difríocht fhoriomlán atá á déanamh aige seo don eolaíocht, geilleagar, sochaí agus/nó don chomhshaol, i gcomhréir le cuspóirí agus spriocthionchair na dtionscadal. Ba cheart é sin a chomhlánú le sonraí ábhartha ar bhreisluach agus tionchar na comhpháirtíochta ar leibhéal na hEorpa, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach. Ní mór sásra iomchuí comhroinnte sonraí ag a bhfuil bunachair shonraí chomónta Fís Eorpach maidir le faireachán agus tuairisciú a áirithiú chomh maith.

Déanfar meastóireacht ar Chomhpháirtíochtaí Eorpacha de réir chreat meastóireachta Fís Eorpach, mar a leagtar amach in Airteagal 47.

Déantar faireachán trí na modhanna seo a leanas:

- Cuirfidh AS MOVE straitéis maoirseachta i bhfeidhm. Go sonrach, déanfaidh MOVE faireachán ar rioscaí maidir le feidhmiú an Chomhghnóthais, an úsáid a bhaintear as acmhainní, costas na rialuithe, comhlíonadh nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh, bearta frithchalaoise, etc.
- Áiritheoidh Bord Rialála an Chomhghnóthais, a mbeidh an Coimisiún ina chathaoirleach air, an mhaoirseacht bharrleibhéil. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin maoirsiú ar oibríochtaí an Chomhghnóthais go hinmheánach.
- Déanfar meastóireachtaí eatramhacha agus deiridh le cúnamh saineolaithe neamhspleácha bunaithe ar phróiseas trédhearcach agus faoi mhaoirseacht an Choimisiúin.
- Bunófar sraith de tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhghnóthais agus chun a thionchair a thomhas.
- An measúnú ar an Doiciméad Clársceidealaithe Aonair agus ar an Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí.
- Cruinnithe tráthrialta (gach 3 mhí) comhordúcháin idir AS MOVE agus foireann bainistíochta an Chomhghnóthais chun saincheisteanna riaracháin agus saincheisteanna a bhaineann le hábhar araon a phlé.

**2.2. Seirbhísí iniúchóireachta an Choimisiúin, an tIniúchóir Inmheánach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Iniúchóirí Seachtracha neamhspleácha, sa chás gurb é an córas Bainistithe agus Rialaithe é.**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Tá údar maith le bainistíocht indíreach toisc gur comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é Comhghnóthas SESAR 3 a dtugtar cuid dá chistiú isteach i bhfoirm ranníocaíochtaí comhchineáil le comhaltaí seachas an tAontas.

Gach bliain, déanfar an cinneadh maidir le ranníocaíocht le Comhghnóthas SESAR 3 de bhua bhuiséad an Aontais arna ghlacadh don bhliain sin.

Léireofar i gComhaontú Tarmligin arna shíniú idir an Coimisiún Eorpach agus Comhghnóthas SESAR 3 go n-íocfaidh an Coimisiún ranníocaíocht ar thabhairt i gcrích comhaontaithe Aistrithe Cistí le Comhghnóthas SESAR 3 i ndáil leis na cúraimí atá le cur i gcrích gach bliain, agus léireofar ann freisin go n-eiseoidh an Comhghnóthas iarratais chomhfhreagracha íocaíochta do na comhaltaí seachas an tAontas.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh na rialacha infheidhme maidir le Comhghnóthas SESAR 3 ceanglais an Rialacháin Airgeadais ina n-iomláine. I gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, beidh urraim ag an gComhghnóthas do phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Comhlíonfaidh Comhghnóthas SESAR 3 forálacha infheidhme an Chreat- Rialacháin Airgeadais maidir leis an gComhghnóthas freisin. Beidh aon imeacht ón gCreat- Rialachán Airgeadais sin, arna éileamh chun críche riachtanais shonracha an Chomhghnóthais, faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Áireofar le socruithe faireacháin, lena n-áirítear trí ionadaíocht an Aontais ar Bhord Rialála Chomhghnóthas SESAR 3, chomh maith le socruithe tuairiscithe, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin ceanglais chuntasachta an Choláiste agus an Údaráis Bhuiséadaigh a chomhlíonadh.

Tá creat rialaithe inmheánach Chomhghnóthas SESAR 3 bunaithe ar na rudaí seo a leanas:

- na Caighdeáin Rialaithe Inmheánaigh, a thairgeann ráthaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, le ráthaíochtaí an Choimisiúin, a chur chun feidhme;
- nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú trí bhíthin meastóireacht neamhspleách, agus chun iad a aistriú ina n-ionstraimí dlí;
- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail;
- seiceálacha *ex- ante* a dhéanamh ar 100 % d'éilimh, lena n-áirítear deimhnithe iniúchóireachta a fháil agus deimhniú ex ante ar mhodheolaíochtaí costais;
- iniúchtaí *ex- post* a dhéanamh ar shampla éileamh mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* Fís Eorpach;
- meastóireacht eolaíochta a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá bearta éagsúla curtha ar bun chun riosca bunúsach na coinbhleachta leasa laistigh de Chomhghnóthas SESAR 3 a mhaolú, go háirithe:

- beidh líon na vótaí ag comhaltaí an Chomhghnóthais ar an mBord Rialála i gcomhréir lena rannchuidiú le buiséad an chomhghnóthais, beidh 25 % ar a laghad de líon iomlán na vótaí ag an Aontas agus Eurocontrol (eagraíocht idirnáisiúnta) araon, áfach; i gcás ina mbeidh na vótaí roinnte go cothrom, ag an Aontas a bheidh an vóta réitigh.
- roghnú an Stiúrthóra Feidhmiúcháin ag an mBord Rialála bunaithe ar thogra leis an gCoimisiún,
- neamhspleáchas foirne,
- meastóireachtaí ag saineolaithe neamhspleácha bunaithe ar chritéir roghnúcháin arna bhfoilsiú in éineacht le sásraí achomhairc agus dearbhuithe iomlána aon leasa,
- ceanglas go nglacfadh an Bord Rialála rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistiú ar choinbhleachtaí leasa sa Chomhghnóthas i gcomhréir le rialacha airgeadais an Chomhghnóthais agus leis na Rialacháin Foirne i leith foirne.

Beidh bunú luachanna eiticiúla agus eagraíochtúla ar cheann de phríomhróil an Chomhghnóthais, agus déanfaidh an Coimisiún faireachán air.

Éileofar ar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chomhghnóthas SESAR 3, ina ról mar Oifigeach Údarúcháin, córas costéifeachtach rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta a thabhairt isteach. Éileofar air nó uirthi tuairisciú don Choimisiún ar an gcreat rialaithe inmheánach arna ghlacadh.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an riosca neamhchomhlíonta trí bhíthin an chórais tuairiscithe a fhorbróidh sé, agus trí bhíthin torthaí iniúchtaí *ex- post* ar fhaighteoirí chistí an Aontais ó Chomhghnóthas SESAR 3 a leanúint, mar chuid d'iniúchtaí *ex- post* lena gcumhdaítear iomlán Fís Eorpach.

Is léir gur gá an buiséad a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, agus cosc a chur ar chalaois agus ar dhiomailt. Is gá don chóras rialaithe, áfach, cothromaíocht chóir a aimsiú idir

ráta inghlactha earráide a bhaint amach agus an t-ualach rialaithe a éilítear agus laghdú tharraingteacht chlár taighde an Aontais a sheachaint.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Toisc go bhfuil na rialacha maidir le rannpháirtíocht Fís Eorpach is infheidhme maidir le Comhghnóthas SESAR 3 cosúil leo siúd a úsáidfidh an Coimisiún ina Chlár Oibre, agus mar gheall go bhfuil daonra tairbhithe aige ag a bhfuil próifíl riosca atá cosúil le próifíl riosca na dtairbhithe siúd atá ag an gCoimisiún, is féidir a mheas go mbeidh an lamháil earráide cosúil leis an lamháil a ndearna an Coimisiún foráil di maidir le Fís Eorpach, i.e. chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an riosca earráide le linn na tréimhse caiteachais ilbhliantúla, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon 2- 5 %, agus é ina aidhm dheiridh ráta earráidí iarmharach chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag deireadh na gclár ilbhliantúil, nuair a bheidh tionchar airgeadais gach iniúchta, birt ceartaithe agus birt gnóthaithe curtha san áireamh.

Féach an Ráiteas Airgeadais Reachtach maidir le Fís Eorpach le haghaidh sonraí iomlána ar an ráta earráide a bhfuiltear ag súil leis i ndáil le rannpháirtithe.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh Comhghnóthas SESAR 3 nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhrac in aghaidh na calaoise ag gach céim den phróiseas bainistíochta.

Rinneadh profáil chalaoise agus measúnú ar a dtionchar ar na tograí maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach. Ar an iomlán, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag na bearta atá beartaithe ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, go háirithe trí níos mó béime a leagan ar an iniúchóireacht rioscabhunaithe, trí mheastóireacht threisithe eolaíochta agus trí rialú treisithe eolaíochta.

Áiritheoidh an Coimisiún go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leas airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm in aghaidh na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus bactha.

Téann Comhlachas EDCTP i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin cheana féin in ábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar ar aghaidh leis sin agus go neartófar é.

Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, gach conraitheoir agus gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas faoin gClár.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF) seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach ar bith eile a rinne difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le

comhaontú deontais nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas. Beidh ar na Comhghnóthas aontú freisin don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha na hOifige Eorpaí Frith-  Chalaoise (OLAF).

Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 2017/193923 ón gComhairle d’fhonn imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid (línte buiséid) nua caiteachais atá beartaithe

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceannteideal 1**<br>**Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach – Fís Eorpach** | LD/LN[201] | ó thíortha de chuid CSTE[202] | ó thíortha is iarrthóirí[203] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21 (2)(b)] den Rialachán Airgeadais |
| 1 | 01 02 02 51 – Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair | LD | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ |

201 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

202 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

203 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

* Meastar go dtiocfaidh an ranníocaíocht leis an líne bhuiséid seo ón méid a leanas:

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)

| **Líne buiséid** | **Bliain 2021** | **Bliain 2022** | **Bliain 2023** | **Bliain 2024** | **Bliain 2025** | **Bliain 2026** | **Bliain 2027** | **Tar éis 2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus foireann shealadach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach<br>01 01 01 01 | | | | | | | | | |
| Pearsanra seachtrach a chuireann 'Fís Eorpach' chun feidhme — Taighde indíreach<br>01 01 01 02 | | | | | | | | | |
| Caiteachas bainistíochta eile le 'Fís Eorpach' a cur chun feidhme — Taighde indíreach<br>01 01 01 03 | | | | | | | | | |
| An Bhraisle 'Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht'<br>01 02 02 50 | 40,000 | 88,576 | 88,648 | 93,721 | 93,794 | 93,871 | 101,390 | - | 600,000 |
| **Caiteachas iomlán** | 40,000 | 88,576 | 88,648 | 93,721 | 93,794 | 93,871 | 101,390 | - | 600,000 |

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | **Ceannteideal Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach**<br>Fís Eorpach |

| **Comhghnóthas[204][205]** | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027[206]** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 | Gealltanais | (1) | | 2,392 | 2,440 | 2,489 | 2,538 | 2,589 | 7,899 | | 20,347 |
| | Íocaíochtaí | (2) | | 2,392 | 2,440 | 2,489 | 2,538 | 2,589 | 2,641 | 5,258 | 20,347 |
| Teideal 2 | Gealltanais | (1a) | | 1,184 | 1,208 | 1,232 | 1,256 | 1,282 | 3,491 | | 9,653 |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | 1,184 | 1,208 | 1,232 | 1,256 | 1,282 | 1,307 | 2,184 | 9,653 |
| Teideal 3 | Gealltanais | (3a) | 40,000 | 85,000 | 85,000 | 90,000 | 90,000 | 90,000 | 90,000 | | 570,000 |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 20,000 | 60,000 | 70,000 | 80,000 | 90,000 | 100,000 | 100,000 | 50,000 | 570,000 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe don** | Gealltanais | =1+1a +3a | 40,000 | 88,576 | 88,648 | 93,721 | 93,794 | 93,871 | 101,390 | - | 600,000 |

[204] Léiríonn na méideanna i dTeidil 1 agus 2 ranníocaíocht an Aontais (suas le EUR 30 milliún) do chostais riaracháin an Chomhghnóthais. Tagann an chuid eile atá fágtha ó ranníocaíochtaí a rinne comhaltaí eile den Chomhghnóthas mar a thaispeántar i gcuid 3.2.4.

[205] Bunaítear na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i dTeidil 1 agus 2 ar thomhaltas bliantúil na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí uile a chomhfhreagraíonn dóibh, agus i gcás Theideal 3 cinntear iad trí chineál na ngníomhaíochtaí indíreacha agus a sceideal íocaíochta (réamhchistiú, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht na iarmhéid) a chur san áireamh.

[206] Is i dTeidil 1 agus 2 atá na gealltanais le fáil maidir leis an mbliain 2027, agus tús- ualú na ngealltanas do na blianta a bheidh fágtha den Chomhghnóthas sa tréimhse 2027- 2031.

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Chomhghnóthas** | Íocaíochtaí | =2+2 a+3b | 20,000 | 63,576 | 73,648 | 83,721 | 93,794 | 103,871 | 103,948 | 57,442 | 600,000 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **AS MOVE** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní Daonna (3 oifigeach, 2 CA)[207] | | 0,493 | 0,503 | 0,513 | 0,524 | 0,534 | 0,545 | 0,556 | | 3,368 |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0,127 | 0,129 | 0,132 | 0,134 | 0,137 | 0,140 | 0,143 | | 0,942 |
| **IOMLÁN Ard- Stiúrthóir eacht** | Leithreasuithe | 0,620 | 0,632 | 0,645 | 0,658 | 0,671 | 0,685 | 0,699 | | 4,610 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir - Ceannteideal 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 40,620 | 89,208 | 89,293 | 94,379 | 94,465 | 94,556 | 102,089 | - | 604,610 |
| | Íocaíochtaí | 20,620 | 64,208 | 74,293 | 84,379 | 94,465 | 104,556 | 104,647 | 57,442 | 604,610 |

[207] Lena gcumhdaítear riarachán ghníomhaíochtaí Fís Eorpach. Cinntear na costais FTE ar bhonn an mheánchostais bhliantúil a bhaineann le foireann AD (EUR 152 000) agus CA (EUR 82 000). Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach freisin.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe thar CHEANNTEIDIL** den creat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 40,620 | 89,208 | 89,293 | 94,379 | 94,465 | 94,556 | 102,089 | - | 604,610 |
| | Íocaíochtaí | 20,620 | 64,208 | 74,293 | 84,379 | 94,465 | 104,556 | 104,647 | 57,442 | 604,610 |

3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an Chomhghnóthais*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

Uimhreacha foirne (i gcomhaireamh daoine / coibhéis lánaimseartha (FTE))

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | |
| Foireann shealadach | 37 | 37 | 37 | 37 | 37 | 37 | 37 | 37 | |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | (2) | (2) | (2) | (2) | (2) | (2) | (2) | (2) | |
| **IOMLÁN[208]** | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 0,082 | 0,084 | 0,085 | 0,087 | 0,089 | 0,091 | 0,092 | 0,388 | 0,998 |
| Foireann shealadach | 5,624 | 5,736 | 5,851 | 5,968 | 6,088 | 6,209 | 6,334 | 26,626 | 68,437 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 0,172 | 0,175 | 0,179 | 0,183 | 0,186 | 0,190 | 0,194 | 0,814 | 2,093 |
| **IOMLÁN** | 5,878 | 5,996 | 6,115 | 6,238 | 6,363 | 6,490 | 6,620 | 27,829 | 71,528 |

208 Laghdófar líon iomlán FTEnna na gComhghnóthas ar fad arna mbunú ag an Rialachán ón gComhairle faoi Fís Eorpach le 10 FTE idir 2024 agus 2027 i ndiaidh measúnú ar éifeachtacht oibríochtaí na gComhghnóthas agus aird chuí á tabhairt ar na gnóthachain éifeachtúlachta a leanfaidh as an gCúloifig Ghnáchcomónta a chur ar bun. Chun na críche sin, scaipfear Ráiteas Airgeadais Reachtach athbhreithnithe a chumhdaíonn an tréimhse 2024- 2027 faoi dheireadh 2023.

An tionchar measta ar an bhfoireann (FTE breise) – plean bunaíochta

| Grúpa feidhme agus grád | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AD16 | | | | | | | | | | | | |
| AD15 | 1 | 1 | | | | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AD14 | | | 1 | 1 | 1 | | | | | | | |
| AD13 | 1 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| AD12 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| AD11 | 3 | 4 | 4 | 4 | 4 | 3 | 4 | 5 | 2 | 3 | 3 | 5 |
| AD10 | 2 | 2 | 3 | 4 | 5 | 7 | 8 | 7 | 7 | 8 | 8 | 7 |
| AD9 | 6 | 7 | 7 | 8 | 7 | 6 | 6 | 6 | 6 | 7 | 6 | 5 |
| AD8 | 7 | 7 | 7 | 6 | 6 | 6 | 5 | 5 | 5 | 4 | 4 | 4 |
| AD7 | 4 | 5 | 5 | 4 | 4 | 4 | 3 | 3 | 3 | 2 | 2 | 2 |
| AD6 | 3 | 1 | | | | | | | | | | |
| AD5 | | | | | | | | | | | | |
| AD Iomlán | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 |
| AST11 | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| AST10 | | | | | | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | | |
| AST9 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | | | | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AST8 | | | | | 1 | 1 | 1 | 1 | | | | |
| AST7 | 1 | 1 | 1 | 1 | | | | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 |
| AST6 | | | | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| AST5 | | | | 4 | 3 | 3 | 3 | 2 | 2 | 2 | 2 | 1 |
| AST4 | 2 | 3 | 4 | | | | | | | | | |
| AST3 | 1 | 1 | | | | | | | | | | |
| AST2 | 1 | | | | | | | | | | | |
| AST1 | | | | | | | | | | | | |
| AST Iomlán | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| AST/SC 6 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 5 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 4 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 3 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 2 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 1 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC Iomlán | | | | | | | | | | | | |

An tionchar measta ar an bhfoireann (bhreise) – pearsanra seachtrach

| Gníomhairí conartha | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme IV | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | |
| Grúpa feidhme III | | | | | | | | | | | | |
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |
| Iomlán | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | |

| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | |

*3.2.3. Acmhainní daonna an Choimisiúin a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos[209]:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| Blianta | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | | | | | | |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| **• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [210]<br>Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Maoinithe ó CHEANNTEIDE AL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Maoinithe ó imchlúdach an chláir [211] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard- Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard- Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Cúraimí éagsúla a bhaineann leis an méid a leanas:<br>• Bearta leantacha teicniúla ar an dul chun cinn laistigh d'oibríochtaí an Chomhghnóthais;<br>• Faireachán ar dhul chun cinn chlár taighde an Chomhghnóthais<br>• Faireachán ar an urraim don Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht;<br>• Ionadaíocht ar an gCoimisiún Eorpach i gcomhpháirtíocht an Bhoird Rialála<br>• Sainmhíniú ar sheasamh an Choimisiúin ar an mBord Rialála (an ceart vótála nó crosta) |

[209] Tá an léiriú ar riachtanais foirne in Ard- Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin táscach agus neamhcheangailteach freisin.

[210] AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[211] Fo- uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

| | |
|---|---|
| | • Cúraimí riaracháin a bhaineann le Rialachas na comhpháirtíochta, lena n-áirítear saincheisteanna airgeadais, dlí, nó acmhainní daonna nó saincheisteanna a bhaineann le hiniúchadh.<br>• Cuibhreann le Grúpa Ionadaithe na mBallstát, agus Coiste an Chláir Iompair<br>• Breathnóireacht ar Ghlaonna ar Thograí, Glaonna ar Thairiscintí agus cead isteach Comhaltaí nua<br>• Rannpháirtíocht i gcruinnithe foghrúpaí agus meithleacha<br>• Eagrú meastóireachtaí meántéarmacha agus meastóireachtaí deiridh |
| Pearsanra seachtrach | Cúraimí éagsúla a bhaineann leis an méid a leanas:<br>• Bearta leantacha teicniúla ar an dul chun cinn laistigh d'oibríochtaí an Chomhghnóthais;<br>• Faireachán ar dhul chun cinn chlár taighde an Chomhghnóthais<br>• Faireachán ar an urraim don Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht;<br>• Ionadaíocht ar an gCoimisiún Eorpach i gcomhpháirtíocht an Bhoird Rialála<br>• Sainmhíniú ar sheasamh an Choimisiúin ar an mBord Rialála (an ceart vótála nó crosta)<br>• Cúraimí riaracháin a bhaineann le Rialachas na comhpháirtíochta, lena n-áirítear saincheisteanna airgeadais, dlí, nó acmhainní daonna nó saincheisteanna a bhaineann le hiniúchadh.<br>• Cuibhreann le Grúpa Ionadaithe na mBallstát, agus Coiste an Chláir Iompair<br>• Breathnóireacht ar Ghlaonna ar Thograí, Glaonna ar Thairiscintí agus cead isteach Comhaltaí nua<br>• Rannpháirtíocht i gcruinnithe foghrúpaí agus meithleacha<br>Eagrú meastóireachtaí meántéarmacha agus meastóireachtaí deiridh |

### 3.2.4. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

– Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ranníocaíocht airgeadais le costais riaracháin an Chomhghnóthais cumhdaithe ag na Comhaltaí seachas an tAontas | 6,000 [212] | 6,113 | 6,235 | 6,360 | 6,487 | 6,617 | 6,749 | 11,489 | 50,000 |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe Comhlachaithe | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Stáit Rannpháirteacha | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Comhaltaí príobháideacha/Comhpháirtithe Comhlachaithe [213] | 50,000 | 100,000 | 120,000 | 130,000 | 150,000 | 150,000 | 150,000 | 100,000 | **950,000** |
